Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

2012

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

CLÁR ÁBHAIR

Príomhchuspóirí leagtha amach ag an mBord 2
Litir chuig an Aire Airgeadais 3
Comhaltaí Boird 4
Ráiteas an Chathaoirligh 7
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 11
Croineolaíocht an GNBS 14
Dul Chun Cinn in 2012 16
Creat Dlíthiúil 18

ATHBHREITHNIÚ GNÓ 20
Sócmhainní iasachta gnóthaithe agus bunsócmhainní réadmhaoine 21
Straitéisí féichiúnaithe 23
Gníomhaíocht margaidh an GNBS 28
Ranníocaíocht eacnamaíoch agus sóisialta an GNBS 32

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS 38

SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AGUS EAGRAÍOCHT AN GNBS 50
Struchtúr eagraíochtúil 51
Soláthraithe seirbhíse 59

RIALACHAS 60
Bord agus coistí an Bhoird 60
Tuarascálacha ó chathaoirligh na gCoistí 62
Nochtadh agus freagracht 72
Bainistíocht riosca 74

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITHE 76

Príomhchuspóirí leagtha amach ag an mBord

1. I rith saolré réamh-mheasta, deich mbliana an GNBS, na Bannaí Sinsearacha eisithe mar chomaoin d'iasachtaí, ar a laghad, a fhuascailt le cois aisghabháil na nglanchostas iasachta agus an chaiteachais chaipitil oibre agus forbartha réamhíoctha le féichiúnaithe (tá sé seo i gcomhréir le hAlt 10 (2) den Acht).

2. Comhsheasmhach leis an gcéad chuspóir, idirbhearta a chruthú a mbeidh sé mar aidhm leo cur le hathnuachan na gníomhaíochta inbhuanaithe sa mhargadh réadmhaoine in Éirinn.

3. A cuspóir tráchtála (amhail ag 1 thuas) a chomhlíonadh sa tréimhse ama is giorra agus is féidir, le haird á thabhairt ar choinníollacha margaidh agus ar optamú luacha réadaithe a cuid sócmhainní. Tiomantais uile na todhchaí dá cuid a chomhlíonadh as a cuid acmhainní féin.

4. Comhsheasmhach leis an gcéad chuspóir, iarracht a dhéanamh cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit[1].

5. Dianbhainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní agus infheistiú iontu chun optamú a dhéanamh ar a gcumas táirgthe ioncaim agus a luach diúscartha.

1 Alt 2 (b) (viii) den Acht.

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
National Asset Management Agency

30 Aibreán 2013

An tUas. Michael Noonan T.D.

Aire Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2.

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir againn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

Is sinne le meas,

Frank Daly
Cathaoirleach

Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannach

Comhaltaí Boird

1

2

3

4

1. An tUas. Frank Daly

Cathaoirleach *(ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 5 bliana)*

- Cathaoirleach ar Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Ceapadh Frank Daly ina Stiúrthóir um Leas an Phobail ar Bhanc Angla-Éireannach i mí na Nollag 2008. D'éirigh sé as an bpost seo ar an 22ú Nollaig 2009 tráth ar cheap an tAire Airgeadais (an tAire) mar Chathaoirleach ar an GNBS é.

D'imigh an tUas. Daly ar scor óna phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i Márta 2008, tar éis dó feidhmiú mar Chathaoirleach ó 2002 agus mar Choimisinéir ó 1996. Thosaigh sé ag obair do na Coimisinéirí Ioncaim i 1963.

I Márta 2008, ceapadh an tUas. Daly mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Cánachais, a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar éifeachtúlacht chóras cánachais na hÉireann; d'eisigh an Coimisiún a Thuarascáil i Meán Fómhair 2009.

2. An tUas. John C. Corrigan

Comhalta boird *(de bhrí oifige)*

- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca

Ceapadh John Corrigan ina Phríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('GBCN') i mí na Nollag 2009. Glacadh leis mar chomhalta de chuid GBCN i 1991, go gairid i ndiaidh tráth a bhunaithe agus bhí sé freagrach ar dtús as an gcomhchuid intíre d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. In 2001, bhí an tUas. Corrigan páirteach i mbunú Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) agus é ina Stiúrthóir Infheistíochta an Chiste go dtí gur ceapadh ina Phríomhfheidhmeannach ar GBCN é.

Sular thosaigh sé ag obair le GBCN, bhí an tUas. Corrigan ina Phríomhoifigeach Infheistíochta de chuid Bainisteoirí Infheistíochta AIB, le seal caite aige roimhe sin ag obair sa Roinn Airgeadais

3. An tUas. Oliver Ellingham

Comhalta boird *(ceaptha 10 Aibreán 2013 le haghaidh téarma 5 bliana)*

Cuntasóir cairte é Oliver Ellingham, mar aon le hiar-Cheannaire an Airgeadais Chorparáidigh (An Eoraip) le BNP Paribas agus feidhmeannach sinsearach laistigh de BNP Paribas UK. I láthair na huaire té sé ina sheilbh ar stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin i roinnt cuideachtaí agus is Cathaoirleach agus úinéir é de chuid Woking Storage Solutions. Roimhe seo bhí róil bhainistíochta sinsearaí aige freisin laistigh de Charterhouse Bank (atá mar chuid anois de Ghrúpa HSBC) agus Robert Fleming (J P Morgan anois) agus d'fhóin sé mar chomhalta de chuid Bord an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc ('IBRC') ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 go mí Feabhra 2013

4. Éilish Finan Uasal

Comhalta boird *(ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)*

- Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta an Choiste Iniúchóireachta
- Comhalta um Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Is Stiúrthóir Cairte í Éilish Finan agsu tá stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha aici ar roinnt Bord laistigh de na hearnálacha seirbhísí airgeadais agus réadmhaoine. Go luath ina gairm, bhí Éilish Finan Uasal ina Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir le hInfheistíochtaí Domhanda AIG, ag díriú go speisialta ar bhainistíocht infheistíochta, bainistíocht cistí, seirbhísí iontaobhais agus coinneála agus bainistíocht sócmhainní. Roimhe seo, d'oibrigh Éilish Finan Uasal mar chuntasóir cairte le KPMG. Tá sí ina comhalta Boird de chuid JP Morgan Bank Ireland. Tá sí ina Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus is Innealtóir Leictreonaice í.

5. An tUas. Brendan McDonagh

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

- Comhalta boird *(de bhrí oifige)*
- Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála

Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca le GBCN ó 2002 go dtí 2009 agus é i seilbh poist mar Rialtóir Airgeadais GBCN ó 1998 go 2002.

Tháinig an tUas. McDonagh chun oibre le GBCN i 1994 ón BSL, an fóntas cumhachta is mó in Éirinn, áit inar oibrigh sé ar roinnt réimsí lena n-airítear cuntasaíocht, iniúchadh inmheánach agus cisteán.

6. An tUas. Brian McEnery

Comhalta boird *(ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)*

- Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta
- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta um Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Is saineolaí é Brian McEnery (FCCA) i réimse na tarrthála corparáidí agus na dócmhainneachta agus is comhpháirtí é i ngnólacht ceannródaíoch cuntasóirí agus comhairleoirí, ag cleachtadh i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Is Comhalta é de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA) agus comhalta comhairle an ACCA. In 2010 bhí sé ina Uachtarán ar ACCA Ireland. Tá sé ina stiúrthóir ar an gCoiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta (CCAB) agus tá sé ina chomhalta dá choiste dócmhainneachta in Éirinn.

7. An tUas. John Mulcahy

Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní, GNBS

(Ceaptha 7 Márta 2012 le haghaidh téarma 5 bliana)

- Comhalta boird
- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála

Is suirbhéir cairte é John Mulcahy agus breis is 40 bliain caite aige ag obair i ngnéithe uile an tionscail réadmhaoine, le deireanas is ar infheistíocht réadmhaoine agus bainistíocht sócmhainní a bhí sé ag díriú.

8. An tUas. Steven A. Seelig

Comhalta boird *(ceaptha 26 Bealtaine 2010 le haghaidh téarma 3 bliana)*

- Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Iniúchóireachta

Tá Steven A. Seelig ina Phríomhaí agus POF de chuid Financial Stability Associates, gnólacht comhairliúcháin ag díriú ar speictream na gceisteanna cobhsaíochta airgeadais. Sular bunaíodh an chuideachta Financial Stability Associates, d'fhóin an tUas. Seelig mar Chomhairleoir i Roinn Margaí Airgeadaíochta agus Caipitil an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) áit inar bhain príomhfhreagracht dá chuid le hathstruchtúrú na hearnála airgeadais agus gníomhaíochtaí réitigh na roinne. Chaith an tUas.

Seelig formhór dá shaol gairme sa Chorparáid Árachais Chónaidhme Taisce ('FDIC'), le réimse leathan post ina sheilbh aige, lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir an Leachtaithe Rannóige. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an tUas. Seelig mar Eacnamaí i mBanc Cúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac agus mar Ollamh Comhlach le hEacnamaíocht in Ollscoil Fordham.

9. An tUas. Willie Soffe

Comhalta boird *(ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)*

- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Phleanála
- Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta um Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Tá breis agus 45 bliain caite ag Willie Soffe ag obair sa Rialtas Áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus le linn an ama sin tá tréimhsí caite aige mar Bhainisteoir Cúnta na Cathrach, Bardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar is fearr aithne anois air) agus mar Bhainisteoir Contae, Comhairle Contae Fhine Gall.

Ón uair a d'imigh an tUas. Soffe ar scor in 2004, tá roinnt tionscadal seirbhíse poiblí glactha de láimh aige lena n-áirítear Cathaoirleach ar Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún Cánachais agus comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasachta Cánach

Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, bhí réamhíocaíochtaí nua de €1.7 billiún faofa ag GNBS, le €700m do thionscnamh in Éireann san áireamh

Gineadh

€10.6 billiún

i fáltas féichiúnaí go dtí deireadh 2012, €4.5 billiún i 2012 san áireamh

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

I gcás an GNBS, ceann de phríomhchuspóirí na Tuarascála Bliantúla seo is ea míniú a thabhairt ar cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus an dul chun cinn atá á dhéanamh againn. Mar gheall ar chomh mór is atáimid, ní féidir linn beag is fiú a dhéanamh dár dtionchar ar mhargadh réadmhaoine na hÉireann agus ar an ngeilleagar trí chéile. Tá sé tábhachtach go mbeimis chomh soiléir agus chomh hoscailte agus is féidir ionas gur féidir le cáiníocóirí an cúram atá le comhlíonadh againn a mheas agus breithiúnas a thabhairt ar chomh maith nó nach maith atá ag éirí linn. Díríodh go láidir sa chéad dá Thuarascáil Bhliantúil a bhí againn in 2010 agus 2011 ar luacháil agus ar aistriú os cionn luach €74 billiún d'iasachtaí chuig thart ar 800 nasc féichiúnaí (ina gcuimsítear os cionn 5,000 féichiúnaí) agus ar an gcéad teagmháil a bhí againn leis na féichiúnaithe sin. Taispeántar sa Tuarascáil Bhliantúils reatha 2012 mar a d'athraigh ár bhfócas de réir mar a d'athraíomar chuig céim fhorbartha níos aibí dár gcuid oibre, arna treorú ag an gcuspóir uileghabhálach maidir leis an oiread luacha agus ab fhéidir a bhaint as na hiasachtaí a fuaireamar agus fíorluach a chur leis ar mhaithe leis an gcáiníocóir.

Leagann an Príomhfheidhmeannach amach, ina ráiteas, an dul chun cinn ar roinnt bealaí, lena n-áirítear brabúsacht leanúnach an GNBS agus an €10.6 billiún i bhfoirm fáltas féichiúnaí a d'éirigh linn a ghiniúint suas go dtí deireadh 2012. Fágann an fheidhmíocht láidir airgid sin go bhfuilimid in ann anois freastal ar ár gcéad gharsprioc maidir le haisíocaíocht ollmhór fiachais, fuascailt €7.5 billiún i mbannaí sinsearacha faoi dheireadh 2013. Táimid muiníneach dá bharr freisin go mbeimid in ann ár bhfiachas sinsearach go léir a aisíoc faoi 2020. Tá sé seo tábhachtach ó thaobh infheisteoirí idirnáisiúnta de a fhéachann ar an GNBS mar chuid de scéal dearfach na hÉireann le roinnt blianta anuas, a bhfuil teacht aniar ann agus, anois níos mó ná riamh, atá athspreagtha.

GNÍOMHAÍOCHT TRÁCHTÁLA

Tá tuilleadh cúiseanna againn a bheith dearfach anois le hais mar a bhí an t-am seo anuraidh. I gcás mhargadh tráchtála na hÉireann, tugann gníomhaíocht le déanaí le fios gur féidir linn misneach a bheith againn ach guaim a choimeád orainn féin ag an am céanna. Le praghsanna réadmhaoine tite níos mó ná 60% ón mbuaic, tá praghsanna tite go dtí leibhéal a mheallfadh infheistíochtaí anois. Agus, ar ndóigh, tá aird tugtha ag infheisteoirí air sin. Meastar go ndearnadh thart ar €550m infheistíochta i margadh tráchtála na hÉireann in 2012 agus, cé nach raibh sé sin thar a bheith suntasach, tá sé i bhfad chun cinn ar an €200m den ghníomhaíocht infheistíochta a meastar a rinneadh in 2011. Tá an fuinneamh sin á chothú i gcónaí in 2013 agus meastar gur fiú €336m infheistíocht thráchtála sa chéad ráithe den bhliain. Bhí sé sin á thiomáint ag infheisteoirí coigríche a bhí tógtha leis na torthaí arda a bhí ar fáil i margadh na hÉireann tráth a bhfuil torthaí ar go leor aicmí sócmhainní eile, lena n-áirítear bannaí agus airgead tirim, tite go dtí leibhéal an-íseal ar fad. Tá spéis na n-infheisteoirí feicthe againn féin: tharraing punann iasachta arna urrú le sócmhainní Éireannacha a thugamar chun an mhargaidh le déanaí anuas ús ó bhreis is 70 ciste réadmhaoine idirnáisiúnta.

Níos ginearálta fós, is é an cur chuige a bhí againn maidir le sócmhainní réadmhaoine in Éirinn arna sealbhú ag ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí ná réadú céimithe agus ordúil a spreagadh. Ní bheadh ciall ar bith leis an margadh a bhá le blianta beaga anuas le soláthar breise nach dteastaíonn, go háirithe nuair nach raibh creidmheas ar fáil do chuid mhaith de na daoine sin a raibh suim acu réadmhaoin a cheannach agus nach measfaí a bheith inchairde i margadh atá ag feidhmiú i gceart. Leis sin ráite, rannchuidíomar go substaintiúil le gníomhaíocht an mhargaidh: suas go dtí deireadh 2012, bhí os cionn 1,400 réadmhaoin aonair díolta ag ár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí in Éirinn agus tá luach €1.5 billiún de réadmhaoin chónaithe agus thráchtála acu ar an margadh i láthair na huaire.

Tá ról againn freisin idirbhearta a éascú b'fhéidir nach dtarlódh murach sin. Rinne mé tagairt de sin roimhe seo mar 'meaitseáil thráchtála'. Sampla maith de seo is ea an infheistíocht €100m a rinne an Kerry Group ag Páirc na Mílaoise sa Nás, i gCo. Chill Dara agus táthar ag súil go slánófar os cionn 1,000 post i dteicneolaíocht an bhia in Éirinn dá bharr.

TIONSCADAIL INMHARTHANA AR BHONN TRÁCHTÁLA A MHAOINIÚ

Gné thábhachtach dár straitéis is ea forbairt agus cur i gcrích tionscadal atá inmharthana ar bhonn tráchtála a mhaoiniú d'fhonn a luach inghnóthaithe fadtéarmach a mhéadú. Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, bhí luach €1.7 billiún de réamhíocaíochtaí nua faofa againn, lena n-áirítear os cionn €700m do thionscadail in Éirinn. I measc na samplaí bhí €20m chun tacú le leathnú an choimpléisc miondíola agus áineasa Halla na nAlbanach i nDroichead Átha, €13m le haghaidh na dara céime d'Ionad Siopadóireachta Bhaile Shéarlais i mBaile Áth Cliath Thuaidh agus €24m chun dhá bhloc árasán cónaithe a chur i gcrích i mBaile Átha Cliath Theas.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Ag léiriú an fhócais atá againn ar bhainistíocht sócmhainní, d'fhógraíomar i mí na Bealtaine 2012 go bhfuil sé i gceist againn €2 bhilliún ar a laghad a infheistiú i gcaipiteal forbartha in Éirinn thar an tréimhse go dtí deireadh 2016. Is é ár bpríomhchuspóir le haghaidh infheistíochta den sórt sin ná toradh níos fearr a ghiniúint don cháiníocóir nuair a chuirtear na tionscadail seo i gcrích agus féadfar na foirgnimh atá i gceist a dhíol nó a scaoileadh ar léas. Ní mór go mbeadh réasúnaíocht tráchtála láidir ann. Bhí an tuairim ann gur cheart dúinn ár n-acmhainní airgid a úsáid, ní chun fiachas a aisíoc, ach chun gníomhaíocht thógála a mhaoiniú gan an iomarca airde a thabhairt ar mheastóireacht tionscadal. Ní ghlacaimid leis seo. Is é ár dtuairim nár cheart dúinn ag deireadh an lae airgead an cháiníocóra a chaitheamh ar thionscadail mura féidir a léiriú gur féidir leo a bheith inmharthana ar bhonn tráchtála. Ag an gcéim seo, bheinn ag ceapadh go bhfuil dóthain séadchomharthaí cheana féin ag gabháil le hinfheistíocht éigríonna atá scaipthe ar fud na hÉireann gan an GNBS a bheith ag cur leis an mbailiúchán.

Tá cur chuige críonna againn mar sin i leith iasachtaí a thabhairt agus bíonn sé sin i gcónaí bunaithe ar anailís mhaith. Táimid ag obair le gníomhaireachtaí ar nós an IDA agus le húdaráis áitiúla d'fhonn cineál agus suíomh forbartha nua a aithint ar dóigh go mbeidh éileamh air. I measc ár bpleananna tá spás oifige tráchtála ar scála mór agus ar chaighdeán ard a chur ar fáil atá ag teastáil chun freastal ar éileamh reatha agus ionchasach ó chuideachtaí sna hearnálacha teicneolaíochta idirnáisiúnta, eolaíochtaí saoil, baincéireachta, airgeadais agus seirbhísí eile. Ní mór dúinn dul i ngleic leis an éileamh sin anois má táimid chun easnamh i scoth-spás oifige i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha móra eile a sheachaint sa mheántéarma. Ar an gcúis sin, tá baint mhór againn leis an gcéim phleanála de roinnt tionscadal suntasach: leis sin beidh cead pleanála inmharthana le fáil, lena gcinnfear an maoiniú is oiriúnaí agus na samhlacha seachadta agus ag obair le ceannaitheoirí agus le tionóntaí ionchasacha.

Mar shampla de sin, tá urrúis againn ar líon mór réadmhaoine agus tailte ar gach taobh den Life agus táimid i mbun measúnaithe ar an bhféidearthacht thráchtála a bhaineann le roinnt tionscadal, lena n-áirítear iad sin sa chuid sin de Ché an Phoirt Thuaidh i gCeantar na nDugaí Thuaidh nach bhfuil forbartha go fóill. Tá féidearthacht thráchtála na dtionscadal nasctha go dlúth le réiteach saincheisteanna pleanála agus bonneagair, saincheisteanna nach bhfuil aon smacht againn orthu tríd is tríd agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar uainiú ár gcuid infheistíochta. Chuige sin, cuirtear fáilte mhór roimh an ainmniúchán a fuair cuid de Cheantar na nDugaí le gairid mar Chrios Forbartha Straitéisí ('CFS') ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cé go bhfuil an CFS tábhachtach, níl ann ach gné amháin agus tá soláthar príomhshaoráidí bonneagair cosúil le huisce agus eisilteach riachtanach ionas gur féidir an limistéar seo a fhorbairt go dtí a chumas iomlán.

Tá baint againn freisin leis an gcéim phleanála i roinnt forbairtí cónaitheacha, go háirithe i limistéar Bhaile Átha Cliath áit a bhféadfadh easnaimh soláthair a bheith ann sa mheántéarma mura nglactar gníomh iomchuí anois. Ar bhonn náisiúnta, tá neamhréir tithíochta thromchúiseach idir limistéir ina bhfuil rósholáthar agus limistéir ina bhfuil éileamh níos géire. In ainneoin patrún foriomlán de rósholáthar, tá ciall ó thaobh tráchtála de forbairt tithíochta a mhaoiniú i limistéir ina roghnaíonn daoine iad féin cá mairfidh siad agus cá n-oibreoidh siad, cosúil le codanna de Bhaile Átha Cliath agus limistéir uirbeacha eile.

RANNCHUIDIÚ NÍOS FAIRSINGE

Tá torthaí eacnamaíocha agus airgeadais an-tábhachtach, go mór mhór na laethanta seo, ach tá ár sainchúram níos leithne ná sin i ndáiríre. Tá fonn orainn go háirithe rannchuidiú le seachadadh na tithíochta sóisialta. Feicimid é seo mar réimse as a mbainfidh gach páirtí tairbhe, idir iad sin a gcuirtear tithíocht ar fáil dóibh, go dtí na húdaráis áitiúla a bhfuil a gcuid liostaí feithimh laghdaithe, agus an GNBS agus an cáiníocóir. Cé nach rialaíonn an GNBS an luas ag a gcuirtear tithíocht shóisialta ar fáil, d'oibríomar go dian chun fáil réidh le haon bhacainní atá tagtha chun cinn i bpróiseas atá casta agus lena bhfuil baint ag roinnt mhaith páirtithe leasmhara. Ónár dtaobh féin de, rinneamar gach iarracht an próiseas seachadta a chuíchóiriú, ní hamháin tríd uirlis sainchuspóireach a bhunú chun úinéireacht a ghlacadh ar réadmhaoin a bhfuil sé deimhnithe go bhfuil éileamh air.

Réimse eile inar éirigh linn rannchuidiú dearfach a dhéanamh ná lacáistí cíosa a chomhaontú chun tacú le gnóthaí atá ag streachailt agus cabhrú chun poist agus gníomhaíocht eacnamaíoch a shlánú trí chéile. Go dtí deireadh Aibréan, dheonaíomar 222 foirm iarratais ar lacáiste cíosa a bhfuil luach bliantúil comhiomlán de chuid €14m ag gabháil leo, ráta faofa de chuid 96%. Níor diúltaíodh ach deich gcinn de na hiarratais incháilithe a fuarthas go dtí seo.

IBRC

I mí Feabhra 2013, shocraigh an Rialtas Leachtaitheoirí Speisialta a cheapadh ar IBRC le sainordú iasachtaí phunann IBRC a luacháil agus a thairiscint le díol. Fuaireamar ordú ón Aire aon iasachtaí nach bhfuil díolta fós a ghnóthú tar éis do na Leachtaitheoirí Speisialta a bpróiseas luachála agus díolacháin a chur i gcrích. Fuaireamar ordú freisin saoráid chreidmheasa €1 bhilliún a chur ar leataobh do na Leachtaitheoirí Speisialta d'fhonn freastal ar a gceanglais maoinithe leanúnacha agus rinneamar é sin. Mar chuid d'idirbheart

IBRC, d'eisíomar Bannaí Sinsearacha lena ngabhann luach díreach faoi bhun €13 billiún chuig an mBanc Ceannais d'fhonn a mhuirear comhlúthach a ghnóthú thar shócmhainní IBRC.

Ní bheidh an GNBS le feiceáil mórán ar an bpunann a bheidh le fáil go dtí go mbeidh an próiseas luachála agus díolacháin curtha i gcrích. Tá a fhios againn go gcuimsítear i gcuid mhór de phunann IBRC iasachtaí réadmhaoin thráchtála agus, chomh fada is go n-éiríonn linn na hiasachtaí sin a ghnóthú, táim ag súil go gcuirfidh siad leis an saineolas atá againn cheana féin agus le tacair scileanna ár bhfoirne. Thairis sin, áfach, is beag ciall atá leis a bheith ag tabhairt buille faoi thuairim faoi conas a d'fhéadfaimis an phunann arna fáil a bhainistiú go dtí go mbeidh deis againn é a mheas níos mionsonraithe tar éis é a fháil, rud is dóigh a tharlóidh níos déanaí sa bhliain.

Mar is amhlaidh le punann reatha an GNBS a fuarthas faoin Acht Fán GNBS, beidh sé mar chuspóir ollmhór ag GNBS an phunann nua a bhainistiú ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtúil thar ceann an cháiníocóra. Beidh an praghas fála socraithe ag na Leachtaitheoirí Speisialta. Tar éis na fála, déanfaidh GNBS athbhreithniú bearnaith neamhspleách, faoi rialacha cuntasaíochta IFRS, ar na hiasachtaí lena n-áirítear measúnú cothrom le dáta ar shreabha airgid iasachtaí agus ar luachanna diúscartha sócmhainní. Bheinn ag súil nach mbeimis in ann go dtí sin straitéis chuimsitheach a ullmhú chun an phunann nua a bhainistiú agus go deimhin ní bheimid in ann teacht ar thuairim eolasach faoin luach a d'fhéadfaimis a ghiniúint as.

Idir an dá linn, táimid ag fáil réidh. Tá uirlis sainchuspóireach bunaithe againn (Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teo.) chun iasachtaí iarmharacha IBRC nach ndíolann na Leachtaitheoirí Speisialta le tríú páirtithe bunaigh, a ghnóthú agus a bhainistiú. Tá Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita' nó 'Máistir-Seirbíseor') ceaptha againn mar ár seirbhíseoir iasachtaí speisialta agus príomha ar iasachtaí an GNBS a ndearna IBRC bainistiú orthu roimhe sin ar a son. Is é Capita an príomh-sheirbhíseoir a bheidh ar na hiasachtaí a bhfuil iarmhéideanna ainmniúla de chuid €41 billiún ag gabháil leo, agus, i gcás €5.1 billiún de sin, déanfaidh siad seirbhísiú speisialta ar bhainistiú os cionn 300 féichiúnaí faoi chreat údaráis arna tharmligean uainne.

D'fhoilsíomar freisin i mí an Mhárta Iarratas ar Thograí ag lorg beirt sholáthraithe seirbhíse chun seirbhísiú iasachtaí príomha agus speisialta a ghabháil ar láimh maidir le dhá phunann iasachta ar leithligh de chuid IBRC a d'fhéadfaimis a ghnóthú níos déanaí sa bhliain. Is iasachtaí réadmhaoine tráchtála (lena n-áirítear iasachtaí infheistíochta agus forbartha cónaithe agus iasachtaí baincéireachta gnó) iad na punanna nua, faoi seach, agus iasachtaí pearsanta (iasachtaí morgáiste áit chónaithe den chuid is mó). Samhlaímid go bhfeidhmeoimid i ndlúthchomhar leis na soláthraithe seirbhíse i gcás na bpunann sin, lena n-áirítear seirbhísí creidmheasa, dlí, cisteáin, airgeadais agus cuntasaíochta a chur ar fáil dóibh.

Mar sin toisc gur rud ar féidir linn a bheith cinnte faoi anois maidir le punann IBRC ná go gcuirfidh sí go mór lenár gclár comhardaithe agus lenár bhfreagrachtaí, go bhfuilimid ullmhaithe ó thaobh í a ghlacadh ar láimh.

CONCLÚID

Tá cúlra Thuarascáil Bhliantúil na bliana seo níos dearfaí ná mar a bhí le trí bliana anuas. Tá comharthaí téarnaimh a thugann misneach dúinn le feiceáil i margadh réadmhaoine na hÉireann, tá cúrsaí airgid an Státchiste ag feabhsú, tá Éire ar ais sna margaí fiachais flaithiúnais agus ag mealladh anois an leibhéil infheistíochta intíre agus isteach a theastaíonn chun poist a chruthú agus téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a fhorbairt. Agus muid ag féachaint siar ar bhliain an-rathúil ag GNBS, is cuí dom aitheantas a thabhairt don obair chrua a bhí ar bun ag an mBord, ag an bhfoireann, an fhoireann Fheidhmiúcháin agus ag an POF sa GNBS chun é sin a bhaint amach. Níl gá ach féachaint ar na torthaí le tiomantas gach duine a bhí rannpháirteach a fheiceáil.

Leanfaimid lenár gcúnamh don téarnamh eacnamaíoch agus déanfaimid bainistiú ar ár sainordú nua ón Rialtas maidir le IBRC leis an mbeocht agus an tiomantas céanna lena bhfuaireamar na torthaí dearfacha inár gcéad phunann ar éirigh linn cuntas a thabhairt ina leith sa Tuarascáil seo.

D'fhuascail an GNBS €3.5 billiún de Bhannaí Sinsearacha i 2012, ag tabhairt líon a fuascailtí carntha go €4.75 billiún faoi dheireadh 2012

€228m

an brabús i 2012, tar éis bhearnaithe, chánachas agus díbhinní de chuid

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

In 2012, thug an GNBS faoi chéim nua. Ba é sin an bhliain ar tháinig athrú orainn ó bheith inár n-eagraíocht a bhí dírithe díreach ar a ghnó a bhunú go dtí eagraíocht a bhí ag dul i ngleic leis an ngnó sin go forleathan agus go cuimsitheach agus é mar chuspóir an toradh ab fhearr a bhaint as. Agus thart ar €74 billiún iasachtaí gnóthaithe i gcaitheamh 2010 agus 2011 agus fiachas de bheagnach €32 billiún eisithe chun na hiasachtaí sin a ghnóthú, b'éigean dúinn anois in 2012 dul chun cinn a dhéanamh chun an fiachas sin a aisíoc. Bhí díreach os cionn €30 billiún dár bhfiachas bunaidh i bhfoirm Bannaí Sinsearacha arna ráthú ag an Aire agus ar cheann de na príomhthascanna atá le comhlíonadh againn de réir a chéile is ea fáil réidh leis an dliteanas teagmhasach seo ar mhaithe le cáiníocóir na hÉireann. Táimid muiníneach go ndéanfaimid é sin agus cuirtear lenár muinín tuilleadh mar gheall ar an dul chun cinn suntasach a rinneamar in 2012 ó thaobh sreabhadh airgid a ghiniúint agus fiachas a aisíoc.

De réir mar a fheicimid é, is é an príomhbhealach atá againn ár gcumas maidir lenár bhfiachas a aisíoc a thomhas ná an dul chun cinn a dhéanaimid ó thaobh airgead tirim a ghiniúint ónár gcuid iasachtaí. In 2012, ghin an GNBS €4.5 billiún in airgead tirim, lena n-áirítear €2.8 billiún ó fháltais díolacháin sócmhainní agus iasachtaí ónár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí. Is é an t-airgead tirim iomlán a gineadh sna trí bliana ó thráth ár mbunaithe ná €10.6 billiún. Chuir sé sin ar ár gcumas a bheith ag dul chun cinn de réir sprice chun ár spriocanna laghdaithe fiachais a chomhlíonadh: faoi dheireadh 2012, bhí €4.75 billiún de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte againn agus táimid dóchasach go n-éireoidh linn ár sprioc dheireadh bliana 2013 a chomhlíonadh maidir le €7.5 billiún a aisíoc.

DÍOLACHÁN RÉADMHAOINE AGUS IASACHTAÍ

Gineadh 64% dár bhfáltais airgid go dtí seo ó dhíolacháin réadmhaoine ónár bhféichiúnaithe agus ár nglacadóirí agus trínár ndíolachán iasachtaí. Bhain beagnach 80% de na díolachán sin go dtí seo leis an mBreatain, rud a léiríonn, go háirithe, láidreacht agus leachtacht mhargadh Londain agus caighdeán na sócmhainní sa mhargadh sin. Tá nochtadh láidir againn i margadh na Breataine i gcónaí toisc gurb ionann é agus an chuid is mó den €10 mbilliún dár gcomhthaobhacht réadmhaoine atá fágtha atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn.

Táimid ag díol punann iasachta freisin lena dtairgtear an toradh is fearr. In 2012, cheapamar dhá phainéal chomhairleoireachta maidir le díolachán iasachtaí chun cabhrú linn sa phróiseas seo, agus, sa chéad ráithe de 2013, cuireadh punann de bhreis is €800m in iasachtaí a fuarthas ar réadmhaoin na hÉireann ar an margadh trí bhróicéir arna cheapadh ó na painéil sin.

AG UASMHÉADÚ IONCAIM

Táimid dírithe go háirithe in Éirinn ar fháltais neamh-diúscartha arna nginiúint ó na sócmhainní a shlánaíonn ár gcuid iasachtaí a uasmhéadú. Leis sin, mar shampla, bhí iarracht mhór chun tionóntaí a aimsiú le haghaidh maoine a bhí folamh go dtí sin, lena n-áirítear na mílte árasán a bhí folamh nuair a fuaireamar na hiasachtaí gaolmhara. I measc na punainne atá againn anois tá 10,000 árasán atá ar cíos faoi láthair, rud lena ngintear cíos bliantúil comhiomlán de thart ar €100m. Táimid ag obair go dian freisin chun lonnaitheacht agus ioncam ó chíos a mhéadú i gcomhthéacs na bhfoirgneamh tráchtála laistigh dár bpunann, lena n-áirítear oifigí agus áitribh mhiondíola. Is é an toradh carnach a bhí leis an iarracht sin ná go nginimid thart ar €100m in aghaidh na míosa i bhfáltais neamh-diúscartha ar fud na punainne ar fad, in ainneoin an díolachán in 2012 agus blianta roimhe sin ina raibh ag éirí go maith le sócmhainní ó thaobh ioncam a ghiniúint. Tá na fáltais sin de bhreis ar fháltais ó dhíol sócmhainní agus aisíocaíochtaí iasachtaí ó fhéichiúnaithe agus glacadóirí. Thar na trí bliana go dtí deireadh 2012, ghineamar thart ar €300m in aghaidh na míosa in airgead tirim ó fháltais diúscartha agus neamh-diúscartha.

BRABÚSACHT

Don dara bliain as a chéile, in ainneoin gur fhulaing margadh na hÉireann a urraíonn os cionn leath dár gcuid iasachtaí ó thuilleadh meath i bpraghsanna in 2012, tá áthas orm a rá go ndearnamar brabús. Ba ionann ár mbrabús oibriúcháin roimh bearnaithe in 2012 agus €826m agus, tar éis muirir bhearnaithe de chuid €518m a ghlacadh san áireamh, d'éirigh linn brabús roimh chánachas de chuid €308m a dhéanamh. Laghdaíodh é sin go dtí glanbhrabús €228m tar éis muirir chánach agus íocaíochtaí díbhinne. Tháinig laghdú 7% ar ár gcostais riaracháin go dtí €119m in 2012, rud a léiríonn go príomha nach bhfuilimid níos mó ag tabhú roinnt de na costais tionscanta gnó agus dícheall cuí arbh éigean dúinn a thabhú in 2011.

B'ionann ár muirear bearnaithe carnach go dtí seo agus €3.3 billiún. Léirítear leis sin a bheag nó a mhór go ndearnadh ár gcuid iasachtaí a luacháil ar dtús báire trí thagairt do luachanna réadmhaoine mar a bhí i mí na Samhna 2009 agus b'éigean dár n-athbhreithnithe bearnaithe ó shin i leith ionchais níos ísle ó fháltais diúscairt sócmhainní na hÉireann a urraíonn ár gcuid

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (AR LEAN)

iasachtaí a ghlacadh san áireamh. Is mór an t-údar dóchais dúinn, mar a phléann an Cathaoirleach ina Ráiteas, go raibh breis fianaise ann in 2012 go bhfuil margadh na hÉireann ar tí cobhsú. In ainneoin ár gcur chuige críonna i gcónaí maidir le bearnú, bheinn ag súil go n-éireodh linn an brabúsacht a chonacthas in 2011 agus in 2012 a fheiceáil arís in 2013.

AG OBAIR LENÁR BHFÉICHIÚNAITHE

Bheadh sé i bhfad níos deacra na figiúirí sreabhadh airgid a bhfuil cuntas orthu thuas a bhaint amach murach go rabhamar in ann oibriú go stuama le cuid mhaith dár bhféichiúnaithe. Níl sé de nós againn féichiúnaithe a chur as gnó gan ghá. Is é an pointe tosaigh a bhíonn againn i gcónaí fiafraí cibé an féidir linn oibriú leo. Agus muid á mheas sin, is iad na príomh-bhreithniúcháin a bhíonn againn ná a n-inmharthanacht thráchtála agus a gcuid inniúlachta; i bhfocail eile, cé chomh toilteanach agus ábalta atá siad garspriocanna réadúla a bhaineann le bainistíocht sócmhainní, diúscairt sócmhainní agus bainistíocht fiach a chomhlíonadh? Ní mór freisin go mbeadh muinín agus dea-thoil i gceist: ní mór go mbeadh ráitis faoi mhionn maidir le sócmhainní agus dliteanais féichiúnaithe cruinn agus iomlán agus ní mór go mbeadh rialuithe airgid iomchuí i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear ioncam ó shócmhainní ar leataobh go hiomchuí i dtreo aisíocaíocht fiach.

D'éirigh linn teacht ar chomhaontú le formhór ár bhféichiúnaithe ar bhonn na ngealltanas a thug siad, agus, níos tábhachtaí ná sin, ar bhonn na ngníomhartha inbhraite a ghlac siad, d'fhonn oibriú linn chun na méideanna is féidir a ghnóthú ar mhaithe le cáiníocóirí a uasmhéadú. Áirítear leis sin an t-urrús lena dtacaítear lenár n-iasachtaí a uasmhéadú. Táimid ag súil anois urrús úr a ghnóthú ar fiú thart ar €750m é trí bhíthin roinnt muirear ar shócmhainní neamhualaithe roimhe seo agus aistrithe sócmhainní a rinne féichiúnaithe roimhe seo a aisiompú.

Ag tráth a bhfuil gnáthdhaoine atá ag fáil iasachtaí faoi bhrú damanta ó thaobh aisíocaíochtaí fiach a chomhlíonadh, ní bheadh sé ach réasúnta go n-iarrfaí ar gach féichiúnaí mór atá laistigh dár raon gach sócmhainn agus gach foinse ioncaim is féidir leo a chur ag obair chun a bhfiach a íoc ar ais. Bíonn deacracht ag roinnt acu leis an tuairim sin agus is cosúil go gcreideann siad féin gur fiú caighdeán maireachtála galánta iad ar cheart do dhaoine eile íoc as. Níl an intinn áilliúcháin sin ar aon dul in aon chor leis an bhfírinne shearbh atá os comhair formhór de cháiníocóirí agus de shaoránaigh na tíre seo. Agus an dearcadh sin os ár gcomhair, níl de rogha againn ach forfheidhmiú a thionscain tar éis gach rogha eile indéanta a bheith triailte againn. Go dtí seo, thionscnaíomar imeachtaí aisghabhála sócmhainní in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada. Chuireamar cásanna ar aghaidh freisin chuig Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise toisc gur theip ar fhéichiúnaithe a gcuid sócmhainní agus a gcuid dliteanais a nochtadh go hiomlán.

Ina theannta sin, bhí baint againn le cásanna dlíthíochta ard-phróifíle in 2012, lena n-áirítear cosaint rathúil ar agóid a thug Treasury Holdings maidir le cinneadh na Gníomhaireachta glacadóirí a cheapadh ar chuid dá chuid sócmhainní agus an agóid in Ard-Chúirt Shasana maidir le cinneadh na Gníomhaireachta iasachtaí a bhí ceangailte leis an Maybourne Hotel Group a dhíol, agus rialaigh an Chúirt ar ár son sa chás sin. Sna cásanna sin go léir, is é príomhchúram an GNBS cás an cháiníocóra a chosaint agus a fheabhsú.

TIONSCNAIMH AN MHARGAIDH RÉADMHAOINE

Rinne an Cathaoirleach tagairt don spéis atá á chur ag infheisteoirí idirnáisiúnta in Éirinn arís agus toisc go gcuirimid fáilte roimh aon infheisteoirí a bhfuil spéis acu nochtadh a fháil i dtéarnamh mhargadh réadmhaoine na hÉireann. Tá sé sin ar an mbonn go bhfuil siad toilteanach plé le praghsanna idirbheart atá réadúil, seachas le praghsanna ag 'díolachán práinne'.

Thugamar isteach roinnt tionscnamh atá deartha chun téarnamh mhargadh réadmhaoine na hÉireann a mhéadú agus, go háirithe, dul i ngleic le srianta leachtachta. Faoinár dtionscnamh maoinithe do dhíoltóirí a fógraíodh in 2012, tá sé i gceist againn suas le €2 bhilliún a thabhairt i bhfoirm iasachtaí, in Éirinn den chuid is mó, do dhaoine a cheannóidh réadmhaoin thráchtála a dhéanfaidh urrú ar ár n-iasachtaí. Léirítear leis sin leachtacht shuntasach a d'fhéadfaí a chur isteach i margadh na hÉireann.

In 2012 freisin, sheolamar tionscnamh morgáiste atá deartha chun cabhrú leo sin ar mian leo teach cónaithe a cheannach ach a bhfuil imní orthu maidir le praghsanna tithe a d'fhéadfadh titim amach anseo. Tá fáilte curtha ag ceannaitheoirí ionchasacha roimh an Tionscnamh Íocaíochta Iarchurtha 80/20 ('DPI'). Faoi dheireadh 2012, aontaíodh díolacháin maidir le os cionn 100 den 295 teach a bhí ar fáil. Bhí luach comhiomlán na ndíolachán sin níos mó ná €18m faoi dheireadh 2012 agus €28m sroichte aige faoi Mhárta 2013. Bunaithe ar an taithí dhearfach sin, tá sé i gceist againn an tionscnamh a leathnú ar bhonn céimithe le linn 2013.

Cuirimid fáilte freisin roimh chinneadh an Rialtais reachtaíocht a achtú d'fhonn foráil a dhéanamh i leith iontaobhais infheistíochta eastáit réadaigh ('REITanna') a bhunú in Éirinn. Mar uirlis a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici ó thaobh infheistíocht in eastát réadach, tá sé de chumas ag REITanna leachtacht a mhéadú i margadh na hÉireann, go háirithe trí fhoinsí infheistíochta coigríche a mhealladh nach mbeadh aon spéis acu in infheistíocht dhíreach a dhéanamh i réadmhaoin na

hÉireann. Go fadtéarmach, cuideoidh REITanna freisin chun gairmiúlacht a thabhairt don earnáil réadmhaoine intíre a bhí ró-scaipthe riamh. B'fhéidir go dtógfadh sé roinnt ama ar mhargadh na hÉireann dul in oiriúint do REITanna agus tuiscint conas is fearr a gcumas a bharrfheabhsú ach is céim an-dearfach chun cinn iad a mbunú.

Toisc nach bhfuil aon sonraí neamhspleácha, iontaofa ann maidir leis an margadh réadmhaoine, go háirithe ar threochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, cuireann sé sin cosc ar aon éifeachtúlacht ná inbhuanaitheacht san earnáil. Ar an gcúis sin, tá sé aontaithe againn príomhról a ghlacadh agus taighde nua de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ('ESRI') a mhaoiniú lena dtabharfar faisnéis neamhchlaonta don mhargadh maidir leis na príomhimthosca ar dóigh a mbeidh tionchar acu ar shuímh agus ar chostais tithíochta go meántéarmach. Beidh na staidéir sin luachmhar freisin do lucht ceaptha beartas i réimsí cosúil le pleanáil agus tithíocht a chaithfidh a bheith in ann réamh-mheastacháin feasacha a ullmhú mar chuid dá bpróisis cinnteoireachta.

NA DÚSHLÁIN ROMHAINN AMACH

Bliain dhúshlánach ba ea 2012 d'fhoireann an GNBS de réir mar a rinneamar níos mó tochailte sa phunann agus rinneamar atheagrú ar an eagraíocht chun muid féin a stiúradh i dtreo aisghabháil sócmhainní agus bainistíocht sócmhainní. Le linn 2012, d'fhág 10% dár bhfoireann toisc gur tháinig deiseanna chun cinn i réimsí eile, agus bhí siad in ann é sin a dhéanamh toisc na scileanna agus an taithí a d'éirigh leo a fháil agus iad ag obair don GNBS. Cé go bhfuil méid áirithe athruithe foirne folláin in aon eagraíocht, ní mór dúinn a bheith cúramach freisin go gcothaímid na tacair scileanna a theastaíonn chun an obair thábhachtach a dhéanamh a bhaineann le fáil réidh le dliteanas teagmhasach an Stáit trí an toradh ar phunann an GNBS a uasmhéadú. Tá cás an GNBS neamhghnách sa mhéid is go bhfuil an fhoireann go léir fostaithe ag GBCN ach sannta don GNBS. Is ábhar imní cinnte é an fógra le déanaí go bhfuiltear chun GBCN féin a chur san áireamh laistigh de shainchúram choigeartuithe luach saothair na hearnála poiblí. Is údar imní é ó thaobh an chumais atá againn na tacair scileanna a choimeád agus a leithroinnt chun an phunann a bhainistiú.

In aghaidh an chúlra sin, is beag cál dom a rá go mbeidh sé ina dhúshlán ollmhór don GNBS punann IBRC a iompar agus a bhainistiú. Tá sé i gceist agam freastal ar an dúshlán sin ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar ár gcumas na spriocanna uaillmhianacha maidir le haisíocaíocht an fhiachais a bhaint amach, spriocanna a leagamar amach dúinn féin sa chéad phunann iasachta a fuaireamar in 2010 agus 2011. Ar an gcúis sin, cinnteoimid go mbeidh leisthscaradh ann ó thaobh an dá phunann a bhainistiú agus a thuairisciú. Bheadh ceachtar den dá phunann sách dona; ach leis an bpéire acu le chéile, tá tasc dhúshlánach os ár gcomhair.

CONCLÚID

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl mar gheall ar thiomantas, iarracht agus obair chrua an Chathaorlaigh, an Bhoird, na gCoistí Boird, na Foirne Feidhmiúcháin agus, go háirithe, na foirne atá sannta don GNBS agus freisin do na daoine laistigh de GBCN níos leithne a chabhraigh le rathúnas an GNBS.

Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh linn i roinnt réimsí ó bunaíodh muid atreisítear an muinín atá agam go mbeidh an GNBS in ann freastal ar an sainordú dúshlánach a leag an tOireachtas amach dúinn in 2009 agus ar an sainordú chomh dúshlánach céanna a d'iarr an tOireachtas orainn a ghlacadh chugainn féin in 2013.

CROINEOLAÍOCHT AN GNBS: AIBREÁN 2009 – AIBREÁN 2013

Aib 2009	Fógraíonn an tAire Airgeadais cinneadh an Rialtais an GNBS a bhunú ar bhonn reachtúil. Is é an tAire a leagann príomhchuspóir an GNBS i leith 'uasmhéadú, de réir a chéile, a dhéanamh ar ioncam agus luach caipitil na sócmhainní atá faoina cúram'.
Bealtaine 2009	Cheap an tUas. Brendan McDonagh Stiúrthóir Bainistíochta Eatramhach an GNBS ar an 5 Bealtaine.
Iúil 2009	Foilsítear dréacht-leagan de reachtaíocht mholta an GNBS.
MeánF. 2009	Foilsítear Bille GNBSs 2009 agus cuirtear i láthair an Oireachtais é.
D.Fómh. 2009	Foilsítear Dréacht-Phlean Gnó an GNBS. Cuirtear an Dara Céim den Bhille fán GNBS 2009 i gcrích i nDáil Éireann. Fógraíonn Eurostat a réamhchinneadh gur cheart oibríochtaí an GNBS a thaifeadadh lasmuigh den earnáil rialtais ghinearálta i gcuntais náisiúnta na hÉireann.
Samh 2009	Síníonn an tUachtarán an Bille fán GNBS 2009 chun dlí.
Noll 2009	Bunaítear an GNBS go foirmiúil ar an 21 Nollaig 2009. Fógraíonn an tAire comhdhéanamh Bhord an GNBS agus ceapann sé an tUas. Frank Daly mar Chathaoirleach agus an tUas. Brendan McDonagh mar POF.
Ean 2010	Bunaítear ceithre choiste den Bhord (Iniúchadh, Creidmheas, Airgeadas agus Feidhmiúchán agus Bainistíocht Riosca) le cois dhá choiste comhairleach (Tuaisceart Éireann agus Pleanáil).
Feabh 2010	Faigheann scéim an GNBS faomhadh foirmiúil ó Choimisiún an AE ag deireadh mhí Feabhra.
Már 2010	Na chéad aistrithe iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha ('Planna') ag deireadh an Mhárta. Déanann an tAire réamhíocaíocht iasachta um Alt 46 de chuid €299m leis an GNBS.
Bealtaine 2010	Aistriú iasachtaí Thráinse 1 (luach ainmniúil €15.3 billiún) tugtha chun críche. Tugann an tAire Airgeadais Treoir um Alt 14 maidir le fiach rialtas-ráthaithe á eisiúint ag an GNBS.
Iúil 2010	Foilsíonn an GNBS a Plean Gnó agus a Ráiteas Bliantúil don bhliain 2010. Sroicheann líon foirne an GNBS 54.
Lún 2010	Aistriú iasachtaí Thráinse 2 (luach ainmniúil €11.9 billiún) tugtha chun críche. Tugann Coimisiún an AE faomhadh foirmiúil d'aistriú an chéad tráinse iasachtaí.
MeánF. 2010	Bunaíonn an GNBS Clár Eorapháipéir Thráchtála ar fiú €2.5 billiún é. Faomhadh díolacháin sócmhainní carntha: €1 bhilliún.
D.Fómh. 2010	Iasacht de chuid €250m (faoi Alt 46) aisíoctha leis an Aire Airgeadais. Eisíonn an tAire Airgeadais Treoir um Alt 14 don GNBS chun dlús a chur faoi ghnóthú na n-iasachtaí fanta ó na hinsititiúidí rannpháirteacha.
Samh 20010	Foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ("C&AG") Tuarascáil Speisialta ar Ghnóthú Sócmhainní Bainc an GNBS.
Noll 2010	Bulc-aistriú iasachtaí a bhfuil luach ainmniúil de chuid €44 billiún luaite leo tugtha chun críche. Gnóthú iomlán go dtí seo cothrom le €71.2 billiún. Díolachán sócmhainní carntha tugtha chun críche: €400m. Sroicheann líon foirne an GNBS 104.
Feabh 2011	Aisíoctar iarmhéid (€49m) na hiasachta um Alt 46 ón Aire Airgeadais.
Már 2011	€250m de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte. Faomhadh díolacháin sócmhainní carntha: €2.5 billiún. Iasachtaí breise ag iomlánú €1.1 billiún gnóthaithe.
Bealtaine 2011	€500m de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte. Eisíonn an tAire Treoir um Alt 14 ag leasú téarmaí agus coinníollacha na Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS.
Iúil 2011	Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2010. Sroicheann líon foirne an GNBS 145.

Lún 2011	Liosta réadmhaoine forfheidhmithe foilsithe don chéad uair.
MeánF. 2011	€500m de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte (Fuascailt charntha: €1.25 billiún).
D.Fómh. 2011	Gnóthuithe iasachta tugtha chun críche le tráinse deiridh de chuid €1.7 billiún, ag tabhairt luach iomlán na n-iasachtaí gnóthaithe go €74 billiún.
Noll 2011	Faomhadh díolacháin sócmhainní carntha: €7 mbilliún. Tabhairt chun críche díolacháin sócmhainní carntha: €4 bhilliún. Sroicheann líon foirne an GNBS 202.
Feabh 2012	Fógraíonn an GNBS atheagrú feidhmeanna agus roinnt ceapachán feidhmeannach sinsearaí.
Már 2012	Dhá Threoir um Alt 14 eisithe ag an Aire ar an GNBS: 1. Treoir tugtha don GNBS glacadh le gach beart réasúnta chun feidhmiú an Ghrúpa Comhairleach Aireachta a éascú. 2. Treoir tugtha don GNBS éascú a dhéanamh ar mhaoiniú gearrthéarmach IBRC chuig suim €3.06 billiún. Fógraíonn an tAire ceapachán an tUas. John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní) mar chomhalta Boird.
Bealtaine 2012	Seoltar Tionscnamh Íocaíochta Iarchurtha 80:20 i ndáil le tithíocht chónaitheach. Fógraítear pleananna an GNBS maoiniú de chuid €2 bhilliún a sholáthar faoi 2016 do thionscadail forbartha caipitil ina bhfuil réadmhaoin ag cur a gcuid iasachtaí faoi urrús.
Meitheamh 2012	€2 bhilliún de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte (Fuascailt charntha: €3.25 billiún).
Iúil 2012	Foilseacháin Tuarascáil Bhliantúil 2011. Tuairiscíonn an GNBS brabús, i ndiaidh cánachais agus díbhinní, de chuid €241m le haghaidh 2011. Faomhadh díolacháin sócmhainní carntha: €10 mbilliún. Tabhairt chun críche díolacháin sócmhainní carntha: €5.3 billiún.
Noll 2012	€1.5 billiún de Bhannaí Sinsearacha an GNBS fuascailte (Fuascailt charntha: €4.75 billiún). Sroicheann líon foirne an GNBS 224. Sroicheann fáltais iomlána an GNBS €10.6 billiún ó thráth tionscanta (fáltais diúscartha agus neamh-diúscartha). Sroicheann ioncam neamh-diúscartha agus ioncam eile líon carntha €3.8 billiún. Tabhairt chun críche díolacháin sócmhainní carntha: €6.8 billiún. Faomhadh díolacháin sócmhainní carntha: €11.7 billiún.
Feabh 2013	Mar chuid de phróiseas leachtaithe an IBRC, bunaíonn an GNBS SPV (Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta) d'fhonn muirear comhlúthach an Bhainc Cheannais thar sócmhainní áirithe IBRC a ghnóthú. Fógraíonn an tAire go ngnóthóidh an GNBS ó lár na bliana 2013 ar aghaidh aon iasachtaí i bpunann IBRC nach bhfuil díolta go fóill tar éis próisis luachála agus díolacháin curtha i gcrích ag an Leachtaitheoirí Speisialta.
Már 2013	Fógraítear ceapachán Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita' nó 'Máistir-sheirbíseoir') mar sheirbhíseoir iasachta phríomhaí agus speisialta ar iasachtaí an GNBS (€41 billiún i bparfhiachas) a mbíodh á mbainistiú roimhe seo ag IBRC. Tairiscint seolta le haghaidh seirbhíseoir(í) príomha agus speisialta do na hiasachtaí a d'fhéadfaí a ghnóthú ó IBRC ó lár na bliana 2013. D'eisigh an GNBS €12.928 billiún i mBannaí Sinsearacha don Bhanc Ceannais mar bhreithniú ar mhuirear comhlúthach an Bhainc thar sócmhainní áirithe IBRC a ghnóthú.
Aibreán 2013	Fógraíonn an tAire ceapachán an tUas. Oliver Ellingham mar chomhalta Boird le héifeacht ó 10 Aibreán 2013.

DUL CHUN CINN IN 2012

Leanann an GNBS de bheith brabúsach

- Rinne an GNBS brabús oibriúcháin, roimh chánachas agus muirir bhearnaithe, de chuid €826m in 2012. Tar éis a aithníodh muirear bearnaithe breise de chuid €518m agus muirear cánach iarchurtha de chuid €76m, tuairiscíonn an GNBS brabús tar éis bhearnaithe, chánachas agus díbhinní de chuid €228m.
- Tugann muirear bearnaithe 2012 de chuid €518m an fhoráil bhearnaithe carntha ó thráth tionscanta go deireadh 2012 chuig €3.26 billiún (cumhdach 12.4%).

€10.6 billiún i sreabhadh airgid

- Chríochnaigh an GNBS 2012 le hiarmhéideanna airgid agus sócmhainní leachtaithe de chuid €3.6 billiún.
- Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, bhí os cionn €10.6 billiún ginte ag an GNBS i bhfáltais féichiúnaithe, lena n-áirítear €4.5 billiún le linn 2012, ó dhiúscairtí sócmhainní agus fáltais neamh-diúscartha.

€6.8 billiún i ndíolachán sócmhainní tugtha chun críche

- Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, bhí díolachán sócmhainní ar luach iomlán €11.7 billiún faofa ag an GNBS, lena n-áirítear faomhadh de chuid €4 bhilliún i rith 2012.
- B'ionann díolachán sócmhainní tugtha chun críche, amhail ag deireadh 2012, agus €6.8 billiún (i ndáil le 3,900 réadmhaoin ar leith), lena n-áirítear €2.8 billiún tugtha chun críche in 2012.

Ioncam neamh-diúscartha

- Ghin an GNBS fáltais neamh-diúscartha de chuid €1.45 billiún in 2012, ioncam cíosa ar shócmhainní féichiúnaithe den chuid is mó.

Clocha míle laghdaithe fiachais a chomhlíonadh

- In 2012, d'fhuascail an GNBS €3.5 billiún breise de Bhannaí Sinsearacha an GNBS (ag tabhairt fuascailtí Bannaí Sinsearacha chuig líon carntha €4.75 billiún faoi dheireadh 2012) agus táthar ag dul chun cinn de réir sprice chun a cuid spriocanna fuascailte a chomhlíonadh, lena n-áirítear fuascailt de chuid €7.5 billiún de Bhannaí Sinsearacha faoi dheireadh 2013.

€1.7 billiún i réamhíocaíochtaí nua faofa

- Cuireann an GNBS dlús faoi mhaoiniú a fheabhsóidh luach aisghabhála fadtéarmach de shócmhainní a féichiúnaithe. Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, bhí réamhíocaíochtaí creidmheasa de chuid €1.7 billiún faofa, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí de chuid €741m in 2012.
- Táthar tar éis €1 billiún i réamhíocaíochtaí nua a tharraingt anuas, lena n-áirítear €308m in 2012.
- I mí na Bealtaine 2012, d'fhógair an GNBS go raibh sé ar intinn aici suas le €2 bhilliún i gcaipiteal forbartha a réamhíoc i gcaitheamh na tréimhse go deireadh 2016 d'fhonn luach a cuid sócmhainní Éireannacha a chaomhnú agus a fheabhsú.

Os cionn 20,000 cinntí creidmheasa

- Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, rinne an GNBS 20,035 cinneadh creidmheasa ar an iomlán, a raibh 13,749 díobh déanta in 2012.
- Bhí an meán-aga slánúcháin do chinntí creidmheasa in 2012 cothrom le 5 lá.

Rannpháirtíocht dian le féichiúnaithe

- Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012, bhí measúnú déanta ar phleananna gnó féichiúnaithe uile, ag soláthar an t-ardán gnó i ndáil le cur chun feidhme straitéisí bainistíochta agus diúscartha sócmhainní le haghaidh 775 nasc féichiúnaí.
- I gcás tromlach féichiúnaithe, tá an GNBS i mbun oibre go comhthoiliúil le féichiúnaithe chun an toradh is fearr a bhaint amach don cháiníocóir trí oibriú amach na n-iasachtaí agus na réadmhaoine bunaidh.
- Sa chás nach inmharthana an cur chuige comhthoiliúil, cuireann an GNBS a leithéid de roghanna forfheidhmithe i gcrích de réir mar a táthar ar fail di. Amhail ag deireadh 2012, bhí 271 ceapachán dócmhainneachta ar leith (i ndáil le 207 nasc féichiúnaí) déanta.

€750m in urrús breise

- Amhail ag deireadh 2012, bhí os cionn €600m faighte ag an GNBS in urrús breise le haghaidh iasachtaí a bhféichiúnaithe trí mhuirir a ghlacadh thar sócmhainní neamhualaithe roimhe seo agus trí aistrithe sócmhainní a aisiompú. Táthar ag súil, tar éis a cuirtear na hidirbheartaíochtaí uile i gcrích, go mbeidh thart ar €750m in urrús breise ar fáil le haghaidh aisíocaíocht fhiachais.

Ag tacú le téarnamh i margadh réadmhaoine na hÉireann

- Le linn 2012, thug an GNBS isteach roinnt tionscnamh nua chun cabhrú le tacú le téarnamh inbhuanaithe i margadh réadmhaoine na hÉireann. Ina measc seo áiríodh tionscnamh maoinithe díoltóra, trína bhfuil an Ghníomhaireacht toilteanach suas le €2 bhilliún i leachtú a chur isteach i margadh réadmhaoine trachtála na hÉireann i gcaitheamh na tréimhse 2012-2016. Glactha i gcomhar le pleananna maoiniú caipitil beartaithe an GNBS, léiríonn sé seo instealladh ionchais de chuid €4 bhilliún i ngeilleagar na hÉireann i gcaitheamh na tréimhse úd.
- In 2012, thug an GNBS isteach táirge morgáiste DPI, chun leibhéal cosanta a sholáthar do cheannaitheoirí tí i gcoinne titim féideartha i luachanna tí. Faoi dheireadh 2012, aontaíodh díolachán ar os cionn 100 den 295 teach a cuireadh ar fáil go bunúsach faoin tionscnamh. Faoi dheireadh an Mhárta 2013, bhí 146 de na tithe a bhí san áireamh sa DPI díolta (fáltais díolacháin de chuid €28m).

Ag cur le cuspóirí beartais phoiblí níos leithne

- Tá an GNBS ag cur le gnóthú na gcuspóirí beartais phoiblí níos leithne i réimsí ar nós soláthar na tithíochta sóisialta, réiteach na bhfadhbanna ag eascairt as eastáit tithíocht neamhchríochnaithe agus idirbheartaíocht ar lacáistí cíosa le gnóthaí d'fhonn tacaíocht a sholáthar do phoist.
- Tá an GNBS ag oibriú go dlúth le comhlachtaí poiblí ar nós an IDA agus údaráis áitiúla d'fhonn cuspóirí beartais phoiblí, ar nós éascú na dtionscnamh cruthaithe post, a bhrú chun cinn.

CREAT DLÍTHIÚIL

Tá an GNBS bunaithe mar chomhlacht reachtúil corpraithe agus is ón Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ("an tAcht") a eascraíonn a cuid cumhachtaí agus feidhmeanna. I measc phríomhchuspóirí an Achta tá déileáil leis an mbagairt dháiríre atá i ndán don gheilleagar agus do chobhsaíocht shistéamach na n-institiúidí creidmheasa sa Stát go ginearálta trí fhoráil a dhéanamh do bhunú an GNBS.

Faoi Alt 10 den Acht, i measc cuspóirí an GNBS tá rannchuidiú le cuspóirí an Achta a bhaint amach trí mheán:

(a) sócmhainní bainc a ghnóthú ó Planna;

(b) déileáil go gasta leis na sócmhainní gnóthaithe; agus

(c) cosaint agus feabhsú um luach na sócmhainní gnóthaithe aici chun leasa an Stáit.

Lena leithéid a dhéanamh, éilítear uirthi, a oiread agus atá indéanta, an fáltas airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát le haird ar an gcostas don Státchiste i ndáil le sócmhainní bainc a ghnóthú agus déileáil leo, costas caipitil agus aon chostais eile, agus aon fhachtóir eile a measann an GNBS a bheith ábhartha maidir lena cuspóirí a bhaint amach.

Liostaíonn Alt 11 de chuid an Achta feidhmeanna an GNBS lena n-áirítear iad seo a leanas:

1. 1sócmhainní bainc incháilithe a ghnóthú ó Planna;
2. sócmhainní a choinneáil, a bhainistiú agus a réadú;
3. feidhmeanna eile a chur i gcrích, a bhaineann le bainistíocht nó réadú na sócmhainní gnóthaithe, de réir mar a threoraíonn an tAire; agus
4. gach céim atá riachtanach nó caoithiúil a ghlacadh de láimh chun luach na sócmhainní gnóthaithe a chosaint, a fheabhsú nó a réadú lena n-áirítear diúscairt iasachtaí ar an bpraghas is fearr agus is féidir, punanna iasachtaí a urrúsú nó a athmhaoiniú agus coinneáil, réadú agus diúscairt urrúis.

Leasaíodh Alt 11 de Acht le hAlt 15 den **Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013 ('Acht IBRC 2013')** ionas go n-áirítear "a leithéid d'fheidhmeanna eile faoi mar a mbronntar uirthi ag an nó faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013" ["such other functions as are conferred on it by or under the Irish Bank Resolution Act 2013"].

Sonraítear in Alt 12 den Acht na cumhachtaí atá tugtha don GNBS d'fhonn cur ar a cumas a cuspóirí a bhaint amach agus a feidhmeanna a chur i gcrích.

Féadfaidh an tAire treoirlínte agus treoracha ceangailteach scríofa a eisiúint don GNBS. Ní mór don Aire gach treoirlíne agus treoir a fhoilsiú a luaithe agus atá praiticiúil tar éis eisithe. Suas go dtí deireadh an Mhárta 2013, bhí cúig threoir eisithe ag an Aire don GNBS faoi Alt 14 den Acht agus eisíodh ceithre threoir eile faoin Acht IBRC 2013 (tá siad uile foilsithe ar www.nama.ie).

Tá an chéad mheasúnú ar dhul chun cinn an GNBS i ndáil lena cuspóirí foriomlána a bhaint amach le cur i gcrích ag an Aire agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste[2] a luaithe agus is féidir tar éis 31 Nollaig 2012, i gcomhréir le hAlt 226 agus Alt 227 den Acht.

STRUCHTÚR AN GNBS

I gcinneadh a eisíodh i mí Iúil 2009, rialaigh Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) go n-áireofaí aonáin shainchuspóireacha ('SPVanna') a raibh a bhformhór faoi úinéireacht chuideachtaí príobháideacha lasmuigh den earnáil rialtais dá mba rud é gur chomhlíon siad roinnt coinníollacha. I measc na gcoinníollacha sonraíodh go raibh tréimhse shealadach luaite leis na SPVanna agus gur bunaíodh iad chun críche déileáil leis an ngéarchéim airgeadais amháin. D'fhonn a chinntiú nach gcaithfí le fiach eisithe ag an GNBS chun sócmhainní bainc a cheannach mar chuid d'Fhiach Ginearálta an Rialtais, bhunaigh an GNBS roinnt SPVanna.

Tá na SPVanna agus a n-idirghaolmhaireachtaí leagtha amach sa taobhphainéal ar leathanach 19 agus iad léirithe i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais.

2 *Go dtí seo, tá dhá thuarascáil speisialta i ndáil leis an GNBS curtha le chéile ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an chéad cheann i mí na Samhna 2010 agus an dara ceann i mí na Bealtaine 2012.*

STRUCHTÚR CHUIDEACHTAÍ AN GNBS

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo. (GINBST)

Is í seo an chuideachta sealbhaíochta infheistíochta don Phríomh-SPV agus bunaíodh í chun éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na n-infheisteoirí príobháideacha. Tá 51% de na scaireanna sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, faoi úinéireacht chothrom thrí chuideachta phríobháideach (1936 Investments Ltd., New Ireland Assurance Company plc. agus Percy Nominees Ltd., ainmní de chuid Prescient Investment Managers) agus is faoi úinéireacht an GNBS atá an 49% eile. Faoi chomhaontú na ngeallsealbhóirí idir an GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, tá urbhang ag GNBS ar chinntí a dhéanann an chuideachta.

Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teo. (RSNT)

Ar an 11 Feabhra 2013, bhunaigh an GNBS Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teo. mar fhreagra ar Threoir a d'eisigh an tAire, faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013, ag cur treoir ar an GNBS gníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach a ghnóthú thar sócmhainní áirithe IBRC á n-úsáid mar chomhthaobhacht ag an IRBC mar chuid dá socruithe maoinithe leis an mBanc Ceannais. Tá RSNT mar fochuideachta 100% de chuid an GINBST.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo. (BSNT)

Is é seo an t-aonán a eisíonn fiach sinsearach agus fo-ordaithe do na hinstitiúidí rannpháirteacha (Planna) mar mhalairt ar iasachtaí gnóthaithe.

Tá cúig fhochuideachta ag BSNT:

Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo. (SGBSNT)

Gníomhaíonn sé seo mar an chuideachta sealbhaíochta le haghaidh trí fhochuideachta, BISNT, BRSNT agus SBSNT.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teo. (BISNT)

Tá an t-aonán seo freagrach as gnóthú, coinneáil agus bainistíocht sócmhainní bainc ó Planna. Íoctar aon bhrabús a thuilleann sé leis an bPríomh-SPV.

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teo. (BRSNT)

Glacann an t-aonán seo úinéireacht dhíreach ar réadmhaoin más rud é go ngnóthaítear í agus nuair a ghnóthaítear í.

Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teo. (SRCSNT)

Tá Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teo. ina fhochuideachta faoi úinéireacht iomlán BRSNT agus bunaíodh é i mí Iúil 2012 d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú le comhlachtaí tithíochta faofa chun críocha tithíochta sóisialta.

Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teo. (SBSNT)

Is aonán neamhthrádála é seo atá neamhghníomhach faoi láthair.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

SÓCMHAINNÍ IASACHTA GNÓTHAITHE AGUS BUNSÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE

Bunaíodh an GNBS i mí na Nollag 2009 tar éis achtú an Achta i mí na Samhna na bliana sin. D'ainmnigh an tAire cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) mar institiúidí rannpháirteacha i mí Feabhra 2010: Banc-Aontas Éireann c.p.t., Banc na hÉireann, Banc Angla-Éireannach, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta ('EBS') [3].

Ag deireadh mhí Feabhra 2010, thug an Coimisiún Eorpach a fhaomhadh foirmiúil do scéim an GNBS agus go gairid ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an tAire rialacháin luachála lenar tugadh éifeacht don mhodheolaíocht luachála a d'fhaomh an Coimisiún. Ghnóthaigh an GNBS an chéad tráinse iasachtaí i mí an Mhárta 2010 agus leanadh d'aistrithe ar bhonn céimithe ar feadh 2010 ionas, faoi dheireadh na bliana, go raibh 96% den phunann iomlán tosaigh de €74.2 billiún faighte (cuireadh aistrithe iasachtaí i gcrích in 2011). Tá seans ann go dtarlóidh céim nua éadálacha iasachtaí le linn an dara leath de 2013 tráth a bhfuiltear ag súil go bhfaighidh an GNBS iasachtaí nár díoladh tar éis do na Leachtaitheoirí Speisialta próiseas luachála agus díolacháin a chur i gcrích i leith punann IBRC.

D'íoc an GNBS comaoin de chuid €31.8 billiún – ag léiriú lascaine de chuid 57% - i bhfoirm bannaí sinsearacha agus fobhannaí (€30.2 billiún agus €1.6 billiún faoi seach) dá punann bhunaidh. Cinneadh na lascainí a cuireadh i bhfeidhm ar iarmhéideanna na n-iasachtaí ainmniúla chun teacht ar phraghas éadála a bheag nó a mhór le luach margaidh na réadmhaoine (amhail an 30 Samhain 2009) ag urrú na n-iasachtaí. I dtéarmaí iarmhéideanna iasachtaí, bhí an t-aistriú ba mhó ón mBanc Angla-Éireannach (€34.1 billiún), agus ansin Banc-Aontas Éireann (€20.4 billiún), Banc na hÉireann (€9.9 billiún), Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (€8.7 billiún) agus Cumann Foirgníochta EBS (€0.9 billiún).

MIONDEALÚ GEOGRAFACH

I dtéarmaí láthair gheografach, leagtar amach miondealú na réadmhaoine ag daingniú iasachtaí an GNBS amhail ag 31 Nollaig 2012 i **bhFigiúr A**. Tá 54% de shócmhainní réadmhaoine lonnaithe in Éirinn, tá 33% lonnaithe sa Bhreatain agus tá 3% i dTuaisceart Éireann. Tá an chuid eile acu lonnaithe lasmuigh de na dlínsí seo, sa Ghearmáin, SAM, sa Phortaingéil agus sa Fhrainc ach go háirithe.

FIGIÚR A: Comhchruinniú punainne de réir láithreach



Tá 78% de réadmhaoin na hÉireann a ghnóthaíonn iasachtaí an GNBS lonnaithe i mBaile Átha Cliath nó i gcrios comaitéireachta Bhaile Átha Cliath. Tá 16% eile lonnaithe i gCo. tha Chorcaí, Luimnigh agus na Gaillimhe. Soláthraíonn **Figiúr B** miondealú réigiúnach laistigh d'Éirinn.

FIGIÚR B: Miondealú réigiúnach na réadmhaoine Éireannaigh



3 *Aistríodh gnó INBS go Banc Angla-Éireannach ar 1 Iúil 2011 agus chuaigh an t-aonán cumasctha i mbun trádála mar IBRC. Ceapadh Leachtaitheoir Speisialta chuig IBRC i mí Feabhra 2013. Ghnóthaigh AIB. EBS ar 1 Iúil 2011 agus tá sé anois ag feidhmiú mar fhochuideachta de chuid AIB.*

Tá aon trian den réadmhaoin a thugann urrús d'iasachtaí an GNBS lonnaithe sa Bhreatain. Léiríonn **Figiúr C**, a sholáthraíonn miondealú réigiúnach ar réadmhaoin na Breataine, comhchruinniú ard na réadmhaoine i gceantar Londain (64%) agus san Oirdheisceart (9%).

FIGIÚR C: Miondealú réigiúnach na réadmhaoine lonnaithe sa Bhreatain



MIONDEALÚ EARNÁLACH

Is féidir 66% de shócmhainní réadmhaoine a thugann urrús iasachtaí a aicmiú mar shócmhainní infheistíochta agus is sócmhainní talamh agus forbairt iad 34% díobh. Tá miondealú níos mionsonraithe ar réadmhaoin de réir aicme sócmhainne á sholáthar i **bhFigiúr D**:

FIGIÚIR D: Comhchruinniú punainne de réir earnála



STRAITÉISÍ FÉICHIÚNAITHE

IASACHTAÍ FAIGHTE

Ghnóthaigh an GNBS breis is 12,000 iasacht i raon airgeadraí a réamhíocadh le hos cionn 5,000 féichiúnaí (arna mbainistiú mar 775 nasc féichiúnaí ag an GNBS). Rinne breise is 10,000 grúpa réadmhaoine thar raon aicmí agus margaí sócmhainní urrú ar na hiasachtaí a fuarthas (tá siad seo imdhealaithe tuilleadh anois agus 56,000 aonad réadmhaoine indíolta déanta díobh).

BAINISTITHE AG AN GNBS

B'ionann an 189 nasc féichiúnaí ba mhó (iad sin le parfhiachas níos mó ná €75m) agus €61m den pharfhiachas a ghnóthaigh an GNBS an chéad lá riamh. Déanann an GNBS príomhchinnteoireacht chreidmheasa agus bainistíocht caidrimh agus is iad na Planna a riarann na hiasachtaí.

BAINISTITHE AG PI

B'ionann an 586 nasc féichiúnaí eile agus €13 billiún de pharfhiachas bunaidh. Is iad na Planna a bhíonn i mbun bainistíochta caidrimh agus riar na n-iasachtaí faoi údarás arna tharmligean ag an GNBS. Tá ionadaíocht ag an GNBS i ngach ceann d'aonaid an GNBS laistigh de na hinstitiúidí d'fhonn bainistíocht na nascanna a fhormhaoirsiú.

PRÓISEAS PLEAN GNÓ

Mar chuid den obair thosaigh a dhéanann an GNBS le féichiúnaithe, éilíodh ar gach nasc féichiúnaí tabhairt faoi phróiseas cuimsitheach chun plean gnó a leagan amach atá deartha chun a inmharthanacht thráchtála a mheas agus chomh toilteanach is atá sé comhoibriú leis an GNBS. Éilíodh leis an bpróiseas go leagfadh féichiúnaithe amach a gcuid straitéisí aisíocaíochta fiachais, lena n-áirítear a gcuid moltaí maidir le príomhshócmhainní réadmhaoine faoina smacht. Treoraíodh léargas an GNBS maidir le seasamh gach féichiúnaí freisin leis an dícheall cuí forleathan dlí agus réadmhaoine a cuireadh ar fáil mar chuid de na próisis luachála agus aistrithe iasachtaí. Ag éirí as an bhfaisnéis sin, bhí tuiscint chuimsitheach ag an GNBS maidir le gach féichiúnaí agus is maith a bhí sí in ann teacht ar thuairim réadúil maidir le hionchais féichiúnaí inmharthanacht thráchtála a bhaint amach ar deireadh thiar.

Mar chuid den obair a rinneadh le féichiúnaithe rinneadh measúnú ar 789 plean gnó féichiúnaithe a cuireadh i gcrích faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012 (d'ullmhaigh roinnt bheag nasc pleananna ar leithligh le haghaidh aonán éagsúil laistigh den nasc). Bunaithe ar na measúnuithe sin, ghlac an GNBS straitéisí maidir le gach ceann den 775 nasc féichiúnaí. Go hiondúil, ba ghnách do straitéisí féichiúnaithe titim i dtrí mhórchatagóir: (1) tacaíocht, (2) diúscairt nó (3) forfheidhmiú. Soláthraíonn **Tábla 1** achoimre ar a mhéid atá gach straitéis glactha go dtí seo.

TÁBLA 1: Straitéisí féichiúnaithe (amhail ag deireadh 2012)

Straitéis	% d'fhiachas an GNBS
Tacaíocht	58%
Diúscairt	18%
Forfheidhmiú	24%
Total	100%

Rachfar i mbun **straitéis diúscartha** sa chás nach measann an GNBS go mbeidh plé fadtéarmach ar bun leis an bhféichiúnaí atá i gceist agus, ina ionad sin, dírítear ar oibriú leis an bhféichiúnaí chun straitéis diúscartha a chur i bhfeidhm thar thréimhse ghearrthéarmach.

Leagtar amach anseo seo roinnt cuntas níos mionsonraí ar an méid atá i gceist leis an straitéis **tacaíochta**. Déileálann leathanaigh 26-27 leis an straitéis **fhorfheidhmithe**.

TACAÍOCHT

Is féidir tacaíocht a chur ar fáil ar roinnt bealaí, agus is é an bealach is coitianta ná i bhfoirm **litir thacaíochta** ina n-éilítear go gcuirfeadh féichiúnaí roinnt garspriocanna i bhfeidhm maidir le laghdú fiachais. Ní mór don fhéichiúnaí glacadh leis an litir thacaíochta. D'fhéadfadh tacaíocht a bheith ann, i gcúinsí teoranta ar leith, i bhfoirm athstruchtúrú iomlán nó páirteach iasachtaí nó a bheith curtha ar fáil gan athrú ar bith ar na háiseanna bunúsacha. Cuimsíonn **athstruchtúrú iomlán** cruthú comhaontú iasachta nua agus doiciméadúchán urrúis gaolmhar. Éilíonn **athstruchtúrú páirteach** go bhfeidhmeofaí Comhaontú Bainistíocht Ceangal ('CMA') i gcomhar leis an doiciméadúchán iasachta agus urrúis eiseach. Leagann an CMA amach téarmaí agus coinníollacha chur i bhfeidhm na bpleananna gnó agus ní mór don fhéichiúnaí glacadh leis.

Le tacaíocht an GNBS, déanann féichiúnaithe bainistiú ar straitéis bainistíochta agus diúscartha sócmhainní comhaontaithe lena n-áireofar de ghnáth roinnt de na gnéithe, nó na gnéithe ar fad, atá leagtha amach sa taobhphainéal ar leathanach 24.

GNÉITHE NA TACAÍOCHTA FÉICHIÚNAITHE

Díolachán sócmhainní

Sceidil díolacháin chomhaontaithe sócmhainní agus am díolachán ar leith ag brath ar an gcineál réadmhaoine atá i gceist (mar shampla, infheistíocht chónaitheach, infheistíocht tráchtála, talamh), dlínse agus suíomh na réadmhaoine, agus dul in éag sceidealta aon léasanna gaolmhara.

Aisiompú na n-aistrithe sócmhainne

Aisiompú aon aistrithe, a d'fhéadfadh a bheith tite amach le blianta beaga anuas, i leith sócmhainní go páirtithe gaolmhara (mar shampla, céilí agus baill teaghlaigh eile), lena n-áirítear réadmhaoin, airgead tirim, scaireanna agus bronntanais eile.

Sócmhainní neamhualaithe

Tá sé mar bheartas ag an GNBS sócmhainní neamhualaithe a ghearradh mar urrús breise, le haird á thabhairt ar an gcostas beartaíochta agus aon rioscaí dlíthiúla atá i gceist. Sa chás go bhfuil urrús ag iasachtóir eile ar shócmhainní fhéichiúnaí agus ionas gur féidir leas a bhaint as ardú féideartha amach anseo, gearrann an GNBS dara táillí ar ghnáthscaireanna farasbairr nuair is cuí.

Ioncam cíosa

Ní mór d'ioncam cíosa ó shócmhainní infheistíochta atá faoi smacht an fhéichiúnaí a bheith curtha faoi smacht an GNBS.

Sócmhainní neamh-réadmhaoine

Sa chás go bhfuil farasbarr airgid tirim ar fáil, déantar glanmhéid de in aghaidh oibleagáidí iasachta an fhéichiúnaí. Pé áit ar cuí, ní mór d'fhéichiúnaí scaireanna, saothair ealaíne agus sócmhainne eile nach bhfuil ina réadmhaoin a dhíol agus a leithéid d'fháltais diúscartha a úsáid chun a fhiach ag an GNBS a íoc.

Maoiniú

I gcásanna áirithe, soláthraíonn an GNBS maoiniú a chuireann ar chumas tionscadail inmharthana a choinneáil agus a thabhairt chun críche d'fhonn luach in-aisghabhála fadtéarmach na sócmhainní a mhéadú. Féach leathanaigh 29-31.

FORCHOSTAIS

Féachann an GNBS lena chinntiú go gcuirtear ioncam a ghintear ó shócmhainní a urraíonn a cuid iasachtaí ag obair i dtreo féichiúnas féichiúnaí a aisíoc leis an nGníomhaireacht. In imthosca áirithe, tugtar cead d'fhéichiúnaithe cuid den ioncam ó shócmhainní a choinneáil chun forchostais a íoc, lena n-áirítear costais foirne, i gcás gur gá é sin a dhéanamh d'fhonn luach urrús na réadmhaoine is bun leis a chaomhnú agus a fheabhsú. Tagann forchostais faoi dhá mhórchatagóir:

1. Costais a bhaineann le réadmhaoin a dheisiú agus a chothabháil, préimheanna árachais, rátaí údaráis áitiúil agus táillí gairmiúla. Is costais riachtanacha iad sin a thabhófaí beag beann ar cibé acu an raibh na sócmhainní á mbainistiú ag féichiúnaithe nó ag glacadóirí.
2. Áirítear le forchostais freisin lamháltas maidir le tuarastal ceadaithe an fhéichiúnaí agus tuarastail na foirne atá fostaithe ag an bhféichiúnaí chun na sócmhainní a bhainistiú. Is é an rogha eile sna cásanna sin glacadóirí a cheapadh a mbíonn a gcostais níos airde de ghnáth ná costais tuarastail féichiúnaí agus foirne gaolmhar.

Nuair atá liúntais á gcomhaontú i leith forchostas, i measc na gceisteanna a mbreithníonn an GNBS orthu tá (a) leibhéal cuí an fhorchostais i bhfianaise castacht nó staid eile ghnó an fhéichiúnaí (b) cé acu, más ann dóibh, den fhoireann bhainistíochta reatha ar dhócha a chuirfeadh luach leis má choinnítear iad agus (c) cibé an gá an fhoireann bhainistíochta a neartú nó a fheabhsú.

INFHEICTHEACHT IONCAIM

Ba léir don GNBS, tar éis di iasachtaí a ghnóthú, go raibh cistí á sceitheadh go suntasach agus go forleathan - ioncam cíosa den chuid ba mhó - ar cheart é a bheith curtha ag obair i gceart ag féichiúnaithe chun fiachas a aisíoc. Thug GNBS faoin dúshlán dul i ngleic leis an sceitheadh sin mar thosaíocht ollmhór phráinneach. Fiú amháin sular comhaontaíodh straitéisí féichiúnaithe, d'iarr an GNBS go ndéanfadh féichiúnaithe sainordú ar ioncam cíosa chuig cuntais bhainc urraithe.

Is é cur chuige an GNBS formhaoirseacht a dhéanamh ar bhailiú agus ar thaisceadh ioncam cíosa. I gcásanna ina bhfuil cíosanna móra i gceist, éilítear go gceapfadh féichiúnaithe gníomhairí a bhfuil dualgas cúraim orthu maidir leis an GNBS chun cíos a bhailiú agus costais réadmhaoine gaolmhara a chomhlíonadh. Taisctear cíosanna i gcuntais bhainc a bhfuil socruithe slándála gearrtha ag an GNBS orthu a tharlaíonn sula scaoiltear cistí.

In imthosca áirithe, go háirithe sa chás go roghnaíonn an GNBS oibriú le foireann bhainistíochta an fhéichiúnaí, comhaontaítear buiséad bliantúil maidir le forchostais agus caiteachas bainistíochta sócmhainní agus coinnítear súil ar chaiteachas ansin ar bhonn tréimhsiúil i gcoibhneas leis an mbuiséad. Déantar faomhadh agus íoc na gcostas bainistíochta sócmhainní dlisteanacha ó ioncam cíosa agus cur i bhfeidhm bunaidh an ioncaim iarmharaigh ó chíos chun an fiachas gan íoc a fhónamh a rialú go dian. Mar gheall go bhfuil sreabha airgid féichiúnaithe níos feiceálaí agus go bhfuil níos mó smachta air ciallaíonn sé go bhfuil ioncam ó chíos ina fhoinse mhór ioncaim don GNBS agus is ioncam é a fhaigheann sí arís is arís agus thart ar €100m airgead tirim neamh-diúscartha ag teacht isteach in aghaidh na míosa, in ainneoin diúscairtí sócmhainní carnacha de €6.8 billiún faoi dheireadh 2012.

MONATÓIREACHT AIRGEADAIS

Mar chuid dá cuid oibre leanúnaí le féichiúnaithe, éilíonn an GNBS tuairisciú airgeadais agus bainistíochta ó fhéichiúnaithe atá cruinn agus tráthúil, go háirithe i dtaca le garspriocanna comhaontaithe a bhaint amach, spriocanna aisíocaíochta fiachais agus méadrachtaí airgeadais reatha cosúil le hadmhálacha cíosa. Iarrtar freisin ar fhéichiúnaithe réamh-mheastachán a thabhairt maidir le sreabhadh airgid amach anseo agus ceanglais faisnéise shonracha eile arna sainaithint ag bainisteoirí cásanna an GNBS. I roinnt cásanna, iarrann an GNBS go gceapfaí lucht faireacháin neamhspleách, lena n-áirítear lucht faire airgeadais, soláthraithe seirbhísí bainistíochta réadmhaoine agus bainisteoirí tionscadal, a bhfuil sé de dhualgas orthu tuairisciú don GNBS maidir le hiomláine agus cruinneas na faisnéise arna tíolacadh ag féichiúnaithe maidir le gníomhaíocht bainistíochta airgeadais agus réadmhaoine stairiúil agus amach anseo mar aon le garspriocanna comhaontaithe.

BREIS SLÁNDÁLA

D'fhonn a chinntiú go ndéanann féichiúnaithe a gcuid fiachais a aisíoc chomh maith agus is féidir leo, iarrann an GNBS orthu urrús a thabhairt ar shócmhainní neamhualaithe nár cuireadh i ngeall roimhe sin mar urrús iasachta agus go socróidís aistrithe sócmhainní le déanaí a aisiompú i gcás gaolta agus daoine eile, nuair is infheidhme. Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, fuair an GNBS muirir thar urrús breise le luach comhiomlán de thart ar €642m agus í ar tí urrús a ghlacadh ar shócmhainní breise a aithníodh le linn a cuid oibre le féichiúnaithe. Tá an GNBS ag súil, tar éis na gcainteanna go léir a bheith tugtha chun críche le féichiúnaithe, go mbeidh os cionn €750m gnóthaithe aici mar chuid den phróiseas sin.

CREAT CREIDMHEASA AN GNBS

Tá Creat Beartais Creidmheasa ag an GNBS ina leagtar amach leibhéil údaráis tarmligthe i ndáil le tuairisciú, monatóireacht agus cinntí creidmheasa. I measc na gcineálacha cinntí a chumhdaítear sa Chreat tá faomhadh maidir le hAthbhreithnithe ar Straitéisí Féichiúnaithe, cinntí iasachtaithe, gníomh forfheidhmithe, bearnú iasachta, díol sócmhainní agus cinntí maidir le hiasachtaí agus bainistíocht sócmhainní. Déantar leibhéal an fhaofa atá de dhíth le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a chinneadh le tagairt d'fhairsinge fhiachais gan íoc an fhéichiúnaí agus méid an idirbhirt mholta. Déanann ceann amháin nó níos mó de na haonáin seo a leanas, laistigh de leibhéal cascáideach údaráis tarmligthe faofa, cinntí creidmheasa a fhaomhadh:



Déanann Coiste Creidmheasa an PI nó an t-údarás tarmligthe riachtanach laistigh den institiúid (Ceannaire Creidmheasa, Leascheannaire Creidmheasa nó Bainisteoir Creidmheasa Sinsearaí) na cinntí uile i ndáil le hiasachtaí arna mbainistiú ag na Planna a fhaomhadh.

Déanann an fhoireann um Dhearbhú Cáilíochta sa GNBS maoirseacht ar an ngéilliúlacht leis an mBeartas Údaráis Tarmligthe.

Ó thráth tionscanta go deireadh 2012, ar an iomlán rinneadh 20,035 **cinneadh creidmheasa**, 13,749 díobh a rinneadh in 2012.

FIGIÚR E: Cinntí Creidmheasa, carnach ón tús



B'ionann an meán-aga slánúcháin i ndáil le cinntí creidmheasa in 2012 agus 5 lá.

Aithníodh urrús breise ar roinnt bealaí eile. Tá foireann Cuardach Sócmhainní an GNBS, mar shampla, freagrach as bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcuardach sócmhainní atá deartha chun ráitis sócmhainní féichiúnaithe a dheimhniú. Ina theannta sin, d'aithin bainisteoirí cásanna an GNBS sócmhainní féichiúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar urrús breise, lena n-áirítear comhthaobhacht fharasbairr arna aithint trí phróisis athbhreithnithe luachála agus gnó agus sócmhainní a thagann faoi raon feidhme na ráthaíochtaí pearsanta. Áirítear le haistrithe sócmhainní aisiompaithe aistrithe airgid thirim, sócmhainní réadmhaoine, scaireanna cuideachta agus iasachtaí le baill teaghlaigh.

I measc sócmhainní a bhfuil urrús faighte ag an GNBS orthu faoin gclár seo bhí óstán Antiguach (díoladh é ina dhiaidh sin ar thart ar €19m), oifig i Nua-Eabhrac (díolta ar thart ar €15m), forbairt nua oifige i nDeisceart Cho. Bhaile Átha Cliath (díolta ar thart ar €12m) agus talamh forbartha in oirdheisceart Shasana (díolta ar thart ar €10m). I gcás féichiúnaí eile, fuarthas muirir ar phinsin, scaireanna, ealaín agus seandachtaí a raibh luach comhiomlán €17m ag gabháil leo.

Mar chuid den phróiseas plean gnó, iarradh ráiteas na ngnóthaí faoi mhionn ó fhéichiúnaithe agus ó ráthóirí pearsanta, lena n-áirítear sonraí maidir le haon sócmhainní neamhualaithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar thaca le cumas aisíocaíochta agus maidir le haon aistrithe sócmhainní le déanaí anuas a rinne féichiúnaithe le gaolta agus comhlaigh. Agus an ráiteas ngnóthaí á líonadh, meabhraíodh d'fhéichiúnaithe gur cion coiriúil é faisnéis bhréagach nó mhíchruinn a thabhairt don GNBS, faoi Alt 7 den Acht.

Chuir an GNBS dhá ghearán fhoirmiúil ar aghaidh chuig Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise toisc teip fhéideartha a rinne féichiúnaithe a gcuid sócmhainní agus dliteanais a nochtadh ina ráitis na ngnóthaí chuig an nGníomhaireacht. Thionscain an GNBS cásanna freisin in Ard-Chúirteanna na hÉireann agus na Breataine agus i gcúirteanna na Stát Aontaithe agus Cheanada chun aistrithe sócmhainní a aisiompú, lena n-áirítear réadmhaoin chónaithe, scaireanna agus sócmhainní eile.

RÁTÁIL CHREIDMHEASA FÉICHIÚNAITHE

I gcás nasc arna mbainistiú ag an GNBS, feidhmíonn an GNBS maitrís grádúcháin creidmheasa thar dhá ghné – feidhmíocht féichiúnaithe agus ionchais aisghabhála féich.

Ionchorpraítear le **feidhmíocht féichiúnaithe** measúnú an GNBS ar mar atá garspriocanna atá leagtha síos comhlíonta agus chomh mór is atá insreabhadh airgid sócmhainní faoi smacht an GNBS. Ionchorpraítear freisin dul chun cinn maidir le sócmhainní neamhualaithe a mhuirearú (nuair is infheidhme), maidir le haistrithe sócmhainní le páirtithe nasctha a aisiompú (nuair is infheidhme) agus ar tras-soláthar urrúis chomhthaobhaigh. Is ionann na rátálacha agus A (Sásúil), B (Faire) agus C (Forfheidhmithe).

In **ionchas aisghabhála féich** áirítear measúnú ar ionchais reatha an tsreafa airgid agus uainiú dá gcuid, le tagairt don luach anonn i ndáil le dliteanais gach féichiúnaí. Na rátálacha ná 1 (Ard), 2 (Meánach) agus 3 (Íseal).

Cuirtear i láthair an grádú creidmheasa maidir le gach nasc féichiúnaí arna mbainistiú ag an GNBS:

TÁBLA 2: Grádú Creidmheasa na nasc arna mbainistiú ag an GNBS

Feidhmíocht Féichiúnaithe	A	B	C
Ionchas aisghabhála féich			
1	12%	16%	7%
2	6%	12%	4%
3	6%	16%	21%

FORFHEIDHMIÚ

Téann an GNBS i mbun straitéis fhorfheidhmithe in imthosca nach meastar plean gnó an fhéichiúnaí a bheith inghlactha, ina bhfuil an féichiúnaí ar mainneachtain agus nach bhfuil sé ag comhoibriú nó sa chás gur tharla imeacht éigin eile a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh do sheasamh an GNBS mar chreidiúnaí.

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2012, bhí gá 271 ceapachán dócmhainneachta a dhéanamh a bhain le 207 nasc féichiúnaí (**Tábla 3**).

TÁBLA 3: Forfheidhmiúcháin amhail ag deireadh mhí na Nollag 2012

Ceapacháin Dócmhainneachta	Bainistithe ag an GNBS	Bainistithe ag PI	Iomlán
Corparáideach	105	111	216
Muirear Seasta	27	28	55
Iomlán	**132**	**139**	**271**
Líon na nasc féichiúnaí	**84**	**123**	**207**

D'fhéadfaí an próiseas forfheidhmithe a chur i bhfeidhm ar chuid de nasc féichiúnaí ach ní gá go gcuirfí i bhfeidhm ar an nasc go léir é. Cé is moite de shíntí ar fhorfheidhmithe reatha, rinneadh os cionn 61 ceapachán nua in 2012, bhain 38 díobh le naisc arna mbainistiú ag an GNBS agus bhain 23 le naisc arna mbainistiú ag PI. Faoi dheireadh 2012, bhí cleachtóirí dócmhainneachta ag obair in 11 chás mar gheall ar an bpróiseas dócmhainneachta a bheith curtha i gcrích.

Tugtar miondealú i **bhFigiúr F** ar cheapacháin dócmhainneachta PI de réir institiúide amhail deireadh 2012:

FIGIÚR F: Ceapacháin dócmhainneachta arna mbainistiú ag PI de réir institiúide



Tá bearta tugtha isteach ag an GNBS chun leibhéal na dtáillí dócmhainneachta a laghdú ó na táillí a bhí i bhfeidhm riamh. I measc na mbeart sin, táthar chun leas a bhaint as próiseas mionthairisceana i gcás ceapachán faoi leith, déanfar an coincheap maidir le 'lucht muirir sheasta' a chur chun cinn agus lorgófar tograí iomaíocha ar tháille seasta maidir le sanntaí dócmhainneachta.

LÁTHAIR NA NIMEACHTAÍ FÉIMHEACHTA

Ina cáil mar chreidiúnaí urraithe, tá an GNBS neodrach trí chéile ó thaobh imeachtaí féimheachta agus is é a taithí go dtí seo ná nach mbíonn claonadh ag suíomh in aghaidh a cuid aisghabhálacha. Bhí an Ghníomhaireacht rannpháirteach go dearfach le hiontaobhaithe féimheachta féichiúnaithe a breithníodh ina bhféichiúnaithe sa Ríocht Aontaithe. Tá an réimeas féimheachta sa Ríocht Aontaithe seanbhunaithe agus tá cumhachtaí forleathana ag iontaobhaithe i bhféimheacht chun táirgeadh faisnéis dlí agus baincéireachta a ordú ar bhonn trasteorann. Baineadh leas as na cumhachtaí sin i gcás féichiúnaithe an GNBS chun mórshócmhainní neamhdhearbhaithe a nochtadh.

Níor chuir an GNBS an tréimhse féimheachta níos giorra sa Ríocht Aontaithe san áireamh mar chomaoin toisc go bhfuil sócmhainní neamhurraithe an fhéimhigh fós faoi smacht an iontaobhaí féimheachta tar éis é a scaoileadh as féimheacht agus má dhéantar aon teip ó thaobh nochtadh iomlán is féidir an tréimhse féimheachta a shíneadh thar an gcéad tréimhse bliana go dtí go mbíonn nochtadh iomlán ann.

Ionas go mbeidh féichiúnaí in ann leas a bhaint as féimheacht in aon dlínse faoi leith, ní mór dó/di an dlínse sin a leagan síos mar a bPríomhionad Leasa ('COMI'). Is faoi na húdaráis iomchuí sa dlínse ina lorgaítear féimheacht COMI a leagan síos. Amhail ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí líon iomlán de 48 féichiúnaí an GNBS dearbhaithe ina bhféimhigh: 11 in Éirinn agus 37 sa Ríocht Aontaithe.

LIOSTÚ LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN UM RÉADMHAOIN FHORFHEIDHMITHE AN GNBS

Tá liosta réadmhaoine foilsithe ag an GNBS ar a láithreán gréasáin (www.nama.ie) atá faoi réir gníomh forfheidhmithe. Déantar nuashonrú ar sonraí na réadmhaoine forfheidhmithe ar bhonn míosúil. Ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí nach mór 1,600 réadmhaoin nó grúpa réadmhaoine liostaithe ar an láithreán. I bhformhór na gcásanna, tá an réadmhaoin ar faille haghaidh díolacháin nó á mbainistiú agus ag giniúint ioncaim. Ó thráth tionscanta, b'ionann díolachán ó chleachtóirí dócmhainneachta agus thart ar €1.6 billiún de dhiúscairtí iomlána. Ba ionann na díolachán iomlána ó chleachtóirí dócmhainneachta sa 12 mhí go dtí deireadh 2012 agus thart ar €557m. I gcásanna áirithe, tá cleachtóirí dócmhainneachta ag obair ar cheisteanna éalang teidil, úinéireachta, pleanála agus comhlíonta atá gan réiteach agus é ar intinn go gcuirí an réadmhaoin úd atá i gceist ar fáil le haghaidh díolacháin chomh luath is atá na ceisteanna seo réitithe go sásúil.

Bunaithe ar aiseolas úsáideoirí, tá spéis ag formhór úsáideoirí láithreáin ghréasáin an GNBS maidir le réadmhaoin forfheidhmithe i réadmhaoin atá ar fáil ar cíos nó le ceannach laistigh dá limistéar geografach féin. Chuir an GNBS, mar fhreagra ar an aiseolas ó na húsáideoirí sin, feabhas mór ar fheidhmiúlacht an láithreáin ghréasáin na réadmhaoine forfheidhmithe d'fhonn cur ar chumas páirtithe leasmhara an liosta réadmhaoine a scrúdú ar bhealach i bhfad níos eolasaí. Áirítear leis an bhfeidhmiúlacht fheabhsaithe, go háirithe, an tsaoráid chun réadmhaoin a chuardach de réir cineál réadmhaoine agus contae/limistéir agus áirítear leis naisc, nuair is iomchuí, chuig bróisiúir díolacháin.

FIGIÚR G: Trácht úsáideora, láithreán gréasáin na réadmhaoine forfheidhmithe, Meitheamh go Nollaig 2012



GNÍOMHAÍOCHT MARGAIDH AN GNBS

DÍOLACHÁN SÓCMHAINNÍ

D'fhonn spriocanna aisíocaíochta fiachas a chomhlíonadh, tá sé aontaithe ag féichiúnaithe agus ag glacadóirí an GNBS, mar chuid dá gcuid socruithe leis an GNBS, go ndéanfaí diúscairt chéimithe agus ordúil ar shócmhainní réadmhaoine trína n-urraítear a gcuid iasachtaí. Suas go dtí deireadh 2012, bhí díolachán sócmhainní faofa ag an GNBS a raibh luach comhiomlán de chuid €11.7 billiún ag gabháil leo, lena n-áirítear luach €4 bhilliún de dhíolachán faofa in 2012. Thar an tréimhse chéanna, b'ionann díolachán sócmhainní lánchríochnaithe agus €6.8 billiún, lena n-áirítear luach €2.8 billiún de dhíolachán in 2012. Tá díolachán ar fiú thart ar €2 bhilliún iad ar na bacáin. Sa chás nach leantar de dhíolachán faofa a chur i gcrích, ar éagsúlacht chúiseanna, filleann an réadmhaoin ar an margadh agus d'fhéadfaí í a dhíol ina dhiaidh sin le ceannaitheoir nua bunaithe ar théarmaí agus coinníollacha difriúla.

Bhí tionchar mór ag dálaí leachtachta i margaí éagsúla ar dhíolachán réadmhaoine a rinne féichiúnaithe agus glacadóirí go dtí seo agus cé chomh tarraingteach is atá na haicmí sócmhainní éagsúla d'infheisteoirí. Bhain beagnach 80% de dhíolacháin go dtí seo le sócmhainní sa Bhreatain, go háirithe i Londain, áit a bhfuil praghsanna imithe i méid ón uair a ghnóthaigh an GNBS na hiasachtaí gaolmhara. Go ginearálta, is oifigí, óstáin agus aonaid chónaithe sa Bhreatain na sócmhainní is mó a mheall infheisteoirí. I measc na n-earnálacha sócmhainní a raibh beagán spéise ag infheisteoirí iontu bhí sócmhainní forbartha agus miondíola sa Bhreatain agus codanna áirithe de mhargadh na hÉireann lena n-áirítear aonaid mhóra oifige i mBaile Átha Cliath.

FIGIÚR H: Diúscairtí de réir láithreach, ó thráth tionscanta go deireadh 2012



FIGIÚR I: Díolachán sócmhainní go deireadh 2012 de réir cineál sócmhainne



In Éirinn, tá réadmhaoin faoi láthair atá luacháilte ag thart ar €780m ar an margadh trí chleachtóirí dócmhainneachta a ceapadh agus €750m réadmhaoin eile ar díol trí fhéichiúnaithe an GNBS. Thar chuid mhaith den tréimhse ó bunaíodh an GNBS, tá margadh na hÉireann marbhánta tríd is tríd ar roinnt cúiseanna, mar gheall go príomha ar ró-sholáthar, toisc nach bhfuil maoiniú ar fáil ó na bainc, mar gheall ar an díghiaráil atá ar bun ag bainc choigríche agus sa bhaile agus an éiginnteacht maidir le socruithe athbhreithnithe cíosa (a réitíodh ar deireadh thiar i mBuiséad 2012) rudaí go léir a chuir cosc ar infheistíocht choigríche. Mar gheall air sin, bhain cur chuige an GNBS i leith sócmhainní le bainistíocht ghníomhach agus, nuair is iomchuí, maoiniú caipitil bhreise a fháil agus é mar chuspóir sreabhadh airgid a ghiniúint go gearrthéarmach agus fáltais diúscairtí a bharrfheabhsú thar thréimhse ionchasach sa mheántéarma.

D'fhaomh an GNBS €20 milliún i maoiniú forbartha le haghaidh Céim 2 ag Ionad Siopadóireachta Halla na nAlbanach i nDroichead Átha, Co. Lú

DÍOLACHÁN IASACHTAÍ

Go dtí seo, tá díolachán iasachtaí le hiarmhéideanna ainmniúla de chuid €2.5 billiún curtha i gcrích ag an GNBS. I measc na ndíolachán bhí meascán iasachtaí aonair agus punanna naisc féichiúnaithe sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tá an margadh díolachán iasachtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ag forbairt i gcónaí agus tá an GNBS ag obair go forleathan le hinfheisteoirí a bhfuil spéis acu i ndíolachán iasachtaí ón bpunann agus i gcinn aonair. Is é beartas an GNBS maidir le díolachán iasachtaí, cosúil le díol réadmhaoine a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí, ná, seachas in imthosca eisceachtúla, gur cheart iasachtaí a chur ar an margadh oscailte. Chuige seo, ceapadh dhá phainéal sainchomhairleoirí díolachán iasachtaí - duine i ndáil le díolachán iasachtaí sna Stáit Aontaithe agus duine i ndáil le díolachán iasachtaí in Éirinn/sa Bhreatain/san Eoraip. Go dtí seo, tá díolachán iasachtaí tionscanta go príomha ag cur chuigí tríú páirtithe. Tar éis dul i dteagmháil leo ar an gcaoi sin, is é an nós atá ag an GNBS ná bróicéirí díolachán iasachtaí a cheapadh chun na hiasachtaí a chur ar an margadh agus chun tairiscintí ón gcéad tairgeoir agus ó pháirtithe leasmhara eile a láimhseáil.

MAOINIÚ AN GNBS

Gné lárnach de phleanáil straitéiseach an GNBS is ea an gá atá le hinfheistíocht a aithint d'fhonn luach na sócmhainní trína n-urraítear a cuid iasachtaí a chaomhnú agus a fheabhsú. Mar léiriú air sin, d'fhógair sí i mí na Bealtaine 2012 go soláthródh sí maoiniú de chuid €2 bhilliún in Éirinn thar an tréimhse 2012 go 2016 ionas go mbeifear in ann tograí tógála atá ag dul ar aghaidh faoi láthair a chur i gcrích agus tograí nua a fhorbairt chun freastal ar easnaimh soláthair ionchasacha i gcodanna áirithe den mhargadh. Bunaítear cinntí maidir le maoiniú tograí ar thuairim an GNBS maidir leis na tograí is mó a ghinfidh toradh láidir tráchtála don cháiníocóir. I gcoinne chúlra mhargadh na hÉireann ina bhfuil ró-sholáthar mar atá sé, ní ghabhfaidh an GNBS d'fhorbairt amhantrach agus, dá bhrí sin, is príomhchritéar é éileamh cruthaithe ó cheannaitheoirí nó ó thionóntaí ionchasacha agus maoiniú caipitil ionchasach á mheas.

I rith na bliana 2012, d'fhaomh an GNBS €741m de réamhíocaíochtaí nua um chaipiteal oibre agus forbartha. D'fhág sé sin faomhadh carnach na réamhíocaíochtaí ag os cionn €1.7 billiún ón gcéad lá riamh, agus bhain €710m nó 42% le sócmhainní réadmhaoine in Éirinn.

Tá cuntas anseo thíos ar shamplaí de roinnt tograí caipitil shuntasacha atá faofa i gcomhair maoinithe ag an GNBS i láthair na huaire:

Halla na nAlbanach, Droichead Átha, Co Lú

Faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh, d'fhaomh an GNBS €20m i maoiniú forbartha le haghaidh Chéim 2 ag Ionad Siopadóireachta Halla na nAlbanach i nDroichead Átha, ina mbeidh breis aonad miondíola agus áiseanna fóillíochta lena n-áirítear pictiúrlann ocht-scáileán. Ní hamháin go gcruthófar ceann scríbe miondíola agus fóillíochta ollmhór laistigh de réigiún an Oirthuaiscirt leis an infheistíocht ach tabharfaidh sé cosaint d'fhostaíocht reatha agus cruthófar deiseanna nua fostaíochta le linn chéim na tógála agus ar chur i gcrích de. Táthar ag súil go gcuirfear an togra i gcrích ag deireadh 2014.

Tá €10.6 milliún i maoiniú forbartha á sholáthar ag an GNBS do chomhlánú Bhloc B2A i gCeantar Theas an Rabhcháin in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.

Tá an GNBS ag soláthar €14 milliún i maoiniú forbartha chun Bloc G a chur i gcrích i bhforbairt na Gráinsí i Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath.

Ceantar Theas an Rabhcháin (Bloc B2A), Baile Átha Cliath 18

Tá an GNBS ag soláthar €10.6m i maoiniú forbartha chun Bloc B2A a chur i gcrích i gCeantar Theas an Rabhcháin nach raibh ach cuid de críochnaithe go dtí seo. Beidh 85 árasán sa bhloc críochnaithe, 16,000 troigh cearnach de spás tráchtála agus spás tiomnaithe don phobal. Tá an tionscadal dlite le tabhairt chun críche i mí an Mhárta 2014.

An Ghráinseach, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath

Tá an GNBS ag soláthar €14m i maoiniú forbartha chun Bloc G a chur i gcrích i bhforbairt na Gráinsí i Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath, meascán d'fhorbairt chónaithe agus thráchtála. Leis an maoiniú sin beifear in ann bloc 120 árasán nach bhfuil ach cuid de curtha i gcrích go dtí seo a chríochnú amach, rud a chiallóidh go mbeidh 451 aonad cónaitheach críochnaithe ar an iomlán san fhorbairt. Forbrófar Bloc G ar bhonn céimithe agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go hiomlán faoi R3 2014.

Droichead an Mhuilinn, Dún Dónaill, Béal Feirste

Tá an GNBS ag soláthar maoiniú €10.5m (£8.6m) trí chomhaontú idir an riarthóir arna cheapadh ag an gcúirt agus cuideachta tógála a bhfuil a ceanncheathrú i dTuaisceart Éireann maidir le forbairt nua tithíochta 95 aonad i nDroichead an Mhuilinn, Dún Dónaill, gar do Bhéal Feirste. Ginfear thart ar 100 post le linn chéim thógála an togra, agus measfar go mairfidh sé ar feadh 18 mí. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, sa chéad chéim den fhorbairt beidh 95 teach trí-sheomra agus ceithre-sheomra codlata. Tá an fhorbairt dearthá chun tithe cónaithe ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine a bhfuil fonn orthu maireachtáil agus dul ag obair i mBéal Feirste. Tá cead pleanála imlíneach ag an suíomh le haghaidh 510 réadmhaoin chónaithe a fhéadfar a sheachadadh i gcéimeanna ach é ag brath ar dhálaí sa mhargadh agus ag brath ar chomh maith is a éireoidh leis an gcéad chéim.

Lár Bhaile Órán Mór, Co. na Gaillimhe

D'fhaomh an GNBS agus scaoil sí €17.4m chun forbairt thráchtála a chur i gcrích san Órán Mór, Co. na Gaillimhe a bhí ligthe roimhe sin le miondíoltóir ilnáisiúnta. Chuimsigh an scéim 5,500m^2 de spás miondíola agus 4,000m^2 de spás oifige agus ionaid sláinte. Táthar ag smaoineamh ar thograí caipitil eile do na láithreáin in aice leis lena ndíreofar as an nua ar lár an bhaile.

ONSNAMH CISTITHE EILE

Tá maoiniú á sholáthar ag an GNBS le haghaidh réimse leathan tionscadal eile ar fud na tíre. Sa Ghaillimh, mar shampla, i measc na dtionscadal atá ag fáil tacaíochta tá síneadh leis an G Hotel, oibreacha éagsúla ag Páirc Miondíola agus Fóillíochta Pháirc an Tobair agus athchóiriú ar aonaid chónaithe ag Cearnóg Éadbhaird. I gCorcaigh, i measc na dtionscadal a bhfuil tacaíocht acu ón GNBS tá asraon miondíola nua 68,000 troigh cearnach i mBaile an Chollaigh agus feistiú 50,000 troigh cearnach de spás oifige le haghaidh Apple ar Shráid na Leathghealaí. Tá an Ghníomhaireacht ag maoiniú forbairtí nua cónaithe freisin i roinnt de na príomhionaid uirbeacha ag teacht le héileamh sainaitheanta.

Amharc ón aer de Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath áit ina bhfuil urrús ag an GNBS ar líon suntasach foirgneamh agus suíomh.

Anuas ar mhaoiniú a cuireadh ar fáil trí rannóg Gnóthú Sócmhainní an GNBS, lena n-áirítear na tionscadail a bhfuil cuntas orthu anseo thuas, tá rannóg Bainistíocht Sócmhainní an GNBS ag díriú ar roinnt tionscadal ar an scála mór a fhorbairt i margaí ina bhfuil neamhchosaint ábhartha ag an GNBS agus ina bhfuil bunús le hiarracht tionscadal-dírithe mar gheall ar an éileamh ar fhoirgnimh críochnaithe nó ar fhoirgnimh nua. Leis sin tá gníomhaíochtaí idir cead pleanála a fháil le haghaidh forbartha nó athfhorbartha síos go dtí maoiniú agus seachadadh mórthionscadal forbartha.

Sa chomhthéacs sin, dhírigh an GNBS ar roinnt príomh-mhargaí lena n-áirítear margadh oifigí Cheantar Gnó Lár Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil ganntanas spás oifige anois, agus margaí cónaithe i Londain agus i mBaile Átha Cliath. Tá an GNBS ag tabhairt aird faoi leith ar cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil urrús ag an nGníomhaireacht ar líon mór foirgneamh agus láithreán. Táthar ag súil go dteastóidh forbairt mhór nua ón áit sa mheántéarma, go háirithe spás oifige tráchtála, chun freastal ar leathnú leanúnach an Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta ('IFSC') agus go mbeidh gá gnóthaí agus moil theicneolaíochta nua a chruthú a bheidh nasctha le cuideachtaí atá ann cheana cosúil le Google agus Facebook.

PLEANÁIL

Tá an córas pleanála ina fhócas tábhachtach don GNBS. Tá seachadadh roinnt tionscadal laistigh de phunann an GNBS, agus thairis sin le maoiniú an GNBS, ag brath ar cheadanna pleanála inmharthana a fháil. Ar an gcúis sin, bíonn an GNBS, go díreach nó go hindíreach trí fhéichiúnaithe agus glacadóirí, ag plé leis an gcóras pleanála maidir le raon saincheisteanna lena n-áirítear próisis a bhaineann leis an bplean forbartha, roghanna pleanála inmharthana agus cumas, bacainní agus deiseanna an bhonneagair. Mar shampla, san earnáil chónaithe, tá an GNBS ag obair le húdaráis phleanála, go háirithe i mBaile Átha Cliath, chun réitigh atá inmharthana ar bhonn tráchtála maidir le bacainní soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé. Is comaoin ollmhór é an beartas pleanála áitiúil, go háirithe ó thaobh na gcuspóirí pleanála atá leagtha amach i bpleananna forbartha cathrach/contae/áitiúla, sna cainteanna sin agus is imthosca tábhachtacha iad ceanglais dlúis agus tobhaigh ranníocaíochta forbartha ó thaobh cinneadh cibé an féidir le forbairtí molta leanúint ar aghaidh nó nach féidir.

RANNÍOCAÍOCHT EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AN GNBS

Is é cuspóir uileghabhálach an GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach a ghiniúint don cháiníocóir. Mar sin féin, taobh istigh den sainchúram tráchtála sin agus ag teacht le hAlt 2 den Acht fán GNBS, tá sé mar chuspóir ollmhór eile rannchuidiú le fostaíocht agus le téarnamh geilleagrach agus cuspóirí beartais shóisialta agus eacnamaíochta níos leithne a bhaint amach. D'fhéach an Ghníomhaireacht leis na cuspóirí sin a chomhlíonadh trí raon éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tionscnaimh dírithe a thabhairt isteach don mhargadh réadmhaoine agus trí chomhlachtaí poiblí a éascú ó thaobh réadmhaoin atá oiriúnach dá gcuspóirí a cheannach nó a léasú. Ina theannta sin, tá an GNBS ag rannchuidiú ar bhealaí eile, trí bheith ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá le heastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe nó lacáistí cíosa a aontú le gnóthaí chun tacú le poist.

Leagtar amach anseo thíos samplaí d'obair leanúnach an GNBS sna réimsí seo.

AG GINIÚINT GNÍOMHAÍOCHTA SA MHARGADH RÉADMHAOINE

Rannchuidíonn an GNBS ar bhealach feiceálach le téarnamh inbhuanaithe sa mhargadh réadmhaoine in Éirinn trí scaoileadh céimithe agus ordúil réadmhaoine atá le díol ag a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí a fhormhaoirsiú. Tá na sócmhainní sin go léir beartaithe le díol ar deireadh thiar ach braitheann líon iarbhír na ndíolachán ar an méid éilimh, ar an méid creidmheasa a bheidh ar fáil agus an cumas an margadh a ghabháil.

Éascaitheoir na n-idirbheart

Ghníomhaigh an GNBS chun idirbhearta móra réadmhaoine a éascú a bhféadfadh sé nach dtarlódh murach go raibh comhoibriú struchtúrtha ar bun idir féichiúnaithe agus glacadóirí agus infheisteoirí ionchasacha nua. Bhí ról tábhachtach dá bhrí sin ag an GNBS i roinnt idirbheart agus tionscnamh réadmhaoine ar fiú trácht orthu:

- Bloc oifige nach raibh ach cuid de críochnaithe a chur i gcrích i mBaile Átha Cliath agus a ghnóthaigh Google ina dhiaidh sin.
- Cheannaigh sí foirgneamh neamhchríochnaithe le déanaí a bheidh mar cheanncheathrú nua ag an mBanc Ceannais.
- D'éirigh le Scottish and South Energy ('SSE') a cheanncheathrú corparáideach nua a ghnóthú ag Baile na Lobhar i ndeisceart Cho. Bhaile Átha Cliath.
- Infheistíocht de chuid €100m ón Kerry Group i bPáirc na Mílaoise sa Nás.

Tá an GNBS ag obair go gníomhach leis an IDA d'fhonn réadmhaoine oiriúnacha a aithint chun riachtanais maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a chomhlíonadh. I measc na samplaí áirítear:

- Oifig mhór a léasú i mBaile Átha Cliath le cuideachta ilnáisiúnta a bhfuiltear ag súil go mbeidh 1,000 ball foirne aici.
- Cóimeáil ar láithreán coimpléasc le haghaidh saoráid mhór nua TF in iarthar Bhaile Átha Cliath.
- Láithreán le haghaidh mórionad taighde i gCúige Laighean.
- Ligean ollmhór ilnáisiúnta i bhforbairt oifige Chearnóg na Canálach Móire lenar atreisíodh an dearcadh gurb é ceantar na Canálach Móire an mol domhanda le haghaidh gníomhaíochtaí TF agus meán sóisialta.

Airgeadas Díoltóra

I mí na Bealtaine 2012, d'fhógair an GNBS pleananna, thar na mblianta 2012 go dtí 2016, €2 bhilliún ar a laghad a thabhairt i bhfoirm airgeadais díoltóra do cheannaitheoirí réadmhaoine tráchtála lena n-urraítear a cuid iasachtaí, in Éirinn den chuid is mó. Tá sé de chumas ag an tionscnamh, bunaithe ar leibhéil maoinithe suas go dtí 75%, gnáthscaireanna infheisteoirí nua a ghiniúint i margadh na hÉireann ar fiú idir €800 agus €900m iad, agus táthar ag súil le formhór na ngnáthscaireanna nua in 2013 agus 2014. Cuirfear airgeadas díoltóra ar fáil d'infheisteoirí nua ar feadh tréimhsí suas le seacht mbliana ach go hiondúil idir trí agus cúig bliana, agus an t-ionchas ann go ndéanfaidh an earnáil baincéireachta maoiniú air arís nuair a bheidh dálaí an mhargaidh ar ais ina gceart.

Cuireadh an chéad idirbheart airgeadais díoltóra i gcrích, nuair a díoladh foirgneamh oifige, Uimhir a hAon Plás Warrington, i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2012. Tá diolacháin Airgeadas Díoltóra eile curtha i gcrích ag an GNBS ó shin, le díolachán Cearnóg Éadbhaird i nGaillimh i mBealtaine 2013 san áireamh. Bhain idirbhearta airgeadais díoltóra a comhaontaíodh ina dhiaidh sin, mar shampla, le foirgneamh oifige den scoth a bhí le ligean go hiomlán san IFSC a díoladh. Tá roinnt idirbheart airgeadais díoltóra eile tugtha chun cinn go maith.

Is é taithí an GNBS i gcásanna nach nglactar le aigeadas díoltóra a tairgtear, mar gheall ar an méid maoinithe atá ar fáil ar théamaí iomaíocha go bhfuil an bonn infheisteora ionchasach leathnaithe dá réir.

Cuireadh críoch leis an gcéad idirbheart airgeadais díoltóra de chuid an GNBS – a úsáideadh chun maoiniú a sholáthar i leith Uimh. 1 Plás Warrington i mBaile Átha Cliath (sa phictiúr anseo thuas) a cheannach – in 2012.

Tionscnamh Íocaíochta Iarchurtha 80/20

Sheol an GNBS a DPI i mí na Bealtaine 2012. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh leibhéal cosanta a thabhairt do cheannaitheoirí tithe in aghaidh titim i bpraghsanna réadmhaoine cónaithe thar an gcéad chúig bliana de mhorgáiste. Seoladh an tionscnamh i gcomhar le Banc na hÉireann, EBS agus Permanent TSB agus cumhdaítear beagnach 400 réadmhaoin chónaithe atá faoi smacht féichiúnaithe nó glacadóirí an GNBS. Faoin tionscnamh, íocann an té atá ag ceannach an tí 80% de luach na réadmhaoine láithreach, agus beidh an chuid eile den airgead (suas le 20% de luach na réadmhaoine) le híoc faoi cheann cúig bliana ag an soláthraí morgáiste (thar ceann cheannaitheoir an tí) díreach leis an GNBS ag brath ar luach na réadmhaoine ag an am.

Tá an réadmhaoin chónaithe atá áirithe sa tionscnamh seo scaoilte ar bhonn céimithe, agus bhí an seoladh is déanaí ar siúl i mí an Mhárta 2013. Tá praghsanna éagsúla ag gabháil leis an réadmhaoin, a bhfuil tithe leathscoite trí agus ceithre sheomra codlata iontu den chuid is mó, agus iad idir €95,000 agus €410,000 agus iad lonnaithe i 13 chontae ar fud na hÉireann. Suas go deireadh an Mhárta 2013, bhíothar tar éis díolachán a ghnóthú ar 146 réadmhaoin le luach díolacháin iomlán de chuid €28m. As an díolachán iomlán, tá thart ar 60% ag baint leasa as morgáiste de chuid an Tionscnaimh Íocaíochta Iarchurtha, ag teacht le treochtaí sa mhargadh cónaithe níos leithne, agus is ceannaitheoirí a bhfuil airgead tirim acu den chuid is mó iad an chuid eile.

Teach i gCarraig Ceasail, Co. Luimnigh, atá i measc na réadmhaoine ar fáil trí DPI an GNBS.

DPI – SCEIDEAL NA BHFORBAIRTÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA
Ceatharlach
Daracha an Chaisleáin, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach
An Clár
Goirt an Teampaill, Cluain Lára, Co. an Chláir
Corcaigh
Tír Cluain, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
Ard Ó bhFicheallaigh, An Ghráinseach, Dúglas, Co. Chorcaí
Gort an Droichid, Bóthar an Churraichín, Baile an Easpaig, Co. Chorcaí
Arda an Chaisleáin, Carraig Uí Leighin, Corcaigh
Cúl Ard, Carraig Tuathail, Co. Chorcaí
Cnoc an Chaorthainn, Mount Oval, Baile an Róistigh, Corcaigh
Brightwater, Bun an Tábhairne, Co. Chorcaí
An Sean-Cheathrú, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí
Rinn an Drácaigh, Bun an Tábhairne, Co Chorcaí
Cúil an Fhéich, An Cóbh, Co. Chorcaí
Páirc an Ghoirt Aird, Baile an Chollaig, Co. Chorcaí
Woodborough, Teamhair, Co. Chorcaí
Mainistir Belfield, Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh, Corcaigh
Baile Átha Cliath
Páirc an tSíoda, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
Coill Scioból an Bhrúnaigh, Coill an Rí, Baile Átha Cliath 22
Mainéar Charraig Mhaighin, Bóthar Ghleann na Muc, Baile Átha Cliath 18
Goldenridge, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath
Devlin Banks, Sráidbhaile na hAille, Co. Bhaile Átha Cliath
An Ghaillimh
Páirc na Rí, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe
Ciarraí
Páirc na nDarach, Bóthar na Páirce, Cill Airne, Co. Chiarraí
Cill Dara
Cluain Bhearú, Baile Átha Í, Co. Chill Dara
Cill Chainnigh
An Chora, Bóthar Chaisleán an Chomair, Cill Chainnigh
Luimneach
Carraig Ceasail, Caisleán Uí Chonaill, Luimneach
An Mhí
Sruthán an Airgid, Steach Maoilín, Co. na Mí
Cearnóg Loughmore, Caisleán an Chillín, Dún Seachlainn, Co. na Mí
Sligeach
Ardfinn, Bóthar an Leathrois, Co. Shligigh
Loch Garman
Coill an Troim, Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman
Cill Mhantáin
Halla Eachroma, Eachroim, Co. Chill Mhantáin

Cló CGI den dearadh atá beartaithe shuíomh an Ionad Ceoldrámaíochta i Luimneach a díoladh le Comhairle Cathrach Luimnigh. Tá an Bord tiomanta an chéad rogha (ag íosphraghas forchoimeádta an GNBS) a thabhairt do chomhlachtaí Stáit chun réadmhaoin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá sainchuspóirí siúd a cheannach.

Forbairt an Rabhcháin i mBaile Átha Cliath áit inar díoladh 58 aonad le Tithíocht Clúid in 2012 le haghaidh úsáide mar thithíocht shóisialta.

RÉADMHAOIN LE HAGHAIDH ÚSÁIDE POIBLÍ

Ina Phlean Gnó a foilsíodh i mí Iúil 2010, gheall an Bord 'go n-oibreoidís go réamhghníomhach le Ranna Rialtais, le húdaráis áitiúla, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhlachtaí eile cuí maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith le talamh/réadmhaoin'. Gheall Bord an GNBS freisin go dtabharfaí an chéad rogha (ag íosphraghas forchoimeádta an GNBS) do chomhlachtaí Stáit chun réadmhaoin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá sainchuspóirí a cheannach.

Ag teacht leis an ngealltanas sin, scaoil an GNBS tailte agus réadmhaoin le haghaidh scoileanna, saoráidí cúram sláinte, fóntais pobail agus caitheamh aimsire agus le haghaidh úsáidí eile. Áiríonn samplaí:

- Aithníodh níos mó ná 70 láithreán a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach i gcomhair scoileanna nua.
- Suímh á ndíol leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Suiomh an tIonad Ceoldrámaíochta i Luimneach á dhíol le Comhairle Cathrach Luimnigh.
- Talamh á chur ar fáil i mBaile Dúill, Co. Bhaile Átha Cliath thuaidh do Chomhairle Contae Fhine Gall le haghaidh fearainn pháirce.
- Nascbhóthar an N2-N3 á chómhaoiniú i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall trí thailte in iarthar Bhaile Átha Cliath le héascú a dhéanamh ar riachtanais forbartha sainaitheanta.

Tá an GNBS i mbun oibre freisin leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le láithreáin agus foirgnimh a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair ionad cúram sláinte agus áiseanna eile céim síos agus cúram sláinte phobail agus bhí sí rannpháirteach sa phróiseas a dearadh chun suíomh oiriúnach a aimsiú don Ospidéal Náisiúnta Leanaí atá beartaithe.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Tá an GNBS ag obair go dlúth leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an Aire Stáit um Thithíocht agus Pleanáil maidir le tithíocht shóisialta a sheachadadh agus tá gach páirtí meáite ar an méid aonad cónaithe agus is féidir a sheachadadh faoin tionscnamh tábhachtach seo. Go dtí seo, tá nach mór 4,000 réadmhaoin chónaithe aitheanta ag an GNBS mar réadmhaoin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta. Astu sin, dheimhnigh údaráis áitiúla go bhfuil éileamh ann i gcás os cionn 1,500 réadmhaoin (**Figiúr J**).

Chomh luath is a dheimhníonn údarás áitiúil go bhfuil an t-éileamh ann ar réadmhaoin, éascaíonn an GNBS teagmháil agus cainteanna idir a féichiúnaí nó glacadóir agus an t-údarás áitiúil nó an Comhlacht Tithíochta Faofa ('CTF') chun an réadmhaoin a fháil. Is i bhfoirm léis nó ceannacháin a bhíonn na socruithe conarthacha. Go ginearálta, cuireann na CTFanna ceannacháin i gcrích agus cuirtear an réadmhaoin a fhaightear ar fáil ansin do na húdaráis áitiúla faoi chomhaontú íocaíochta agus infhaighteachta. Chomh fada is a bhaineann sé leis an GNBS nuair a bhíonn éileamh maidir le tithíocht deimhnithe agus na conarthaí sínithe ní bhíonn aon chonstaic eile maidir le luathsheachadadh réadmhaoine ag féichiúnaithe agus ag glacadóirí an GNBS.

Chun seachadadh a chuíchóiriú tuilleadh, bhunaigh an GNBS uirlis shainchuspóireach, **Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teo.**, chun úinéireacht a ghlacadh ar réadmhaoin i gcás go bhfuil éileamh leagtha síos ina leith. In 2012, rinneadh 229 réadmhaoin tithíochta sóisialta ar fud seacht gcontae (Corcaigh, Baile Átha Cliath, An Ghaillimh, Lú, Cill Dara, Ciarraí, agus an Iarmhí) a sheachadadh (203) nó fuarthas conradh ina leith (26) le haghaidh tithíochta sóisialta trí obair dhíreach an GNBS leis an Roinn Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil agus leis na CTFanna éagsúla.

FIGIÚR J: An cás (amhail ag deireadh mhí na Nollag 2012) maidir le tithe a d'aithin an GNBS le haghaidh tithíochta sóisialta



TITHÍOCHT SHÓISIALTA – RÉADMHAOIN SEACHADTA CHUIG COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA FAOFA (AMHAIL AG DEIREADH MHÍ NA NOLLAG 2012)		
Seachadta		**203**
Corcaigh	*Comhairle Contae Chorcaí*	53
Baile Átha Cliath	*Comhlachas Tithíochta Clúid*	58
Baile Átha Cliath	*Comhlachas Tithíochta Deonaí Circle*	7
Baile Átha Cliath	*Tithíocht Túath*	20
An Ghaillimh	*Comhlachas Tithíochta Clúid*	13
An Ghaillimh	*Tithíocht Túath*	13
An Ghaillimh	*Comhairle Contae na Gaillimhe*	4
Lú	*Tithíocht Túath*	15
Lú	*Comhairle Buirge Dhroichead Átha*	12
Cill Dara	*Tithíocht Túath*	4
An Iarmhí	*Tithíocht Túath*	4
Ar Conradh		**26**
An Ghaillimh	*Comhairle Contae na Gaillimhe*	3
Ciarraí	*Comhlachas Tithíochta Clúid*	15
Cill Dara	*Comhairle Contae Chill Dara*	8
Téarmaí comhaontaithe		**4**
I mBun idirbheartaíochta gníomhaí		**363**
Réamh-bhreithmheas		**244**
Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2013, bhí 110 réadmhaoin eile díolta nó ligthe ar léas – bhí 60 idirbheart dúnta agus 50 ar conradh le seachadadh níos déanaí in 2013.		

Suirbhé na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe.

EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar le húdaráis áitiúla ar fud na tíre, suirbhé in 2012 maidir le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe. Bunaithe ar an suirbhé sin, tá sé aitheanta ag an GNBS go bhfuil urrús aige ar os cionn 327 nó 18% den 1,836 eastát neamhchríochnaithe sa tír. Tá an GNBS ag maoiniú, trína féichiúnaithe agus glacadóirí, costas na hoibre feabhsúcháin ar na heastáit sin. Is gnáthobair athchóirithe a bhíonn i gceist le hobair den sórt sin uaireanta agus amanna eile bíonn saincheisteanna casta a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht i gceist, agus é sin fairsing go maith i gcás an GNBS. Meastar gur caitheadh €4m chlár GNBS go dtí seo.

I gcás ina bhfuil forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe urraithe ag an GNBS, iarrann sí ar a cuid féichiúnaithe agus glacadóirí Plean um Réiteach Suímh ('SRP') a ullmhú le hionchur ó pháirtithe leasmhara lena n-áirítear cónaitheoirí, an sealbhóir bannaí, an t-údarás áitiúil agus an GNBS. Is é aidhm an SRP measúnú a thabhairt ar na roghanna forbartha tráchtála, le hanailís costais is tairbhe ghaolmhar, lena n-áirítear tograí maoinithe. B'fhéidir nach gciallódh sé seo cur i gcrích iomlán na forbartha ach is réiteach stuama éifeachtach é ina dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna go léir atá os comhair páirtithe leasmhara lena n-áirítear cónaitheoirí. Is é an chéad chéim i ngach cás ná a chinntiú go gcuirtear gach obair thosaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht i gcrích, ansin go dtiocfaí ar phlean chun gnéithe neamhchríochnaithe eile den eastát a réiteach, agus déantar é sin ar bhonn céimithe uaireanta. Is é an cuspóir uileghabhálach ná gach rogha indéanta a iniúchadh d'fhonn an fhorbairt neamhchríochnaithe atá i gceist a réiteach. Soláthraítear sásra freisin leis an bpróiseas SRP chun luach na réadmhaoine a uasmhéadú trí phleanáil tráchtála a urrú agus torthaí forbartha trína léirítear an timpeallacht eacnamaíoch reatha.

Bíonn oibreacha éagsúla i gceist le réiteach suímh, lena n-áirítear bóithre agus bonneagar a chur i gcrích, agus tithe agus árasáin atá le díol nó le ligean ar cíos a chur i gcrích. I gcás féichiúnaithe agus glacadóirí an GNBS, is ón GNBS agus ó urrúis bhannaí (i gcás go n-iarrann údaráis áitiúla ar an sealbhóir bannaí bannaí a scaoileadh) a thagann an maoiniú le haghaidh na n-oibreacha sin.

Tá an GNBS ag dul tríd a liosta d'fhorbairtí neamhchríochnaithe i láthair na huaire. Is féidir an dul chun cinn a rinne an GNBS sa réimse seo a fheiceáil, cuir i gcás, i bhforbairtí cónaithe a bhí neamhchríochnaithe roimhe seo a cuireadh san áireamh i DPI na Gníomhaireachta agus réadmhaoine críochnaithe a díoladh nó a léasadh ar mhaithe le tithíocht shóisialta. Bhí sé mar straitéis ag an GNBS freisin roinnt forbairtí neamhchríochnaithe a dhíol go poiblí. In ainneoin sin, is minic go mbíonn an dul chun cinn maidir le forbairtí aonair sách mall, go háirithe nuair nach gcomhoibríonn féichiúnaithe nó nuair a chuireann ceisteanna dlí nó teidil bac ar chúrsaí. Agus í ar a dícheall ag iarraidh bacainní den sórt sin a shárú, tá an GNBS meáite ar a haisghabháil ó fhorbairt tithíochta neamhchríochnaithe a uasmhéadú agus a chinntiú go mbeidh an stoc tithíochta ann le haghaidh úsáid thairbhiúil chomh luath agus is féidir.

I gcás nach bhfuil foirgnimh sábháilte nó nach bhfuil siad inmharthana ar chúis éigin eile, féadfar machnamh a dhéanamh ar scartáil mar rogha. Cé nach cinneadh éasca a bhíonn ann aon fhoirgneamh nó fhorbairt a scartáil, d'fhéadfaí é a bhreithniú mar bhealach chun teacht ar réiteach maidir le réadmhaoin nach bhfuil an fhorbairt inmharthana ar chúiseanna eacnamaíocha, struchtúracha agus sábháilteachta. Déantar cinntí, ar bhonn cás ar chás, mar chuid den SRP arna chomhaontú le gach údarás áitiúil.



National Asset Management Agency

NAMA Portfolio Management Internal Guidance Note:

Assessment of a debtor/receiver proposal for a reduction in rent on an upward-only commercial lease.

Objectives of the Guidance Note

Nóta Treorach an GNBS ar Léasanna Tráchtála Aníos Amháin ar fáil ó www.nama.ie

In 2012, cheadaigh an GNBS go ndéanfaí bloc 12 árasan a scartáil mar chuid den SRP a comhaontaíodh maidir le forbairt cónaithe i gCo. an Longfoirt. D'iarr an t-údarás áitiúil go ndéanfaí an bloc árasán a scartáil ar fhorais sláinte agus sábháilteachta. Léiríodh san anailís a rinne an GNBS freisin nárbh fhiú ar fhorais thráchtála an leibhéal infheistíochta a theastaigh chun go mbeifí in ann cónaí arís sa bhloc agus chun go bhféadfaí é a dhíol. Bhí an bloc árasán tógtha go dona, bhí sé suite ar thuilemhá i lár eastát tionsclaíoch agus bhí loitiméireacht déanta air agus drochiompar sóisialta ag tarlú ann. Chosain an scartáil agus na hoibreacha feabhsúcháin thart ar €150,000.

LACÁISTÍ CÍOSA

Go dtí deireadh Aibreán, fuair an GNBS 284 iarratas cáilithe ar lacáistí cíosa ó mhiondíoltóirí trína cuid féichiúnaithe agus glacadóirí; níor diúltaíodh ach deich gcinn do na hiarratais seo. Is é luach bliantúil comhiomlán na lacáistí a comhaontaíodh go dtí seo ná thart ar €14m sé sin an cíos dlite don GNBS ar aontaigh sí scor de d'fhonn cuidiú le gnóthaí teacht slán.

Is é an cuspóir a bhíonn le lacáistí cíosa a chomhaontú ar an gcéad dul síos ná chun tacú le hinmharthanacht gearrthéarmach na ngnóthaí beaga agus meánmhéide ar fud na tíre atá inmharthana iontu féin ach a bhfuil deacrachtaí acu mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha reatha. I gcásanna ina bhfuil cruatan i ndáiríre ar féidir é a fheabhsú le lacáiste cíosa, baineann an GNBS leas as dhá bhuntáiste suntasach. Ar an gcéad dul síos, cuidíonn sí chun luach na comhthaobhachta lena dtacaítear le hiasachtaí an GNBS a chaomhnú trína chinntiú go bhfanann tionóntaí i mbun gnó agus go leanann siad dá bhrí sin ag giniúint ioncaim ó chíos. Agus ansin, tugann sí poist slán agus gníomhaíocht gheilleagrach i gcoitinne. Tá gach seans go ndéanfar aon chaillteanas gearrthéarmach ioncaim ó chíos a tharlaíonn mar gheall ar lacáiste cíosa a fhritháireamh leis na buntáistí fadtéarmacha seo. Níl téarmaí **Nótaí Treorach an GNBS ar Léasanna Tráchtála Aníos Amháin** deartha chun buntáistí a bhronnadh ar ghnóthaí atá i mbun trádála go brabúsach nó atá mar chuid de ghrúpaí trádála atá ábalta a gcuid socruithe conarthacha reatha maidir le cíos a chomhlíonadh.

STAIDÉAR ESRI

Deacracht a bhaineann le margadh cónaithe na hÉireann is ea nach bhfuil aon taighde ná sonraí gairmiúla neamhspleácha ar fáil a d'éascódh cinnteoireacht agus gníomhaíochtaí tráchtála. Go háirithe, níl aon fhaisnéis iontaofa agus neamhchlaonta ann maidir leis na príomhfhachtóirí a mbeidh tionchar acu ar infhaighteacht agus ar chostas tithíochta thar mheánthréimhsí agus tréimhsí fadtéarmacha. Ar an gcúis sin, tá sé socraithe ag an GNBS ról ceannródaíoch a ghlacadh ó thaobh poiblíocht a dhéanamh ar chlár taighde dhá bhliain ar thithíocht agus é a mhaoiniú, clár a bheidh á reáchtáil ag an ESRI. Is é an cuspóir léargais phraiticiúla a thabhairt ar an margadh, rud a éascóidh cinnteoireacht eolasach ag gach rannpháirtí sa mhargadh, lena n-áirítear ceannaitheoirí ionchasacha, infheisteoirí agus tionscal na tógála.

Déanfaidh Coiste Stiúrtha maoirsiú ar an gclár taighde, agus beidh ionadaíocht ag an GNBS ar an gcoiste sin, agus aontóidh sé tosaíochtaí agus aschuir athbhreithnithe. Is ag an ESRI a bheidh smacht eagarthóireachta agus is í a bheidh freagrach as an taighde agus as an aschur deiridh.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

ACHOIMRE AR BHUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2012

	2012 € billiún	2011 € billiún	Ó thráth tionscanta € billiún
Giniúint airgid thirim			
Iomlán an airgid thirim ginte	4.51	5.09	10.60
Fáltais diúscartha	2.80	3.63	6.83
Ioncam neamh-diúscartha	1.45	1.34	3.18
Aisíocaíochtaí bannaí			
Bannaí sinsearacha fuascailte	3.50	1.25	4.75
Brabúsacht			
Brabús oibriúcháin roimh bearnaithe	0.83	1.28	
Muirear bearnaithe	(0.52)	(1.27)	
Brabús don bhliain	0.23	0.24	
Punann iasachtaí			
Iasachtaí agus infháltais (comhlán)	26.04	28.36	
Foráil bhearnaithe	3.26	2.75	
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	22.78	25.61	

GINIÚINT AIRGID THIRIM

Tá giniúint airgid thirim ar bheart ríthábhachtach den dul chun cinn atá á dhéanamh ag an GNBS i ndáil leis na cuspóirí airgeadais atá sonraithe aici a chomhlíonadh. Le linn 2012, ghin an GNBS €4.5 billiún in airgead tirim, ag tabhairt líon iomlán an airgid thirim arna ghiniúint ó thráth tionscanta go dtí deireadh 2012 go €10.6 billiún.

Déantar airgead tirim a ghiniúint go príomha trí mheán fáltas diúscartha agus ioncaim neamh-diúscartha. Tá fáltais ó chomhthaobhacht réadmhaoine agus díolachán iasachtaí araon san áireamh sna fáltais diúscartha. Is ionann ioncam neamh-diúscartha agus ioncam arna ghiniúint ó shócmhainní féichiúnaithe, ioncam ó chíos go príomha.

Léiríonn **Tábla 4** agus **Figiúr K** sreabhadh airgid achomair an GNBS ó thráth tionscanta.

TÁBLA 4: Achoimre ar Shreabhadh Airgid ó Thráth Tionscanta

	2010 €m	2011 €m	2012 €m	Ó thráth tionscanta €m
Iarmhéid oscailte airgid thirim, coibhéisí airgid thirim & sócmhainní leachtacha	**-**	**837**	**3,847**	**-**
Insreabhadh				
Fáltais diúscartha	404	3,628	2,798	6,830
Ioncam neamh-diúscartha	390	1,340	1,453	3,183
Eile	219	117	254	590
	1,013	**5,085**	**4,505**	**10,603**
Eis-Sreabhadh				
Fuascailt bhannaí	-	(1,250)	(3,500)	(4,750)
Costais mhalairte eachtraí agus seirbhísithe fiachais (glan)	13	(329)	(745)	(1,061)
Tarraingtí anuas caipitil	(240)	(304)	(308)	(852)
Costais oibriúcháin	(49)	(143)	(155)	(347)
	(276)	**(2,026)**	**(4,708)**	**(7,010)**
Maoiniú bunaidh				
Eisiúint scairchaipitil le hinfheisteoirí seacthracha	51	-	-	51
Réamhíocaíocht / (aisíocaíocht) ghlan leis an státchiste	49	(49)	-	-
	100	**(49)**	**-**	**51**
Iarmhéid dúnta airgid thirim, coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní leachtacha	**837**	**3,847**	**3,644**	**3,644**

FIGIÚR K: Giniúint Airgid Thirim an GNBS ó Thráth Tionscanta



D'easair an rath a bhí leis an GNBS €10.6 billiún a ghiniúint in 33 mhí as éachtaí suntasacha sna príomhréimsí gnó seo a leanas:

- Luathghníomh an GNBS chun straitéisí oibrithe amach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina punann féichiúnaithe trí chéile – ghníomhaigh an GNBS go tapa chun na fadhbanna suntasacha ina gnó féichiúnaithe a bhí oidhreachta aici a chur ina gceart agus clár oibre láidir a chur i bhfeidhm chun féichiúnaithe agus glacadóirí a bhainistiú.
- Gabháil ioncam neamh-diúscartha, sa bhreis ar €100m ar an meán in aghaidh na míosa, ioncam nach mbeadh curtha i dtreo aisíocaíocht fiachais murach seo.
- Dianbhainistíocht leanúnach féichiúnaithe agus glacadóirí d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na garspriocanna atá sonraithe ag an GNBS, lena n-áirítear garspriocanna diúscartha réadmhaoine.
- Dianbhainistíocht sócmhainní chun luach breise a dhíorthú ó shócmhainní roimh dhiúscairt.

FÁLTAIS DIÚSCARTHA

Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an GNBS é tionscnamh agus bainistíocht idirbheart réadmhaoine agus diúscairt iasachtaí. Bhí na fáltais diúscartha i rith 2012 cothrom le €2.8 billiún (2011: €3.6 billiún), ina raibh diúscairtí comhthaobhachta réadmhaoine ar fiú €2.3 billiún iad (2011: €2.7 billiún) agus idirbhearta díolachán iasachtaí ar fiú €0.5 billiún iad (2011: €0.9 billiún), rud a chiallaigh go raibh na fáltais diúscartha cothrom le €6.8 billiún ó thráth tionscanta.

I rith 2012, rinneadh breis is 1,400 idirbheart diúscartha réadmhaoine (2011: 1,275) agus 13 idirbheart díolachán iasachtaí (2011: 4). Ó thráth tionscanta go dáta, rinneadh 3,134 idirbheart diúscartha réadmhaoine agus 17 díolachán iasachtaí (parluach de chuid €2.5 billiún).

(a) Idirbhearta diúscartha de réir luacha

Soláthraíonn **Tábla 5** agus **Figiúr L** anseo thíos miondealú ar líon na n-idirbheart de réir luacha.

TÁBLA 5: Anailís ar idirbhearta diúscartha de réir luacha

	<€10m	>€10m	2012 Iomlán	<€10m	>€10m	Tráth tionscanta Iomlán
Iomlán na ndiúscairtí (€m)	797	2,001	2,798	1,817	5,013	6,830
Líon na n-idirbheart	1,367	57	1,424	3,042	117	3,159
Meánluach diúscartha (€000)	583	35,097	1,965	597	42,850	2,162

FIGIÚR L: Anailís ar dhiúscairtí de réir luacha



(b) Idirbhearta diúscartha de réir láithreach

Mar is léir ó **Fhigiúr M**, gineadh céatadán suntasach d'fháltais diúscartha ó dhiúscairt réadmhaoine agus idirbhearta díolachán iasachtaí i margadh na Ríochta Aontaithe, i Londain ach go háirithe. Bhí fáltais diúscartha a bhaineann le sócmhainní na Breataine cothrom le €5.4 billiún faoi dheireadh 2012 (79% de na fáltais diúscartha foriomlána).

FIGIÚR M: Anailís ar dhiúscairtí de réir láithreach



Léiríonn **Figiúr N** analaís are dhiúscartha na Riocht Aontaithe ó thráth tionscanta agus so 2012. Baineann 65% d'fháltais diúscartha na Ríochta Aontaithe go dtí seo lle réadmhaoin tráchtála agus idirbhearta díolachán iasachtaí.

FIGIÚR N: Anailís ar dhiúscairtí na Ríochta Aontaithe



Mar is léir ó **Fhigiúr O**, baineann 45% de dhiúscairtí sócmhainní na hÉireann go dtí seo le díolachán réadmhaoin tráchtála agus baineann 34% le díolachán réadmhaoine cónaithí.

FIGIÚR O: Anailís ar dhiúscairtí na hÉireann



IONCAM NEAMH-DIÚSCARTHA

Ceann de phríomhchuspóirí an GNBS é sócmhainní a bhainistiú chun críche seirbhísiú fiachais, a bpoitéinseal táirgthe ioncaim trí ghiniúint agus bailiú ioncam ó chíos agus ioncam eile a bharrfheabhsú agus a ghabháil. Ní raibh gabháil agus bailiú a leithéid sin d'ioncam coitianta sular ghnóthaigh an GNBS na hiasachtaí; go deimhin, tá an chuma ar an scéal go raibh sileadh suntasach agus fairsing cistí i gceist. Dhéileáil an GNBS go stuama leis an gceist seo trí straitéisí agus struchtúir oibriúcháin a chur i bhfeidhm d'fhonn gabháil an ioncaim seo a chinntiú agus, dá thoradh sin, tá ioncam suntasach breise neamh-diúscartha ginte óna punann.

San áireamh san airgead tirim arna ghiniúint le linn 2012 bhí ioncam neamh-diúscartha athfhillteach de chuid €1.45 billiún (2011: €1.34 billiún). Tá ag éirí go maith le feidhmíocht sa chomhthéacs seo d'ainneoin diúscairt €7.2 billiún sócmhainní faoi dheireadh an Mhárta 2013.

BRABÚSACHT

In 2012 thaifead an GNBS brabús oibriúcháin de chuid €826m roimh bhearnú (2011: €1,278m). Taifeadadh muirear bearnaithe breise de chuid €518m (2011: €1,267m) in 2012 ag léiriú go príomha gurb dúshlánach go fóill a bhí an timpeallacht réadmhaoine in Éirinn i gcaitheamh na bliana. Tá foráil bhearnaithe de chuid €3.3 billiún taifeadta ag an GNBS anois.

Mar thoradh foriomlán bhí brabús de chuid €228m don bhliain 2012 (2011: €241m).

TÁBLA 6: Ráiteas ioncaimachomair

Ráiteas ioncaim	2012 €m	2011 €m
Ioncam úis agus táille	1,387	1,283
Costas úis	(493)	(512)
Glanioncam úis	**894**	**771**
Glanbhrabús ar iasachtaí agus diúscairtí réadmhaoine	188	549
(Caillteanas)/Gnóthachan airgeadra eachtrach	(99)	62
(Caillteanas)/Gnóthachan díorthach	(38)	24
Costais riaracháin	(119)	(128)
Brabús oibriúcháin roimh bearnaithe	**826**	**1,278**
Muirear bearnaithe	(518)	(1,267)
Brabús don bhliain roimh cánachas	**308**	**11**
(Muirear)/Creidmheas cánach	(76)	235
Díbhinní	(4)	(5)
Brabús don bhliain tar éis cánachas agus díbhinní	**228**	**241**

Mar is léir i **bhFigiúr P**, ina dtarraingítear aird ar bhrabús tuairiscithe an GNBS ó thráth tionscanta, thuairiscigh an GNBS brabús a bheith déanta aici don dara bliain as a chéile.

Léirítear i **bhFigiúr Q** an muirear bearnaithe taifeadta ag an GNBS ó thráth tionscanta agus léirítear, ainneoin go bhfuil muirear bearnaithe breise de chuid €518m taifeadta ag an GNBS in 2012, gur laghdaigh an leibhéal bearnaithe go suntasach i gcomparáid le blianta roimhe sin.

FIGIÚR P: Brabús/Caillteanas an GNBS 2010 - 2012



FIGIÚR Q: Bearnú an GNBS 2010 - 2012



Glanioncam úis

Bhain an méadú sa ghlanioncam úis ó €771m in 2011 go €894m in 2012 le hús níos airde tuillte ar iasachtaí agus ar infháltais agus le costais seirbhísithe níos ísle a bhain le rátaí úis a bheith ag laghdú. Thit cúpón úis Euribor ar Bhannaí Sinsearacha an GNBS 120 bonnphointe ó 1.747% ag tús 2012 go dtí 0.544% ag deireadh na bliana.

San áireamh san ús agus san ioncam táille de €1,387m tá ioncam €1,222m ar iasachtaí agus infháltais, a aithníodh de réir mhodh an Ghlanráta Úis (EIR) mar atá forordaithe ag caighdeáin chuntasaíochta. Rinneadh 100% den ioncam úis a aithníodh sa bhliain de réir mhodh EIR a réadú in airgead tirim.

Glanbhrabús ar iasachtaí agus diúscairtí réadmhaoine

In 2012 bhí an glanbhrabús ar iasachtaí agus diúscairtí réadmhaoine cothrom le €188m, a raibh brabúis agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine de chuid €16m san áireamh ann mar aon le hioncam farasbairr de chuid €172m. As an €172m, baineann €108m le haisíocaíochtaí farasbairr iasachtaí leis an GNBS, arb ionann é agus fáltais airgid thirim sa bhreis ar luach anonn na n-iasachtaí gaolmhara.

Caillteanas malairte eachtraí

Léargas é an caillteanas malairte eachtraí €99m in 2012 ar ghluaiseachtaí margaidh a bhain le díorthaigh malairte eachtraí i rith na bliana. Tá caillteanas de chuid €15m taifeadta ag an GNBS ar bhonn carnach ó 2010. Tá an glanchostas carnach seo comhaicmeach le costas 'árachais' an GNBS a chosaint ó thionchar luaineachtaí sa ráta malairte eachtraí. Níl aon bhaint ag an GNBS le seasaimh amhantracha díorthaigh.

Costais riaracháin

Laghdaigh costais riaracháin ó €128m in 2011 go €119m in 2012. Is ionann an leibhéal costas in 2012 agus 2.6% den airgead tirim ginte i rith na tréimhse atá mórán mar an gcéanna le hinstitiúidí idirnáisiúnta inchomparáide. Tá miondealú de chostais riaracháin don tréimhse le fáil i **dTábla 7**.

TÁBLA 7: Costais riaracháin achomair

	2012 €m	2011 €m
Táillí príomh- agus máistir-sheirbhíseora	60	60
GBCN mar sholáthraí seirbhíse	37	28
Costais um dhícheall cuí (glan ó méideanna aisghafa)	4	10
Táillí bainistíochta punainne	7	16
Táillí dlí	5	9
Costais airgeadais agus teicneolaíochta	3	2
Costais eile	3	3
Iomlán na gcostas oibriúcháin	**119**	**128**

Bhí an costais aonair is mó cothrom le €56.4m, costas a bhí iníoctha leis na hinstitiúidí rannpháirteacha mar phríomh-sheirbhíseoirí. B'ionann seo agus 8 mbonnphointe de na hiarmhéideanna iasachta ainmniúla arna riar acu in 2012.

Níl aon fhostaithe ag an GNBS. Tá an fhoireann ar fad atá sannta don GNBS fostaithe ag GBCN agus na costais á n-athmhuirearú don GNBS ag GBCN mar sholáthraí seirbhíse. Chuimsigh costais tuarastail an GNBS €27m d'athmhuirearú iomlán 2012 ó GBCN.

Bearnú

I ndiaidh a hathbhreithniú bearnaithe don bhliain 2012 a chur chun críche, thaifead an GNBS foráil charnach bhearnaithe de chuid €3.3 billiún i gcoinne a punainne iasachtaí agus infháltas; áirítear anseo go mbeidh costas bearnaithe breise de chuid €0.51 billiún le cur san áireamh i ráiteas ioncaim 2012.

Soláthraíonn **Tábla 8** achoimre ar na torthaí ó fhoráil agus athbhreithniú bearnaithe deireadh na bliana.

TÁBLA 8: Anailís achomair ar an bhForáil bhearnaithe

	Luach Anonn[1] ag 31/12/2012	Foráil bhearnaithe 2012	Foráil bhearnaithe 2011	Gluaiseacht	Clúdach bearnaithe
Punann Bhearnaithe	14,329	2,751	2,059	691	19.2%
Punann Neamhbhearnaithe	7,922	-	94	(94)	N/A
Punann Measúnaithe Ar Leith	**22,251**	**2,751**	**2,153**	**598**	**12.4%**
Punann Measúnaithe Tiomsaitheach	4,111	512	598	(86)	12.5%
Punann Trí Chéile	**26,362**	**3,263**	**2,751**	**512**	**12.4%**

Nóta 1: Áiríonn an luach anonn an luach anonn de chuid díorthach agus iasachtaí féichiúnaí

Is ionann bearnú agus príomhréimse breithiúnais i ráitis airgeadais an GNBS. Ghnóthaigh an GNBS punann iasachtaí ina raibh a bhformhór acu bearnaithe cheana féin le tagairt do dáta luachála mhí na Samhna 2009.

Tá anailís déanta ar an bhforáil bhearnaithe bhreise de chuid €598m i ndáil leis an bpunann measúnaithe ar leith le fáil i **dTábla 9**.

TÁBLA 9: Anailís ar an ngluaiseacht san fhoráil bhearnaithe sainiúil

	€m
Méadú i bhforáil sainiúil	1,017
Scaoileadh na forála sainiúla	(419)
Iomlán	**598**

Baineann fuascailt na forála bearnaithe sainiúla de chuid €0.4 billiún in 2012 go príomha le laghdú ar luach anonn tosaigh na n-iasachtaí do naisc áirithe féichiúnaithe i ndiaidh díchill chuí a dhéanamh ar na hiasachtaí sin i rith na bliana agus bailchríoch a chur ar na roghnuithe íoctha le hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Bhí an t-athbhreithniú bearnaithe deireadh na bliana bunaithe ar:

- Measúnú mionsonraithe ar shreabha airgid tuartha na todhchaí i ndáil le gach nasc féichiúnaí a meastar atá suntasach iontu féin. Is éard a bhí i gceist anseo 187 nasc féichiúnaí le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a raibh luach anonn de chuid €22.3 billiún (2011 €23.5 billiún) luaite leo, arb ionann iad agus gach nasc féichiúnaí bainistithe ag an GNBS ach amháin líon beag nasc nárbh fhéidir meastacháin sreabhadh airgid a ullmhú ina leith.
- Is ionann na sreabha airgid a bhfuil súil leo amach anseo agus meastachán is fearr an GNBS ar shreabha airgid a bhfuil súil leo amach anseo le haghaidh gach féichiúnaí suntasach ar leith. Áirítear iontu sreabha airgid measta a eascraíonn as diúscairt comhthaobhacht réadmhaoine agus ioncaim neamh-diúscartha (ioncam ar chíos mar shampla).
- Cuireadh comh-mheasúnú caillteanais i gcrích ar an leabhar iasachta fanta, le haird á thabhairt ar na leibhéil chaillteanais le sonrú sna punanna measúnaithe ar leith. Baineann an leabhar iasachta fanta, a bhfuil luach anonn de chuid €4.1 billiún luaite leis, le féichiúnaithe atá á mbainistiú go príomha ag institiúidí rannpháirteacha nach bhfuil measúnaithe ar leith agus atá grúpáilte i bpunann aonair chun comh-mheasúnú a dhéanamh.

Léargas é an muirear bearnaithe breise do 2012 ar choinníollacha dúshlánacha leanúnacha mhargadh réadmhaoine na hÉireann; in 2012 bhí laghdú leanúnach le tabhairt faoi deara i luachanna réadmhaoine sna hearnálacha trí chéile agus d'fhan leibhéal na gníomhaíochta margaidh réasúnta íseal. Ó tharla gur lean praghsanna réadmhaoine in Éirinn ag laghdú idir 25%-30% ar an meán ó mhí na Samhna 2009 i leith, bheadh sé róshimplí agus míchruinn glacadh leis go bhfuil an ráta laghdaithe seo le sonrú i bpunann an GNBS trí chéile.

Mar is léir ó **Fhigiúirí A, B agus C** (leathanaigh 21-22), tá formhór na punainne iarmharaí dea-lonnaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Díol suntais freisin gur shárfheidhmigh roinnt sócmhainní réadmhaoine (lena n-áirítear go leor sócmhainní Éireannacha) na hinnéacsanna ábhartha réadmhaoine ón tráth gnóthaithe mar gheall ar a saintréithe aonair agus tionscnaimh dhóchasacha bainistíochta sócmhainní (mar shampla díothú folúntas, tús a chur le gníomhaíocht forbartha, s.rl.).

Cáin

Is ionann an muirear cánach de chuid €76m sa tréimhse agus páirtfhuascailt sócmhainní iarchurtha cánach aitheanta ar chaillteanais chánach neamhúsáidte in 2011. Táthar ag súil go bhfuasclófar an t-iarmhéid de chuid €133m in 2013 agus 2014.

CLÁR COMHARDAITHE

TÁBLA 10: Clár Comhardaithe Achomair an GNBS

	2012 €m	2011 €m
Sócmhainní		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní leachtacha	3,644	3,847
Iasachtaí agus infháltais	22,776	25,607
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	351	449
Cáin iarchurtha	337	306
Sócmhainní eile	120	460
Iomlán na sócmhainní	**27,228**	**30,669**
Dliteanais agus cúlchistí		
Urrúis fiachais sinsearaí	25,440	29,106
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	1,169	729
Dliteanais eile	207	312
Iomlán na ndliteanas	**26,816**	**30,147**
Gnáthscair agus cúlchistí		
Gnáthscair na nGleallsealbhóirí	934	714
Cúlchistí eile	(522)	(192)
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána	412	522
Gnáthscair agus dliteanais iomlána	**27,228**	**30,669**

LAGHDÚ FIACHAIS

Mar is léir ó **Fhigiúr R**, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh an GNBS a sprioc fuascailte Bannaí Sinsearacha de chuid €7.5 billiún faoi dheireadh 2013. Fuasclaíodh €3.5 billiún de Bhannaí Sinsearacha in 2012, rud a chiallaigh go raibh an fhuascailt charnach cothrom le €4.75 billiún, arb ionann é agus 63% de sprioc dheireadh 2013.

FIGIÚR R: Giniúint Airgid Thirim in aghaidh Sprioc Fuascailte Bannaí



PUNANN IASACHTAÍ

Ghnóthaigh an GNBS iasachtaí a raibh parluach bunaidh fiachais de chuid €74 billiún luaite leo ó na Planna i ndáil le comaoin de chuid €31.8 billiún. Ag deireadh 2012 bhí luach anonn iasachtaí an GNBS cothrom le €22.8 billiún (glan ar an bhforáil bhearnaithe charnach de chuid €3.3 billiún).

Soláthraíonn **Tábla 11** achoimre ar an ngluaiseacht sa phunann iasachtaí i rith na tréimhse.

TÁBLA 11: Achoimre ar an nGluaiseacht in iasachtaí agus infháltais

	Fiachas an GNBS 2012 €m	Parfhiachas 2012 €m	Fiachas an GNBS 2011 €m	Parfhiachas 2011 €m
Iasachtaí agus infháltais – iarmhéid oscailte	**25,607**	**72,463**	**27,951**	**71,111**
Fáltais airgid (nóta 1)	(4,176)	(4,176)	(4,867)	(4,867)
Ioncam úis	1,222	2,430	1,145	2,801
Coigeartuithe um ghnóthuithe / luacháil iasachtaí	(118)	63	1,644	2,856
Réamhíocaíochtaí	308	308	304	304
Brabús ar iasachtaí agus diúscairtí réadmhaoine	188	-	549	-
Gluaiseacht i ndíolachán iasachtaí	(5)	(947)	-	(98)
Fiach Cuimsigh/Díscríobh	-	(55)	-	(118)
Airgeadra eachtrach agus gluaiseachtaí eile	262	726	148	474
Iasachtaí agus infháltais réamh-lagú	**23,288**	**70,812**	**26,874**	**72,463**
Foráil bhearnaithe – muirear incriminteach	(512)	-	(1,267)	-
Iasachtaí agus infháltais – iarmhéid dúnta	**22,776**	**70,812**	**25,607**	**72,463**

Nóta 1 – áiríonn tábla na ngluaiseachtaí iasachtaí na gluaiseachtaí airgid thirim ar iasachtaí agus infháltais amháin. Ní áirítear ann airgead tirim a fuarthas ar dhíorthaigh iasachtaí tuillmheacha le linn 2012.

Mar is léir ó **Thábla 12**, tá bunfheidhmíocht na punainne iasachtaí, ar bhonn meánsreabhadh airgid thirim ualaithe, iasachtaí lánthuillmheacha agus páirt-tuillmheacha, cothrom le 33% ag an 31 Nollaig 2012.

TÁBLA 12: Feidhmíocht na punainne iasachtaí

	Fáltais neamh-diúscartha €m	Parfhiachas ag 31/12/12 €m	Meán-fheidhmíocht ualaithe an tsreafa airgid
Iomlán na n-iasachtaí tuillmheacha	762	12,412	
Iasachtaí neamhthuillmheacha agus páirt-thuillmheach (lena n-áirítear iasachtaí forfheidhmithe)	691	58,400	
Iomlán	**1,453**	**70,812**	**33%**

Nuair a ghnóthaigh an GNBS a cuid iasachtaí, bhí formhór na n-iasachtaí neamhthuillmheach trí thagairt do théarmaí bunaidh na saoráide iasachta. Déanann an GNBS a feidhmíocht a thomhas trí thagairt don mhéid ioncaim neamh-diúscartha a ghabhann sí agus ní trí thagairt do chomhlíonadh na bhféichiúnaithe leis na comhaontuithe saoráide leagáide a réamhdhátaíonn an GNBS.

SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AGUS EAGRAÍOCHT AN GNBS

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Le linn 2012, mharcáil an GNBS a héabhlóidiú óna céim bhunaithe agus gnóthú iasachta chuig céim nua inar dhírigh sí ar straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhí dírithe ar aisghabháil uasta a thógáil óna cuid sócmhainní sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. I dtreo deireadh na bliana 2011, d'fhaomh an Bord struchtúr eagraíochtúil athbhreithnithe a bhí deartha le déileáil go héifeachtach agus go dinimiciúil leis na dúshláin rompu amach. San áireamh san atheagrú, a cuireadh i bhfeidhm ag tús Aibreáin 2012, bhí atheagrú na Gníomhaireachta i gcúig rannóg:

FIGIÚR S: Struchtúr an GNBS



ACMHAINNÍ FOIRNE

Bhí líon foirne GBCN sannta chuig an GNBS cothrom le 224 ag deireadh 2012. Faoin am go mbeidh an fhoireann earcaithe chun punann bhunaidh an GNBS a bhainistiú (gnóthaithe faoin Acht), táthar ag súil go mbeidh an líon foirne seo a leanas i gceist:

TÁBLA 13: Soláthar foirne an GNBS de réir rannóige

Rannóg	Réamh-mheasta[4]
POF / Príomhfheidhmeannaigh	6
Bainistíocht Sócmhainní	16
Aisghabháil Sócmhainní	153
Príomhoifigeach Airgeadais	57
Dlíthiúil	32
Straitéis agus Cumarsáid	10
IOMLÁN	**274**

Tá 35 comhalta foirne éirithe as a gcuid oibre ó bunaíodh an GNBS, agus d'éirigh 25 comhalta foirne as a gcuid oibre i rith na bliana 2012.

Beidh gnóthú iasachtaí ó phunann IBRC níos déanaí in 2013 mar bhonn le riachtanais bhreise foirne laistigh den GNBS ach ní féidir sonraí beachta a thabhairt ina leith seo go dtí go mbeidh níos mó soiléireachta ann maidir leis an líon iasachtaí atá le gnóthú ó na Leachtaitheoirí Speisialta.

4 *Roimh chomhtháthú phunann iasachtaí IBRC atá le gnóthú ó na Leachtaitheoirí Speisialta.*

AISGHABHÁIL SÓCMHAINNÍ

Tá trí phríomhaidhm ag an rannóg um **Aisghabháil Sócmhainní**, ina chuimsítear 153 comhalta foirne: seachadadh straitéisí, bainistiú féichiúnaithe/glacadóirí agus sreabhadh airgid a uasmhéadú fad atá caillteanas a íoslaghdú.

Is í **Aisghabháil Sócmhainní** an príomh-chomhéadan le féichiúnaithe/glacadóirí agus tá sí freagrach as breis is 99% de na naisc fhéichiúnaí, atá á mbainistiú go díreach ag an GNBS agus go hindíreach trí mheán Planna. Éilíonn an fhreagracht seo dianbhainistíocht laethúil trí chur chuige nuálach agus réiteach-bhunaithe:

- Straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu;
- Costais féichiúnaithe agus ghlacadóirí a laghdú;
- Ioncam a fháil agus a uasmhéadú;
- Luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní;
- Caiteachas caipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint;
- Airgeadas díoltóirí agus díolacháin iasachtaí a úsáid áit ar cuí;
- Athbhreithniú, a dhéanamh go rialta, ar dhíolachán sócmhainní in aghaidh roghanna coinneála sócmhainní, agus úsáid á baint as anailís lascainithe sreabhadh airgid.

Seo a leanas struchtúr na Rannóige:

FIGIÚR T: Struchtúr na Rannóige um Aisghabháil Sócmhainní

Punann bainistithe ag an GNBS agus Foireann Dócmhainneachta

10 bhfoireann
94 comhalta foirne

Punann bainistithe ag PI

3 fhoireann
28 comhalta foirne

Oibríochtaí

Creatlach

Cuardach Sócmhainní

3 fhoireann
30 comhalta foirne

SREABHADH AIRGID FÉICHIÚNAÍ

Tá an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní freagrach as rannpháirtíocht dhíreach le féichiúnaithe agus sreafaí airgid ginte ag sócmhainní féichiúnaithe a bharrfheabhsú d'fhonn a chinntiú gur féidir príomhspriocanna aisíocaíochta fiachais a chomhlíonadh. Tá léargas le fáil i **bhFigiúr U** anseo thíos ar shreabha airgeadais bliantúla comhiomlána a eascraíonn ó fháltais diúscartha agus ioncam eile (fáltais ó chíos den chuid is mó) ó 2010 go dtí deireadh 2012:

FIGIÚR U: Fáltais ó fhéichiúnaithe - 2010-2012



PUNANN BAINISTITHE AG AN GNBS

San áireamh sa phunann atá bainistithe ag an GNBS tá 189 nasc féichiúnaí a bhfuil parluach bunaidh de chuid €61 billiún luaite leo. Tá gach ceann seachas trí[5] cinn de na naisc fhéichiúnaí seo á mbainistiú ag naoi bhfoireann ildisciplíneach um Aisghabháil Sócmhainní agus tá naonúr/deichniúr comhaltaí foirne ar gach foireann a bhfuil rannpháirtíocht dhíreach acu le féichiúnaithe i ndáil le pleananna gnó, iarratais ar chreidmheas agus monatóireacht ar spriocanna agus ar fheidhmíocht. Faoi Mheitheamh 2012, bhí críoch curtha le hathbhreithniú ar phleananna gnó thart ar 775 nasc féichiúnaí (rinneadh athbhreithniú ar 400 sa GNBS agus rinneadh athbhreithniú i bpáirt leis na Planna ar 375). Fadhb leanúnach ba ea go raibh próiseas an phlean gnó mar bhonn le deacracht agus le dian-idirbheartaíochtaí maidir le ceisteanna achrannacha (mar shampla Príomh-Theach Cónaithe ('PDH'), luathdhíolachán sócmhainní, laghdú forchostas, aisiompú sócmhainní agus muirir a fháil ar shócmhainní a bheadh neamhualaithe dá n-uireasa).

PUNANN BAINISTITHE AG PI

San áireamh sa phunann atá bainistithe ag PI tá 586 nasc féichiúnaí a bhfuil €13 billiún de pharfhiach bunaidh luaite leo. Tá miondealú le fáil i **dTábla 14** anseo thíos den fhiachas bainistithe ag PI trí thagairt a dhéanamh don trí institiúid rannpháirteacha a bhí i mbun na punainne a bhainistiú ag deireadh 2012.

TÁBLA 14: Fiacha Bainistithe ag Planna

	AIB	BOI	IBRC	Iomlán
Naisc fhéichiúnaí	222	59	305	586
Parfhiachas (€ billiún)	5.3	2.0	5.1	12.4
Fiachas an GNBS (€ billiún)	1.7	1.1	1.3	4.1

5 *Tá trí nasc féichiúnaí shuntasacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a mbainistiú ag an bhfoireann Bainistíochta Sócmhainní*

Ar an 7ú Feabhra 2013, cheap an tAire Airgeadais Leachtaitheoirí Speisialta chuig IBRC. Ar an 19ú Márta 2013, d'fhógair an GNBS a cinneadh bainistíocht phunainne bainistithe IBRC a bhogadh ar bhonn céimnithe chuig Capita. Tá tús curtha ag an GNBS agus Capita leis an bpróiseas a bhaineann le foireann a earcú, ó laistigh d'Aonad an GNBS IBRC den chuid is mó, chun príomhsheirbhísiú agus seirbhísiú speisialta a dhéanamh ar an bpunann a bhí á bainistiú roimhe seo ag IBRC.

Tá foireann de chleachtóirí speisialtóra dócmhainneachta (bunaithe sa rannóg um Aisghabháil Sócmhainní) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht forfheidhmithe an GNBS (leathanaigh 26-27) i gcomhar leis an rannóg Dlí.

Tá na hOibríochtaí Aisghabhála Sócmhainní ag tacú leis na punanna bainistithe ag an GNBS agus ag PI a áiríonn foirne Cuardaigh Sócmhainní, Oibríochtaí Beartas agus Punann.

Go dtí seo, tá cuardach sócmhainní déanta ar 58 nasc féichiúnaí, cuardaigh ar aimsíodh sócmhainní breise ar fiú €7m iad i ndiaidh iad a chur chun críche.

BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

Tá fócas sainiúil eastáit réadaigh agus caipitiúil ag an Rannóg **Bainistíochta Sócmhainní** d'fhonn sócmhainní réadmhaoine a aithint agus a fhorbairt le féichiúnaithe, glacadóirí agus comhpháirtithe comhfhiontair. Tá sé mar aidhm ag an rannóg luach a chruthú agus a chur le agus é mar chuspóir sreabhadh airgid a fheabhsú, go háirithe sa mheántréimhse. D'fhonn déileáil leis an gcuspóir seo, tá an rannóg ag díriú ar roinnt príomhthionscadal forbartha in Éirinn agus sa Bhreatain a meastar iad a bheith inmharthana ar bhonn tráchtála bunaithe ar éileamh agus ar phraghsáil reatha nó ionchais. Beidh na tionscadail seo, a meastar Oll-Luach Forbartha sa bhreis ar €4 bhilliún a bheith luaite leo nuair a bheidh siad tugtha chun críche, á mbainistiú ag an rannóg trí chéimeanna éagsúla lena n-áirítear breithmheas, pleanáil, dearadh agus forbairt.

I ndiaidh gach céim den phróiseas forbartha, déanfaidh an Rannóg Bainistíochta Sócmhainní tástálacha stuama ceistithe 'díola-coinneála', agus é mar aidhm an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach sa mheántréimhse. D'fhéadfadh go mbeadh díol sócmhainne i gceist leis seo i ndiaidh bailchríoch a chur ar Phlean Ceantair Áitiúil nó i ndiaidh cead pleanála a fháil nó ag pointe ar bith níos faide anonn sa timthriall forbartha. Déanfar an scóip a bhaineann le Comhfhiontair a mheas mar mhodh chun dlús a chur faoi thionscadail.

I rith 2012 bhí formhór de ghníomhaíochtaí na rannóige in Éirinn dírithe ar cheisteanna pleanála. San áireamh sna gníomhaíochtaí sin bhí rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara i dtionscadail éagsúla, a raibh baint ag úinéirí/glacadóirí agus údaráis phleanála leo. D'éirigh go maith le rannpháirtíocht na rannóige le húdaráis phleanála éagsúla maidir lena bpróisis dá bPleananna Ceantair Áitiúla agus dá gCriosanna Forbartha Straitéisí (CFS) agus bhí ról gníomhach ag an rannóg chomh maith i gcead pleanála nua nó leasaithe a fháil do shuímh shainiúla. Réamhriachtanas tábhachtach é stádas pleanála suíomhanna a bharrfheabhsú d'fhonn a chinntiú gur féidir leis an GNBS freagairt go cuí don éileamh éiritheach ar shócmhainní tráchtála agus cónaithe.

Go dtí seo, bhí formhór d'fhócas na rannóige i dtéarmaí tionscadal forbartha leanúnach dírithe ar an Ríocht Aontaithe, go háirithe margadh cónaithe Londan, áit a bhfuil an rannóg freagrach as forbairt ghníomhach breis is 5,000 aonad a bhainistiú. In Éirinn, tá roinnt tionscadal aitheanta a bhfuil sé beartaithe go ndéileálfaidh siad leis an éileamh ionchais ar chóiríocht oifige i lár Bhaile Átha Cliath agus cóiríocht tithíochta do theaghlaigh i gcodanna de Bhaile Átha Cliath freisin. Maidir le suímh i gceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath mar shampla limistéar a bhfuil urrús aici air, tá ról ceannródaíoch tógtha ag an GNBS i ndáil le tograí atá inmharthana ar bhonn tráchtála agus a bheith páirteach ón tús in obair na n-údarás pleanála agus infheisteoirí agus tionóntaí poitéinsiúla. Tá an rannóg ag soláthar fuinnimh agus acmhainní d'fhonn a chinntiú go bhfuil cinneadh á dhéanamh maidir leis na réitigh is oiriúnaí i dtéarmaí uas-scála forbartha, meascán, agus uainiú forbairtí.

Le cois a sainchúraim bainistíochta sócmhainní, tá an rannóg freagrach as trí nasc shuntasacha féichiúnaí a bhainistiú le parfhiachas comhiomlán de chuid €4 bhilliún, atá urraithe go príomha trí réadmhaoin atá lonnaithe sa Bhreatain. Ina theannta sin, tá ról ceannródaíoch glactha ag an rannóg chun dlús a chur faoi dhá thionscnamh an GNBS, tionscnaimh a bhaineann le foráil tithíocht shóisialta (leathnaigh 34-35 den Tuarascáil seo) agus Tionscnamh na hÍocaíochta Iarchurtha (leathnaigh 33 den Tuarascáil seo).

BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ - BREITHNIÚCHÁIN UM ROGHNÚ TIONSCADAIL

Réamhíocfaidh an GNBS cistí d'fhonn tionscadail a fhorbairt a measann sí atá inmharthana ar bhonn tráchtála, agus soláthar, éileamh agus praghsanna díolacháin indéanta á gcur san áireamh. I gcás tograí forbartha, tá cuid de na breithniúcháin a bhaineann le roghnú tionscadail san áireamh iontu seo a leanas:

Éileamh margaidh

Trí rannpháirtíocht leis an IDA agus leis an gceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath, d'aithin an GNBS éileamh éiritheach ar chóiríocht nua oifige laistigh de Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath áit a bhfuil fiontair cheannródaíocha dhomhanda sna hearnálacha teicneolaíochta, gnó, airgeadais agus eolaíochtaí saoil lonnaithe agus glactar leis gur ar na réimsí seo a bheidh insreabha láidre FDI dírithe sa mheántréimhse. Chomh maith leis sin, tá an GNBS ag smaoineamh ar an éileamh ionchais ar fhorbairt tráchtála nua ar fud mhór-ionaid uirbeacha na tíre. I ndáil le forbairt chónaithe, aithníonn an GNBS go bhfuil cothromaíocht le baint amach idir éileamh reatha an mhargaidh do thithe teaghlaigh trí/ceithre sheomra i láithreacha uirbeacha agus bunús an bheartais pleanála a bhfuil sé mar aidhm leis forbairt níos inbhuanaithe a spreagadh trí fho-uirbiú iomarcach a sheachaint agus dlúis níos airde a chur chun cinn i láithreacha oiriúnacha. Is é an prionsabal ginearálta atá ann go dtugtar tús áite do shuímh i nó cóngarach do láithreacha cónaithe bunaithe a bhfuil srianta soláthair iontu cheana féin.

Comhthéacs pleanála

Is breithniúchán tábhachtach i roghnú tionscadail é stádas pleanála reatha nó indéanta suíomh agus dá réir sin baineann fíorthábhacht le rannpháirtíocht le húdaráis phleanála ar bhonn an tionscadail aonair. Chomh maith leis sin, oibríonn an GNBS ar bhonn níos straitéisí leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis na húdaráis phleanála chun ceisteanna níos ginearálta a phlé. Tá rannpháirtíocht ghníomhach ag an nGníomhaireacht, mar shampla, le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an Dréacht-Scéim CFS do pháirteanna de cheantar na nDugaí, a thiocfaidh in ionad Scéimeanna Pleanála reatha Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath ('DDDA') roimh dheireadh 2013. Baineann fíorthábhacht le CFS i dtéarmaí pleananna na Gníomhaireachta tacú le forbairt spás oifige nua sa chathair. Maidir le tithíocht chónaithe, tá an GNBS rannpháirteach i gceisteanna beartais dála dlús cónaithe, foráil infreastruchtúir agus riachtanais phoitéinsiúla bunachar talún a d'fhéadfadh a bheith le réiteach ag leibhéal náisiúnta amach anseo, mar aon le leibhéal na n-údarás áitiúil, d'fhonn tacú le seachadadh forbairt chónaithe a bhfuil éileamh aitheanta ina leith.

Infhaighteacht infreastruchtúir/fóntas

Breithniúchán tábhachtach é an nascacht le seirbhísí reatha infreastruchtúir, draenála, seirbhísí uisce agus leictreachais mar shampla, mar chaiteachas caipitiúil díréireach láithreach, nó moill.

Rochtain agus conláistí

Breithniúchán a bhfuil fíorthábhacht leis é rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí agus gréasáin bhóithre. Breithniúchán suntasach agus suíomh á roghnú é dea-nascacht iompair. Tá ról lárnach ag pobal agus ag lucht oibre bunaithe mar aon le hinfhaighteacht conláistí áitiúla i dtionscadail tráchtála agus chónaithe a roghnú. Is cinntithigh thábhachtacha maidir le rogha láithreach iad scoileanna áitiúla, siopadóireacht áise agus seirbhísí sóisialta eile.

STRAITÉIS AGUS CUMARSÁID

Tá an **Rannóg Straitéise agus Cumarsáide** freagrach as anailís straitéiseach na punainne agus as straitéisí a fhorbairt a chuirfidh ar chumas an GNBS a cuspóir a chur i gcrích agus an fáltas airgeadais is fearr agus is féidir a chinntiú. I measc fheidhmeanna na rannóige tá athbhreithniú rialta foirmiúil ar straitéis an GNBS agus dearadh agus cur i bhfeidhm táirgí nua. Chomh maith leis sin, tá an rannóg freagrach as gníomhaíocht chumarsáide an GNBS a bhainistiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht an GNBS leis na meáin, gníomhaireachtaí Stáit agus príomhpháirtithe leasmhara eile an GNBS.

Pleanáil Straitéiseach

Cuireann an fhoireann um **Pleanáil Straitéiseach** moltaí faoi bhráid an Choiste Feidhmiúcháin agus an Bhoird maidir leis na straitéisí is oiriúnaí don GNBS i gcomhthéacs a cuspóirí reachtúla. Ullmhaíonn an fhoireann agus déanann sí anailís ar mhionsonraí punainne mar aon le hanailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar threochtaí sa mhargadh agus é mar aidhm moltaí oiriúnacha a fhorbairt. Déanann an fhoireann monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht roinnt príomhghnéithe de Straitéis an GNBS.

Chomh maith leis sin, tá ról aige i bhforbairt táirgí nua, lena n-áirítear dearadh DPI agus oiriúnacht táirgí dála Ciste Infheisteora Cailithe ('QIF') agus REITanna a mheas. I láthair na huaire, tá an fhoireann ag obair leis an ESRI ar chlár taighde a tháirgfidh tuairiscí taighde ar ábhair a bhaineann le soláthar agus éileamh amach anseo do thithíocht chónaithe in Éirinn.

Cumarsáid

Tá feidhm **Chumarsáide** an GNBS dírithe ar an tslí is fearr chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara a bhfuil spéis dhlisteanach acu i ngníomhaíochtaí an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil neart eolais acu faoi na gníomhaíochtaí sin agus go bhfuil meas acu ar an réasúnaíocht a bhaineann le tionscnaimh atá á gcur i gcrích ag an GNBS.

Tá príomh-rannpháirtíocht an GNBS lena féichiúnaithe agus ceannaitheoirí poitéinsiúla sócmhainní á rialú ag a féichiúnaithe agus glacadóirí agus tá an rannpháirtíocht seo á cur i gcrích ag foirne um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíochta Sócmhainní. Ó tharla tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí fhéichiúnaithe agus ghlacadóirí an GNBS ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí trí chéile, tá raon éagsúla páirtithe leasmhara eile (**Figiúr V**) a bhfuil leas acu sna gníomhaíochtaí sin, rud a chruthaíonn oibleagáid chomhfhreagrach don GNBS a chinntiú go bhfuil a peirspictíocht á cur in iúl do na páirtithe leasmhara .

FIGIÚR V: Príomhpháirtithe leasmhara an GNBS

Ionadaithe poiblí

Bunaithe ar scála an GNBS agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann, tá leas dlisteanach ag ionadaithe poiblí, atá ag gníomhú thar ceann a dtoghthóirí, i ngníomhaíochtaí an GNBS agus dá réir sin, tá fonn ar an GNBS a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag ionadaithe ar na gníomhaíochtaí sin, faoi réir srianta an dlí tráchtála agus baincéireachta. Bíonn an GNBS rannpháirteach le hionadaithe poiblí trí roinnt cainéal lena n-áirítear láithreacht an Chathaoirligh, an Phríomhfheidhmeannaigh agus feidhmeannach sinsearach ag coistí Oireachtais. Chomh maith leis sin, soláthraítear cainéal tiomnaithe rphoist a chuireann ar chumas chomhaltaí an Oireachtais ceisteanna ar ábhar imní iad dá dtoghthóirí a chur i láthair, mar shampla eastáit neamhchríochnaithe, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le réadmhaoin tréigthe, s.rl. Tá cainéal rphoist mar an gcéanna ar fáil do chomhaltaí Chomhthionól Thuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, déileálann an GNBS le ceisteanna ar ábhar imní don phobal iad trí fhreagairtí ar Cheisteanna Parlaiminte ('PQanna') a chuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais a bhaineann leis an GNBS (bhí breis is 350 PQanna den sórt sin ann in 2012).

Go ginearálta, tá sé mar aidhm ag an GNBS an méid eolais agus is féidir a sholáthar don phobal laistigh de na srianta forchurtha ag orduithe tráchtála agus dlí rúndachta baincéireachta. Déantar é seo, i bpáirt, trí ghnáthchainéil dála preasráiteas, óráidí, freagairtí ar fhiosrúcháin ón bpreas, nuashonruithe láithreán ghréasán agus bileoga eolais maidir le hábhair ar leith (tá sampla anseo thíos).

Chomh maith leis sin, déileálann an GNBS le thart ar 150 fiosrúchán rphoist ar an meán gach mí (trí info@nama.ie) agus thart ar 140 fiosrúchán teileafóin ar an meán ón bpobal gach mí.

DLÍ

Soláthraíonn an Rannóg **Dlí** comhairle neamhspleách don Bhord, don POF agus do rannóga gnó an GNBS ar roinnt ceisteanna dlí a bhfuil tionchar acu ar an GNBS agus a hoibríochtaí. Tá breis is 30 gairmí dlí agus foireann tacaíochta a bhfuil saineolas acu i réimse na réadmhaoine tráchtála, baincéireachta, dócmhainneachta agus dlíthíochta ag obair ar fhoireann na Rannóige Dlí. Bhí ról lárnach ag an Rannóg Dlí sa phróiseas díchill chuí dhlíthiúil a bhainistiú, gné riachtanach den phróiseas gnóthaithe agus luachála iasachta.

San áireamh i ról na Rannóige tá réitigh dhlíthiúla a sheachadadh agus riosca dlíthiúil a bhainistiú i réimsí dála aisghabháil sócmhainní, bainistíocht sócmhainní, dócmhainneacht, oibríochtaí, seachadadh seirbhísí dlíthiúla i measc na n-institiúidí rannpháirteacha agus tionscadail ilréimsiúla na Gníomhaireachta (DPI, mar shampla). Tá baint dhíreach ag an Rannóg le hathstruchtúrú fiachais, oibríochtaí iasachtaithe, straitéisí bainistíochta sócmhainní, straitéisí agus oibríochtaí forfheidhmithe agus iar-fhorfheidhmithe. Go dtí seo, cuid den obair seo ba ea comhairle straitéiseach dlí a sholáthar agus riosca dlí a aithint agus a bhainistiú i ndáil le hathstruchtúrú fiachais níos mó ná €10 mbilliún, díolacháin sócmhainní agus iasachtaí de chuid €7 mbilliún agus forfheidhmithe de chuid €3 bhilliún.

Punann bainistithe ag an GNBS

Soláthraíonn an Rannóg Dlí comhairle dlí agus seirbhísí trasghníomhaíochta d'fhoirne um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíochta Sócmhainní maidir le punann bainistithe ag an GNBS de 189 nasc féichiúnaí. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó féichiúnaithe, cuireann an rannóg Dlí comhairle ar an rannóg um Aisghabháil Sócmhainní agus ar an rannóg Bainistíochta Sócmhainní maidir le cur i bhfeidhm rogha straitéise an GNBS le haghaidh nascachta lena n-áirítear maoiniú do gach tionscadal nua, maoirseacht a dhéanamh ar dhíolacháin sócmhainní, athstruchtúrú iasachtaí agus urrús, aisiompú aistrithe sócmhainní agus glacadh le hurrús ar shócmhainní neamhualaithe.

Punann bainistithe ag PI

Soláthraíonn an Rannóg Dlí comhairle agus treoir beartais don rannóg Aisghabhála Sócmhainní i ndáil leis an bpunann bainistithe PI a áiríonn 586 nasc féichiúnaí agus a sholáthraíonn treoir agus comhairle do na foirne dlí sna Planna maidir le ceisteanna dlí a eascraíonn ón bpunann sin. Chomh maith leis sin, tá baint ag an Rannóg Dlí le caighdeáin seirbhísí a thaifeadadh agus ceisteanna seirbhíse a réiteach leis na hinstitiúidí rannpháirteacha.

Bord agus Grúpa an GNBS

Cuireann an Rannóg comhairle ar Bhord agus ar Ghrúpa an GNBS maidir le ceisteanna dlí, rialachas corparáideach agus oibleagáidí géilliúlachta. Bainistíonn an rannóg dlí struchtúir rialachais SPVanna an GNBS mar aon le comhairle a sholáthar maidir le cláir maoinithe an GNBS.

Dlíthíocht

Bainistíonn an Rannóg gach dlíthíocht tionscanta nó cosanta ag an GNBS, i ndáil lena punann iasachtaí agus eile. I rith 2012, dhéileáil an GNBS go rathúil le roinnt dúshlán a d'eascair as athbhreithnithe breithiúnacha. Tá luach na mbreithiúnas a fuarthas i gcúirteanna na hÉireann ó thráth tionscanta cothrom le breis is €1.1 billiún.

Oibríochtaí

Sholáthair an Rannóg Dlí comhairle maidir le, le cois an struchtúir dlí don DPI a chur chun feidhme, mar aon le comhairle a sholáthar maidir leis na hidirbhearta riachtanach chun aonaid tithíochta sóisialta a sheachadadh trí cheannach glan amach agus tríd an tsamhail léasaithe fadtréimhsí.

PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

I measc réimsí freagrachta an **Phríomhoifigigh Airgeadais tá Airgeadas, Oibríochtaí, Córais, Cáin, Cisteán** agus **Iniúchadh agus Riosca**.

Airgeadas

Tá an fhoireann **Airgeadais** freagrach as riachtanais tuairiscithe airgeadais agus bainistíochta na heagraíochta a bhainistiú. Seo a leanas na réimsí freagrachta atá i gceist:

Tuairisciú Airgeadais

- Cuntais Ráithiúla Alt 55 agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú.
- Idirchaidreamh le hiniúchóirí seachtracha maidir le próiseas iniúchta dheireadh na bliana.
- Monatóiriú agus rialú chostais oibriúcháin na heagraíochta.
- Bainistiú an phróisis bhliantúil costais bhuiséid agus nuashonruithe tréimhsiúla a ullmhú.
- Comhairle a thabhairt maidir le cuntasaíocht chuí, breaithniúcháin chomhlíonta agus riaracháin ghnó mar chuid de thionscnaimh nua ghnó an GNBS (mar shampla; tionscnamh tithíochta sóisialta).

Pleanáil agus Anailís Airgeadais

- Príomhtháscairí feidhmíochta eagraíochtúla (PTFanna) a thuairisciú don Bhord, do Choistí an Bhoird agus don Fhoireann Fheidhmiúcháin Sinsearach.
- Cuntais bhainistíochta agus príomhfhaisnéis bainistíochta eile a ullmhú.
- Láithreoireachtaí seachtracha a ullmhú do phríomhinfheisteoirí agus páirtithe leasmhara an GNBS.
- Buiséid bhliantúla agus réamh-mheastacháin eile a ullmhú.
- An próiseas bearnaithe débhliantúil a bhainistiú.

Bainistíocht Sonraí

- Tuairisc Ráithiúil Alt 55 (an tAcht) a ullmhú.
- Idirchaidreamh leis na Planna, Máistir-Sheirbhíseoir agus páirtithe leasmhara maidir le seachadadh sonraí iasachta.
- Feidhmíocht príomhréiteach sonraí iasachta soláthartha ag na Planna/an Máistir-Sheirbhíseoir.
- Maoirseacht ar thaifeadadh idirbheart féichiúnaí i gcórais PI agus an GNBS araon.
- Cothabháil agus forbairt chóras Thrádstóras Iasachtaí ('NLW') an GNBS.

Oibríochtaí

Tá an fhoireann **Oibríochtaí** freagrach as:

- Maoirseacht ar fheidhmíocht na Planna mar sholáthraithe seirbhíse riaracháin iasachtaí don GNBS agus do Mháistir-Sheirbhíseoir (Capita) an GNBS.

  I rith 2012, i ndiaidh críoch a chur le próiseas athbhreithnithe phlean ghnó na bhféichiúnaithe, cuireadh aistriú iomlán chuig bainistíocht dhíreach an GNBS ar fhéichiúnaithe níos mó i gcrích trí phrótacail shoiléire oibríochtúla agus bainistíochta cáis a bhunú agus ath-innealtóireacht a dhéanamh ar phróisis leis na Planna.
- Maoirseacht ar thionscadail oibríochtúla éagsúla laistigh den GNBS. San áireamh i measc na bpríomhghnóthachtálacha in 2012 bhí, *inter alia*, struchtúr foirmiúil a bhunú chun ioncam ó chíos féichiúnaithe a shainordú, atá forbartha go maith i dtéarmaí forfheidhmithe agus cur i bhfeidhm phlean comhtháthaithe oibríochtúil an GNBS, plean atá ag tacú le cumasc 2011 EBS agus AIB.

Córais

Tá an fhoireann Córas freagrach as sonraíocht, forbairt agus bainistíocht um chórais TF an GNBS.

Cuireadh roinnt garspriocanna a bhain le príomhchórais i gcrích in 2012:

- Cuireadh an Córas Bainistíochta Punainne ('PMS'), arb ionann é agus príomhbhunachar sonraí réadmhaoine agus príomhuirlis bainistíochta an GNBS, i bhfeidhm agus rinneadh é a rolladh amach in 2012.
- Chomh maith leis sin, cuireadh an Córas Bainistíochta Cáipéisí ('DMS') i bhfeidhm in 2012. Feidhmíonn DMS mar stór le haghaidh gach cáipéis.
- Rinneadh feabhas suntasach ar chóras Thrádstóras Iasachtaí ('NLW') an GNBS, córas arb ionann é agus stór lárnach do shonraí iasachta an GNBS agus, dá réir sin, tá nasc idir é agus príomhchórais eile an GNBS.
- Tá an Córas Faisnéise Geografaí ('GIS'), a sholáthraíonn amharc geospásúil de réadmhaoin nó de réadmhaoine sainiúla, curtha i bhfeidhm agus rollta amach.
- Cuireadh bogearraí Argus i bhfeidhm d'fhonn tacú le cinnteoireacht bainistíochta sócmhainní agus bainistíocht tionscadal forbartha.

Cáin

Tá an rannóg **Cánach** freagrach as:

- Oibleagáidí comhlíonta cánach na heagraíochta a bhainistiú.
- Struchtúir agus prótacail a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú, laistigh den GNBS agus na Planna, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceisteanna cánachais féichiúnaí/glacadóra á gcur san áireamh go cuí mar chuid d'idirbhearta réadmhaoine agus iasachta.
- Comhairle a sholáthar maidir le breithniúcháin chuí pleanála cánach agus struchtúrtha mar chuid de thionscnaimh nua ghnó an GNBS (mar shampla; comhfhiontair).

Cisteán

Tá an **Cisteán** freagrach as rioscaí Chlár Comhardaithe an GNBS agus a cuid riachtanas leachtachta a bhainistiú. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí dá chuid áirítear:

- Bainistiú riachtanas laethúil maoinithe agus leachtachta an GNBS.
- Bainistiú sócmhainní agus dliteanas ('ALM') an Chláir Chomhardaithe, lena n-áirítear rioscaí airgeadra agus ráta úis a bhainistiú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar leachtacht mheántréimhse agus fhadtréimhse an GNBS agus iad a thuar.
- Eisiúint Urrús Fiachais an GNBS a bhainistiú.

Iniúchadh agus Riosca

Tá an rannóg **Iniúchta agus Riosca** freagrach as:

- Dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS.
- Measúnú neamhspleách, agus dúshlán a thabhairt do leordhóthanacht na timpeallachta rialaithe agus na bpróiseas criticiúil eagraíochta (mar shampla; bearnú).
- Tacú le Príomhoifigeach Airgeadais an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil an GNBS ag feidhmiú laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca faofa ag an mBord.
- Comhordú gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha iniúchta ar fud an GNBS, Planna agus Máistir-Sheirbhíseoir.
- Monatóiriú agus tuairisciú don Choiste Iniúchta agus don Bhord maidir le dul chun cinn i ndáil le déileáil le gníomhaíochtaí a bhfuil aird tarraingthe orthu i dtorthaí an iniúchta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm Dearbhú Cáilíochta an GNBS.

SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AN GNBS

GBCN

Faoi Alt 41 den Acht, soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta don GNBS, lena n-áirítear AD, TF, Anailís Riosca Margaidh agus cur i gcrích agus próiseáil idirbheart fálaithe. Aisíocann an GNBS costais na seirbhísí seo le GBCN, seirbhísí ar fiú €37m (lena n-áirítear costais foirne) iad in 2012.

Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí breis agus 200 comhalta foirne a bhfuil taithí agus saineolas acu sna réimsí um iasachtú, réadmhaoin, cuntasaíocht, dlí, baincéireacht agus creidmheas, fostaithe ag an GNBS, trí mheán GBCN. D'fhonn fostaí poitéinsiúil ar bith a shannadh chuig an GNBS, ní mór do GBCN a chinntiú go gcomhlíonann an duine na caighdeáin charachtair atá leagtha amach in Alt 42 den Acht, nach bhfuil coinbhleacht leasa ábhartha ar bith ann agus go soláthraítear ráiteas leasa, sócmhainní agus dliteanas do GBCN.

INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA – SEIRBHÍSIÚ IASACHTAÍ AN GNBS

I mí Feabhra 2010, d'ainmnigh an tAire cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) mar Planna. Ar 1 Iúil 2011, aistríodh gnó INBS chuig an mBanc Angla-Éireannach agus, ar 14 Deireadh Fómhair 2011, d'athraigh an t-aonán nua seo a ainm go dtí Chorparáid na hÉireann um Réiteach Banc Teo. (IBRC). Ghnóthaigh AIB EBS ar 1 Iúil 2011 agus tá sé anois ag feidhmiú mar fhochuideachta de chuid AIB. Rinneadh Aonaid an GNBS a bhíodh faoi chúram iar-aonáin Angla agus INBS a chumasc mar aonad amháin in 2012, faoi mar a tharla freisin i gcás Aonaid an GNBS de chuid AIB agus EBS.

Tá dualgas ar Planna dea-chleachtas tionsclaíoch a chur i bhfeidhm agus iasachtaí an GNBS á mbainistiú acu. Tá aonaid tiomnaithe bunaithe acu chun iasachtaí an GNBS a bhainistiú agus tá dualgas orthu a chinntiú go bhfeidhmíonn na haonaid seo bunaithe ar roinnt foirne, córas, sonraí agus infreastruchtúir ó chodanna eile den institiúid.

Faoi Alt 131 den Acht, d'eisigh an GNBS Treoir do gach PI ag sonrú a n-oibleagáidí mionsonraithe i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad don GNBS. Áirítear sa Treoir seo ceisteanna dála struchtúr agus nósanna imeachta rialachais, nósanna imeachta bainistíochta creidmheasa, nósanna imeachta caidreamh custaiméirí, nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus nósanna imeachta tuairiscithe leis an, agus ag oibriú leis an, GNBS agus an Máistir-Sheirbhíseoir.

Reáchtáiltear cruinnithe míosúla an Choiste Stiúrtha idir an GNBS agus gach PI d'fhonn maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar sheachadadh seirbhíse. Tá trí fhoireann de chúigear comhalta foirne an ceann sannta ag an GNBS chuig na Planna uile: tá na foirne lonnaithe in aonaid éagsúla an GNBS de chuid na Planna agus tá siad freagrach as bainistiú fhéichiúnaithe an GNBS. Lena chois sin, déantar monatóireacht ar na Planna trí tháscairí feidhmíochta agus bítear ag súil go mbeidh Leibhéil Seirbhísí sonraithe á gcomhlíonadh nó á sárú (mura ndéanfar seo beidh Táillí Seirbhíse, nó fíneálacha, le híoc).

Tá táillí PI i ndáil le seirbhísí a soláthraítear leis an GNBS bunaithe ar 10 mbonnphointe de chostais tabhaithe iarbhír ainmniúla nó iarbhír, cibé luach is lú. Bhí an táille chomhiomlán iníoctha leis na cúig PI in 2012 cothrom le €56.4m, 8 mbonnphointe ar an meán; b'ionann seo agus íocaíocht don obair a rinne thart ar 550 comhalta foirne a bhí fostaithe chun riarachán iasachtaí a dhéanamh agus rannpháirtíocht an GNBS le 586 nasc féichiúnaí nach raibh a n-iasachtaí á mbainistiú go díreach ag an GNBS a bhainistiú.

Máistir-Sheirbhíseoir

Tá Seirbhísí Sócmhainní Capita ag feidhmiú mar Mháistir-Sheirbhíseoir. Is é an fheidhm atá aige ná sonraí iasachta a thiomsú ón gcúig PI agus eolas comhdhlúite airgeadais agus bainistíochta a sholáthar don GNBS maidir lena punann. Íocadh táille €3.5m le Capita i ndáil le 2012.

SOLÁTHAR

Ó am go ham, teastaíonn cúnamh sainsholáthraithe seirbhíse ón GNBS chun a cuspóir reachtúil a bhaint amach i ndáil leis an bhfáltas airgeadais is fearr agus is féidir a chinntiú don Stát. Príomhchritéar i roghnú na soláthraithe seirbhíse é an féidir leo luach ar airgead a sholáthar don cháiníocóir.

Tá an GNBS, mar údarás conarthach, faoi réir Theoir AE 2004/18/CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na 'Rialacháin'), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí ar fiú sa bhreis ar thairseacha luacha áirithe socraithe ag an AE iad. Na prionsabail atá mar bhonn taca leis na Rialacháin ná cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – glanann an GNBS le próiseas iomaíoch atá deartha chun an luach ar airgead is fearr is féidir a fháil a ghnóthú.

Tá liosta na dtairiscintí uile arna reáchtáil ag an GNBS agus torthaí na dtairiscintí le fáil ar a láithreán gréasáin www.nama.ie.

RIALACHAS

BOIRD AGUS COISTÍ AN BHOIRD

Faoi Alt 19 den Acht, cuimsíonn Bord an GNBS Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí. Ceapann an tAire an Cathaoirleach agus seisear comhaltaí agus is comhaltaí Boird *de bhrí oifige* iad Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus Príomhfheidhmeannach GBCN. Foráiltear le haghaidh **príomhfheidhmeanna** an Bhoird faoi Alt 18 den Acht:

- A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil
- Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a bhaint amach
- Gach beart réasúnach atá ar fáil dóibh a ghlacadh de láimh chun na spriocanna agus cuspóirí sin a bhaint amach

Tá sceideal ceisteanna forchoimeádta ag an mBord lena fhaomhadh agus déileálann sé le ceisteanna creidmheasa laistigh dá leibhéal tarmligthe údaráis.

Cheap an tAire Airgeadais ceathrar comhaltaí Boird ar an 22 Nollaig 2009. Is iad siúd Frank Daly (Cathaoirleach), Éilish Finan, Brian McEnery, agus Willie Soffe. Cheap an tAire Steven Seelig ina dhiaidh sin ar an 26 Bealtaine 2010. An bheirt chomhaltaí Boird *de bhrí oifige* ná John Corrigan (Príomhfheidhmeannach GBCN) agus Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS). I rith 2012, líon an tAire dhá fholúntas ar an mBord trí John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní an GNBS) a cheapadh ar an 7 Márta 2012. D'fhógair an tAire go raibh Oliver Ellingham ceaptha ar an mBord le héifeacht ón 10 Aibreán 2013.

Tá téarma oifige na gcomhaltaí Boird leagtha idir trí agus cúig bliana agus níl aon chomhalta ceaptha i dteideal fónamh ar níos mó ná dhá théarma oifige comhleanúnach. Cinneann an tAire leibhéal luacha saothair na gcomhaltaí ceaptha agus a gcuid teidlíochta d'aisíocaíocht na gcostas dá gcuid. Ní fhaigheann na comhaltaí *de bhrí oifige* ná an tUas. Mulcahy, ina ról mar chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin, aon luach saothair breise de thairbhe gur comhaltaí de Bhord an GNBS iad.

I rith 2012 tháinig an Bord le chéile ar 28 ócáid agus tháinig sé Choiste an Bhoird le chéile ar 83 ócáid. Tá sonraí tinrimh i ndáil le cruinnithe Boird agus Coiste leagtha amach i **dTábla 15**.

Bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúil faoi Alt 32 den Acht agus dhá choiste comhairleach eile faoi Alt 33. Seo a leanas iad:

- An Coiste Iniúchóireachta (faoi chathaoirleacht Brian McEnery)
- An Coiste Creidmheasa (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- An Coiste Bainistíochta Riosca (faoi chathaoirleacht Steven Seelig)
- An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin (faoi chathaoirleacht Éilish Finan)
- An Coiste Comhairleach Pleanála (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (faoi chathaoirleacht Frank Daly)

Tá glactha ag Bord le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) mar atá curtha in oiriúint do struchtúr rialachais ar leith an GNBS agus ceanglais reachtúla an Achta. Áit ar gá, tá socruithe déanta d'fhonn géilliúlacht leis an gCód a chinntiú, agus déantar athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta an Bhoird ar bhonn tréimhsiúil d'fhonn géilliúlacht leis an gCód a chinntiú mar aon le dea-chleachtas i réimse an rialachais chorparáidigh.

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus tá an Rúnaí freagrach freisin as feidhmiú na gCoistí Boird éagsúla; tá Oifigeach ag a bhfuil saineolas cuí agus atá ag feidhmiú mar Rúnaí don Choiste ag tacú le gach Coiste chomh maith. .

TÁBLA 15: Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Cruinnithe Choiste an Bhoird in 2012

	Bord	Iniúchadh	Creidmheas	Airgeadas agus Feidhmiúchán	Bainistíocht Riosca	Comhairle Phleanála	Tuairceart Éireann
Comhaltaí Boird:							
Frank Daly	28						4
John Corrigan	21				6		
Éilish Finan	28	14		12			3
John Mulcahy*	23		33	3	6	4	
Brendan McDonagh	28		36	11	8	5	
Brian McEnery	26	14	26				2
Steven Seelig	22	12			7		
Willie Soffe	28		40	12		5	4
Comhaltaí seachtracha:							
Jim Kelly		13					
Michael Wall						5	
Alice Charles						5	
Brian Rowntree							4
Frank Cushnahan							4

*Ceapadh John Mulcahy chuig an mBord ar an 7ú Márta 2012 agus d'éirigh sé as ón gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin i mí na Bealtaine 2012

TUARASCÁLACHA Ó CHATHAOIRLIGH CHOISTÍ AN GNBS

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta triúr comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus comhalta seachtrach amháin.

Cuimsítear na baill seo a leanas ar an gCoiste Iniúchóireachta:

- Brian McEnery (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Éilish Finan (Comhalta Boird)
- Steven Seelig (Comhalta Boird)
- Jim Kelly (Comhalta seachtrach)

Is iar-oifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí Ioncaim é an tUas. Jim Kelly. Bhí sé ina chomhalta Boird de chuid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus bhí sé ina Rúnaí don Choimisiún Cánachais 2008-2009.

Tá cinneadh déanta ag an mBord gur iad Brian McEnery agus Éilish Finan saineolaithe airgeadais an Choiste agus gur é Steven Seelig saineolaí riosca an Choiste.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire déag le linn 2012.

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an mBord a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh sna feidhmeanna seo a leanas:

- Sláine an phróisis tuairiscithe airgeadais.
- Neamhspleáchas agus sláine na bpróiseas iniúchóireachta seachtracha agus inmheánacha.
- Éifeachtacht um chóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh an GNBS.
- Na próisis atá ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na soláthraithe seirbhíse iasachta lena gcuid oibleagáidí conarthachta leis an GNBS.
- Géilliúlacht le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais an GNBS.
- Socruithe tuairiscithe de mheon macánta le haghaidh fhostaithe an GNBS chun ábhair imní a chur in iúl, faoi rún, maidir le héagóir fhéidéartha i dtuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile agus a chinntiú go ndéantar foráil d'imscrúdú comhréireach agus neamhspleách agus gníomh leantach sna socruithe sin.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2012:

1. Tuairisciú airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, chomh maith leis na fógraí foirmiúla eile ar fad maidir leis na ráitis airgeadais, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad. Dhírigh an t-athbhreithniú ach go háirithe ar athruithe i gcleachtais agus i mbeartas cuntasaíochta, mór-réimsí daorbhreithiúnais, agus géilliúlacht le riachtanais dhlíthiúla (lena n-áirítear aon riachtanais faoin Acht) agus riachtanais rialála.

2. Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchóir seachtrach ainmnithe faoin Acht. Níor chuir sé aon seirbhísí neamh-iniúchta ar fáil le linn 2012. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh iniúchta agus bhuail siad leis an iniúchóir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí a iniúchta ar na ráitis airgeadais.

3. Iniúchadh inmheánach

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúchóir inmheánach. Áiríodh ina measc sin achoimrí ar phríomhthorthaí gach iniúchta sa tréimhse agus nuashonruithe ar an gclár oibre beartaithe. Ar bhonn leanúnach, chinntigh an Coiste go bhfuil acmhainní imleora ann do na gníomhaíochtaí sin agus go bhfuil seasamh iomchuí acu laistigh den GNBS. Áiríodh leis seo comhaontú den phlean iniúchta sheachtraigh bhliantúil. Lena chois sin, chinntigh an Coiste comhordú idir na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

4. Rialuithe inmheánacha

Rinne an Coiste measúnú ar chóras na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear na nósanna atá glactha ag GBCN i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna géilliúlachta agus rialuithe don GNBS. Tuairiscíodh torthaí an Choiste chuig an mBord.

5. Monatóireacht ar sholáthraithe seirbhíse

Fuair an Coiste nuashonruithe rialta ón mBainistíocht agus ón iniúchóir inmheánach faoi fheidhmíocht na soláthraithe seirbhíse sin, á dtagarmharcáil i gcoinne spriocanna comhaontaithe.

Tugadh cuireadh mar ba chuí don Phríomhoifigeach Airgeadais, don Cheannaire Iniúchóireachta agus Riosca, d'fheidhmeannaigh sinsearacha eile an GNBS agus d'ionadaithe na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha freastal ar chuid de chruinniú ar bith nó ar an gcruinniú go léir. Bhuail an Coiste ar bhonn ar leithligh leis an iniúchóir seachtrach, leis an iniúchóir inmheánach, le Príomhoifigeach Airgeadais an GNBS, le Ceannaire Iniúchóireachta agus Riosca an GNBS, le Ceannaire Rialaithe GBCN agus le hOifigeach Géilliúlachta GBCN. Tá rochtain dhíreach, gan teorainn, ag gach duine díobh sin ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

Brian McEnery
Cathaoirleach

AN COISTE CREIDMHEASA

Faoi Alt 32 den Acht éilítear ar an mBord, atá freagrach ar deireadh as riosca creidmheasa an GNBS, Coiste Creidmheasa a bhunú a fheidhmeoidh faoina údarás tarmligthe. Feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir Théarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord de réir mar a éilítear faoi Alt 32(6) den Acht.

Cuimsítear na baill seo a leanas ar an gCoiste Creidmheasa:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brian McEnery (Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boird)
- Aideen O'Reilly (Ceannaire Dlí)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Michael Moriarty (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)

D'éirigh Graham Emmett as ón GNBS le linn 2012 agus tháinig Michael Moriarty ina áit mar chomhalta Coiste. Ceapadh Dónal Rooney mar chomhalta amhail ó 1 Eanáir 2013.

Is iondúil go mbuaileann an Coiste, a tháinig le chéile ar 40 ócáid in 2012, ar bhonn seachtainiúil ach buaileann siad níos minice nó níos annaimhe de réir mar is gá. De bharr a nádúir, tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste Creidmheasa i leith comhairle a chur ar an mBord maidir le beartas creidmheasa an GNBS a bhunú agus i gcinntiú go bhfuil an chinnteoireacht maidir le bainistíocht féichiúnaithe comhsheasmhach le beartas trí chéile an Bhoird.

I gcomhréir leis an mbeartas creidmheasa atá faofa ag an mBord, agus faoi réir teorainneacha punainne comhaontaithe, is é an Coiste Creidmheasa an t-údarás cinnteoireachta atá freagrach as iarratais ar chreidmheas a fhaomhadh nó a dhiúltú, atá faoi bhun an leibhéil is gá le haghaidh faofa an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás faofa creidmheasa arna tharmligean do Phríomhfheidhmeannach an GNBS ag an mBord. Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach meabhraithe agus tráthúil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach i leith creidmheasa maidir le fiacha faighte ag beagnach 800 nasc féichiúnaí.

Sainmhínítear iarratas ar chreidmheas go forleathan mar imeacht ar bith lena n-athraítear go hábhartha próifíl riosca bhunúsaigh neamhchosanta nó féichiúnaí. Áirítear leis sin athbhreithnithe straitéiseacha féichiúnaithe, iarratais ar chreidmheas breise, athstruchtúrú nó comhréiteach oibleagáidí iasachta, faomhadh le haghaidh díolachán réadmhaoine, iarratais ar mhaoiniú díoltóra nó ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal comhfhiontair, cinntí maidir le ráthaíochtaí pearsanta agus faomhadh gníomhaíochtaí forfheidhmithe, lena n-áirítear glacadóireacht, athshealbhú agus gníomhaíochtaí eile dá leithéid.

Áirítear i measc bpríomhfhreagrachtaí an Choiste:

1. Measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chreidmheas a thagann lasmuigh d'údarás tarmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh. Is féidir iad sin a fhaomhadh/a dhiúltú/a leasú de réir mar is cuí. Sa chás go bhfuil leibhéal an riosca níos mó ná údarás an Choiste, déantar iarratas ar chreidmheas a tharchur, le moladh ón gCoiste Creidmheasa, chuig an mBord le haghaidh cinnidh.
2. Beartais chreidmheasa agus earnálacha mholta a fhorbairt agus a mheasúnú le haghaidh bhreathnú/fhaomhadh an Bhoird.
3. Príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, beartais agus straitéisí a bhunú lena bhféadfaí feidhmíocht na punainne ina hiomláine a mheasúnú agus a athshainiú de réir mar is cuí ar bhonn tréimhsiúil, agus a thorthaí a thuairisciú don Bhord.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2012:

1. A chinntiú go bhfuil na córais atá ar bun chun plé le hiarratais ar chreidmheas chuig an gCoiste agus chuig an mBord éifeachtach, éifeachtúil agus iomchuí.
2. Athbhreithniú ar straitéisí féichiúnaithe faofa ag GNBS agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo; agus rinneadh athbhreithniú ar Phleananna Gnó féichiúnaithe i ndáil le saoráidí nascachta gnóthaithe le déanaí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste athbhreithniú débhliantúil ar straitéisí uasféichiúnaithe an GNBS (is éard atá i gceist le huasféichiúnaithe ná féichiúnaithe arb ionann iad agus 50% d'fhiachas iomlán an GNBS).
3. Measúnú, moladh agus faomhadh a dhéanamh i leith os cionn 300 iarratas ar leith ar chreidmheas, sa raon ó chinntí bainistíochta sócmhainne go dtí cúrsaí casta a bhaineann le gníomhaíochtaí straitéise féichiúnaí, ar nós maoiniú leantach na sócmhainní forbartha. Rinne an Coiste athbhreithniú ar 91 páipéar a bhí le moladh do Bhord an GNBS. Lena chois sin, rinne an Coiste maoirseacht ar bhreis is 650 cinneadh aonair a rinneadh laistigh de leibhéal údarás tarmligthe an POF.
4. Cinntí a dhéanamh maidir le forfheidhmithe agus comhaontuithe féichiúnaí.

5. Beartais chreidmheasa agus beartais earnálacha araon a fhorbairt agus a fheabhsú; agus faisnéis bainistíochta ghaolmhar a chomhshamhlú.
6. Athbhreithniú ar an straitéis um Bainistíocht Sócmhainní agus athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn a dtionscadal roghnaithe.

Meastar go mbeidh 2013 ina bliain dhúshlánach eile don Choiste Creidmheasa de réir mar a leanann an GNBS uirthi ag feidhmiú i dtimpeallacht eacnamaíoch dheacair in Éirinn ach go háirithe agus ionchas neamhchinnte sa Ríocht Aontaithe. Is sa dá dhlínse seo go príomha atá sócmhainní an GNBS lonnaithe. Tá leachtacht agus infhaighteacht an mhaoinithe bainc fós gann agus tá na cinntí creidmheasa arna gcur faoi bhráid an Choiste Creidmheasa, de réir an nádúr dá gcuid, dúshlánach go maith. Toisc go bhfuil ar an GNBS dearcadh tráchtála ach stuama a ghlacadh fad is a choinníonn sí na caighdeáin is airde oibiachtúlachta agus ionracais, déantar gach togra a mheasúnú go dian agus déantar na roghanna éagsúla a bhreithniú go hiomlán. Aithníonn an Coiste go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a chuid cinntí ar na sócmhainní agus na féichiúnaithe lena mbaineann, ach tá sé meáite tacú le tionscadail a thugann breisluach d'fhonn gníomhaíocht agus fostaíocht a spreagadh agus chun an toradh don cháiníocóir Éireannach a uasmhéadú.

Willie Soffe
Cathaoirleach

AN COISTE BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhainistiú na rioscaí, a mbeadh caillteanais airgeadais agus/nó loiceadh an GNBS a cuid cuspóirí a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach ina Plean Straitéiseach i gceist dá dtoradh, dá dtarlódh a leithéid.

Cuimsítear na baill seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta Riosca:

- Steven Seelig (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- John Corrigan (Príomhfheidhmeannach, GBCN agus Comhalta Boird)
- Aideen O'Reilly (Ceannaire Dlí)
- Dave McEvoy (Ceannaire an Chisteáin)
- David Johnson (Ceannaire Iniúchóireachta agus Riosca)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Seán Ó Faoláin (Ceannaire na Straitéise agus Cumarsáide)

Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2012. Ceapadh Dónal Rooney[6] agus David Johnson chuig an gCoiste ar an 10ú Bealtaine 2012.

Áirítear i measc bpríomhfhreagrachtaí an Choiste:

1. Athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar phleananna na Foirne Feidhmiúcháin chun rioscaí ábhartha atá os comhair an GNBS a aithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú.
2. Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus athbhreithniú creata bainistíochta Riosca Fiontair agus á sásamh féin go bhfuil gníomhaíochtaí iomchuí á nglacadh sa chás go n-aithnítear aon ábhair imní shuntasacha.
3. A chinntiú go soláthraíonn samhail eagrúcháin agus rialachais um bainistíocht riosca an GNBS leibhéil iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Sna catagóirí riosca arna n-aithint i mBeartas Riosca Fiontair an GNBS áirítear na rioscaí seo a leanas: riosca clúimheasa agus polaitiúil, oibriúcháin, creidmheasa, cláir chomhardaithe (lena n-áirítear rátaí úis, rátaí malairte agus fachtóirí eile a thagann le chéile le dul i gcion ar phraghas sócmhainní agus dliteanas ar an gclár comhardaithe), riosca leachtachta, coireachta airgeadais agus rialála, straitéiseach, teicneolaíochta faisnéise, dlí, cánachais, acmhainní daonna, slándála, agus riosca maicreacnamaíochta agus réadmhaoine. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca an GNBS maoirseacht ar phróisis lamháltais riosca, bainistíochta riosca agus measúnaithe riosca an GNBS, lena chinntiú go gcloíonn gach gné den chreat bainistíochta riosca leis na teorainneacha riosca faofa le haghaidh gach catagóire riosca mar atá bunaithe ag Bord an GNBS.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2012:

1. Rinne Coiste Bainistíochta Riosca an GNBS maoirseacht ar na himpleachtaí bainistíochta riosca a bhí ag eascairt ó athruithe ar struchtúr eagraíochtúil an GNBS, athruithe a raibh comhdhlúthú na bhfeidhmeanna reatha túslíne agus rialuithe mar thoradh leo mar aon le cruthú feidhmeanna nua a raibh cuspóirí nua agus méadaithe luaite leo mar aon le rioscaí gaolmhara.

   Lena chois sin, rinne an Coiste mionscrúdú ar nádúr phróifíl riosca an GNBS agus na dúshláin a bhainfeadh le bainistíocht riosca ag nó os cionn an lamháltais sonraithe ag an mBord. De thoradh na measúnuithe, chuir an Coiste roinnt moltaí faoi bhráid an Bhoird ag éileamh athruithe ar bheartas, tomhas, teorainneacha riosca nó straitéis bainistíochta riosca d'fhonn riosca a laghdú chuig laistigh do leibhéal réasúna an Bhoird.. Thacaigh rannóg Iniúchóireachta agus Riosca an GNBS leis an gCoiste chun an obair seo a dhéanamh, rud a chinntíonn go bhfuil ábhar agus rioscaí éiritheacha agus teagmhais riosca á dtuairisciú do, agus á mbreithniú, ag an gCoiste.

6 *Tháinig Dónal Rooney in áit Stiúrthóir FTR GBCN, Brendan Murphy, mar chomhalta*

2. Cuireadh tuilleadh feabhais fós ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe deiridh an GNBS a thuiscint (agus, dá réir sin, nádúr na próifíle riosca) in 2012 nuair a cuireadh críoch le gnóthú an phróisis díchill chuí agus trí cháilíocht na faisnéise bainistíochta a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Lean an Coiste lena athbhreithniú rialta ar chomhpháirteanna éagsúla riosca an chláir chomhardaithe, na modhanna faoina ndéantar na rioscaí sin a thomhas agus a thuairisciú, agus straitéisí malartacha um maolú riosca. Mar shampla, mhol an Coiste don Bhord, glacadh le straitéisí athbhreithnithe fálaithe chun ráta úis, malairt eachtrach agus riosca tar-rollta a laghdú; fuascailt bannaí an GNBS chun an riosca leachtachta a bhaineann le hidirghabháil oiriúnach airgid thirim d'oibríochtaí leanúnacha a chothú i gcoinne cúlra suntasach d'éiginnteacht mhaicreacnamaíoch san Eoraip a mhaolú; agus athruithe ar phróifíl riosca an GNBS mar thoradh ar phróisis nó tionscnaimh nua nó mar fhreagairt ar theagmhais sheachtracha a bhfuil tionchar acu ar an GNBS agus gnóthachtáil a cuspóirí.

3. Is d'inneach oibriú an GNBS rioscaí oibríochtúla agus cuid d'obair an Choiste Bainistíochta Riosca ba ea athbhreithniú leanúnach ar na Cláir Rioscaí Fheidhmiúla, a ndearnadh nuashonrú rialta orthu i rith 2012. Mar chuid d'atheagrú fheidhmeanna an GNBS, rinneadh athbhreithniú ar na Cláir Rioscaí tionlacain d'fhonn rioscaí nua agus éiritheacha a aithint, deireadh a chur le dúbailt agus athlíniú úinéireacht riosca agus freagrachtaí a chinntiú, trí fheidhmeanna nua um Aisghabháil Sócmhainní, Bainistíochta Sócmhainní agus Príomhoifigeach Airgeadais go príomha. Chomh maith leis sin, thug an coiste dúshlán an lucht Bainistíochta machnamh a dhéanamh ar na rioscaí nach bhfuil luaite ar an gclár cheana féin. Rinneadh cur i bhfeidhm córas nua Tairseach Riosca chun na cláir rioscaí a bhainistiú a rolladh amach ar fud na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, lean an Coiste Bainistíochta Riosca le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar Chláir Rioscaí an tSoláthraí Máistir-Sheirbhíseora agus na Planna d'fhonn léargas a fháil ar thionchar agus ar dhóchúlacht teagmhas riosca lasmuigh den GNBS a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí an GNBS a chur i gcrích. Lean an Coiste ag tacú le timpeallacht rialuithe stuama trí shíniú a éileamh áit a bhfuil sé beartaithe rialú a thástáil i ráithe ar leith. Rinne an Coiste mionscrúdú ar rioscaí a bhí rátáilte mar rioscaí éiritheacha arda nó suntasacha d'fhonn dearbhú a thabhairt go raibh freagairt an lucht Bainistíochta oiriúnach. Rinneadh pleananna gníomhaíochta rialaithe a athbhreithniú le haghaidh gach riosca a aithníodh lena chinntiú go raibh na rioscaí a bhí fágtha laistigh de lamháltas riosca faofa an GNBS. Tá an grúpa oibre riosca a sholáthraíonn meicníocht d'fhonn a chinntiú go bhfuil prionsabail na bainistíochta riosca á n-imscaradh ar fud an GNBS ag leanúint le fóram a sholáthar chun aird a tharraingt ar rioscaí nua agus éiritheacha agus chun feasacht ar chleachtais agus ar bheartais bainistíochta riosca ar fud an GNBS a chur chun cinn. Soláthraíodh oiliúint feasachta riosca d'fhostaithe uile an GNBS.

Steven Seelig
Cathaoirleach

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEIDHMIÚCHÁIN

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin beirt chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus cúigear feidhmeannach sinsearach an GNBS (lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach an GNBS).

Cuimsítear na baill seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin:

- Éilish Finan (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Willie Soffe (Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- Dave McEvoy (Ceannaire an Chisteáin)
- Dónal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)
- Michael Moriarty (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Seán Ó Faoláin (Ceannaire na Straitéise agus Cumarsáide)

Tháinig an Coiste le chéile dhá uair déag in 2012. Ceapadh Dónal Rooney agus Michael Moriarty chuig an gCoiste i mí na Bealtaine 2012.[7]

Is í príomhfhreagracht an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a tuairisciú buiséadach agus bainistíochta, lena n-áirítear:

- An tuairisciú airgeadais agus bainistíochta uile cibé an leis an Aire Airgeadais, an tOireachtas nó a mhalairt (seachas cuntais bhliantúla an GNBS, atá mar fhreagracht an Choiste Iniúchóireachta).
- Cuntais bainistíochta a ullmhú.
- Buiséid bhliantúla agus réamh-mheastacháin eile a ullmhú.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar athraitheas i gcomparáid le feidhmíocht an bhuiséid agus na bliana roimhe sin.
- Mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh.
- Soláthar a bhainistiú.
- Maoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeádta go sonrach do chomhaltaí eile an Bhoird)

Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin maoirseacht ar fhreagrachtaí na Foirne Feidhmiúcháin i ndáil le beartais airgeadais, oibríochtúla agus bhuiséadacha an GNBS a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, agus an tuairisciú cuí a dhéanamh ina leith.

7 *Tháinig Dónal Rooney in áit Stiúrthóir FTR GBCN, Brendan Murphy, agus tháinig Michael Moriarty in áit John Mulcahy.*

Cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird a bhaineann le caiteachas agus le riachtanais bhuiséadacha an GNBS. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord, i ndáil le príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste.

I rith 2012, rinne an GNBS dul chun cinn suntasach maidir lena hinfreastruchtúr bunúsach Airgeadais agus Oibríochtaí (Príomhoibríochtaí agus Príomhchórais araon) a fhorbairt.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí agus réimsí dul chun cinn ar leith atá i gceist:

1. Airgeadas

- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an bhfaisnéis bainistíochta atá á soláthar d'Fhoireann Feidhmiúcháin, Coiste agus Bord Airgeadais agus Feidhmiúcháin an GNBS. Is príomhréimse fócais é seo go fóill.
- Cuireadh feabhas suntasach ar an bpróiseas chun sreabhadh airgid féichiúnaí a ullmhú don athbhreithniú bearnaithe deireadh bliana chun tuairisciú níos tráthúla a éascú ag deireadh na bliana agus faisnéis bainistíochta feabhsaithe a sholáthar don Fhoireann Feidhmiúcháin, Coistí Boird agus don Bhord. Os a choinne sin, cuireadh tús le próiseas bearnaithe débhliantúil in 2012.
- Cuireadh tús le próiseas feabhsaithe buiséadaithe agus réamhaisnéise mar chuid de thimthriall ullmhaithe buiséid 2013.
- Mar chuid de phlean leanúnach comhtháthaithe, ghlac Foireann Airgeadais GNBS freagracht as bainistíocht iomlán an mhórleabhair ghinearálta agus na bpróiseas gaolmhar a d'eascair as Capita i rith 2012.
- Lean an GNBS lena próisis tuairiscithe agus na sonraí bunúsacha airgeadais atá á soláthar ag na Planna a fhorbairt agus a fheabhsú.

2. Oibríochtaí

Príomhoibríochtaí

- I ndiaidh críoch a chur le próiseas athbhreithnithe phlean ghnó na bhféichiúnaithe, cuireadh aistriú iomlán chuig bainistíocht dhíreach an GNBS féichiúnaithe níos mó i gcrích trí phrótacail shoiléire oibríochtúla agus bainistíochta cáis a bhunú agus ath-innealtóireacht a dhéanamh ar phróisis leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha
- Bunaíodh creat rialachais do gach beartas agus nós imeachta an GNBS lena n-áirítear teimpléid chaighdeánaithe, clár d'oibleagáidí agus clár beartas agus nósanna imeachta mar aon le sceideal úinéireachta agus athbhreithnithe in 2012

- Bunaíodh struchtúr foirmiúil chun ioncam féichiúnaithe ó chíos a shainordú in 2012 agus tá dul chun cinn déanta i dtéarmaí an struchtúir seo a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na bainc imréitigh.
- Cuireadh plean comhtháthaithe oibríochtúil an GNBS, plean atá mar bhonn le cumasc 2011 EBS agus AIB, i bhfeidhm in 2012.
- Cuireadh bailchríoch ar chlár mionsonraithe sócmhainní do gach aonad aonair réadmhaoine an GNBS sa PMS in 2012.

Córais

- Cuireadh an PMS, arb ionann é agus príomhbhunachar sonraí réadmhaoine agus príomhuirlis bainistíochta an GNBS dá foireann um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíochta Sócmhainní, i bhfeidhm in 2012 agus rinneadh é a rolladh amach in 2012 chomh maith céanna.
- Chomh maith leis sin, cuireadh an DMS i bhfeidhm in 2012. Feidhmíonn DMS mar stór le haghaidh gach cáipéis. Tá príomhfheidhmiúlacht seachadta ar mhaithe le leaganacha cáipéisí a bhainistiú, roinnt a shimpliú agus comhtháthú ríomhphoist a sholáthar.
- Rinneadh feabhas suntasach freisin, i rith 2012, ar chóras NLW, córas arb ionann é agus stór lárnach do shonraí iasachta an GNBS agus, dá réir sin, córas a bhfuil nasc idir é agus príomhchórais eile an GNBS. Tá sé beartaithe NLW a fheabhsú a thuilleadh in 2013, go háirithe chun feabhas straitéiseach ardán bainistíochta faisnéise na heagraíochta a éascú.
- Tá an GIS, a sholáthraíonn amharc geospásúil de réadmhaoin nó de réadmhaoine sainiúla, curtha i bhfeidhm agus rollta amach.
- Cuireadh bogearraí Argus i bhfeidhm d'fhonn tacú le cinnteoireacht bainistíochta sócmhainní agus bainistíocht tionscadal forbartha.

Éilish Finan
Cathaoirleach

COISTE COMHAIRLEACH THUAISCEART ÉIREANN

Déanann an tAcht foráil le haghaidh bunú coistí comhairleacha agus, ar mholadh an Aire Airgeadais, bhunaigh an GNBS Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann. An cuspóir atá aige ná comhairle a chur ar an mBord i ndáil leis an straitéis le haghaidh sócmhainní Thuaisceart Éireann.

Cuimsítear na baill seo a leanas ar Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann:

- Frank Daly (Cathaoirleach)
- Brian McEnery (Comhalta Boird)
- Éilish Finan (Comhalta Boird)
- Willie Soffe (Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Frank Cushnahan (Comhalta seachtrach)
- Brian Rowntree (Comhalta seachtrach)

Tá roinnt post neamhfheidhmiúcháin ina sheilbh ag an **Uas. Cushnahan** faoi láthair san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Sna poist aige roimhe seo, áirítear Cathaoirleach ar Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste, Cathaoirleach Roinn Airgeadais agus Aonad Soláthair Pearsanra Thuaisceart Éireann, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an Chéad agus an Leas-Chéad Aire agus comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin d'Oifig an Chéad agus an Leas-Chéad Aire.

Tá roinnt post neamhfheidhmiúcháin ina sheilbh ag an **Uas. Rowntree** faoi láthair san earnáil phoiblí agus neamhbhrabúis. Tá sé ag obair mar Chathaoirleach ar Choimisinéirí Státseirbhíse Thuaisceart Éireann agus is Comhalta Neamhspleách de Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann é. Chaith sé tréimhse roimhe seo ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann (2004-2012), comhalta de Bhord Comhairleach an Ionaid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach, agus Leas-Uachtarán ar Fhóram na hEorpa um Thithíocht Shóisialta. Chomh maith leis sin, tá tréimhsí caite aige ag feidhmiú sna hearnálacha Tithíochta, Ceartas Coiriúil, Sláinte agus Oideachais mar Chathaoirleach agus mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, agus tá cathaoirleacht déanta aige agus páirt glactha aige i bhfóraim éagsúla i dTuaisceart Éireann agus ar bhonn trasteorann.

Is í príomhfhreagracht Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann comhairle a chur ar Bhord GNBS maidir le straitéis do shócmhainní Thuaisceart Éireann. Tháinig an Coiste le chéile ar cheithre ócáid i rith 2012 mar aon le sraith cruinnithe gaolmhara agus idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara a reáchtáil. Ar fud a réimse gníomhaíochta uile, d'aithin an Coiste an gá a bhí leis an tslí a bhfuil sócmhainní Thuaisceart Éireann á mbainistiú – go háirithe chun aon mhoill a bhaineann le 'díolachán práinne' sócmhainní a mhaolú – agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don tsraith áirithe dúshlán atá os comhair gheilleagar Thuaisceart Éireann.

In 2012 reáchtáladh cruinnithe Coiste i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath, agus deis a bhí sna cruinnithe a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath (agus cruinnithe breise i mBéal Feirste) eolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara agus aiseolas a phlé ar bhonn aonair. Deis a bhí in ionchur Chomhaltaí Seachtracha an Choiste, Frank Cushnahan agus Brian Rowntree, eolas agus saineolas áitiúil uathúil a sholáthar a bheadh mar bhonn le hobair an GNBS i dTuaisceart Éireann. I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht na beirte, in Aibreán 2012 d'athcheap an Bord an tUas. Cushnahan agus an tUas. Rowntree ar an gCoiste ar feadh dhá bhliain bhreise, i ndiaidh dá dtéarmaí oifige tosaigh bheith caite.

Faoi lár 2012, bhí measúnú déanta ar gach iasacht i bpunann an GNBS, lena n-áirítear na hiasachtaí a bhaineann le punann Thuaisceart Éireann, trí phróiseas Phlean Gnó Féichiúnaithe, rud a chinntigh go raibh soiléireacht agus cinnteacht le brath maidir le bainistíocht na sócmhainní bunúsacha ar fad. Trí mheascán de dhiúscairtí leanúnacha, aisíocaíochtaí iasachta agus cinntí gan iasachtaí áirithe a ghnóthú do chúiseanna tráchtála bhí méid phunann Thuaisceart Éireann beagán níos lú ná mar a síleadh ar dtús (€1.3 billiún as luach iomlán gnóthaithe €31.8 billiún an GNBS). Is éard atá i bpunann Thuaisceart Éireann, de réir luach gnóthaithe ná sócmhainní oifige (18%), miondíola (17%), cónaithe (10%), forbartha (5%), agus óstáin agus fóillíochta (3%), agus is ionann an iarmhéid agus sócmhainní talún (25%) agus infheistíochta eile (22%). Tá formhór de phunann talamh neamhfhorbartha an GNBS i dTuaisceart Éireann lonnaithe in oirthear an réigiúin. Is ionann 70% de phunann Thuaisceart Éireann agus réadmhaoin chríochnaithe atá ag táirgeadh ioncaim. Faoi dheireadh 2012, bhí diúscairtí i dTuaisceart Éireann cothrom le thart ar €100m, agus bhí caipitil oibre agus forbartha ar fiú €120m é soláthartha ag an GNBS d'fhéichiúnaithe Thuaisceart Éireann. I líon beag cásanna, b'éigean don GNBS forfheidhmiú i dTuaisceart Éireann.

In 2012 tháinig tuilleadh méadaithe fós ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara an Choiste agus áiríodh rannpháirtíocht in imeachtaí eagraithe ag Comhlachas Tráchtála Thuaisceart Éireann, Cumann Cuntasóirí Cairte Uladh, Comhthionól agus Business Trust Thuaisceart Éireann, agus CBI Thuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, bhí ionadaithe ó Oifig Thuaisceart Éireann agus Bank of England rannpháirteach agus chuir an GNBS le roinnt clár agus agallamh sna meáin i dTuaisceart Éireann.

Is é aidhm na gníomhaíochta rannpháirtíochta dea-chaidreamh oibre a fhorbairt le Feidhmeannas agus Comhthionól Thuaisceart Éireann. Chas Cathaoirleach

Bhord an GNBS agus comhaltaí Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann le hAirí, an tAire Airgeadais san áireamh agus le Pearsanra agus ionadaithe tofa ar bhonn leanúnach, mar aon le cruinnithe faisnéise ar leith do pháirtithe polaitíochta Thuaisceart Éireann.

Tuigeann an Coiste gur féidir leis an GNBS cur ar bhealaí eile le teacht ar réitigh do Thuaisceart Éireann, agus is sa chomhthéacs sin atá comhpháirtíocht sna hearnálacha poiblí agus sóisialta á giaráil ag an gCoiste, dála Invest NI, Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm Chomhlachais Tithíochta Thuaisceart Éireann. Sampla breise de seo an comhoibriú atá ar bun le hOllscoil Uladh ar thionscnamh luachmhar taighde a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le tuiscint níos fearr ar na dinimic soláthair agus éilimh talún ar fud an réigiúin, lena n-áirítear inacmhainneacht tithíochta agus bacainní ar iontráil margaidh. Tá an Coiste i mbun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar gach deis atá ann réitigh chruthaitheacha agus nuálacha a chruthú i bpunann an GNBS i dTuaisceart Éireann.

Is é sainordú an GNBS an uasmhéid a aisghabháil ó gach iasacht beag beann ar cibé áit a bhfuil na hiasachtaí bunúsacha lonnaithe. Chuige sin, glacann an GNBS cur chuige tráchtála i ngach dlínse a bhfuil sí ag feidhmiú inti, agus ag an am céanna tugtar aitheantas do shaintréithe margaidh na gceantar seo. Tá tuiscint ar leith aici ar na dúshláin shainiúla atá le sárú ag Tuaisceart Éireann agus baineann sé lántairbhe as obair an Choiste agus rannpháirtíocht fhairsing na bpáirtithe leasmhara, eolas agus saineolas áitiúil.

Déanann an GNBS a cuid oibre agus tagairt á déanamh aici do phrionsabail treorach, lena n-áirítear cur chuige níos fadtréimhsí agus díolachán práinne a sheachaint, agus léargas é an taifead go dtí seo i dTuaisceart Éireann ar an gcur chuige seo.

Frank Daly
Cathaoirleach

AN COISTE COMHAIRLEACH PLEANÁLA

Is é aidhm an Choiste Chomhairligh Phleanála comhairle a chur ar an mBord maidir le pleanáil, talamh agus ceisteanna gaolmhara a bhfuil tionchar acu ar luacháil agus ar réadú shócmhainní an GNBS, agus dá réir sin, tionchar ar ghnóthachtáil chuspóir agus fheidhmeanna an GNBS mar atá sonraithe in ailt 10 agus 11 den Acht.

Féadfaidh an Coiste moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le cuspóir an GNBS i ndáil le straitéisí, treoirlínte agus pleananna reachtúla faofa, lena n-áirítear CFSanna agus pleananna ceantair áitiúla ('PCÁanna') agus an tionchar atá acu ar shócmhainní an GNBS.

Cuimsítear na baill seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach Pleanála:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boird)
- Michael Wall (Comhalta Seachtrach)
- Alice Charles (Comhalta Seachtrach)

Is ailtire agus abhcóide é **an tUas. Wall**, chomh maith le bheith ina iar-Chomhalta Boird de chuid An Bord Pleanála.

Tá cuid mhaith taithí pleanála ag **Alice Charles Uasal** agus is ball í den Institiúid Ríoga Pleanála Baile agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire i rith 2012.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2012:

1. Measúnú a dhéanamh, ó thaobh peirspictíocht pleanála de, ar straitéisí agus ar bhainistíocht phunann na Gníomhaireachta.
2. Páirt a ghlacadh i bplé le Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Reachtúla eile d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leis an tslí is fearr chun ról an GNBS a ailíniú le cuspóirí beartas poiblí eile.
3. Comhairle agus treoir a thabhairt maidir le rannpháirtíocht an GNBS i roinnt tionscadal speisialaithe lena n-áirítear treoirlínte rannpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt, agus staidéar an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le pleanáil agus forbairt forbairtí cónaithe mórscála i mBaile Átha Cliath.
4. Páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i rolladh amach Chóras Náisiúnta Faisnéise Pleanála agus forbairt agus comhtháthú leagan ordaithe an GNBS den uirlis a threorú, uirlis a chabhróidh le straitéisí féichiúnaithe agus réadmhaoine a bhainistiú.

Tá cumarsáid leanúnach ar siúl le Comhlachtaí Stáit agus é mar aidhm riachtanais na gcomhlachtaí seo a ailíniú le réadmhaoine atá nasctha leis an GNBS. Chuir an Coiste comhairle ar fáil ar aithint na sócmhainní sin a d'fhéadfadh a riachtanais a shásamh. I rith 2012 leagadh béim agus tábhacht ar obair an GNBS leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, Údaráis Áitiúla agus Gníomhaireachtaí Deonacha Tithíochta i ndáil le tithíocht shóisialta, réadmhaoine cónaithe a bheidh mar urrús d'iasachtaí an GNBS a aithint agus a sholáthar. Cuid den phróiseas seo ba ea SPV a bhunú chun dlús a chur faoin bpróiseas agus aonaid a sholáthar chuige seo.

I gcaitheamh na bliana, ghlac an Ghníomhaireacht páirt i roinnt tionscadal speisialta a bhain ní hamháin le forbairt beartas náisiúnta, ach le cur i gcrích chuspóirí an GNBS chomh maith. Díol suntais ba ea ionchur an GNBS i staidéar NTA a raibh sé mar aidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar Phleanáil agus Forbairt Chónaithe Mhórscála i mBaile Átha Cliath. Tá an staidéar curtha i gcrích agus tá an tuarascáil le cur i dtoll a chéile. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Ghníomhaireacht le hÚdaráis Áitiúla i gceantar Bhaile Átha Cliath agus é mar aidhm cabhrú le hathbhreithniú ar fhorbairt scéimeanna ranníocaíochtaí i gceantair na n-údarás áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath, i bhfianaise na hearráide geilleagraí athraithe. Tá comhairle curtha ar fáil ag an gCoiste mar chuid den phróiseas seo.

Tá an GNBS rannpháirteach fós sa Choiste Comhordaithe Náisiúnta a bhfuil de fhreagracht air a chinntiú go dtiocfar ar réiteach ar na heastáit neamhchríochnaithe. Déanann an Coiste maoirseacht ar an rannpháirtíocht seo mar aon le comhairle a thabhairt maidir leis na heastáit arb ionann iad agus urrús d'iasachtaí na Gníomhaireachta. Tá neart dul chun cinn déanta maidir le ceisteanna láithreacha sláinte agus sábháilteachta sna heastáit seo a réiteach, agus táthar ag leanúint le hobair chun inmharthanacht fhadtréimhseach na bhforbairtí seo a chinntiú áit ar cuí.

Lean an GNBS ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ndáil le héabhlóid leanúnach an chórais Náisiúnta Faisnéise Pleanála. Chomh maith leis sin, tá an Ghníomhaireacht ag soláthar cúnaimh maidir le forbairt uirlis ordaithe a ionchorpróidh sonraí sainiúla an GNBS ar féidir iad a áireamh sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Pleanála. Tá an táirge seo seolta laistigh den Ghníomhaireachta agus ba é a bhí mar thoradh leis bonn faisnéise feabhsaithe a sholáthar chun cabhrú leis an bpróiseas cinnteoireachta. Tá an Coiste i mbun monatóireachta ar éabhlóid an táirge agus soláthróidh sé comhairle maidir le forbairtí a dhéanfar amach anseo ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar an uirlis.

Le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích, oibríonn an Coiste i ndlúthchomhar le Comhairleoir Pleanála agus Forbartha an GNBS agus oifigigh eile na Gníomhaireachta a bhfuil róil acu a bhaineann le pleanáil. Cuireann a gcuid eolais agus tacaíochta go mór le hobair an Choiste.

Willie Soffe,
Cathaoirleach

NOCHTADH AGUS FREAGRACHT

RIACHTANAIS NOCHTA AR CHOMHALTAÍ BOIRD

Déanann Ailt 30-31 den Acht cur síos ar na ceanglais atá ar chomhaltaí an Bhoird i dtéarmaí nochtadh leasa.

Leagann Alt 30 dualgas ar chomhaltaí an Bhoird nádúr leasa airgid nó leasa thairbhigh ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith acu i gceist ar bith atá á breithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí Boird a bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an cheist á breithniú agus níl cead acu a bheith páirteach i vótáil ar bith a dhéanfaí ar an gceist.

Leagann Alt 31 den Acht oibleagáid ar gach comhalta Boird an GNBS agus gach stiúrthóir d'aonán de ghrúpa an GNBS fógra a thabhairt don GNBS go bliantúil ar a leas inchláraithe go léir de réir chiall an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995.

FOIREANN SANNTA DON GNBS

Tá an fhoireann a shanntar don GNBS faoi réir Cód Cleachtais agus Iompair Ghairmiúil a chuireann oibleagáidí orthu maidir leis an nithe seo a leanas:

- Oibleagáidí dlíthiúla agus eiticiúla rúndachta, lena n-áirítear Alt 202 den Acht agus an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963.
- Ní mór dóibh cloí le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 chomh maith, lena n-áirítear forálacha maidir le próiseáil agus láimhseáil sonraí pearsanta.
- Tá siad faoi réir forálacha reachtúla ar leith maidir le coimhlintí leasa. Ní mór do gach fostaí, sula sanntar don GNBS iad agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ráiteas leasa, sócmhainní agus dliteanas a sholáthar do POF an GNBS agus do Phríomhfheidhmeannach GBCN.
- Níl cead ag foireann an GNBS glacadh le féile ar bith ó dhuine, gnólacht nó aonán dlíthiúil eile ar bith eile lena bhfuil an GNBS ag déileáil.
- Tá rialacha agus cóid chleachtais bunaithe ag GBCN chomh maith maidir le mí-úsáid margaidh, lena n-áirítear déileáil chos istigh. Tá comhaltaí Boird agus foireann an GNBS faoina réir seo sa chaoi go bhfuil siad faoi réir rialacha agus cóid GBCN a bhaineann le hidirbhearta cuntais phearsanta.
- Is cion é stocaireacht a dhéanamh ar dhuine de Bhord nó d'fhoireann an GNBS nó ar sholáthraí seirbhíse de chuid an GNBS maidir le cinneadh ar bith a bhaineann le hiasachtóireacht, tosú imeachtaí dlíthiúla, úsáid soláthraí seirbhíse nó comhairleora, ceannach nó díol réadmhaoine nó tairiscint ar bith. Tá duine ar bith atá faoi réir a leithéid de chumarsáid faoi oibleagáid fios a chur ar na Gardaí agus is cion é gan a leithéid a fhógairt.
- Tá gach oifigeach de chuid an GNBS faoi réir Cód Cleachtas atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 35 den Acht.
- Ní mór do gach oifigeach de chuid an GNBS oiliúint athnuachana géilliúlachta a dhéanamh.

BEARTAS IDIRBHEART CUNTAIS PHEARSANTA

I rith na bliana, thug an GNBS sárú géilliúlachta faoi deara a bhain le hidirbheart a raibh baint ag duine dá hiar-oifigigh leis. Nuair a tugadh an sárú seo faoi deara, d'iarr an GNBS ar a hIniúchóirí Inmheánacha imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an gceist agus d'fhoilsigh an GNBS torthaí imscrúdú an Iniúchóra Inmheánaigh a raibh roinnt moltaí ann atá curtha i bhfeidhm ag an GNBS ó shin i leith. Anuas air sin, thug an GNBS sárú rúndachta sonraí faoi deara agus thionscain sí caingne dlí sibhialta chun fairsinge an tsáraithe a aimsiú agus a éifeachtaí a mhaolú. Thuairiscigh an GNBS an cheist don Gharda Síochána.

I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an idirbheart, d'fhorbair an Bord Beartas Idirbheart Cuntais Phearsanta athbhreithnithe do gach oifigeach de chuid an GNBS. Cuireann an beartas athbhreithnithe cosc ar oifigeach de chuid an GNBS aon réadmhaoin a bhfuil leas ag an GNBS inti a cheannach. Baineann an t-aon eisceacht atá luaite leis an mbeartas seo le réadmhaoin chónaithe atá le húsáid mar phríomh-áit chónaithe phríobháideach; ní mór a leithéid sin de cheannach a fhaomhadh roimh ré agus ní mór fianaise shoiléir de mhargaíocht oscailte na réadmhaoine a léiriú. Lena chois sin, éilíonn beartas an Bhoird nach mór go léireodh ceannach aon réadmhaoine ó fhéichiúnaí nó glacadóir nach Oifigeach de chuid an GNBS é an ceannaitheoir ná nach bhfuil leas tairbheach aige/aici san idirbheart.

FREAGRACHT AN GNBS

Ní mór do Bhord an GNBS a fheidhmeanna a chur i gcrích go neamhspleách, ach bíonn sé á threorú go dlúth ag a oibleagáidí faoin Acht agus tá sé faoi réir ardleibhéal cuntasachta poiblí.

1. Tá roinnt cumhachtaí ag an Aire faoin Acht is féidir leis a úsáid maidir leis an GNBS, lena n-airítear cumhacht treoirlínte (Alt 14) agus treoracha a eisiúint. Tá cúig threoir eisithe ag an Aire faoi Alt 14 agus tá ceithre threoir eile eisith faoi Acht an IBRC. Tá cóipeanna le fáil ag www.nama.ie/legislation.

2. Sheol an GNBS tuarascálacha ráithiúla chuig an Aire ar a ghníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo eolas faoina iasachtaí, a shocruithe maoiniúcháin agus a ioncam/chaiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithiúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

3. Seolann an GNBS cuntais bhliantúla i bhfoirm atá stiúrtha ag an Aire, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór go gcuimsíonn na cuntais liosta de na hurrúis féich go léir a eisítear, liosta de na réamhíocaíochtaí go léir a dhéantar ón gCiste Lárnach nó a dhéanann an GNBS agus a aonáin ghrúpa, chomh maith le liosta punanna sócmhainní in éineacht leis an luach leabhar. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

4. Chomh maith lena chuntais bhliantúla, tá ceangal ar an GNBS Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire, faoi Alt 53, ina leagtar amach a chuspóirí beartaithe maidir le gach bliain, scóip na ngníomhaíochtaí a dhéanfar, a straitéisí agus a bheartais agus a úsáid bheartaithe acmhainní. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

5. Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach i láthair agus tugann siad fianaise cibé am a iarrann an Coiste um Chuntais Phoiblí é. Bíonn an POF agus an Cathaoirleach os comhair coistí eile den Oireachtas cibé am a iarrtar a leithéid chomh maith.

6. D'fhéadfadh an tAire ceangal a chur ar an GNBS tuairisciú dó ag am ar bith ar ábhar ar bith, lena n-áirítear cur i gcrích a fheidhmeanna nó eolas/staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.

7. Tá cóid chleachtais ullmhaithe ag an GNBS chun nithe áirithe a rialú, lena n-áirítear i measc rudaí eile, iompar a oifigeach, caighdeáin seirbhísithe le haghaidh sócmhainní faighte bainc, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an bealach ina gcuirfidh an GNBS leas tráchtála na mbanc nach bhfuil páirteach ann san áireamh. Tá na cóid chleachtais faofa ag an Aire agus tá siad foilsithe ar www.nama.ie/CodesOfPractice .

8. Chomh luath agus is féidir tar éis 31 Nollaig 2012, déanfaidh an tAire agus an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste measúnú ar leithligh ar an oiread dul chun cinn atá déanta ag an GNBS i mbaint amach a cuspóirí foriomlána agus cinnfidh an tAire cibé an bhfuil gá le leanúint ar aghaidh leis an GNBS. Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste athbhreithniú gach trí bliana ina dhiaidh sin.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Tá an GNBS nochta do réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin na Gníomhaireachta. Tá an Creat Bainistíochta Riosca ceaptha chun rioscaí a aithint, a mheasúnú agus a mhaolú trí thagairt do na catagóirí seo a leanas i mBeartas Bainistíochta Riosca Fiontair an GNBS:

1. Riosca Réadmhaoine agus Maicreacnamaíoch

Riosca nach dtiocfadh feabhsú ar thimpeallacht eacnamaíoch agus margaíocht réadmhaoine na hÉireann nó go rachadh an margadh in áiteanna eile in olcas i gcomparáid leis an gcás atá ann faoi láthair.

2. Airgeadas bainc

Riosca go bhféadfadh feabhsú na hearnála baincéireachta a bheith níos moille ná mar atáthar ag súil leis, rud a chiallódh nach mbeadh creidmheas ar fáil do cheannaitheoirí féideartha shócmhainní an GNBS.

3. Oibriúcháin

Caillteanais mar gheall ar phróisis agus rialuithe, daoine agus córais inmheánacha agus seachtracha atá neamhleor nó teipthe.

4. Riosca Creidmheasa

Riosca caillteanais trí nochtadh do loiceadh contrapháirtí agus féichiúnaithe.

5. Rioscaí Cláir Chomhardaithe

Caillteanais airgeadais mar gheall ar rioscaí margaidh, is é sin le rá, athrú ar phraghas sócmhainní agus dliteanas mar thoradh ar ghluaiseachtaí i bhfachtóirí margaidh amhail rátaí úis, rátaí malartaithe, luachanna réadmhaoine agus eilimintí airgeadais eile a thagann le chéile le tionchar a imirt ar phraghas na sócmhainní agus na ndliteanas ar an gClár Comhardaithe.

6. Riosca Leachtachta

Caillteanais mar gheall ar shreabhadh neamhleor airgid a bheith ar fáil chun oibríochtaí ó lá go lá a mhaoiniú.

7. Comórtas

Rioscaí a thiocfadh chun cinn mar gheall ar ghníomhaíochtaí díghiarála agus forfheidhmiúcháin ag na institiúidí rannpháirteacha agus ag bainc nach mbaineann leis an GNBS.

8. Riosca Rialála agus Coire Airgeadais

Riosca go bhfuil cumas an GNBS a gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach srianta ag dlíthe agus rialacháin, lena n-áirítear iad siúd in ndlínsí eachtracha, nó teip an GNBS cloí lena leithéid de dhlíthe agus rialacháin.

9. Straitéiseach

Caillteanas airgeadais nó neamhairgeadais a eascraíonn ó chinntí straitéiseacha míchuí nó neamhfhabhracha, nó éagumas na straitéisí roghnaithe agus pleananna gaolmhara a chur i bhfeidhm go rathúil i gcomhréir le prótacail rialachais an GNBS.

10. Teicneolaíocht na Faisnéise

Rioscaí a bhaineann le cuspóirí agus straitéis TF a mbeadh soláthar mí-éifeachtach córas agus seirbhísí le tacú le hoibríochtaí gnó mar thoradh orthu.

11.Dlíthiúil

Caillteanas airgeadais mar thoradh ar :

- gníomh/easpa gnímh páirtí sheachtraigh,
- do-fhorfheidhmitheacht dhlíthiúil conarthaí agus urrúis,
- breithiúnais dhlíthiúla neamhfhabhracha,
- fíneálacha,
- éilimh ó fhéichiúnaithe mar gheall ar nochtadh faisnéise rúnda.

12. Cáin

Caillteanas airgeadais mar thoradh ar:

- easpa cloí le rialacháin cánach, nó
- teip machnamh a dhéanamh ar cheisteanna cánachais mar chuid d'idirbhearta réadmhaoine/ iasachtaí.

13. Acmhainní Daonna

Teip foireann a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil a bhfuil an taithí agus an saineolas riachtanach acu.

14. Riosca Slándála

Bagairtí ar rúndacht, infhaighteacht agus sláine sonraí.

Leanadh leis na héiginnteachtaí a bhaineann leis na rioscaí a bhaineann le comhdhéanamh chlár comhardaithe agus shamhail oibriúcháin an GNBS a laghdú de réir mar a bhí próiseas an phlean gnó agus an iarracht díchill chuí á dtabhairt chun críche. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht sonraí agus ar sholáthar faisnéise trí chórais nua éagsúla lena n-áirítear PMS a chuir feabhas ar mheasúnú, tomhas agus tuairisciú riosca.

Cuireadh síneadh leis an measúnú riosca agus leis na próisis bhainistíochta riosca i ndiaidh atheagrú inmheánach an GNBS a raibh comhdhlúthú na bhfeidhmeanna reatha túslíne agus rialuithe mar thoradh leis agus cruthaíodh feidhmeanna nua a bhfuil cuspóirí nua agus níos fairsinge mar aon le rioscaí gaolmhara luaite leo.

Chomh maith leis sin, lean an Coiste Bainistíochta Riosca le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar Chláir Rioscaí an Mháistir-Sheirbhíseora agus na n-institiúidí rannpháirteacha chun maoirseacht a dhéanamh ar thionchar agus ar dhóchúlacht na dteagmhas riosca lasmuigh den GNBS a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnóthachtáil chuspóirí an GNBS. Lean an Coiste le timpeallacht rialuithe stuama a éileamh trí shíniú a éileamh áit a bhfuil sé beartaithe tástáil a dhéanamh ar rialú i ráithe ar leith.

Tugtar tosaíocht do rioscaí atá aitheanta ag an mbainistíocht de réir dhóchúlacht agus thionchar stádas an riosca agus rinne an Coiste Bainistíochta Riosca agus Bord an GNBS athbhreithniú rialta ar phleananna gníomhaíochta freagartha agus rialuithe. Tugtar dúshlán an lucht bainistíochta machnamh a dhéanamh ar na rioscaí nach bhfuil luaite sa Chlár cheana féin. Tá straitéisí freagartha an GNBS do gach riosca deartha d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn an GNBS laistigh den lamháltas sainmhínithe riosca sin tríd an riosca a sheachaint, an riosca a aistriú trí mheicníocht árachais nó meicníocht dá chineál sin, an dóchúlacht agus/nó tionchar an riosca nó glacadh leis an riosca sin a laghdú. Mhol an Coiste Bainistíochta Riosca don Bhord glacadh le beartais nua nó athruithe ar bheartais atá ann cheana, glacadh le straitéisí fálaithe chun rioscaí áirithe clár comhardaithe a bhainistiú agus moltaí a dhéanamh le haghaidh dhíghiaráil an chláir comhardaithe, trí fhuascailt bannaí mar fhreagra ar thionchair agus cúinsí athraitheacha inmheánacha agus seachtracha.

Tá próisis láidre riosca ag an GNBS chun riosca a bhaineann lena ghnó a bhainistiú chun an seans de chaillteanais mhóra gan choinne a laghdú agus chun tionchar na gcaillteanas a tharlaíonn i ngnáthchúrsa an ghnó a íoslaghdú. Soláthraíodh oiliúint feasachta riosca d'fhostaithe uile an GNBS.

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

AN CLÁR

An Bord agus faisnéis eile	78
Tuarascáil an Bhoird	79
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	80
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	84
Ráiteas ioncaim comhdhlúite	86
Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh	87
Ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta	88
Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais	89
Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais	90
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	91
Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas	92
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	93
Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid	95
Nótaí le ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta	96
Gluais na dtéarmaí	170

AN BORD AGUS FAISNÉIS EILE

Bord

Frank Daly *(Cathaoirleach)*
Brendan McDonagh *(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)*
John C. Corrigan
Oliver Ellingham *(ceaptha 10 Aibreán 2013)*
Éilish Finan
Brian McEnery
John Mulcahy *(ceaptha 7 Márta 2012)*
Steven A. Seelig (SA)
Willie Soffe

Oifig Chláraithe

Foirgneamh an Státchiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Citibank
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1

Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

TUARASCÁIL AN BHOIRD

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an Ghníomhaireacht' nó 'GNBS') a thuarascáil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um an GNBS i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

Tá na ráitis airgeadais leagtha amach ar leathanaigh 76 to 169.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta as na Ráitis Airgeadais

Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht IFRS a chur i bhfeidhm faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach in ullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta amháin. Éilíonn an tAcht fán nGníomhaireacht um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ('an tAcht') ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena cuid oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Ghníomhaireacht faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh (féach beartas cuntasaíochta 2.1);
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais ('an tAire'), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 21 go 23 leis na ráitis airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird

Níl aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

Iniúchóir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS'). Tá Bord an GNBS ('an Bord') agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de Ghrúpa an GNBS.

Baineann na torthaí a gcuirtear i láthair anseo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2012, le torthaí comparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Foráiltear san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (an 'tAcht') gur iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

a) A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;

b) Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;

c) A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach..

Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach; Coiste Iniúchóireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá fhochoistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithnithe rialta. Tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach tríd an Beartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe agus an Beartas Údaráis Tarmligthe um Aisghabháil Sócmhainní. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá chlár comhardaithe agus dá bheartais státchiste tarmligthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Tá glactha ag an mBord le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) mar atá curtha in oiriúint chun aird a thabhairt ar chreat rialachais ar leith an GNBS agus ceanglais reachtúla an Achta agus táthar tar éis creat Rialachais a bhunú.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtracha.

Tá an GNBS tar éis glacadh le beartas Frithchalaoise Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('GBCN'). Faoin mbeartas seo tá comhairle le cur ar an gCoiste Iniúchóireachta i ndáil le tuairiscí uile calaoise nó calaoise amhrasta. Tá an GNBS tar éis glacadh freisin le Beartas Tuairiscithe de Mheon Macánta GBCN trí chéile.

Tá Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach ag an GNBS atá freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínithe agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá Cóid Chleachtais comhaontaithe leis an Aire Airgeadais de réir Alt 35 den Acht, lena n-áirítear *inter alia* Cód ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear GBCN, Seirbhísí Sócmhainní Capita ('Capita') agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas dea-fhorbartha um rialú inmheánach ag GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo.
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS le Capita agus leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha le haghaidh tuairisciú teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe.
- Tá dearbhuithe lorgtha agus faighte ag an GNBS ó GBCN, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais i ndáil le hiasachtaí an GNBS.

I rith na bliana, thug an GNBS sárú géilliúlachta faoi deara i ndáil le hidirbheart a raibh baint ag duine dá hiar-oifigigh leis. Nuair a tugadh an sárú seo faoi deara, d'iarr an GNBS ar a hIniúchóirí Inmheánacha imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an ábhar agus d'fhoilsigh an GNBS torthaí imscrúdú na nIniúchóirí Inmheánaigh, ina raibh roinnt moltaí atá curtha i bhfeidhm ag an GNBS ó shin. Anuas air sin, thug an GNBS sárú rúndachta sonraí faoi deara agus thionscain sí caingne dlí sibhialta chun fairsinge an tsáraithe a dhearbhú agus a gcuid tionchar a mhaolú. Thuairiscigh an GNBS an t-ábhar don Gharda Síochána.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe, ag cinntiú go bhfuil na rioscaí seo á bhfeidhmiú laistigh de theorainneacha faofa an Bhoird.

Tá Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithnítear agus ina rangaítear rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn ráithiúil, leis an rud céanna á dhéanamh ag an mBord ar bhonn bliantúil, agus iarrtar ar an bhFoireann Feidhmiúcháin Sinsearach dearbhú a thabhairt maidir leis na rialuithe atá comhaontaithe chun rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí aonair curtha ar fáil ag Capita agus gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha, ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe leis an GNBS. Tá feidhm Riosca agus Iniúchóireachta an GNBS tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na Cláir Riosca seo.

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú lena tuairisciú airgeadais míosúil, ráithiúil agus bhliantúil agus d'ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite agus na Gníomhaireachta a ionchorpraíonn na próisis agus na rialuithe uile a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo.

Cé gur suntasach an dul chun cinn atá déanta sa réimse seo, leanann an GNBS uirthi ag cur breis feabhsúchán i bhfeidhm d'fhonn tuairisciú feidhmíochta feabhsaithe chuig an mBord, chuig an gCoiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus chuig an bhFoireann Feidhmiúcháin Sinsearach i ndáil lena cuid feidhmíochta a éascú.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áirítear ina measc seo *inter alia* faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgid nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais sonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás i ndáil lena leithéid. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as beartais um Aisghabháil Sócmhainní a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird, agus soláthraíonn sé ról maoirseachta maidir le mórchinntí creidmheasa déanta faoi leibhéal údaráis tarmligthe an Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhFaisnéis Bainistíochta a ullmhaíonn an feidhm um Aisghabháil Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Tá beartas soláthair curtha i dtoll a chéile ag an GNBS. Cuirtear ceanglais soláthair an GNBS i bhfeidhm de bhun an bheartais soláthair, na reachtaíochta soláthair ábhartha agus de réir treoirlínte dea-chleachtais inmheánacha. Tá an GNBS faoi réir Theoir AE 2004/18/CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na 'Rialacháin'), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí os cionn tairseacha luacha áirithe arna socrú ag an AE iad. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – glanann an GNBS le próiseas iomaíoch atá deartha chun an luach ar airgead is fearr is féidir a fháil a ghnóthú.

Tá mórfheidhmithe córais á rialú ag an GNBS agus leanann sí cur chuige struchtúrtha do thionscadail a nglactar de láimh. Le linn 2012, bhain an GNBS amach clocha míle suntasacha i gcur chun feidhme leanúnach a príomhchóras, lena n-áirítear an Córas Bainistíochta Punainne agus an Córas Bainistíochta Cáipéisí atá deartha chun faisnéis a sholáthar do bhainistiú féichiúnaithe an GNBS agus d'fhonn cáipéisí an GNBS a thaifeadadh agus a bhainistiú.

Faisnéis agus Cumarsáid

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Déantar measúnú den ábhar iarbhír go buidéis a thuairisciú go ráithiúil don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireachta ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm chórais faisnéise an GNBS, lena n-áirítear an Córas Bainistíochta Punainne agus an Córas Bainistíochta Cáipéisí.

Cuireann an GNBS faisnéis airgeadais agus feidhmíochta míosúil, ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Bhoird agus cuirtear faisnéis airgeadais agus feidhmíochta ráithiúil agus bhliantúil i láthair an Aire Airgeadais freisin.

Lena chois sin, soláthraíonn an GNBS faisnéis bhainistíochta don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach, don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus don Bhord i ndáil le feidhmíocht na bhféichiúnaithe agus na punainne iasachtaí.

Monatóireacht

Cheap an GNBS Deloitte mar Iniúchóirí Inmheánacha i mí Lúnasa 2010. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iniúchóir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2012. De réir an phlean seo, tá roinnt iniúchtaí déanta ag an Iniúchóir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta nuashonruithe, ar bhonn rialta, ar stádas na saincheisteanna tugtha chun solais ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna úd.

Tá próisis bunaithe ag an GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita, lena n-áirítear tuairiscí seirbhíse míosúla, athbhreithnithe seirbhíse rialta (lena n-áirítear dearbhú cáilíochta cinntí creidmheasa déanta faoi scáth an údaráis tarmligthe) agus Coistí Stiúrtha agus Fóraim Athbhreithnithe Creidmheasa a bhunú. Tá coistí stiúrtha bunaithe do gach ceann de na hInstitiúid Rannpháirteach agus Capita, agus tagann siad lena chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta agus oibriúcháin. Déanann an GNBS athbhreithniú ar an leabhar iasachtaí arna mbainistiú ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha trí mheán Fóram Athbhreithnithe Creidmheasa tréimhsiúla agus rannpháirtíocht an GNBS i gCoistí Creidmheasa na nInstitiúidí Rannpháirteacha. Chomh maith leis sin, tá Creat Dearbhaithe Cáilíochta curtha i bhfeidhm ag an GNBS le hathbhreithniú

a dhéanamh ar bhainistíocht Fhéichiúnaithe Bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha ar bhonn leanúnach de réir na n-údarás tarmligthe orthu ag an GNBS.

Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita faoi réir iniúchta a dhéanfaidh iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha an GNBS.

San áireamh sa mhonatóireacht a dhéanann an Bord ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh tá tuairisciú rialta chuig an mBord á athbhreithniú agus á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta (a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh), an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Creidmheasa, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin, Ceannaire an Iniúchta agus Riosca agus an Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúchóra Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a chuid oibre mar iniúchóir seachtrach.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta an Iniúchóra Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheisteanna tugtha chun solais roimhe seo óna dtuarascálacha féin agus ábhair tugtha chun solais ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS freisin chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna tugtha chun solais.
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ó GBCN, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le feidhmiú a gcóras um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.

Frank Daly
Cathaoirleach

Brian McEnery
Cathaoirleach, Coiste Iniúchóireachta

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Ghníomhaireachta de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht fán nGníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ioncaim comhdhlúite, ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh, ráiteas ioncaim na Gníomhaireachta, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um athruithe ar chothromas, ráitis chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. An creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Lena chois sin, tá tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta léite agam le haithint cibé an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ó na ráitis airgeadais iniúchta. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuarascáil féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir IFRSanna faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus le forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2012 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Gnóthas Leantach

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 2.1 leis na ráitis airgeadais a thugann cur síos ar an staid i ndáil leis an bpríomhfhoinse maoinithe don Ghníomhaireacht agus leagtar amach an bonn ar a bhfuil an Bord sásta go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leana

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.



Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

2 Bealtaine 2013

RÁITEAS IONCAIM COMHDHLÚITE

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ioncam úis agus táille	5	1,386,823	1,283,248
Costas úis	6	(492,502)	(512,449)
Glanioncam úis		**894,321**	**770,799**
(Caillteanais) / gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	7	(37,939)	24,312
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr	8	188,227	549,578
Ioncam oibriúcháin iomlán		**1,044,609**	**1,344,689**
Costais riaracháin	9	(119,117)	(128,379)
(Caillteanais) / Gnóthachain airgeadra eachtrach	10	(99,432)	61,773
Iomlán na gcostas oibriúcháin		**(218,549)**	**(66,606)**
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú		**826,060**	**1,278,083**
Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	11	(517,841)	(1,266,743)
Brabús oibriúcháin tar éis bearnaithe		**308,219**	**11,340**
(Muirear) / creidmheas cánach	12	(76,266)	235,208
Brabús don bhliain roimh dhíbhinne		**231,953**	**246,548**
Díbhinn íoctha	14	(3,457)	(5,093)
Brabús don bhliain		**228,496**	**241,455**
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**228,496**	**241,455**
Leasanna neamh-rialaithe		**-**	**-**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AN IONCAIM CHUIMSITHIGH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Brabús don bhliain		**228,496**	**241,455**
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cánachas	34	(439,821)	(338,689)
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	34	2,297	110
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13, 26	107,451	68,884
Caillteanas cuimsitheach eile don bhliain glan ó cháin		**(330,073)**	**(269,695)**
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain		**(101,577)**	**(28,240)**
Caillteanas cuimsitheach iomlán inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**(101,577)**	**(28,240)**
Leasanna neamh-rialaithe		**-**	**-**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS IONCAIM NA GNÍOMHAIREACHTA

Amhail ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ioncam úis	5	2	16
Costais in-aisíoctha ó Ghrúpa BSNT	9	38,067	27,765
Ioncam iomlán		**38,069**	**27,781**
Costas úis	6	(600)	(813)
Costais riaracháin	9	(38,561)	(28,382)
Iomlán na gcostas		**(39,161)**	**(29,195)**
Caillteanas don bhliain		**(1,092)**	**(1,414)**
Ccaillteanas inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		**(1,092)**	**(1,414)**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	2,235,822	3,346,986
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	15	1,150,000	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	257,932	499,747
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	17	78,953	409,143
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	350,706	448,539
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	19	22,776,262	25,607,389
Sócmhainní eile	27	33,490	43,438
Fardail	20	6,758	6,850
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	25	831	906
Cáin iarchurtha	26	337,288	305,654
Iomlán na sócmhainní		**27,228,042**	**30,668,652**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	17	36,423	60,224
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	1,168,688	728,725
Dliteanais eile	29	169,557	250,232
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	28	25,440,000	29,106,000
Cáin iníoctha	30	1,627	2,147
Iomlán na ndliteanas		**26,816,295**	**30,147,328**
Gnáthscair agus cúlchistí			
Gnáthscair eile	33	1,593,000	1,601,000
Caillteanais choinnithe	35	(659,039)	(887,535)
Cúlchistí eile	34	(522,214)	(192,141)
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána		**411,747**	**521,324**
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		**27,228,042**	**30,668,652**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	1,268	1,623
Sócmhainní eile	27	9,306	3,381
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	25	831	906
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	36	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní		**60,405**	**54,910**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	32	53,320	52,720
Dliteanais eile		10,027	4,040
Iomlán na ndliteanas		**63,347**	**56,760**
Cothromas			
Caillteanais choinnithe		(2,942)	(1,850)
Gnáthscair iomlán		**(2,942)**	**(1,850)**
Gnáthscair agus dliteanais iomlána		**60,405**	**54,910**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Stiúrthóir

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ag 31 Nollaig 2012

31 Nollaig 2012	Nóta	Gnáthscair eile €'000	Tuilleamh coinnithe €'000	Cúlchistí eile €'000	Leas neamh -rialaithe €'000	Gnáthscair iomlán €'000
Ag tús na bliana		**1,601,000**	**(887,535)**	**(192,141)**	**-**	**521,324**
Brabús don bhliain	35	-	228,496	-	-	**228,496**
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid	34	-	-	(439,821)	-	**(439,821)**
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin	34	-	-	2,297	-	**2,297**
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13	-	-	107,451	-	**107,451**
Ioncam cuimsitheach iomlán		**1,601,000**	**(659,039)**	**(522,214)**	**-**	**419,747**
Eisiúint scairchaipitil		-	-	-	-	**-**
Eisiúint gnáthscaire eile	33	1,000	-	-	-	**1,000**
Cealú gnáthscaire eile	33	(9,000)	-	-	-	**(9,000)**
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2012 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		**1,593,000**	**(659,039)**	**(522,214)**	**-**	**411,747**

31 Nollaig 2011	Nóta	Gnáthscair eile €'000	Tuilleamh coinnithe €'000	Cúlchistí eile €'000	Leas neamh -rialaithe €'000	Gnáthscair iomlán €'000
Ag tús na bliana		**1,507,000**	**(1,128,990)**	**77,554**	**-**	**455,564**
Brabús don bhliain	35	-	241,455	-	-	**241,455**
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid	34	-	-	(338,689)	-	**(338,689)**
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin	34	-	-	110	-	**110**
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13	-	-	68,884	-	**68,884**
Ioncam cuimsitheach iomlán		**1,507,000**	**(887,535)**	**(192,141)**	**-**	**427,324**
Eisiúint scairchaipitil		-	-	-	-	**-**
Eisiúint gnáthscaire eile	33	110,000	-	-	-	**110,000**
Cealú gnáthscaire eile	33	(16,000)	-	-	-	**(16,000)**
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		**1,601,000**	**(887,535)**	**(192,141)**	**-**	**521,324**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

Amhail ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana		(1,850)	(436)
Caillteanas don bhliain	35	(1,092)	(1,414)
Caillteanas cuimsitheach iomlán		**(2,942)**	**(1,850)**
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		**(2,942)**	**(1,850)**

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

30 Aibreán 2013

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Daly
Cathaoirleach

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Iasachtaí agus infháltais			
Dáta luacha go dáta aistrithe an airgid faighte[1]			
Fáltais ó iasachtaí faighte		202,587	97,612
Fáltais ó dhíorthaigh agus táillí faighte		2,394	719
Fáltais ó iasachtaithe ó thráth éadála[2]			
Fáltais ó iasachtaí faighte		4,187,780	4,866,619
Fáltais ó dhíorthaigh faighte		82,965	103,481
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe	19	(308,409)	(303,981)
Glanadh i bpáirt um Thráinse 9 AIB	15	511	7,574
Ioncam táille ar iasachtaí le hiasachtaithe	5	29,650	8,503
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí agus infháltais		**4,197,478**	**4,780,527**
Díorthaigh			
Glan-insreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	10	17,551,528	23,878,756
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach	10	(17,806,902)	(23,767,663)
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh áit a bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm		(51,741)	(82,245)
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh eile		(55,439)	(34,504)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí díorthach		**(362,554)**	**(5,656)**
Sreabha airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(145,887)	(99,458)
Íocaíochtaí do chostais díchill chuí		(8,742)	(43,259)
Ús íoctha ar urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna		(443,557)	(322,687)
Ús faighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		26,438	14,830
Díbhinn íoctha ag GINBST	14	(3,457)	(5,093)
Íocaíochtaí cáin chorparáide déanta ag an GINBST		(565)	(1,441)
Méideanna geallta mar urrús comhthaobhach le GBCN	15	(1,150,000)	-
Ús íoctha ar réamh-íocaíocht ón Lárchiste		-	(474)
Ioncam táille faighte ar áis ghearrthéarmach IBRC	5	14,628	-
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin eile		**(1,711,142)**	**(457,582)**
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		**2,123,782**	**4,317,289**

1 *Is ionann airgead faighte dáta luacha go dáta aistrithe agus an t-airgead glan faighte ar iasachtaí faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil leis an tréimhse idir dáta luachála na hiasachta agus dáta aistrithe na hiasachta. Is ionann an t-airgead glan faighte agus airgead diúscartha, airgead neamh-diúscartha agus airgead díorthaigh iasachtaí faighte lúide réamhíocaíochtaí cáilithe agus costas maoinithe i ndáil leis na hiasachtaí gnóthaithe. Déantar an méid seo a réiteach leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndiaidh díchill chuí na sócmhainní aistrithe a thabhairt chun críche.*

2 *Lena n-áirítear fáltais airgid neamh-diúscartha de chuid €1.45 billiún (2011: €1.34 billiún), fáltais ó dhiúscairt an urrúis chomhthaobhach urraithe i gcoinne iasachtaí in fháltais de chuid €2.3 billiún (2011: €2.7 billiún) agus fáltais ó dhíolachán iasachtaí de chuid €0.5 billiún (2011: €0.9 billiún).*

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID (AR LEAN)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Ceannachán sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		(563,414)	(816,367)
Díolachán sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		827,001	311,546
Airgead glan soláthartha ag / (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistithe		**263,587**	**(504,821)**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fuascailt urrúis fhiachais sinsearaí	28	(3,500,000)	(1,250,000)
Aisíocaíocht iasachta leis an Lárchiste	32	-	(49,000)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		**(3,500,000)**	**(1,299,000)**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim coinnithe ag tús na bliana	15	3,346,986	836,739
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		2,123,782	4,317,289
Airgead glan soláthartha ag / (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistithe		263,587	(504,821)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(3,500,000)	(1,299,000)
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		1,467	(3,221)
Iomlán an airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag deireadh na bliana	15	**2,235,822**	**3,346,986**
Sócmhainní airgeadais agus comhthaobhacht airgid thirim			
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	257,932	499,747
Comhthaobhacht airgid thirim tugtha do GBCN	15	1,150,000	-
Iomlán		**3,643,754**	**3,846,733**

RÁITEAS NA GNÍOMHAIREACHTA AR SHREABHADH AIRGID

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús bainc faighte		6	12
Ús iasachta íoctha		-	(474)
Táillí Boird íoctha		(475)	(652)
Cíos íoctha		(750)	(358)
Aisíocaíocht ghlan ó BISNT le haghaidh costas		864	-
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		**(355)**	**(1,472)**
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fáltas iasachta ó BISNT		-	52,000
Aisíocaíocht iasachta leis an Lárchiste		-	(49,000)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		**-**	**3,000**
Airgead coinnithe ag tús na bliana	15	1,623	95
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí oibriúcháin		(355)	(1,472)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		-	3,000
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana	15	**1,268**	**1,623**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tagairt na Nótaí

1.	Faisnéis ghinearálta	97
2.	Beartais chuntasaíochta suntasaí	100
3.	Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla	112
4.	Anailís teascánach	114
5.	Ioncam úis agus táille	116
6.	Costas úis	117
7.	(Caillteanais) / Gnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	117
8.	Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní readmhaoine agus ioncam farasbairr	118
9.	Costais riaracháin	119
10.	Gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtrach	123
11.	Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	124
12.	(Muirear) / Creidmheas cánach	125
13.	Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	126
14.	Díbhinn íoctha	126
15.	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus urrús comhthaobhach	126
16.	Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	127
17.	Méideanna (dlite le) / ó Institiúidí Rannpháirteacha	127
18.	Ionstraimí airgeadais díorthaigh	128
19.	Iasachtaí agus infháltais	131
20.	Fardail	133
21.	Bainistíocht riosca	134
22.	Riosca creidmheasa	140
23.	Riosca leachtachta	147
24.	Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais	151
25.	Réadmhaoin, innealra agus trealamh	154
26.	Cáin iarchurtha	155
27.	Sócmhainní eile	156
28.	Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	157
29.	Dliteanais eile	158
30.	Cáin iníoctha	158
31.	Tiomantais agus dliteanais theagmhasacha	158
32.	Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	159
33.	Gnáthscair eile	159
34.	Cúlchistí eile	160
35.	Réiteach cúlchistí agus ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí	161
36.	Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais Ghrúpa	162
37.	Nochtadh páirtithe gaolmhara	162
38.	Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta	165
39.	Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe	168
40.	Faomhadh na ráiteas airgeadais	169

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht i Samhain 2009.

Faoin Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais, i mí na Nollag 2009.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ar 1 Iúil 2011 chónasc AIB le EBS. Ar 1 Iúil 2011, aistríodh gnó INBS chuig Angla agus ar 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh ainm Angla go dtí an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc ('IBRC').

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST), Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT), Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT), Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT), Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT), Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT) agus Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT).

Tugtar achoimre ar an nGrúpa agus an gaol idir aonáin de Ghrúpa an GNBS i gCairt 1. Ionchorpraíodh Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT) ar an 11 Feabhra 2013 tar éis an dáta tuairiscithe agus dá réir sin ní áirítear é i dtorthaí an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2012. Ullmhófar an chéad bheart de ráitis airgeadais RSNT amhail ó 31 Nollaig 2013 agus comhdhlúthófar go hiomlán iad i dtorthaí Ghrúpa an GNBS ar an 31 Nollaig 2013.

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST)

Ionchorpraíodh GINBST ar an 27 Eanáir 2010. Is í GINBST an chuideachta trínar infheistíonn infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 49% de scaireanna na cuideachta ag an GNBS. Is ag infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile de scaireanna na cuideachta.

Tá €49m infheistigh ag an GNBS i GINBST, ag fáil 49 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna A. Infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51m eile sa GINBST, le sciar 51 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna B á fháil ag gach ceann acu. Faoi théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBST mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT)

Ar an 11 Feabhra 2013, bhunaigh an GNBS aonán nua de Ghrúpa an GNBS, Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT). Bunaíodh an t-aonán mar fhreagairt ar Threoir eisithe ag an Aire Airgeadais faoin Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013 don GNBS le gníomhas saoráide iasachtaí agus muirear comhlúthach a ghnóthú thar sócmhainní áirithe IBRC. Bhí an chomaoin i bhfoirm eisiúna airgid thirim agus urrús fiachais arna Ráthú ag an Rialtas. D'eisigh BSNT na hurrúis fiachais agus aistríodh chuig RSNT iad trí mheán saoráid iasacht rannpháirteach bhrabúis. Tá RSNT mar fochuideachta 100% de chuid an GINBST. (Soláthraítear a thuilleadh faisnéise i Nóta 39, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe).

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT)

Ionchorpraíodh BSNT ar an 27 Eanáir 2010. Tá BSNT freagrach as an fofhiachas agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas a eisiúint, a n-úsáidtear mar chomaoin in éadáil sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá urrúis fiachais arna ráthú ag an Rialtas eisithe ag BSNT liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann. Aistríodh na hionstraimí fofhiachais agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas araon, arna n-eisiúint roimh an dáta tuairiscithe, chuig SGBSNT agus d'aistrigh SGBSNT iad chuig BISNT. D'úsáid BISNT na hiontraimí fiachais seo mar chomaoin do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

Tá cúig fhochuideachta ag BSNT:

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT)

Gníomhaíonn SGBSNT mar an chuideachta sealbhaíochta don trí fhochuideachta dá cuid, BISNT, BRSNT agus SBSNT.

Ionchorpraíodh SGBSNT ar an 27 Eanáir 2010. Faigheann SGBSNT na hionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BSNT faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus dá réir sin, cuirtear na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BISNT faoi réir téarmaí comhchosúla. Tá SGBSNT faoi lánúinéireacht BSNT.

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT)

Ionchorpraíodh BISNT ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BISNT na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a choinneáil, agus a bhainistiú.

3) Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT)

Ionchorpraíodh BRSNT ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BRSNT úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní réadmhaoine de réir más is gá, má bhíonn gá lena leithéid. In 2011 ghnóthaigh BRSNT roinnt suíomh talún agus forbartha ar leith mar chomaoin do ghlanadh ráthaíochta i seilbh BISNT. Ag an data tuairiscithe bhí úinéireacht fhormhór na leasanna réadmhaoine aistrithe ó BISNT go dtí BRSNT, táthar ag súil go n-aistreofaí an réadmhaoin ar fad atá fágtha in 2013. Lena chois sin, ghnóthaigh BISNT roinnt mion-sócmhainní neamh-eastáit réadaigh agus aistríodh go dtí BRSNT iad i gcaitheamh na bliana.

4) Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT)

Ar an 16 Iúil 2012 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT). Tá an Chuideachta ina fhochuideachta faoi lánúinéireacht iomlán BRSNT, agus bunaíodh í d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú agus ar deireadh í a dhíol le comhlachtaí tithíochta faofa chun críocha tithíochta sóisialta.

Sheachaid féichiúnaithe an GNBS 229 réadmhaoin chónaitheach chuig earnáil na tithíochta sóisialta le linn 2012. Ina measc seo bhí díolachán díreach 191 réadmhaoin ag féichiúnaithe an GNBS le comhlachtaí tithíochta faofa éagsúla, léasú díreach 12 réadmhaoin agus malartú conartha i ndáil le 26 réadmhaoin. Ní raibh aon réadmhaoin gnóthaithe ag SRCSNT ag an dáta tuairiscithe.

5) Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT)

Ionchorpraíodh SBSNT ar an 27 Eanáir 2010. Is aonán neamhthrádála é SBSNT nach bhfuil i mbun gníomhaíochta faoi láthair.

Seo a leanas seoladh oifig chláraithe gach cuideachta - Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach Cuideachta ionchorpraithe agus ina sainchónaí i bPoblacht na hÉireann.

CAIRT 1 GRÚPA AN GNBS



2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus tá an Bord sásta go leanfaidh an Grúpa ag feidhmiú mar ghnóthas leantach amach anseo.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht faoi reacht agus tá sainordú reachtúil ar leith aici. Agus an Bord ag cinneadh an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn gnóthais leantaigh oiriúnach, féachann sé do chuspóirí an Achta mar atá sonraithe ann. Is ann dóibh seo, *inter alia*, chun déileáil le bagairt thromchúiseach don gheilleagar agus cobhsaíocht institiúidí creidmheasa sa Stát trí chéile agus an gá atá le cothabháil agus cobhsú an chórais airgeadais sa Stát. Creideann an Bord go bhfuil sé réasúnta glacadh leis, i bhfianaise chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát cibé beart is cuí d'fhonn a chinntiú nach mbeidh ar an nGníomhaireacht a sainordú a dhiúscairt.

Tá an tAire chun an gcéad mheasúnú reachtúil ar dhul chun cinn an GNBS i ndáil lena cuspóirí foriomlána a bhaint amach a dhéanamh a luaithe is féidir i ndiaidh 31 Nollaig 2012. I gcomhréir le hAlt 227 de chuid an Achta, tar éis measúnú an Aire, cinnfidh sé cibé an gá leanúint leis an GNBS le haird ar chuspóirí an Achta.

Faoi Alt 226 de chuid an Achta, éilítear ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste measúnú a dhéanamh ar a fhairsinge atá dul chun cinn déanta ag an GNBS i ndáil lena cuid cuspóirí foriomlána a bhaint amach, agus tuarascáil a chur faoi bhráid ina leith.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, leachtachta, margaidh agus oibriúcháin. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na fachtóirí riosca seo agus ar an bhfaisnéis chuí chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus a Choistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach mar aon le hathbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla atá ag tacú lena straitéisí fadtréimhseacha.

Is i bhfoirm Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (Nótaí) gearrthréimhseacha Ráthaithe ag an Rialtas atá formhór de mhaoiniú na Gníomhaireachta.

Mar atá leagtha amach i Nóta 28, eisítear na Nótaí ar gach dáta éadála agus tháinig na Nótaí uile a eisíodh roimh 1 Márta 2011 chun aibíochta ar an 1 Márta 2011.

Socraíodh na Nótaí ar fad a tháinig chun aibíochta ar 1 Márta 2011 trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2012 luaite leo, ach a d'fhéadfadh a leathnú go ceann 364 lá de rogha an GNBS.

I mí na Bealtaine 2011, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 den Acht ag cur in iúl gur cheart téarmaí agus coinníollacha na Nótaí eisithe ar 1 Márta 2011, mar aon le haon Nótaí eisithe ina dhiaidh sin, a leasú ionas nach mbeadh rogha ag an eisitheoir Nótaí atá ag dul in aibíocht a réiteach trí Nótaí nua a eisiúint de réir téarmaí cosúla mura bhfaightear toiliú roimh ré ó shealbhóir an nóta, mar aon le deireadh a chur le rogha an eisitheoir síneadh a chur le haibíocht na Nótaí. Dá réir sin, d'fhéadfadh go gciallódh ceanglas roinnt de na Nótaí nó na Nótaí ar fad a fhuascailt d'airgead go mbeadh ar an nGníomhaireacht a iarraidh ar an Rialtas a leithéid d'fhuascailt airgid a mhaoiniú.

Tá na Nótaí uile eisithe ar an dáta tuairiscithe cumhdaithe ag na hinstitiúidí airgeadais agus féadfar iad a úsáid mar chomhthaobhacht chun rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta leachtachta údarás airgeadaíochta. Tá na sealbhóirí nóta reatha faoi réir treorach ón Aire Airgeadais, áfach, agus tá na Nótaí ráthaithe ag an Rialtas. Sna himthosca seo, creideann an Bord go bhfuil an toimhde, tráth aibíochta na Nótaí, go mbeidh an GNBS in ann a dliteanas leis na Nótaí nua a shocrú, de réir téarmaí cosúla, réasúnta. Socraíodh na Nótaí eisithe ar fad a tháinig chun aibíochta ar 1 Márta 2013 trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2014 luaite leo.

Tá airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus sócmhainní leachtacha ar fáil ag an nGrúpa amhail ag 31 Nollaig 2012 ar luach €3.6 billiún agus dliteanais reatha de chuid €1.4 billiún, dá réir sin tá an Bord sásta gur féidir leis freastal ar a chuid dliteanas reatha de réir mar atá siad dlite don todhchaí is intuartha. Tá iasachtaí agus iasachtaíochtaí uile aisíoctha ag an nGrúpa leis an Aire agus níl aon iasachtaíochtaí seachtracha eile aige.

Ar an mbonn sin, tá an Bord sásta go mbeidh rochtain ag an nGníomhaireacht ar acmhainní oiriúnacha d'fhonn leanúint lena hoibríochtaí amach anseo agus go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

2.2 Bunús géilliúlachta agus tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach, léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), Airteagal 4 de Rialachán na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS), agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir na gcaighdeán IFRS agus na léirmhíniúchán IFRIC eisithe agus éifeachtach nó eisithe agus glactha go luath amhail ag an dáta tuairiscithe.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite ullmhaithe de réir choinbhinsiúin an chostais stairiúil, seachas na hionstraimí airgeadais díorthach agus na sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin, atá tomhaiste ag luach cothrom.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta curtha i láthair in euro (€), atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Sonraítear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i mílte €.

Léirítear sa ráiteas comhdhlúite sreabha airgid na hathruithe ar airgead agus coibhéisí airgid i rith na bliana ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, gníomhaíochtaí infheistithe agus gníomhaíochtaí maoinithe.

Cinntear na sreabha airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollíocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreabha airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreabha airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa (cur chuige bainistíochta).

De réir IAS 1, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

2.3 Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínithe IFRS eisithe ach nach bhfuil fós éifeachtach

Tá na caighdeáin agus léirmhínithe seo a leanas eisithe agus táthar ag súil go mbeidh siad ábhartha don Ghrúpa.

Caighdeáin eisithe ach nach bhfuil éifeachtúil:

Ionstraimí Airgeadais IFRS 7: Nochtadh (Athbhreithniú). Tá leasuithe a eascraíonn ó Fheabhas Bliantúil ar IFRSanna ó Bhealtaine 2010 infheidhme do thréimhsí cuntasaíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Beidh tionchar ag na leasuithe seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais agus ní bheidh tionchar ar bith acu ar thomhas. Tá an caighdeán seo formhuinithe ag an AE agus beidh glactha ag an nGrúpa leis ó 1 Eanáir 2013.

Ionstraimí Airgeadais IFRS 9: Rangú agus Tomhas. Beidh an caighdeán seo infheidhme do thréimhsí cuntasaíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2015 faoi réir fhormhuiniú AE. Tá an caighdeán seo fós á fhorbairt ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB). Tá an chéad chéim den rangú agus tomhas críochnaithe agus beidh tionchar ag an gcéim sin ar thomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais an Ghrúpa, go háirithe urrúis fiachais eisithe, a d'fhéadfaí a thomhas, bunaithe ar chritéir áirithe, ag luach cothrom seachas ag tomhas reatha an chostais amúchta. Déileálann Céimeanna 2 agus 3 den tionscadal le modheolaíocht bearnaithe agus cuntasaíocht fálaithe agus táthar ag súil go mbeidh tionchar acu ar an nGrúpa sna réimsí sin, ainneoin nach féidir an tionchar a dhéanamh amach go baileach, áfach, go mbeidh an mhodheolaíocht deiridh eisithe ag an IASB. Níl an caighdeán athbhreithnithe formhuinithe ag an AE fós agus, dá réir sin, níl glactha ag an nGrúpa leis go luath.

Tomhas Luach Cóir IFRS 13. Tá an caighdeán aonair seo ag teacht in ionad na treorach ar thomhas luach cóir atá i litríocht chuntasaíochta IFRS faoi láthair. Sainmhínítear luach cóir san IFRS, agus chomh maith leis sin soláthraítear treoir ann maidir leis an mbealach chun luach cóir a chinneadh agus éilítear ann nochtadh maidir le tomhais luach cóir. Ní athraíonn IFRS 13 na riachtanais a bhaineann leis na nithe ba chóir a thomhas nó a nochtadh ag luach cóir, áfach. Ní bheidh tionchar ar bith ag an gcaighdeán seo ar nochtadh ná ar thomhas reatha sócmhainní agus dliteanas atá á gcoimeád ag luach cóir. Tá an caighdeán seo formhuinithe ag an AE agus beidh glactha ag an nGrúpa leis ó 1 Eanáir 2013.

Ionstraimí Airgeadais IAS 32: Cur i Láthair. Is é atá mar aidhm leis an leasú seo ná gnéithe áirithe a shoiléiriú maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh mar gheall ar éagsúlacht i bhfeidhmiú na riachtanas fritháirimh. Beidh tionchar ag an leasú seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ach ní bheidh aon tionchar aige ar thomhas. Tá an caighdeán seo formhuinithe ag an AE agus beidh glacadh ag an nGrúpa leis ón 1 Eanáir 2013.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

Caighdeáin chomhdhlúite

Ráitis Airgeadais ar Leith IAS 27. Níl an leagan leasaithe de IAS 27 ag déileáil anois ach leis na riachtanais do ráitis airgeadais ar leith, atá tugtha anonn ó *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leith IAS 27 gan mórán athraithe*. Tá riachtanais maidir le ráitis airgeadais chomhdhlúite ar fáil anois i *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite* IFRS 10. Éilíonn IAS 27 nuair a ullmhaíonn aonán ráitis airgeadais ar leith, go ndéantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, gnólachtaí comhlachaithe agus aonáin atá á rialú i bpáirt a chuntas ag costas, nó de réir *Ionstraimí Airgeadais* IFRS 9. Chomh maith leis sin, déileálann an caighdeán le haitheantas díbhinní, atheagrú grúpaí ar leith agus áirítear ann roinnt riachtanas nochta chomh maith. Déantar infheistíocht i bhfochuideachtaí a dhéanann Grúpa an GNBS a thomhas ag costas, agus dá réir sin, níl aon tionchar ag eascairt ón leasú seo.

Infheistíochtaí IAS 28 i nGnólachtaí Comhlachaithe agus i gComhfhiontair. Tagann an Caighdeán seo in ionad Infheistíochtaí i nGnólachtaí Comhlachaithe IAS 28 agus forordaíonn sé an chuntasaíocht d'infheistíochtaí i gcomhfhiontair agus sonraítear ann na riachtanais a bhaineann le húsáid an mhodha cothromais nuair a bhíonn cuntasaíocht á déanamh i ndáil le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhfhiontair. Déantar sainmhíniú sa Chaighdeán ar 'tionchar suntasach' agus soláthraítear treoir ann maidir leis an mbealach a bhfuil an modh cothromais cuntasaíochta le cur i bhfeidhm (lena n-áirítear díolúintí a eascraíonn as an modh cothromais a chur i bhfeidhm i roinnt cásanna). Chomh maith leis sin, forordaítear ann an tslí ba chóir infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe agus i gcomhfhiontair a thástáil chun críche bearnaithe. Níl aon infheistíochtaí ag an nGrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe nó i gcomhfhiontair i láthair na huaire.

Éilíonn Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite IFRS 10 ar mháthair-aonán ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur i láthair mar ráitis airgeadais ó aonán eacnamaíoch aonair, ag teacht in ionad na riachtanas a bhí san áireamh roimhe seo i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus ar Leith IAS 27. Aithnítear sa Chaighdeán na prionsabail rialaithe, agus chomh maith leis sin cinntear ann conas a aithint an bhfuil institiúid infheistiúcháin á rialú ag infheisteoir agus, dá réir sin, an mór an institiúid infheistiúcháin a chomhdhlúthú, agus sonraítear ann chomh maith na prionsabail a bhaineann le hullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite.

Cruthaíonn an Caighdeán samhail aonair chomhdhlúite do gach aonán bunaithe ar rialú beag beann ar nádúr na hinstitiúide infheistiúcháin (.i. cibé an bhfuil nó nach bhfuil aonán á rialú trí chearta vótála infheisteoirí nó trí shocruithe conarthachta eile mar atá coitianta in 'aonáin shainchuspóireacha'). Faoi IFRS 10, tá rialú bunaithe ar na nithe seo a leanas a bheith ag infheisteoir:

- Ceannas ar an institiúid infheistiúcháin
- Nochtadh, nó cearta, do thorthaí athraithe óna rannpháirtíocht leis an institiúid infheistiúcháin, agus
- An cumas a chumhacht a chur i bhfeidhm ar an institiúid infheistiúcháin d'fhonn tionchar a imirt ar mhéid na dtorthaí.

Níl aon infheistíochtaí ag an nGrúpa i ngnólachtaí comhlachaithe nó i gcomhfhiontair i láthair na huaire.

Tagann Socruithe IFRS 11 Comhshocruithe in ionad Leasa i gComhfhiontair IAS 31. Éilíonn an caighdeán seo ar pháirtí do chomhshocrú cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál comhshocraithe a bhfuil sé páirteach ann trína chearta agus oibleagáidí a mheas agus ansin na cearta agus na hoibleagáidí sin a chur san áireamh de réir an chineáil chomhshocraithe sin. Cuireann comhfhiontraí modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm ar a infheistíocht i gcomhfhiontar de réir IAS 28 - Infheistíochtaí i nGnólachtaí Comhlachaithe agus i gComhfhiontair (2011). Éagsúil ó IAS 31, ní cheadaítear úsáid a bhaint as 'comhdhlúthú comhréireach' chun cuntas a dhéanamh do chomhfhiontair. Níl aon comhshocruithe ag an nGrúpa i láthair na huaire.

IFRS 12, Nochtadh Leasa in Aonáin Eile. Éilíonn an caighdeán seo dian-nochtadh faisnéise a chuireann ar chumas úsáideoirí ráiteas airgeadais measúnú a dhéanamh ar nádúr, agus rioscaí a bhaineann le leas in aonáin eile agus éifeachtachtaí an leasa sin ar a sheasamh airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabha airgeadais.

Is féidir na nochtaí a éilítear a ghrúpáil sna catagóirí ginearálta seo a leanas –

- Breithiúnais agus toimhdí suntasacha – cosúil leis an tslí a cinneadh rialú, rialú i bpáirt, tionchar suntasach.
- Leas i bhfochuideachtaí – lena n-áirítear sonraí maidir le struchtúr an ghrúpa, rioscaí a bhaineann le haonáin struchtúrtha agus athruithe ar rialú.

- Leas i socruithe comhpháirteacha agus gnólachtaí comhlachaithe – nádúr, fairsinge agus éifeachtaí airgeadais leas i gcomhshocruithe agus fochuideachtaí (lena n-áirítear ainmneacha, sonraí agus faisnéis airgeadais achoimrithe).
- Leas in aonáin struchtúrtha neamh-chomhdhlúite – faisnéis a cheadaíonn tuiscint ar nádúr agus ar fhairsinge leas in aonáin struchtúrtha neamh-chomhdhlúite agus chun measúnú a dhéanamh ar nádúr, agus athruithe ar na rioscaí a bhaineann lena leas in aonáin struchtúrtha neamh-chomhdhlúite.

Beidh tionchar ag an leasú seo ar nochtadh ach ní bheidh aon tionchar aige ar thomhas.

Ní mór d'aonáin a roghnaíonn glacadh le haon cheann den chúig chaighdeán athbhreithnithe thuasluaite a bhaineann le comhdhlúthú, glacadh leis na caighdeáin eile freisin atá san áireamh sna caighdeáin 'sraith chúig' maidir le comhdhlúthú, comhshocruithe agus nochtaí: IFRS 10 - Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, IFRS 11 - Comhshocruithe, IFRS 12 - Nochtadh Leas in Aonáin Eile, IAS 27 - Ráitis Airgeadais ar Leith agus IAS 28 - Infheistíochtaí i nGnólachtaí Comhlachaithe agus i gComhfhiontair. Rinne an AE na caighdeáin uile athbhreithnithe 'sraith chúig' a fhormhuiniú i mí na Nollag 2012 agus tá siad infheidhme don Ghrúpa ó 1 Eanáir 2013.

2.4 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a fhochuideachtaí uile. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán sa chás go bhfuil, go díreach nó go hindíreach, formhór na gceart vótála aige agus sa chás go gcinneann sé a bheartais airgeadais agus ghnó, agus má tá cead rialaithe aige d'fhonn tairbhe a bhaint as a ngníomhaíochtaí.

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágtar idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágtar caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Soláthraítear sonraí na bhfochuideachtaí i Nóta 36.

2.5 Aistriú airgeadra coigríche

(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil an t-aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag rátaí malairte deireadh na bliana na sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí sa ráiteas ioncaim i ngnóthachain agus caillteanais eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.6 Sócmhainní airgeadais

Déanann an Grúpa a shócmhainní airgeadais a rangú sna catagóirí IAS 39 seo a leanas:

(a) Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas;

(b) Iasachtaí agus infháltais, agus;

(c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin

Cinneann an Grúpa rangú a ionstraimí airgeadais ag an aitheantas tosaigh.

(a) Sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Áirítear sa chatagóir sócmhainní seo díorthaigh seachas díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe. Aithnítear na sócmhainní seo ar dtús ag luach cothrom agus cuirtear costais idirbhirt san áireamh go díreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear ioncam agus costas a eascraíonn ó na sócmhainní seo san ioncam úis agus sa chostas úis. Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chothroim i ngnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite nó mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí sa chás go mbaineann siad le díorthaigh airgeadra.

(b) Iasachtaí agus infháltais

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíreacha iad iasachtaí agus infháltais le híocaíochtaí seasta nó inchinntithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Caitear le hiasachtaí a fhaigheann an Grúpa mar iasachtaí agus infháltais de bhrí go raibh na conarthaí bunaidh d'íocaíochtaí seasta nó inchinntithe. Tá na sócmhainní iasachta atá faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha rangaithe mar iasachtaí agus infháltais.

Aithnítear iasachtaí agus infháltais ag luach cothrom móide costais idirbhirt ag an tús. Caitear le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha, mar a bhforáiltear dóibh san Acht, ag luach cothrom ag aitheantas tosaigh cothrom leis an bpraghas éadála íoctha don tsócmhainn, ag cur aon ghluaiseachtaí sreafa airgid san iarmhéid iasachta idir an dáta luachála agus an dáta aistrithe san áireamh.

Ina dhiaidh sin, tomhaistear íocaíochtaí agus infháltais ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ráta úis éifeachtúil (EIR) (féach beartas cuntasaíochta 2.9).

Is mar seo a leanas a rangaítear iasachtaí agus infháltais;

- Iasachtaí talún agus forbartha
- Iasachtaí réadmhaoine infheistíochta

San áireamh sna hiasachtaí talún agus forbartha tá iasachtaí do thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte do thalamh páirtfhorbartha.

Is ionann iasachtaí réadmhaoine infheistíochta agus iasachtaí urraithe ar aon réadmhaoin ceannaithe agus é mar phríomhaidhm í a choinneáil agus tairbhe a bhaint as an bhfáltas iomlán, .i. ioncam agus/nó luachmhéadú caipitil, thar shaolré an úis faighte. D'áireodh sé seo iasachtaí faighte ar fhorbairtí réadmhaoine cónaitheacha críochnaithe atá rangaithe mar iasachtaí réadmhaoine infheistíochta.

(c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin

Is ionann sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin agus neamhdhíorthaigh atá ainmnithe mar shócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin nó sócmhainní nach bhfuil rangaithe mar iasachtaí agus infháltais, infheistíochtaí coimeádta go dtí aibíocht nó sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas. Is ionann sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus sócmhainní atá coimeádta ar feadh tréimhse éiginnte ama, sócmhainní a d'fhéadfaí iad a dhíol mar fhreagairt ar riachtanais leachtachta nó athruithe ar rátaí úis nó rátaí malairte.

Aithnítear sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin ag luach cothrom móide costais idirbhirt. Coimeádtar ag luach cothrom iad ina dhiaidh sin. Aithnítear ioncam úis ríofa trí mhodh EIR sa chuntas brabúis nó caillteanais. Aithnítear athruithe eile i suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin in ioncam cuimsitheach sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin. Nuair a dhéantar an infheistíocht a dhiúscairt nó nuair a chinntear é a bheith bearnaithe, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach carntha roimhe seo sa chúlchiste atá ar fáil le haghaidh díolacháin a athrangú go dtí an cuntas brabúis nó caillteanais.

2.7 Dliteanais airgeadais

Iompraíonn an Grúpa gach dliteanas airgeadais ag costas amúchta, ach amháin na hionstraimí airgeadais díorthaigh, a thomhaistear ag luach cothrom. Áirítear faisnéis bhreise ar dhliteanais díorthaigh i mbeartas cuntasaíochta 2.15.

2.8 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair atá deireadh tagtha leis na cearta conarthacha sreabha airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin. Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múchta ar shlí éigin eile.

2.9 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim ag úsáid mhodh EIR.

Is ionann modh EIR agus modh chun costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus ioncam úis nó costas úis a leithdháileadh sa tréimhse chuí. Is ionann EIR agus an ráta a dhéanann lascainiú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fáltais mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais. Nuair atá EIR iasachtaí agus infháltais á ríomh, rinne an Grúpa sreabha airgid a mheas ag baint úsáide as an modheolaíocht faoi shainordú um Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) ach níor cuireadh caillteanais chreidmheasa na todhchaí san áireamh seachas a raibh aitheanta cheana féin i bpraghas éadála na n-iasachtaí. Áirítear sa ríomh costais idirbhirt agus gach táille íoctha nó faighte idir páirtithe an chonartha ar dlúthchuid de EIR iad.

Sa chás nach féidir sreabha airgid iasachta a mheas go hiontaofa bunaithe ar aitheantas tosaigh (go ginearálta sa chás nach bhfuil an próiseas díchill chuí críochnaithe fós), aithnítear ioncam úis ar bhonn fáltas úis conarthach go dtí gur féidir na sreabha airgid a mheas, tráth a n-aithneofar an t-ioncam úis trí mhodh EIR. Aithníodh iasachtaí agus infháltais gnóthaithe uile ag baint úsáide as modh an EIR faoin dáta tuairiscithe.

Sa chás go bhfuil iasacht agus infháltas bearnaithe, laghdaíonn an Grúpa an tsuim ghlanluacha go dtí an tsuim mheasta in-aisghabhála (sreabha airgid mheasta na todhchaí á lascainiú ag an EIR bunaidh) agus leantar le leachtú na lascaine fágtha.

Nuair a bhíonn sócmhainn airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais cosúla) scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear an t-ioncam úis ag baint úsáide as an ráta bunaidh úis úsáidte chun sreabha airgid amach anseo a lascainiú chun críche an chaillteanais bhearnaithe a thomhas. Ní aithnítear ioncam úis ar iasachtaí bearnaithe ar shuim neamhbhearnaithe iarmhéid na hiasachta ag baint úsáid as an EIR bunaidh.

2.10 Ioncam táille

Aithnítear ioncam táille ar dlúthchuid é de ríomh an EIR nó a eascraíonn as iasacht mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille.

2.11 Brabús / caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr

(a) Brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí agus sócmhainní réadmhaoine

Tá roinnt sócmhainní iasachta diúscartha ag an GNBS le tríú páirtithe i rith na bliana. Ríomhtar brabúis agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí/réadmhaoine mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí/réadmhaoine agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32. Aithnítear brabúis agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí/réadmhaoine sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí nuair atá an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí measúnaithe bearnaithe infhaighte is déanaí.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.11 Brabús / caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr (ar lean)

(b) Ioncam farasbairr

Ríomhtar ioncam farasbairr mar an barrachas airgid thirim aisghafa ar nasc féichiúnaí iomlán thar luach anonn na hiasachta iomlán agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim:

(i) a fhairsinge atá na sreabha airgid iarbhír i leith nasc féichiúnaí iomlán ag sárú luachanna anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán, .i. a fhairsinge atá a fhiachas uile de chuid an GNBS aisíoctha ag an bhféichiúnaí; nó

(ii) nuair atá na sreabha airgid don nasc féichiúnaí iomlán níos mó ná luach anonn iasachta um an nasc féichiúnaí iomlán. Cuirtear a leithéid d'ioncam farasbairr, a fhairsinge atá sé réadaithe ó shócmhainní iasachta sainiúla laistigh den nasc, sa ráiteas ioncaim ag gach dáta tuairiscithe bliantúil amháin.

2.12 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Cinneann an Grúpa, ag tús gach tréimhse tuairiscithe, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

(a) Iasachtaí agus infháltais tugtha anonn ag costas amúchta

Ar dtús measann an Grúpa an bhfuil fianaise oibiachtúil de bhearnú ann i gcás sócmhainní airgeadais aonair a bhfuil suntas aonair ag baint leo, agus ar bhonn aonair nó comhchoiteann do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntas aonair ag baint leo. Déantar an measúnú suntasach aonair i ndáil le punann iomlán iasachtaí gach nasc féichiúnaí suntasach aonair, seachas ar bhonn iasachta aonair.

Bhí caillteanais chreidmheasa tabhaithe ag formhór na n-iasachtaí agus na n-infháltas faighte cheana féin, a léiríodh i luacháil iasachtaí agus infháltas an GNBS.

Áirítear i bhfianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn nó punann sócmhainní bearnaithe i ndiaidh éadála an GNBS sna cásanna seo a leanas:

- Coinníollacha geilleagracha idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúla atá comhghaolaithe le mainneachtain ar shócmhainní sa ghrúpa (m.sh. laghdú ar phraghsanna réadmhaoine sa réimse ábhartha nó athruithe díobhálacha ar choinníollacha tionscail a bhfuil tionchar acu ar an bhféichiúnaí);
- Sonraí inbhraite ag léiriú méadú intomhaiste ar luach sreabha airgid measta amach anseo ó phunann sócmhainní ó aitheantas tosaigh na sócmhainní seo;
- Athruithe díobhálacha ar ionchais faoin tsuim ar dócha a réadófar ó dhiúscairt comhthaobhachta bainteach leis an iasacht nó leis an bpunann iasachta;
- Athruithe díobhálacha in ionchais uainithe sreafa airgid amach anseo a eascraíonn ó dhiúscairtí comhthaobhachta;
- Athruithe díobhálacha ar stádas íocaíochta an fhéichiúnaí (m.sh. líon níos mó íocaíochtaí moillithe);
- Deacracht shuntasach bhreise airgid an fhéichiúnaí ón tráth éadála;
- Sáruithe breise conartha, dála mainneachtain nó faillí in úis nó íocaíochtaí bunaidh;
- Is dócha go bhfógrófar an féichiúnaí féimheach nó go leanfar le hatheagrú airgeadais de chineál éigin eile.

Suntasach ar bhonn Aonair

Chun críche measúnú suntasach ar bhonn aonair, tomhaistear suim an chaillteanais bhearnaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreabha airgid measta amach anseo (seachas caillteanais chreidmheasa amach anseo nach bhfuil tabhaithe), lascainithe de réir EIR bunaidh na sócmhainne airgeadais. Déantar é seo a mheas ar leibhéal um nasc féichiúnaí iomlán, atá mar an aonad cuntasaíochta a gcur i bhfeidhm ag an GNBS. Laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí úsáid a bhaint as cuntas liúntais. Aithnítear suim an chaillteanais bhearnaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Measúnú Comhchoiteann

Déantar iasachtaí nach bhfuil faoi réir measúnú suntasach ar bhonn aonair a ghrúpáil ar bhonn comhchoiteann chun críocha measúnú bearnaithe a dhéanamh. Tá an measúnú seo bunaithe ar thaithí measúnú mionsonraithe bearnaithe curtha i gcrích i ndáil le hiasachtaí suntasacha ar bhonn aonair.

Más rud é, i dtréimhse ina dhiaidh sin, go laghdaíonn suim an chaillteanais bhearnaithe agus más féidir an laghdú úd a cheangail go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis a aithníodh an bearnú, déantar an caillteanas bearnaithe aitheanta a aisiompú tríd an gcuntas liúntais a choigeartú. Aithnítear suim an aisiompaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Sa chás nach bhfuil seans ann luach anonn iasachta, nó cuid dó, a aisghabháil, déantar an tsuim nach bhfuil in-aisghabhála a dhíscríobh i gcoinne an liúntais ghaolmhar do bhearnú an fhéichiúnaí. Déanfar sócmhainní airgeadais a dhíscríobh nuair a bheidh na nósanna imeachta riachtanacha curtha i gcrích agus nuair a bhíonn suim an chaillteanais cinnte.

2.13 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreabha airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.14 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh, éarlaisí éilimh agus nótaí státchiste.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach.

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí chun críocha fálaithe mar chuid de straitéis bainistíochta riosca an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa, ar luach cothrom, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh ar mhaithe le trádáil dílseánaigh.

Is é beartas an Ghrúpa fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach trí dhíorthaigh airgeadra a úsáid. Déantar riosca ráta úis ar fhiachas arna eisiúint ag an nGrúpa a fhálú ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Déantar babhtálacha ráta úis a fhaightear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis a fhritháireamh.

Cuirtear díorthaigh chun cuntais ar luach cothrom nó trí bhrabús agus caillteanas nó, sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe, trí úsáid a bhaint as na soláthairtí um chuntasaíocht fálaithe in IAS 39.

Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Déantar díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas a aithint ar dtús ar luach cothrom ar an dáta ar a ndéantar nó ar a bhfaightear conradh díorthaigh agus déantar iad a thomhas arís níos déanaí ar luach cothrom.

Cinntear luach cothrom díorthach ag baint úsáide as teicníc luachála um marcáil ón margadh bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí leas a bhaint as ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair toraidh Euribor agus Libor, ar chomhchéim le rátaí malairte eachtraí agus úis.

Sna boinn tuisceana a úsáidtear do na teicnící luachála sin áirítear dóchúlacht agus uainiú ionchais shreabha airgid na hionstraime amach anseo. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhfuil gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha.

Luaitear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cothrom dearfach agus mar dhliteanais nuair atá an luach cothrom diúltach.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe (ar lean)

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais luacha cothrom (seachas na díorthaigh airgeadra) sa ráiteas ioncaim. Sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe áfach, braitheann an chaoi ina bpléitear leis na gnóthachain agus caillteanais ar luach cothrom ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

Díorthaigh sainithe i ngaolmhaireachtaí fálaithe

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fhálú ar shreabha airgid an-dóchúla amach anseo, atá inchurtha i leith sócmhainne nó dliteanais aitheanta, nó idirbheart réamhaisnéise (fálú an tsreafa airgid).

Ag tráth bunaithe na gaolmhaireachta fálaithe, tuairiscíonn an Grúpa ar an ngaolmhaireacht idir míreanna fálaithe agus ionstraimí fálaithe, chomh maith lena cuspóir bainistíochta riosca agus a straitéis le tabhairt faoi roinnt idirbheart fálaithe éagsúla. Tuairiscíonn an Grúpa ar a measúnú freisin, ag tráth bunaithe an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, faoi cibé an bhfuil na díorthaigh a úsáidtear sna hidirbhearta fálaithe an-éifeachtach chun athruithe i sreabha airgid míreanna fálaithe a fhritháireamh nó nach bhfuil.

Fálú an tsreafa airgid

Déantar an cion éifeachtach athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú an tsreafa airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus áirítear i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid iad, a chuimsítear i gcothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Déantar méideanna arna gcarnadh i gcothromas a athrangú go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dtéann an mír fálaithe i bhfeidhm ar bhrabús nó ar chaillteanas. Déantar méideanna arna n-athrangú go brabús nó caillteanas ó chothromas a chuimsiú i nglan-ioncam úis.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag nó nuair a dhíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíochta fálaithe a thuilleadh, fágtar gnóthachan nó caillteanas carnach reatha atá i gcothromas ag an am sin i gcothromas agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim nuair a dhéantar an t-idirbheart réamhaisnéise. Sa chás nach meastar a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a tuairiscíodh i gcothromas a athrangú láithreach go dtí an ráiteas ioncaim.

2.16 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola agus luaitear í ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaithe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh.

2.17 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin ioncaim reatha ná an cháin ionchais atá iníoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá iníoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin ioncaim reatha atá iníoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin ioncaim atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabúis inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanais seo a úsáid ina leith.

Ní dhéanann an Grúpa dliteanais agus sócmhainní cáin ioncaim reatha a fritháireamh.

(b) Cáin ioncaim iarchurtha

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dliteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlanfar an dliteanas cáin ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncaim nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le fálú an tsreafa airgid agus atá ar fáil le haghaidh gluaiseachtaí cúltaca díolacháin a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear í ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim comhdhlúite mar aon leis an gcaillteanas nó gnóthachan iarchurtha.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dliteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonáin inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

2.18 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí ar éilimh dhlíthiúla nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Ní aithníonn an Grúpa aon soláthairtí le haghaidh caillteanas oibriúcháin amach anseo.

Dliteanais theagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

2.19 Méideanna dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha

Déantar méideanna dlite le agus ó Institiúidí Rannpháirteacha a rangú mar seo a leanas:

a) Coigeartuithe luachála díchill chuí

b) Coigeartuithe um luach le haistriú

c) Coigeartuithe um Alt 88, Alt 93, Alt 98

d) Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

a) Coigeartuithe luachála díchill chuí

Déantar aon choigeartuithe a thagann chun cinn tar éis dícheall cuí a dhéanamh ar shócmhainní aistrithe a aithint ar dtús sa ráiteas faoin staid airgeadais mar choigeartú ar luach carraeireachta sócmhainní agus mar mhéideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha nó uathu. Déantar na coigeartuithe díchill chuí a shocrú i bhfoirm airgid thirim nó trí urrúis fiachais arna ráthú ag an rialtas a eisiúint nó a chealú.

b) Coigeartuithe um luach le haistriú

Baineann coigeartuithe um luach le haistriú le glanghluaiseachtaí a tharla ar neamhchosaintí iasachtaí idir dáta luachála na sócmhainní iasachta agus an dáta ar ar aistríodh na hiasachtaí go dtí an Grúpa. Déantar méid ar bith atá dlite le nó ó Institiúid Rannpháirteach a íoc i bhfoirm airgid thirim nó trí urrúis fiachais arna ráthú ag an rialtas a eisiúint nó a chealú.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.19 Méideanna dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha (ar lean)

c) Coigeartuithe um Alt 88, Alt 93, Alt 98

Baineann coigeartuithe faoi Alt 88 den Acht le hearráidí nó easnaimh shoiléire i sceideal gnóthaithe.

Déantar coigeartuithe faoi Alt 93 den Acht i gcás ina ndearna an Grúpa ró-íocaíocht le haghaidh sócmhainne. Má fhaigheann Institiúid Rannpháirteach suim ón nGrúpa mar mhalairt ar shócmhainní iasachta a fháil atá níos mó ná an tsuim atá dlite don Institiúid Rannpháirteach sin faoin Acht, nó má fhaigheann sí suim ar bith eile ón nGrúpa nach bhfuil sí i dteideal í a fháil, tá dualgas ar an Institiúid Rannpháirteach suim na ró-íocaíochta a aisíoc leis an nGrúpa chomh maith le hús fabhraithe de réir mar a chinneann an Grúpa.

Baineann coigeartuithe faoi Alt 98 den Acht le heasnaimh shoiléire maidir le luacháil sócmhainní arna bhfáil ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Aithnítear aon choigeartuithe faoi Ailt 88, 93 nó 98, nach bhfuil socraithe ag an dáta tuairiscithe, mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha nó uathu, go dtí go socrófar na méideanna sin.

d) Staideanna rótharraingte gan íoc

Déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha cuntais rótharraingte a mhaoiniú agus bailíonn siad aisíocaíochtaí in airgead tirim ar chuntais rótharraingte ar son an GNBS. Aithnítear na méideanna a mhaoiníonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha sa ráiteas faoin staid airgeadais mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha agus aithnítear na méideanna a bhailítear mar mhéideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha. Cuirtear an glanmhéid atá dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha i bhfeidhm i leith iarmhéid na n-infháltas agus na n-iasachtaí gan íoc.

2.20 Réadmhaoin, innealra agus trealamh

Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais as spás oifige ar léas a fheistiú. Déantar costais a thabhaítear a chaipitliú sa ráiteas faoin staid airgeadais mar réadmhaoin, innealra agus trealamh de réir IAS 16. Déantar an tsócmhainn aitheanta a dhímheas ar bhonn líne dírí thar 10 mbliana. Aithnítear dímheas bliana iomláine sa bhliain ina ndéantar an tsócmhainn a chaipitliú.

2.21 Conarthaí ráthaíochta airgeadais gnóthaithe

Is iad atá i gconarthaí ráthaíochta airgeadais ná conarthaí ina n-éilítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i leith caillteanais a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite, de réir téarmaí ionstraime fiachais. Tugtar ráthaíochtaí airgeadais dá leithéidí do bhainc, d'institiúidí airgeadais agus do chomhlachtaí eile ar son custaiméirí chun iasachtaí, rótharraingtí agus áiseanna baincéireachta eile a dhaingniú.

Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais ar dtús sna ráitis airgeadais ar luach cothrom ar an dáta ar a bhfuarthas an ráthaíocht. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar dliteanais an Ghrúpa faoi ráthaíochtaí dá leithéidí a thomhas ag an méid is airde den mhéid tosaigh, lúide amúchadh táillí arna n-aithint de réir IAS 18 agus an meastachán is fearr ar an méid is gá chun an ráthaíocht a ghlanadh. Cinntear na meastacháin sin bunaithe ar thaithí ar idirbhearta comhchosúla agus stair na gcaillteanas roimhe seo, mar aon le tuairim an lucht bainistíochta. Aithnítear an t-ioncam táillí a thuilltear ar bhonn líne dírí thar shaolré na ráthaíochta. Tuairiscítear méadú ar bith sa dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí sa ráiteas ioncaim comhdhlúite laistigh de chostais oibriúcháin eile.

2.22 Ionstraimí fiachais agus cothromais

Rangaítear ionstraimí fiachais agus cothromais mar dhliteanais nó mar chothromas i gcomhréir le hábhar théarmaí conarthacha na n-ionstraimí. I gcás ionstraimí nach ngabhann oibleagáid chonartha leo chun airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a sholáthar d'aonán eile, rangaítear iad mar chothromas agus cuirtear i láthair faoi chothromas iad. Aithnítear na híocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas. Cuimsítear cúpón lánroghnach sna fobhannaí arna n-eisiúint ag an nGrúpa agus níl aon oibleagáid i gceist leo chun airgead tirim a sholáthar, agus dá bhrí sin rangaítear mar ionstraimí cothromais iad.

Rangaítear urrúis fiachais shinsearacha a eisíonn an Grúpa mar ionstraimí fiachais mar gabhann cúpón seasta leis na hurrúis bunaithe ar Euribor agus níl an íocaíocht chúpóin lánroghnach.

Déantar urrúis fiachais arna n-eisiúint a thomhas ar dtús ar luach cothrom lúide costais na n-idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh EIR. Is ionann luach tosaigh na mbannaí sinsearacha arna n-eisiúint agus 95% de chostas gnóthaithe na n-iasachtaí arna n-aistriú ó gach Institiúid Rannpháirteach. Is ionann luach tosaigh na bhfobhannaí agus 5% de chostas gnóthaithe na n-iasachtaí arna n-aistriú.

2.23 Scairchaipiteal

(a) Díbhinní ar ghnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní ar ghnáthscaireanna i gcothromas sa tréimhse ina bhfaomhann scairshealbhóirí na Cuideachta iad. Pléitear le díbhinní don tréimhse a fhógraítear tar éis dáta an ráitis chomhdhlúite faoin staid airgeadais i Nóta 39, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe.

(b) Cúpón ar ionstraim chothromais eile

Cuimsítear leis sin na fobhannaí a chomhlíonann an sainmhíniú ar ionstraim chothromais. Léirítear íocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas nuair a fhógraítear iad.

2.24 Tuairisciú teascánach

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do POF an GNBS a leithdháileann acmhainní chuchu agus a dhéanann feidhmíocht na dteascán oibriúchán de chuid an GNBS a mheas.

2.25 Leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí

Is é atá i gceist le leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí ná gnáth-scairchaipiteal agus/nó cothromas eile i bhfochuideachtaí nach féidir a chur i leith an mháthair-aonáin, go díreach nó go hindíreach.

Féadfar brabús a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe de réir an toraidh is fearr ar infheistíocht a d'fhéadfaí a íoc leis na hinfheisteoirí seachtracha. Déantar caillteanais a bhíonn i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe suas go dtí luach an leasa neamh-rialaithe sa Ghrúpa amháin, mar glacann an GNBS beagnach tairbhí agus rioscaí eacnamaíochta uile an Ghrúpa.

2.26 Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN

Éilítear ar an nGrúpa urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN faoi chomhaontú breactha comhthaobhachta (CPA) arna aontú idir GBCN agus an GNBS. Is í GBCN an contrapháirtí i leith díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd a ngnóthaítear ó iasachtaithe). Ní mór go dtabharfaí airgead tirim mar urrús comhthaobhach do GBCN d'fhonn a cuid nochta don GNBS i ndáil lena staideanna díorthach a laghdú.

Braitheann an méid urrúis chomhthaobhach ar measúnú den riosca creidmheasa curtha i gcrích ag GBCN.

Déantar airgead tirim a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh mar urrús comhthaobhach le GBCN sa ráiteas ar an staid airgeadais. Déantar aon ús iníoctha nó infhála ag eascairt ón méid a thugtar mar urrús comhthaobhach a thaifeadadh sa chaiteachas úis nó san ioncam úis faoi seach.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar seo a leanas:

3.1 Luach cothrom iasachtaí agus infháltas ar ghnóthú

Éilítear in IAS 39 go n-aithneofar gach sócmhainn airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí agus infháltas, ar dtús ar luach cothrom agus luaitear ann gurb é praghas an idirbhirt nó praghas an ghnóthaithe an fhianaise is fearr ar luach cothrom. Creideann an GNBS nach raibh aon mhargadh gníomhach ann ag am an ghnóthaithe don chineál sócmhainní a fuair sí, agus tá sí sásta go bhfuil praghas an idirbhirt ina thomhas iomchuí de luach cothrom.

Mar atá sonraithe i mbeartas cuntasaíochta 2.6, aithnítear iasachtaí a fhaigheann an GNBS ar dtús ag a bpraghas gnóthaithe de réir mar a ndéantar é a choigeartú i gcomhréir le gluaiseachtaí sonraithe in iarmhéid na hiasachta idir dáta luachála na hiasachta agus dáta an ghnóthaithe. Cinneadh praghas gnóthaithe na n-iasachtaí a fuair an GNBS ag baint úsáide as an modheolaíocht LTEV mar atá leagtha amach san Acht agus sna rialacháin ghaolmhara.

Sa mhodheolaíocht sin baintear úsáid as samhail luachála bunaithe ar chomhthaobhacht lena n-áirítear réamh-mheastacháin ar shreabha airgid a bhaineann le réadmhaoin agus boinn tuisceana maidir le réadú chomhthaobhacht na réadmhaoine. Is é an bonn luachála don chomhthaobhacht réadmhaoine go léir ná luach na réadmhaoine bunúsaí amhail an 30 Samhain 2009, ach ceadaítear san Acht ardú a dhéanamh ar luach eacnamaíoch fadtéarmach chomhthaobhacht na réadmhaoine, chun an luach a léiriú lena mbeifí ag súil go réasúnta a fháil ar an tsócmhainn i gcóras airgeadais cobhsaí nuair a bheidh na cúinsí géarchéime a bhí ann agus an tAcht á rith tar éis maolú. Is iad na príomhionchuir don tsamhail ná an luacháil réadmhaoine neamhspleách agus an measúnú ar shreabha airgid, agus lascaine bainte díobh chun luach reatha na sócmhainne a chinneadh.

3.2 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar a phunann iasachtaí agus infháltas le haghaidh bearnaithe ar bhonn leathbhliantúil. Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar cheart caillteanas bearnaithe a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim chomhtháite ag an dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa breitheanna faoi cibé an bhfuil aon sonraí inbhraite ann a léiríonn fianaise ar bhearnú ar chosúil go dtiocfadh laghdú intomhaiste ar uainiúcháin agus ar mhéideanna na sreabha airgid measta amach anseo dá thoradh. Tá beartas an Ghrúpa maidir le bearnú leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.12.

Déantar sócmhainní a mheasúnú ar bhonn aonair nó cuirtear le chéile iad i ngrúpa agus déantar iad a mheasúnú ar bhonn comhchoiteann le haghaidh bearnaithe. Sna féichiúnaithe á measúnú ar bhonn aonair ag léiriú iasachtaí agus díorthaigh chomhlachaithe le luach anonn de chuid €22.3 billiún (2011: €23.5 billiún), cuimsítear formhór (84%) na n-iasachtaí agus na n-infháltas arna mbainistiú ag an GNBS. Ní dhearnadh na hiasachtaí fágtha, a léiríonn luach anonn de chuid €4.1 billiún (2011: €5.2 billiún), agus a bhaineann le féichiúnaithe atá a mbainistiú go príomha ag Institiúidí Rannpháirteacha, a mheasúnú ar bhonn aonair agus déantar iad a ghrúpáil le chéile i bpunann amháin le haghaidh measúnaithe ar bhonn comhchoiteann.

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair

Tá measúnú bearnaithe na bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair bunaithe ar réamh-mheastacháin sreafa airgid a d'ullmhaigh bainisteoirí cáis ar leith agus iad athbhreithnithe ag an lucht bainistíochta i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair.

Léiríonn na sreabha airgid meastachán is fearr an GNBS i ndáil le gach féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair agus áirítear iontu sreabha airgid measta na todhchaí ó dhiúscairt comhthaobhacht réadmhaoine agus ioncaim neamh-diúscartha eile (ar nós ioncam cíosa).

Mar chuid de réamh-mheastachán an tsreafa airgid ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh (le haird á thabhairt ar shreabha airgid bunúsacha iarbhír) lena n-áirítear toimhdí maidir le cúinsí eacnamaíocha áitiúla, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach na comhthaobhachta réadmhaoine bunúsaí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na sreabha airgid iarbhír, agus a n-uainiú, agus na sreabha airgid réamh-mheasta arna n-ullmhú ag an lucht bainistíochta chun méid an tsoláthair bhearnaithe le haghaidh féichiúnaithe atá suntasach ina n-aonair a chinneadh.

Déanann an lucht bainistíochta na boinn tuisceana a úsáidtear chun méid agus uainiú na sreabha airgid amach anseo a réamh-mheas a athbhreithniú go rialta agus déantar réamh-mheastacháin ar shreabha airgid a nuashonrú.

Tar éis do shreabha airgid na bhféichiúnaithe aonair go léir a bheith curtha i gcrích cuirtear iad sin i ngrúpa le chéile agus cuirtear na sreabha airgid faoi réir anailíse íogaireachta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil ar an soláthar bearnaithe maidir le hathrú ar uainiú agus ar mhéid na sreabha airgid.

Anailís íogaireachta

Cinntear soláthar bearnaithe 2012 tar éis measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Sreabha airgid measta arna nginiúint ó urrús bunúsach mar chomhthaobhacht i leith iasachta
- Luach diúscartha ionchais an urrúis bhunúsaigh
- Uainiú ionchais réadú na sreabha airgid lena n-áirítear uainiú dhiúscairt ionchais an urrúis sa todhchaí.

Tar éis a comhlíontar measúnú sreafa airgid na bhféichiúnaithe le luach comhcheangailte de chuid €22.3 billiún (2011: €23.5 billiún) (lena n-áirítear €0.3m de dhíorthaigh iasachtaí comhlachaithe (2011: €0.3m)), tugann torthaí comhdhlúite an tsreafa airgid seo deis don GNBS íogaireachtaí ar leith a chur i bhfeidhm i ndáil le punann agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-íogaireachtaí seo ar an bhforáil bhearnaithe.

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar fhoráil bhearnaithe 2012 ag athrú i méid na diúscairt sreabha airgid thar gheografaíochtaí agus cineálacha sócmhainní ar leith.

Tionchar measta in €m ar mhuirear bearnaithe 2012 de laghdú 1% i méid na diúscairt sreabha airgid measta de réir cineál sócmhainne agus láithreach

	Éire	RA (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann)
	€m	€m
Talamh agus forbairt	28	6
Cónaitheach	21	5
Tráchtáil	22	14
Miondíol	21	11
Óstán agus fóillíocht	9	4
IOMLAN	**101**	**40**

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoitinn

Glactar le féichiúnaithe nach bhfuil measúnaithe ar bhonn aonair ar bhonn comhchoiteann ar mhaithe le measúnú bearnaithe a chur i gcrích ('measúnú comhchoiteann') Déantar an measúnú comhchoiteann sin a ríomh trí thaithí bearnaithe na bhféichiúnaithe suntasacha ina n-aonair a chur san áireamh. Cuirtear an meánráta bearnaithe, do na féichiúnaithe suntasacha ina n-aonair, i bhfeidhm i leith na n-iasachtaí arna measúnú ar bhonn comhchoiteann.

Déanann an lucht bainistíochta méid sholáthar bearnaithe aitheanta ar bith a mheas i bhfianaise an leibhéil bhearnaithe a bhí i gceist sa chuid den phunann iasachta a ndearnadh measúnú aonair uirthi. Trí é sin a dhéanamh, is é an príomhbhonn tuisceana ná go mbeidh an leibhéal bearnaithe sa dá chuid den phunann cosúil lena chéile. Má bhíonn feidhmíocht na sócmhainní measúnaithe ar bhonn aonair difriúil ó réamh-mheastachán nó má bhíonn feidhmíocht na bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoiteann an-difriúil ó na féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair, beidh tionchar aige sin ar leibhéal an tsoláthair bhearnaithe chomhchoitinn.

Déanann iniúchóirí inmheánacha an GNBS athbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas bearnaithe ar bhonn bliantúil. Áirítear i raon feidhme an athbhreithnithe seo measúnú a dhéanamh ar phróiseas an athbhreithnithe ar bhearnú agus ar chruinneas agus iomláine na n-ionchur do na measúnuithe aonair agus comhchoiteanna.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA (AR LEAN)

3.3 Aitheantas ioncaim ar iasachtaí agus infháltais

Tá an beartas cuntasaíochta maidir le hioncam úis a aithint le haghaidh iasachtaí agus infháltas leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Fuarthas an phunann iasachtaí a fuair an Grúpa ar lascaine shuntasach i leith pharluach na n-iasachtaí, lena léiríodh caillteanais iasachta a tabhaíodh ar na hiasachtaí cheana féin sular ghnóthaigh an GNBS iad. Tá EIR na punainne seo socraithe ag an ráta lascaine lena ndéantar luach reatha na sreabha airgid ar glacadh leo sa tsamhail luachála gnóthaithe iasachta cothrom leis an luach gnóthaithe. Socraítear an ráta sin ar dháta na luachála agus bíonn sé mar EIR tosaigh na hiasachta.

D'fhéadfadh difríocht dhearfach nó dhiúltach a bheith idir na sreabha airgid iarbhír thar shaol an fhéichiúnaí agus na sreabha airgid ionchais a nglactar leo sa tsamhail luachála gnóthaithe. Déanann an Grúpa sreabha airgid ionchais a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad mar chuid dá athbhreithniú bearnaithe (féach nóta 3.2). Bheadh tionchar ag athrú ar bith ar bhoinn tuisceana ar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltas arna dtabhairt ar aghaidh ag costas amúchta mar atá nochta i Nóta 5. Ní aithneofar ioncam úis ar chuid bearnaithe ar bith de shócmhainn, agus mar sin laghdófar an t-ioncam úis sa chás go bhfuil sreabha airgid réamh-mheasta athbhreithnithe níos lú ná na sreabha airgid ionchais tosaigh sa tsamhail gnóthaithe iasachta.

3.4 Cáin iarchurtha

Leagtar amach an beartas cuntasaíochta don cháin iarchurtha i mbeartas cuntasaíochta 2.17. Aithnítear sócmhainní cáin ioncam iarchurtha i ndáil le caillteanais chánach tugtha anonn sa mhéid is go bhfuil réadú an tsochair ghaolmhar cánach dóchúil. Aithnítear glansócmhainn cánach iarchurtha de chuid €337m sna ráitis airgeadais ag deireadh na bliana, ag cuimsiú sócmhainn cáin ioncaim iarchurtha de chuid €133m (2011: €236m) i ndáil le caillteanais chánach neamhúsáidte agus díothaigh chánach iarchurtha de chuid €204m (2011: €70m).

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go gcreideann an lucht bainistíochta go ndéanfar na sócmhainní úd a réadú i dtréimhsí amach anseo. Braitheann réadú na sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGrúpa ag giniúint brabúis inchánacha amach anseo chun fritháireamh a dhéanamh ar shócmhainní cánach iarchurtha aitheanta. Le haird ar an mbrabús ginte ag an nGrúpa in 2011 agus 2012, agus réadú sa bhliain reatha cion suntasach de na sócmhainní cánach iarchurtha aitheanta in 2011, creideann an lucht bainistíochta go mbeidh brabúis inchánacha na todhchaí ar fáil le fritháireamh a dhéanamh ar aon sócmhainn chánach iarchurtha agus dá réir sin glactar leis go mbeadh sé iomchuí sócmhainní cánach iarchurtha a aithint ag an dáta tuairiscithe.

4. ANAILÍS TEASCÁNACH

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin i gcomhréir leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS (an príomhchinnteoir oibriúcháin). Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá cinneadh déanta ag an nGrúpa nach bhfuil ach teascán oibriúcháin amháin aige ar bhonn domhanda, is é sin a phunann iasachtaí gnóthaithe. Is í príomhghníomhaíocht an ghnó iasachtaí incháilithe a ghnóthú ó Institiúidí Rannpháirteacha, plé go gasta leis na hiasachtaí a fhaightear agus luach na n-iasachtaí sin a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach eile.

Tá an fhaisnéis arna cur ar fáil faoin teascán buanaithe ar thuairiscí míosúla agus ráithiúla agus faisnéis bainistíochta mhíosúil, ar a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú.

Tuairiscíonn an GNBS príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) don Fhoireann Fheidhmiúcháin Sinsearach agus do Bhord an GNBS. Sna PFTanna ríthábhachtacha a thuairiscíonn an GNBS áirítear giniúint airgid thirim, fáltais diúscartha agus ioncaim neamh-diúscartha.

Torthaí teascánacha na n-oibríochtaí

Is í an fhaisnéis theascánach a soláthraítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis an teascán intuairiscithe an fhaisnéis chéanna is atá sa ráiteas ioncaim comhdhlúite agus sa ráiteas comhdhlúite faoin staid airgeadais agus ní léirítear arís í sna Nótaí. Léirítear anailís gheografach ar ioncam seachtrach, sócmhainní agus dliteanais sa tábla thíos. Taispeántar an anailís maidir le sócmhainní agus dliteanais seachtracha an Ghrúpa agus ní thaispeántar sócmhainní ná dliteanais idirghrúpa.

Anailís gheografach

2012 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	2012 Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	834,638	459,726	92,459	-	**1,386,823**
Sócmhainní seachtracha					
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	16,494,077	7,354,609	2,190,998	-	**26,039,684**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(3,263,422)	**(3,263,422)**
Iasachtaí agus infháltais	**16,494,077**	**7,354,609**	**2,190,998**	**(3,263,422)**	**22,776,262**
Sócmhainní seachtracha eile	4,218,679	226,800	6,301	-	**4,451,780**
Iomlán na sócmhainní seachtracha	**20,712,756**	**7,581,409**	**2,197,299**	**(3,263,422)**	**27,228,042**
Dliteanais seachtracha	26,816,295	-	-	-	**26,816,295**
Iomlán na ndliteanas	**26,816,295**	**-**	**-**	**-**	**26,816,295**

2011 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	2011 Iomlán €'000
Ollioncam seachtrach	789,040	401,999	92,209	-	**1,283,248**
Sócmhainní seachtracha					
Iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	17,558,818	8,689,175	2,110,662	-	**28,358,655**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,751,266)	**(2,751,266)**
Glan-iasachtaí agus infháltais	**17,558,818**	**8,689,175**	**2,110,662**	**(2,751,266)**	**25,607,389**
Sócmhainní seachtracha eile	4,802,513	253,786	4,964	-	**5,061,263**
Iomlán na sócmhainní seachtracha	**22,361,331**	**8,942,961**	**2,115,626**	**(2,751,266)**	**30,668,652**
Dliteanais seachtracha	30,147,328	-	-	-	**30,147,328**
Iomlán na ndliteanas	**30,147,328**	**-**	**-**	**-**	**30,147,328**

Cuirtear ioncaim agus sócmhainní i leith tíortha ar bhonn shuíomh na comhthaobhachta.

Ní sholáthraítear bearnú iasachtaí agus infháltas de réir na hearnála geografaí toisc go ndéantar an measúnú bearnaithe ar leibhéal an fhéichiúnaí agus beidh comhthaobhacht féichiúnaithe aonair suite ar fud na n-earnálacha geografacha éagsúla.

Áirítear urrúis fiachais shinsearacha arna n-eisiúint i bhformhór na ndliteanas seachtrach, a n-eisítear in euro ar Stocmhalartán na hÉireann agus a thuairiscítear dá réir sin mar chuid de theascán geografach na hÉireann.

Ní bhfuarthas aon ioncam as idirbhearta le custaiméir seachtrach aonair a bhí cothrom le 10% nó níos mó d'ioncaim an Ghrúpa .

5. IONCAM ÚIS AGUS TÁILLE

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Ús ar iasachtaí agus infháltais (Nóta 19)	1,221,862	1,145,360
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte	84,526	100,348
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid	23,792	16,870
Ús ar shócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	12,365	10,939
Ioncam úis iomlán	**1,342,545**	**1,273,517**
Ioncam táille ó iasachtaithe	29,650	8,503
Ioncam táille faighte ar áis ghearrthéarmach IBRC (a)	14,628	-
Ioncam tuillte ar chuntais rótharraingte iasachtaithe	-	1,228
Ioncam úis agus táille iomlán	**1,386,823**	**1,283,248**

Aithnítear ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais de réir bheartas cuntasaíochta 2.9.

Ríomhtar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais ag baint úsáide as modh cuntasaíochta EIR. Déanann an modh seo iarracht ioncam úis a aithint ag ráta seasmhach thar saolré na hiasachta agus beidh difríocht idir é agus an t-airgead tirim iarbhír faighte. Tugann sé seo le tuiscint in aon thréimhse tuairiscithe go mbeidh difríocht idir an méid úis aitheanta agus an t-airgead tirim faighte. Thar shaolré na hiasachta, áfach, beidh iomlán an airgid thirim faighte sa bhreis ar luach gnóthaithe na hiasachta, tar éis coigeartaithe i gcás aon chaillteanais bhearnaithe, cothrom leis an ioncam úis aitheanta. Ní aithnítear aon ioncam úis ar an ngné d'aon iarmhéid iasachta a bhreithnítear a bheith bearnaithe.

Bhí 100% den €1.2 billiún ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais aitheanta sa bhliain go 31 Nollaig 2012 réadaithe in airgead tirim le linn 2012 (2011: 100%).

Baineann ioncam úis ar ionstraimí airgeadais díorthaigh le hús faighte ar dhíorthaigh gnóthaithe ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí bainteach leis na hiasachtaí a gnóthaíodh.

Cuimsíonn ús ar airgead agus coibhéisí airgid ús tuillte ar airgead, éarlaisí gearrthréimhseacha, nótaí státchiste agus páipéar tráchtála coinnithe i rith na bliana.

Cuimsíonn ús ar shócmhainní ar fail le haghaidh díolacháin ús tuillte ar bhannaí rialtais gearrthréimhseacha coinnithe chun críocha leachtaithe.

Aithnítear ioncam táille ó iasachtaithe atá mar dhlúthchuid de ríomh an EIR nó de bhunús iasachta mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasaíochta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille. San ioncam táille a aithnítear sa bhliain áirítear táillí socruithe, táillí athstruchtúrtha agus táillí tuillte ar chuntais rótharraingte.

(a) Ioncam táille faighte ar áis ghearrthéarmach IBRC

Ar fháil treorach Aireachta eisithe ar 29 Márta 2012, d'fhaomh Bord an GNBS áis ghearrthéarmach le IBRC. Bhí an áis seo comhthaobhaithe ag banna Rialtais na hÉireann. Tarraingíodh anuas an áis €3.06 billiún ar 3 Aibreán 2012 le huasmhéid aibíochta faoin treoir Aireachta de chuid 90 lá. Soláthraíodh an áis ar chorrlach de 135 bonnphointe thar ráta athmhaoinithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh, le ráta uilechuimsitheach 2.35% le haghaidh tréimhse na háise mar thoradh. Tháinig an áis ghearrthéarmach chun aibíochta ar 20 Meitheamh 2012 leis an nGrúpa á aisíoc san iomlán.

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Ioncam úis ar airgead	2	16
Ioncam úis iomlán	**2**	**16**

6. COSTAS ÚIS

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Ús ar urrúis fhiachais shinsearaigh i mbun eisiúna	320,007	423,279
Ús ar dhíorthaigh a bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm orthu	116,079	58,280
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	53,772	30,797
Ús ar iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	2,034	93
Costas úis ar chuntais rótharraingte iasachtaithe	610	-
Costas iomlán úis	**492,502**	**512,449**

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Ús íoctha ar réamhíocaíochtaí ón Lárchiste	-	93
Ús íoctha ar iasachtaí idir-Ghrúpa	600	720
Costas iomlán úis	**600**	**813**

7. (CAILLTEANAIS) / GNÓTHACHAIN AR IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
(Caillteanais) / Gnóthachain luach cothrom ar dhíorthaigh gnóthaithe ó iasachtaithe	(52,525)	90,479
Gnóthachain / (caillteanais) luach cothrom ar dhíorthaigh eile	8,538	(81,689)
Coigeartú neamhéifeachtachta fála (Nóta 34)	7,721	15,908
Coigeartú luachála i ndiaidh dícheall cuí a thabhairt chun críche	(1,673)	(386)
(Caillteanais) / Gnóthachain iomlána ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	**(37,939)**	**24,312**

Tá gluaiseachtaí luach cothrom ar dhíorthaigh á spreagadh ag gluaiseachtaí margaidh a tharla i gcaitheamh na bliana. Tá tionchar ar luach cothrom na mbabhtálacha seo ag athruithe i rátaí Euribor agus leibhéil feidhmíochta na ndíorthach iasachtaithe. Soláthraítear breis faisnéise ar ionstraimí airgeadais díorthaigh i Nóta 18.

Cuimsíonn (caillteanais) / gnóthachain ar dhíorthaigh faighte ó iasachtaithe gluaiseachtaí luach cothrom ar dhíorthaigh faighte ó iasachtaithe a bhí bainteach leis na hiasachtaí a gnóthaíodh. Tá na díorthaigh seo mar bhonn le nochtadh riosca ráta úis an GNBS a fhálú, ag eascairt as díorthaigh faighte ó fhéichiúnaithe. Níl cuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm i ndáil leis na díorthaigh seo.

In 2010, áiríodh caillteanas luach cothrom de chuid €30.4m i ndáil le díorthaigh atá anois ainmnithe i ngaolta fálaithe sna caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh eile. Déantar an caillteanas seo a amúchadh chuig an gcúlchiste fálaithe sreabhadh airgid mar neamhéifeacht fálaithe thar shaolré fanta na ndíorthach. Tráth an dáta tuairiscithe aithnítear neamhéifeachtacht fála carntha de chuid €23.6m sa chúlchiste fála um shreabhadh airgid, is ionann neamhéifeachtacht fála na bliana reatha agus €7.7m (2011: €15.9m).

Níl aon díorthaigh sa Ghníomhaireacht.

8. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT IASACHTAÍ, SÓCMHAINNÍ RÉADMHAOINE AGUS IONCAM FARASBAIRR

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (sa bhreis ar luachanna anonn iasachtaí) (Nóta 19)	172,374	472,135
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí (Nóta 19)	15,139	77,443
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine	714	-
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt iasachtaí, sócmhainní réadmhaoine agus ioncam farasbairr	**188,227**	**549,578**

I rith na bliana, dhiúscair an Grúpa iasachtaí agus infháltais áirithe faighte le tríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas seo. Réadaigh an grúpa glanbhrabús de chuid €15m (2011: €77m) ar dhiúscairt iasachtaí sa bhliain. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt iasachtaí sa chás go bhfuil an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí um measúnú bearnaithe is déanaí atá ar fáil.

I rith na bliana, dhíol an Grúpa sócmainní réadmhaoine trádála ar leith le tríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais díolacháin faighte agus luach anonn na sócmhainní réadmhaoine seo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús de chuid €0.7m (2011: €nialas) ar dhiúscairt na sócmhainní réadmhaoine trádála sa bhliain.

I gcás sócmhainní faighte áirithe, tá luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas sáraithe ag na fáltais ó dhiúscairt na comhthaobhachta bunaidh i nasc féichiúnaí. Aithnítear an farasbarr seo sa ráiteas ioncaim mar bhrabúis réadaithe ar iasachtaí. As an méid aitheanta iomlán gineadh €108m (2011: €55m) ó fhéichiúnaithe a bhfuil fiachas uile an GNBS aisíoctha go hiomlán acu agus aithnítear aon airgead breise a fhaightear mar bhrabús. Aithnítear €64m (2011: €417m) breise d'ioncam farasbairr ar shócmhainní iasachta ar leith le nasc féichiúnaí sa chás go bhfuil an airgead ginte agus faighte ag an GNBS tar éis luach anonn na hiasachta a shárú; agus sa chás go bhfuil sreafaí airgid measta don nasc féichiúnaí trí chéile níos mó ná luachanna anonn na hiasachta trí chéile.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí a dhiúscairt.

9. COSTAIS RIARACHÁIN

Grúpa	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Costais in-aisíoctha le GBCN	9.1	36,890	27,678
Táillí príomhsheirbhíseora	9.2	56,427	56,897
Costais um dhícheall cuí	9.3	4,086	44,505
Táillí bainistíochta punainne	9.4	6,882	15,992
Táillí dlí	9.5	4,634	9,478
Táillí máistir-sheirbhíseora	9.6	3,547	3,098
Costais airgeadais agus teicneolaíochta	9.7	3,022	2,266
Costais chíosa agus áitíochta	9.8	1,375	975
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	9.9	1,023	927
Seirbhísí iniúchta inmheánaigh eile	9.9	288	-
Táillí Bhord agus Choiste an GNBS	9.10	493	618
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	9.11	450	450
Iomlán na gcostas riaracháin		**119,117**	**162,884**
Costais um dhícheall cuí aisghafa ar ghnóthuithe iasachta	9.3	-	(34,505)
Costais riaracháin iomlána an GNBS		**119,117**	**128,379**

Gníomhaireacht	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Costais riaracháin			
Costais in-aisíoctha le GBCN	9.1	36,890	27,678
Táillí boird agus coiste	9.10	493	618
Costais áitíochta agus eile	9.8	1,178	86
Iomlán na gcostas riaracháin		**38,561**	**28,382**

Aithnítear na costais in-aisíoctha le GBCN mar chostas don GNBS. Aisíocann Grúpa BSNT na costais uile, seachas táillí Boird agus costais Boird tabhaithe ag an GNBS, leis an GNBS. Chúitigh Grúpa BSNT costais iomlána de chuid €38.1m (2011: €27.8m) leis an GNBS.

Gníomhaireacht	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Costais ar féidir cúiteadh ag Grúpa BSNT			
Costais in-aisíoctha le GBCN	9.1	36,890	27,678
Costais áitíochta	9.8	1,177	87
Iomlán na gcostas ar féidir cúiteadh ag Grúpa BSNT		**38,067**	**27,765**

9. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

9.1 Costais in-aisíoctha leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN.

Tabhaíonn GBCN costais indíreacha ar nós tuarastail, cíos, TF, seirbhísí oifige agus gnó. Tá aontaithe ag an GNBS a cion comhréireach siúd de na forchostais seachtracha a chúiteamh le GBCN ar bhonn láraithe sa chaoi is go mbaineann GBCN tairbhe díreach nó indíreach as soláthar na n-earraí nó seirbhísí gaolmhara. Sna costais seo áirítear costais TF lárnacha, seirbhísí oifige agus gnó, mar aon le dímheas i ndáil le húsáid sócmhainní seasta GBCN agus forchostais lárnacha eile.

Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a chúiteamh.

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaimseartha i ngnó an GNBS a athmhuirearú ar an nGrúpa. B'ionann líon na bhfostaithe de chuid GBCN, a raibh baint dhíreach acu leis an nGrúpa ('Oifigigh an GNBS') trath an dáta tuairiscithe, agus 224 (2011: 202) agus bhí an costas iomlán tuarastail, lena n-áirítear costais phinsin, cothrom le €27.1m (2011: €20.9m). Chomh maith leis sin, soláthraíonn GBCN seirbhísí comhroinnte don GNBS lena n-áirítear TF, AD agus Airgeadas. Bhí costas fostaithe GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) ag soláthar na seirbhísí comhroinnte seo don GNBS i rith 2012 cothrom le €3.1m (2011: €3.1m).

Tá Oifigigh an GNBS ina mbaill de Scéim Pinsean Sochair Shainithe GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaithe úd. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsean seo a athmhuirearú ar an GNBS.

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	**2012 €**	**2011 €**
Tuarastal	365,500	430,000
Sochair incháinithe	22,664	24,483
Performance related bonus	-	-
	388,164	**454,483**

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí. Léiríonn tuarastal na bliana 2012 laghdú deonach de chuid 15%.

Is é POF GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh comhairliúcháin le Coiste Comhairleach GBCN. Le comhairle á tabhairt maidir le luach saothair, soláthraítear faisnéis do Choiste Comhairleach GBCN ó dhearcthaí Choiste Luach Saothair GBCN. Is comhalta é Cathaoirleach ar Bhord an GNBS de Choiste Luach Saothair GBCN chun críche plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhfoireann atá sannta chuig an GNBS.

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinithe agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60 faoin gcéad de thuarastal bliantúil. Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht don bhliain 2012, ach i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach ag tabhairt aghaidh ar an tír, tharscaoil sé a theidlíocht i ndáil leis an íocaíocht seo.

9.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íoctha le gach Institiúid Rannpháirteach agus na Príomhsheirbhíseoirí, as sócmhainní bainc incháilithe a sheirbhísiú. Is iad na hInstitiúidí Rannpháirteacha a riarann na hiasachtaí agus na hinfháltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. Tá na méideanna iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach sonraithe i Nóta 37, nochtadh páirtithe gaolmhara. B'ionann na táillí íoctha le agus tabhaithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus €56.4m (2011: €56.9m), ar ionann sin agus táille iomlán de chuid 8 mbonnphointe (2011: 8 mbonnphointe) d'iarmhéideanna iasachta parfhiachais arna riar.

9.3 Costais um dhícheall cuí

Is ionann costais um dhícheall cuí agus costais atá tabhaithe ag an nGrúpa i ndiaidh na punainne iasachtaí a fháil ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Áirítear lámháltas do chostais um dhícheall cuí sa tsamhail luachála iasachta atá in úsáid ag an nGrúpa chun na hiasachtaí a ghnóthú mar dhéaduchtú ó luach éadála na n-iasachtaí. Glactar le costais um dhícheall cuí tabhaithe ag an nGrúpa mar chostais idirbhirt agus áirítear iad i gcostas éadála na n-iasachtaí agus na n-infháltas. B'ionann an costas um dhícheall cuí iomlán tabhaithe ar an bpunann iasachtaí a ghnóthú agus €78.2m. In 2010 agus 2011 d'aisghabháil an Grúpa €64.1m de na costais seo san iomlán ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha trí dhéaduchtú i luach éadála na n-iasachtaí, ag fágáil iarmhéid de chuid €14.1m nach bhfuil aisghafa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus atá curtha san áireamh sa ráiteas ioncaim in 2011 agus 2012.

Seo a leanas an anailís atá déanta ar na costais um dhícheall cuí;

	2012 €'000	2011 €'000
Dícheall cuí dlithiúil	85	7,053
Costais luachála iasachta	2,187	20,900
Dícheall cuí réadmhaoine	513	7,607
Comhordaitheoir an iniúchta	1,301	8,945
Iomlán na gcostas um dhícheall cuí tabhaithe	**4,086**	**44,505**
Costais um dhícheall cuí aisghafa ar ghnóthuithe iasachta	-	(34,505)
Glanchostais um dhícheall cuí leagtha ar an ráiteas ioncaim	**4,086**	**10,000**

9.4 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. San áireamh sna costais áirítear táillí luachála réadmhaoine, cuardaigh sócmhainní agus clárlainne táillí, costais díolacháin iasachtaí agus costais árachais.

9.5 Táillí Dlí agus Cánach

San áireamh i dtáillí dlí tá táillí íoctha le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí agus iasacht foirne le haghaidh dícheall cuí dlí.

9.6 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íoctha leis an Máistir-Sheirbhíseoir, Capita. Soláthraíonn Capita seirbhísí riaracháin iasachtaí agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Bhí táillí Capita don bhliain cothrom le €3.5m 2011: €3.1m).

9.7 Costais airgeadais agus teicneolaíochta

Áirítear i gcostais airgeadais agus teicneolaíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil le TF, luacháil díorthaigh, comhairle chánach agus costais riaracháin eile.

9.8 Costais chíosa agus áitíochta

Áirítear i gcostais chíosa agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu. Tá a háitreabh oifige reatha léasaithe ag an nGníomhaireacht le haghaidh tréimhse deich mbliana ar chíos bliantúil de chuid €1.0m. Baineann an t-iarmhéid atá fágtha le costais áitíochta.

9.9 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúchóirí inmheánacha agus tuairisciú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

Seirbhísí iniúchta inmheánaigh eile

I gcaitheamh na bliana, chuir iniúchóir inmheánach an Ghrúpa, Deloitte, roinnt seirbhísí iniúchta inmheánaigh i gcrích a bhí sa bhreis ar scóip gháth-sheirbhísí an iniúchta inmheánaigh.

9. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

9.10 Táillí Bhord agus Choiste an GNBS

	2012 €	2011 €
Frank Daly (Cathaoirleach)	150,000	153,778
Michael Connolly (d'éirigh as 25 Samhain 2011)	-	81,875
Éilish Finan	60,000	60,000
Brian McEnery	60,000	60,000
Steven A. Seelig	60,000	60,000
Willie Soffe	75,000	61,210
Peter Stewart (d'eirigh as 10 Deireadh Fómhair 2011)	-	46,613
Táillí Boird	**405,000**	**523,476**
Costais an bhoird	60,247	60,873
Costas an bhoird chomhairligh	-	6,191
Costais Iomlán an Bhoird	**465,247**	**590,540**
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Alice Charles	5,000	4,000
Michael Wall	5,000	4,000
An Coiste Iniúchóireachta		
Jim Kelly	10,000	9,694
Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann		
Frank Cushnahan	4,000	5,000
Brian Rowntree	4,000	5,000
Táillí an Choiste	**28,000**	**27,694**
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	**493,247**	**618,234**

Ní fhaigheann John Corrigan (Príomhfheidhmeannach GBCN) agus Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS) aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltaí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Ceapadh John Mulcahy ar an mBord i Márta 2012 agus ní fhaigheann sé aon luach saothair as feidhmiú mar chomhalta Boird.

Le linn 2012, thabhaigh Comhaltaí Boird agus Coiste an GNBS costais de chuid €60,247 (2011: €60,873). .

2012	Costais Taistil €	Lóistín agus Cothabháil €	Eile €	Iomlán 2012 €	Iomlán 2011
Frank Daly (Cathaoirleach)	1,538	620	657	**2,815**	**3,563**
Brian McEnery	4,971	-	-	**4,971**	**9,943**
Steven A. Seelig[3]	43,760	8,701	-	**52,461**	**47,367**
	50,269	**9,321**	**657**	**60,247**	**60,873**

3 Tá cónaí ar an Steven Seelig i SAM. Baineann costais le costais taistil agus cóiríochta ar bhonn aisghabhála costais le freastal ar chruinnithe Boird agus Coiste i mBaile Átha Cliath.

9.11 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

	2012 €'000	2011 €'000
Iniúchadh ar chuntais aonair	450	450
Dearbhú eile	-	-
Comhairleach cánach	-	-
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	-	-
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	**450**	**450**

10. GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AIRGEADRA EACHTRACH

Grúpa	**2012 €'000**	**2011 €'000**
Gnóthachain um aistriú airgeadra eachtraigh ar iasachtaí agus infháltais (Nóta 19)	216,051	245,533
Caillteanas airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	(61,708)	(291,633)
(Caillteanais) / Gnóthachain airgeadra eachtrach réadaithe malairte ar ionstraimí airgeadais díorthaigh airgeadra	(255,374)	111,093
Gnóthachan / (caillteanas) airgeadra eachtrach ar airgead tirim	1,467	(3,221)
Gnóthachain airgeadra eachtrach eile	132	1
(Caillteanais) / Gnóthachain iomlána ar airgeadra eachtrach	**(99,432)**	**61,773**

Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh airgeadra eachtrach ó ghluaiseachtaí margaidh a mbíonn tionchar acu ar luach na dtíorthach sa tréimhse tuairiscithe. Tá caillteanas de chuid €15m taifeadta ag an GNBS ar ar dhíorthaigh airgeadra ar bhonn carntha ó 2010 i leith. Tá an glanchostas carntha seo comhaicmeach le costas "árachais" an GNBS a chosaint ó thionchar luaineachtaí sa ráta airgeadra eachtrach.

Eacraíonn gnóthachain um aistriú airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais ar athluacháil iasachtaí agus infháltas airgeadra eachtrach ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtrach de réir bheartas cuntasaíochta 2.5.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, ghlac an Grúpa páirt in idirbhearta airgeadaíochta d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí agus infháltais airgeadra eachtrach gnóthaithe. Cuimsíonn an gnóthachan nó caillteanas ar tháirgí díorthaigh gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe. Aithnítear gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.15. Mínítear díorthaigh airgeadaíochta ar bhonn níos mionsonraí i Nóta 18.

11. MUIRIR BHEARNAITHE AR IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	2,751,266	1,484,523
Méadú i bhforáil sainiúil	1,016,647	1,704,889
Scaoileadh na forála sainiúla	(419,189)	(270,352)
Scaoileadh na forála comhchoitinn	(85,302)	(167,794)
Gluaiseacht iomlán san fhoráil	**512,156**	**1,266,743**
Iarmhéid ag deireadh na bliana (Nóta 19)	**3,263,422**	**2,751,266**
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	517,841	1,266,743
Aitheanta i gcoinne iasachtaí agus infháltais	(5,685)	-
	512,156	**1,266,743**
Anailís déanta ar bhonn:		
Bearnú sonrach	2,750,572	2,153,114
Bearnú comhchoiteann	512,850	598,152
	3,263,422	**2,751,266**

Go bunúsach baineann scaoileadh na forála bearnaithe sainiúla (€0.4 billiún in 2012) le laghdú i luach éadála roinnt iasachtaí ar leith tar éis tabhairt chun críche dícheall cuí i rith na bliana.

Ríomhtar an foráil bhearnaithe i ndáil le gach nasc féichiúnaí measúnaithe ar bhonn aonair mar an difríocht idir an luch anonn de chuid iasachtaí iomlána gach nasc féichiúnaí agus luach reatha sreafaí airgid measta na todhchaí don nasc. Sa chás go raibh laghdú i luach éadála na n-iasachtaí tar éis tabhairt chun críche an dícheall cuí, mar thoradh bhí laghdú san fhoráil bhearnaithe a aithníodh roimhe sin le haghaidh nasc féichiúnaí ar leith.

Tharla scaoileadh na forála comhchoitinn go príomha de bharr laghdú sna hiasachtaí agus sna hinfháltais a bhí measúnaithe ar bhonn comhchoitinn le haghaidh bearnaithe in 2012 i gcomparáid le 2011. Le linn 2012 aistríodh bainistíocht roinnt nasc féichiúnaí ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS agus bhí na naisc seo faoi réir measúnaithe bearnaithe ar leith ag 31 Nollaig 2012. Mar thoradh air seo bhí líon níos ísle iasachtaí agus infháltas á measúnú ar bhonn comhchoitinn le haghaidh bearnaithe.

Tá tuilleadh eolais maidir le bearnú iasachtaí agus infháltas le fáil i Nóta 3, meastacháin agus breithiúnais chriticiúla Chuntasaíochta, Nóta 19, Iasachtaí agus infháltais agus Nóta 22, Riosca Creidmheasa.

12. (MUIREAR) / CREIDMHEAS CÁNACH

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Cáin reatha		
Cáin chorparáide Éireannach	(450)	(1,561)
Cáin iarchurtha		
Ar ghnóthachain agus caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh	26,424	1,135
Ar chaillteanais chánach neamh-úsáidte tugtha anonn (Nóta 26)	(102,240)	235,634
Cáin iarchurtha iomlán aitheanta sa ráiteas ioncaim	(75,816)	236,769
(Muirear) / Creidmheas cánach iomlán	**(76,266)**	**235,208**

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta corparáideach ábhartha na hÉireann i ndáil le (muirear)/ creidmheas cánach iarbhír an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabúis

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Brabús roimh cánachas	308,219	11,340
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	77,055	2,835
Éifeacht:		
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-asbhainte	24,912	66,830
Cáin ar ioncam úis	450	1,561
Costais neamh-asbhainte	273	354
Caillteanais chánach úsáidte tugtha anonn	(102,240)	(70,019)
(Dliteanas) cánach iarchurtha aitheanta breise	(26,424)	(1,135)
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta ar chaillteanais chánach	102,240	(235,634)
Muirear / (creidmheas) cánach	**76,266**	**(235,208)**

Eascraíonn muirear cánach reatha de chuid €0.45m (2011: €1.56m) ar an mbrabús tuillte ag GINBST. Íocadh méid iomlán de chuid €0.6m (2011: €1.4m) leis na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse a bhaineann le 12.5% den mbrabús ag eascairt i gcás GINBST. Ní raibh muirir chánach ar bith eile i gceist in aonáin Ghrúpa an GNBS agus tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhormhór d'ioncam an Ghrúpa cothrom le 25%. Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhormhór d'ioncam na bhfochuideachtaí cothrom le 12.5% nó 25%. B'ionann an ráta éifeachtach cáin chorparáide le haghaidh 2012 agus 0% (2011: 0%).

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

13. CÁIN IONCAIM I NDÁIL LE COMHPHÁIRTEANNA UM IONCAM CUIMSITHEACH EILE

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Gluaiseacht i gcúlchiste fála an tsreafa airgid roimh cánachas (Nóta 34)	(439,821)	(338,689)
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas (Nóta 34)	2,297	110
Gluaiseacht iomlán	(437,524)	(338,579)
Sochar cánach iarchurtha (Nóta 26)	107,451	68,884
Cáin ioncaim iomlán bainteach le comhchodanna eile d'ioncam cuimsitheach	**107,451**	**68,884**

Is ionann an ghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid agus difríocht shealadach idir bonn cánach na ndíorthach áit a bhfuil an chuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm agus a luach cothrom sna ráitis airgeadais. Is ionann an ghluaiseacht ar fáil do chúlchiste díolacháin agus difríocht shealadach idir bonn cánach na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus a luach cothrom. Tá sócmhainn cánach iarchurtha aitheanta ag an nGrúpa ar an difríocht shealadach a eascraíonn ón sreabhadh airgid agus ón gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin.

14. DÍBHINN ÍOCTHA

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Díbhinn íoctha	**3,457**	5,093

Ar 30 Márta 2012, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne €0.06778 le haghaidh gach scair, íocaíocht a bhí cothrom le €3.457m. Bhí méid na díbhinne do gach scair bunaithe ar thorthaí bannaí deich mbliana rialtas na hÉireann amhail ag 31 Márta 2012. Íocadh an díbhinn le sealbhóirí gnáthscaireanna B an GINBST amháin, is iad sin na hinfheisteoirí príobháideacha, a bhfuil úinéireacht 51% den Chuideachta acu. Níor íocadh díbhinn ar bith le gnáth-scairshealbhóir A, an GNBS an Ghníomhaireacht, a bhfuil úinéireacht 49% den Chuideachta aici.

15. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AGUS URRÚS COMHTHAOBHACH

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Infheistíochtaí nóta státchiste	-	2,300,000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	2,142,922	974,566
Iarmhéideanna le bainc eile	62,266	54,462
Éarlaisí téarma	30,634	17,958
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	**2,235,822**	**3,346,986**
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-
Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis chomhthaobhacha iomlána	**3,385,822**	**3,346,986**

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	1,268	1,623
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	**1,268**	**1,623**

Áirítear iarmhéideanna le Citibank agus AIB sna hiarmhéideanna le bainc eile. Is ionann nótaí Státchiste agus nótaí gearrthréimhseacha úsmhara, le tréimhsí aibíochta níos lú ná 30 lá, atá i seilbh GBCN.

I gcomhréir le comhaontú nua idir an GNBS agus GBCN in 2012, éilítear ar an GNBS anois urrús comhthaobhach airgid thirim a thabhairt do GBCN mar comhaontú breactha comhthaobhachta (CPA). Tá GBCN mar an contrapháirtí i gcás díorthaigh uile an GNBS (seachas iad siúd atá gnóthaithe ó iasachtaithe. Éilíonn GBCN go dtabharfaí airgead tirim di mar urrús comthaobhachta d'fhonn a nochtadh don GNBS a laghdú i ndáil lena staideanna díorthach. Ag 31 Nollaig 2012, b'ionann nochtadh díorthaigh an GNBS agus €1.2 billiún faoi mar atá leagtha amach i Nóta 18.

In 2011, cuireadh suim de chuid $135,515 ar éarlais i gcuntas leithscartha. Coimeádfar an méid seo i gcuntas leithscartha go socrófar éileamh dlí ar feitheamh i ndáil le féichiúnaí. Nuair a bheidh sé sin socraithe aisíocfar an méid leis an GNBS nó coimeádfaidh tríú páirtí eile é, ar feitheamh toradh an éilimh dlí. Ní dhearnadh tuairisciú ar an méid seo mar chuid d'iarmhéid airgid thirim an Ghrúpa agus é fós coinnithe in eascró tráth an dáta tuairiscithe.

Tráth an dáta tuairiscithe, tá suim de chuid €14.6m coinnithe i gcuntas eascró in ainm an Ghrúpa. Baineann an méid seo le toradh nósanna imeachta um dhícheall cuí ar iasachtaí Thráinse 9 AIB. Nuair a bhíonn críoch curtha ag AIB leis an dícheall cuí, aistreofar an méid iomlán nó páirt de chuig cuntas bainc an Ghrúpa nó coimeádfaidh AIB é. I gcaitheamh na bliana, íocadh suim de chuid €0.5m leis an GNBS ón gcuntas seo. Déantar iarmhéid an chuntais seo a mheas gach sé bliana. Is é 1 Bealtaine 2013 an chéad dáta athbhreithnithe eile.

16. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR FÁIL LE HAGHAIDH DÍOLACHÁIN

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Bannaí gearrthréimhseacha an chisteáin	257,932	499,747
Iomlán na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	**257,932**	**499,747**

Áirítear i sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin bannaí cisteáin rialtas na hÉireann a fuarthas le haghaidh bainistíocht leachtachta. B'ionann luach ainmniúil na sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin ag 31 Nollaig 2012 agus €255m (2011: €501m).

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA

Grúpa	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha:			
Coigeartú luachála um dhícheall cuí	17.1	-	146,598
Glanadh luach go haistriú	17.2	-	141,886
Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	17.3	78,953	120,659
Iomlán		**78,953**	**409,143**
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha:			
Coigeartú luachála um dhícheall cuí	17.1	-	(3,523)
Glanadh luach go haistriú	17.2	-	(24,398)
Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	17.3	(36,423)	(31,571)
Coigeartuithe faoi Alt 98 den Acht	17.4	-	(730)
Coigeartuithe faoi Alt 88 den Acht	17.4	-	(2)
Iomlán		**(36,423)**	**(60,224)**
Reatha		**42,530**	**348,919**
Neamh-reatha		**-**	**-**

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA (AR LEAN)

17.1 Coigeartú luachála um dhícheall cuí

Is ionann coigeartú luachála um dhícheall cuí agus coigeartú ar luach bunaidh éadála sócmhainne, i ndiaidh dícheall cuí a chur i gcrích. I gcaitheamh 2012, comhlíonadh an dícheall cuí ar iasachtaí incháilithe uile gnóthaithe ag an GNBS.

17.2 Glanadh luach go haistriú

Áiríonn méid glanta luach go dáta aistrithe glanghluaiseachtaí a tharla ar na hiasachtaí gnóthaithe ag an GNBS sa tréimhse idir dáta luachála agus dáta éadála na hiasachta. Socraíonn an GNBS dáta luachála na hiasachta do gach tráinse de shócmhainní iasachta faighte. Áirítear sa ghluaiseacht príomha, ús agus airgead díorthaigh faighte, lúide réamhíocaíochtaí cáilitheacha faofa agus costas maoinithe i ndáil le hiasachtaí faighte. Glantar aon mhéid dlite do nó ó Institiúid Rannpháirteach i bhfoirm airgid nó trí urrúis fhiachais shinsearaigh ráthaithe ag an Rialtas a eisiúint nó a fhuascailt. Aistríodh na sócmhainní incháilithe uile chuig an GNBS in 2012, agus glanadh na méideanna luach go dáta aistrithe uile faoin dáta tuairiscithe.

17.3 Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

Ghnóthaigh an GNBS cuntais rótharraingte gafa le cuntais iasachta féichiúnaithe in 2010 agus 2011, ar bhonn dlíthiúil. Ag an 31 Nollaig 2012, bhí na méideanna seo a leanas infhála ó agus iníoctha leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le hairgead bailithe nó íoctha ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha maidir le cuntais rótharraingte féichiúnaithe an GNBS. Is iondúil nach nglanann an GNBS agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha méideanna dlite go dtí tráth teagmhas críochta ar nós dúnadh cuntais. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na méideanna glanta agus na hiarmhéideanna arna dtuairisciú ag deireadh na bliana.

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	Infhála	Iníochta
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011	120,659	(31,571)
Gluaiseacht i gcuntais rótharraingte i rith na bliana	(41,706)	(4,852)
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2012	**78,953**	**(36,423)**

17.4 Coigeartuithe faoi Alt 88, 93 agus 98 den Acht

Foráiltear san Acht faoi Alt 88 agus Alt 98 do choigeartú de luach éadála iasachta i ndiaidh a héadála sa chás go raibh earráid sa phróiseas éadála nó sa luach atá luaite le hiasacht. Aithnítear coigeartuithe faoi na hAilt seo de réir bheartas cuntasaíochta 2.19.

Is i bhfoirm airgid nó laghdú / méadú ar eisiúintí breise urrús fiachais ráthaithe rialtais a ghlanfar éilimh faoi Alt 88 nó 98 cothrom leis an méid ró-íoctha / gearríoctha leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Mar chuid den phróiseas éadála iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a bhí gaolta le hiasachtaí bunúsacha.

Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díorthaigh chun a nochtadh ar riosca ráta úis agus malairte eachtraí a fhálú.

Tá beartais bunaithe ag an nGrúpa chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, beartais fálaithe san áireamh, a bhfuil míniú le fáil orthu i Nóta 21 agus 22.

Ní gá gurb ionann méideanna barúlacha cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais agus méideanna sreabha airgid amach anseo i gceist nó luach cothrom reatha na n-ionstraimí agus, dá réir sin, ní comhartha maith iad de nochtadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa nó margaidh. Deirtear go mbíonn ionstraimí díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dliteanais) de thoradh luaineachtaí i rátaí úis margaidh nó malairte eachtraí i gcoibhneas lena dtéarmaí. D'fhéadfadh luaineacht shuntasach a bheith le tabhairt faoi deara i méid conarthach nó barúlach ionstraimí airgeadais díorthaigh ar láimh, sa chomhthéacs go bhfuil ionstraimí fabhrach nó neamhfhabhrach, agus, dá réir sin, féadfaidh luaineacht a bheith i gceist le luach cothrom comhiomlán sócmhainní agus dliteanas díorthaigh airgeadais, le himeacht ama.

Is ionann babhtálacha airgeadaíochta agus rátaí úis agus tiomantais sraith amháin de shreafaí airgid a bhabhtáil le sraith eile. Eascraíonn babhtálacha as malairt gheilleagrach airgeadraí nó rátaí úis (ráta seasta nó ráta comhlúthach, mar shampla) nó meascán díobh uile (mar shampla babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus costas poitéinsiúil conarthaí babhtála a ionadú má theipeann ar chontrapháirtí a oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar an riosca agus an luach cothrom reatha mar bhonn tagartha.

Is ionann roghanna ráta úis agus comhaontuithe conarthacha faoina dtugann an díoltóir (geallaí) ceart don cheannaitheoir (sealbhóir), ach ní oibleagáid, méid shonrach d'ionstraim airgeadais a cheannach (céadrogha ar cheannach) nó a dhíol (céadrogha ar dhíol) ag praghas réamhchinntithe, ag nó faoi dáta socraithe nó i rith tréimhse socraithe. Faigheann an geallaí préimh ón gceannaitheoir mar chomaoin do thoimhde riosca an ráta úis. Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ar roghanna faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha amháin, agus sa chomhthéacs go bhfuil luach anonn luaite leo.

Seo thíos na luachanna cothroma, agus méideanna barúlacha i dtaobh ionstraimí airgeadais díorthaigh ina seilbh.

		Luachanna cothroma		
Grúpa **31 Nollaig 2012**	**Méid barúlach €'000**	**Sócmhainní €'000**	**Dliteanais €'000**	**Glan €'000**
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	4,031,893	321,842	-	**321,842**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	1,264,005	17,114	(154,985)	**(137,871)**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	6,247,180	11,750	(305,956)	**(294,206)**
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe				
Babhtálacha ráta úis	18,100,000	-	(707,747)	**(707,747)**
Sócmhainní /(dliteanais) iomlána díorthaigh	**29,643,078**	**350,706**	**(1,168,688)**	**(817,982)**

		Luachanna cothroma		
Grúpa **31 Nollaig 2011**	**Méid barúlach €'000**	**Sócmhainní €'000**	**Dliteanais €'000**	**Glan €'000**
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	6,125,867	374,367	-	**374,367**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	2,446,468	9,382	(155,791)	**(146,409)**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	8,622,607	57,332	(289,830)	**(232,498)**
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe				
Babhtálacha ráta úis	20,300,000	7,458	(283,104)	**(275,646)**
Sócmhainní /(dliteanais) iomlána díorthaigh	**37,494,942**	**448,539**	**(728,725)**	**(280,186)**

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

Gluaiseacht aitheanta sa ráiteas ioncaim agus in ioncam cuimsitheach eile

Léiríonn an tábla anseo thíos staid an luch cothrom glan ar dhíorthaigh ag 31 Nollaig 2011 agus 2012. Aithnítear an ioncam sa ráiteas ioncaim ar dhíorthaigh sa chás nach bhfuil cuntasaíocht fála i bhfeidhm, Nóta 7, i gcaillteanais airgeadra eachtrach neamhréadaithe ar ionstraimí airgeadais díorthaigh, Nóta 10, nó in ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil cuntasaíocht fála i bhfeidhm, Nóta 34.

	Luachanna cothroma		
Grúpa	**2012 €'000**	**2011 €'000**	**Gluaiseacht €'000**
(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas			
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe (Nóta 7)	321,842	374,367	**(52,525)**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile (Nóta 7)	(137,871)	(146,409)	**8,538**
Díorthaigh airgeadra eachtrach (Nóta 10)	(294,206)	(232,498)	**(61,708)**
(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe			
Babhtálacha ráta úis (Nóta 34)	(707,747)	(275,646)	**(432,101)**
Glanghluaiseacht luach cothrom díorthaigh	**(817,982)**	**(280,186)**	**(537,796)**

(a) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe a bhaineann le luach cothrom díorthach faighte ó iasachtaithe a bhí bainteach le hiasachtaí faighte. B'ionann luach cothrom na ndíorthach seo ag deireadh na bliana agus €322m (2011: €374m) agus b'ionann gluaiseacht luach cothrom ar na díorthaigh seo sa bhliain agus caillteanas de chuid €53m (2011: €90m) (féach Nóta 7).

Baineann ionstraimí airgeadais díorthaigh eile le luach cothrom díorthach a bhfuil an Grúpa páirteach iontu ar mhaithe le hionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe a fhálú. Níl na díorthaigh seo ainmnithe i ngaolta fálaithe.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha agus i bhfianaise go n-íocann an GNBS as na hiasachtaí seo le bannaí ainmnithe in Euro, ghlac an GNBS páirt i ndíorthaigh airgeadra eachtraigh d'fhonn a nochtadh do luaineacht ráta malairte ag eascairt as iasachtaí agus infháltais airgeadra eachtraigh a laghdú.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe

Tráth an dáta tuairiscithe, bhí an GNBS tosaithe ar €18.1 billiún de bhabhtálacha ráta úis lena nochtadh i leith riosca ráta úis ag eascairt as rátaí comhlúthacha Euribor a fhálú.

Tá urrúis fiachais de chuid €30 billiún eisithe ag an GNBS le cúpón ráta comhlúthach bunaithe ar Euribor. Tá ionstraimí airgeadais a bhfuil praghas ag rata comhlúthach luaite leo, leochaileach do luaineachtaí ráta úis i gcás rátaí Euribor, a bhfuil tionchar acu ar méid an chostais úis iníoctha iníoctha ar urrúis fiachais i mbun eisiúna. Tugann na babhtálacha seo deis don GNBS sreafaí airgid seasta a mhalartú le sreafaí airgid comhlúthacha, .i. íocann sí ús seasta le contrapháirteanna na babhtála agus faigheann sí ús comhlúthach, a úsáideann an GNBS chun ús comhlúthach a íoc le sealbhóirí a hurrúis fiachais i mbun eisiúna.

De réir mar a luainíonn rátaí úis margaidh suas nó síos, bíonn tionchar ag a leithéid ar luach na mbabhtálacha ráta úis. Mar shampla, má laghdaíonn rátaí Euribor, agus go bhfuil sreafaí airgid seasta á íoc ag an mbabhtáil ag ráta níos airde ná Euribor, ansin meathlaíonn luach an díorthaigh sin toisc go bhfuil sé níos saoire iasacht a fháil sa mhargadh oscailte.

Beidh luainíocht i gceist le luach na ndíorthach i gcaitheamh saolré an díorthaigh ach is gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe na luainíochtaí seo agus críochnóidh siad suas ar deireadh le luach nialais. Tugtar faoina díorthaigh chun críocha bainistíochta riosca agus faoi IFRS is féidir iad a shannadh i gcaidrimh fálaithe. Ní dhéantar aon ghnóthachain nó caillteanais ar dhíorthaigh i gcaidrimh fála a aithint láithreach trí bhrabús nó caillteanas toisc go bhfuil sé ar intinn luaineacht sa ráiteas ioncaim a laghdú. Dá réir sin aithnítear na gnóthachain agus caillteanais in ioncam cuimsitheach eile.

Sannadh na babhtálacha ráta úis seo go foirmiúil i gcaidrimh fálaithe i rith 2010, tráth arb ionann luach cothrom na ndíorthach seo (diúltach) agus €30.4m. Aithníodh an méid seo mar chaillteanas luach cothrom ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile sa ráiteas ioncaim in 2010. Déantar an gnóthachan luach cothrom seo a amúchadh mar neamhéifeachtúlacht fálaithe thar shaolré fanta na ndíorthach. Táthar tar éis suim carntha de chuid €23.6m (2011: €15.9m) a aithint mar ioncam sa ráiteas ioncaim agus i gcúlchiste fála an tsreafa airgid. Déantar an caillteanas iomlán don bhliain airgeadais ar fáluithe sreafa airgid de chuid (€432m) (2011: €323m) a aithint i gcúlchiste fála an tsreafa airgid in ioncam cuimsitheach eile (féach Nóta 34). Is gluaiseacht neamhréadaithe é seo.

Ní raibh aon díorthaigh á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht tráth an dáta tuairiscithe.

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na tréimhsí a bhfuiltear a) ag súil le tarlú na sreabha airgid iarbhír agus b) an uair a mbeidh tionchar ag tabhú na sreabha airgid fálaithe ar an ráiteas ioncaim, gan aon choigeartuithe cuntasaíochta fálaithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh.

Grúpa **31 Nollaig 2012**	**0-6 mhí** **€'000**	**6 mhí - 1 bhliain** **€'000**	**1-5 bliana** **€'000**	**Níos mó ná 5 bliana** **€'000**	**2012 Iomlán** **€'000**
a) Ag súil le tarlú	38,464	22,060	213,982	-	**274,506**
b) Ag súil le tabhú	27,472	20,758	201,298	-	**249,528**

Grúpa **31 Nollaig 2011**	**0-6 mhí** **€'000**	**6 mhí - 1 bhliain** **€'000**	**1-5 bliana** **€'000**	**Níos mó ná 5 bliana** **€'000**	**2011 Iomlán** **€'000**
a) Ag súil le tarlú	120,116	91,755	703,538	43,815	**959,224**
b) Ag súil le tabhú	101,208	85,528	662,648	29,761	**879,145**

Tá difear i méid an úis tabhaithe cheana féin agus nach bhfuil íoctha fós sa bhliain le sonrú idir sreafaí airgid in a) agus b).

Ní chuirtear aon fhálú sreabhadh airgid i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	**2012** **€'000**	**2011** **€'000**
Luach anonn iasachtaí agus infháltas roimh bearnaithe	26,039,684	28,358,655
Lúide: foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais (Nóta 11)	(3,263,422)	(2,751,266)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	**22,776,262**	**25,607,389**

Tugtar léargas sa tábla thuas ar luach anonn iasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha, an méid a fuair an Grúpa na hiasachtaí lena aghaidh (ar lascaine i gcomhthéacs na méideanna conarthacha dlite faoi na comhaontuithe iasachta) san áireamh, mar aon le gluaiseachtaí iasachta tar éis éadála, lúide aon bhearnú breise eile a meastar a tharla i ndiaidh na héadála.

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (AR LEAN)

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí agus infháltais ón tráth éadála.

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh		**28,358,655**	**29,435,356**
Iasachtaí nua faighte		-	1,252,225
Iasachtaí nua eisithe		18,511	-
Gluaiseachtaí iasachta			
Coigeartuithe ar éadáil iasachta			
Coigeartuithe luachála ar dhícheall cuí a thhabhairt chun críche	19.1	(32,058)	419,350
Coigeartuithe neamhghlanta luach go haistriú		-	(35,510)
Glanadh i bpáirt um Thráinse 9 AIB	15	(511)	(7,574)
Glanadh iasachtaí airgid dáta luacha go dáta aistrithe	19.2	(85,356)	10,502
Costais in-aisghabhála um dhícheall cuí		-	4,169
Coigeartuithe A.88, agus A.98		-	732
Coigeartuithe iomlána ar éadáil iasachta		**(117,925)**	**391,669**
Fáltais ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe			
Ioncam neamh-diúscartha		(1,359,258)	(1,236,174)
Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas		(2,355,320)	(2,698,464)
Fáltais ó dhíolachán iasachtaí		(461,780)	(931,981)
Comaoin iarchurtha ar dhíolachán iasachtaí	19.3	(3,568)	(7,687)
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe		308,409	303,981
Iomlán na bhfáltas ó agus íocaíochtaí le hiasachtaithe		**(3,871,517)**	**(4,570,325)**
Gluaiseachtaí eile iasachta			
Ioncam úis iasachta tuillte	5	1,221,862	1,145,360
Cuntais rótharraingte	19.4	37,975	(87,861)
Glanbhrabús aitheanta ar dhíolachán iasachtaí	8	15,139	77,443
Ioncam farasbairr	8	172,374	472,135
Gluaiseacht airgeadra eachtrach ar iasachtaí agus infháltais	10	216,051	245,533
Socrú ráthaíochta		-	(6,850)
Eile		(11,441)	3,970
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta eile		**1,651,960**	**1,849,730**
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta		**(2,337,482)**	**(2,328,926)**
Iasachtaí agus infháltais réamhbhearnaithe		**26,039,684**	**28,358,655**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	11	(3,263,422)	(2,751,266)
Iasachtaí agus infháltais ghlana i ndiaidh bearnaithe		**22,776,262**	**25,607,389**

Is ionann glanghluaiseacht iar-bhearnaithe san iarmhéid iasachta sa bhliain agus €2.8 billiún (2011: €2.3 billiún). Is ionann an fhoráil bhearnaithe comhchoitinn iomlán ag 31 Nollaig 2012 agus €3.3 billiún (2011: €2.8 billiún). Is ionann coigeartuithe um éadáil iasachta agus €0.12 billiún (2011: €0.4 billiún) agus cuimsítear go príomha coigeartuithe luach go haistriú agus coigeartuithe luachála dícheall cuí. Eascraíonn na coigeartuithe seo ó phróiseas éadála na n-iasachtaí agus na n-infháltas.

Is ionann gluaiseachtaí iasachta ag titim amach i rith na bliana agus €2.3 billiún (2011: €2.3 billiún), lena n-áirítear €4.2 billiún (2011: €4.9 billiún) d'fháltais airgid ó fhéichiúnaithe, ginte ó dhíolachán iasachtaí agus réadmhaoine agus ioncam neamh-diúscartha athfhillteach de chuid €1.4 billiún (2011: €1.2 billiún).

Bhí cistí a réamhíocadh le féichiúnaithe i ndáil le caipiteal oibre agus forbartha cothrom le €0.3 billiún (2011: €0.3 billiún). Tuilleadh ioncam úis iasachta de chuid €1.2 billiún (€1.1 billiún) sa bhliain, as sin bhí 100% réadaithe in airgead tirim ag an GNBS. Tá tuilleadh fainséise maidir le gluaiseachtaí iasachta ar leith le fáil anseo thíos.

19.1 Coigeartuithe breise iasachta i ndiaidh dícheall cuí a thabhairt chun críche sa bhliain

Aithnítear aon choigeartú ag eascairt ar chríochnú an díchill chuí ar shócmhainní aistrithe sa ráiteas ar staid airgeadais mar choigeartú ar luach anonn iasachtaí agus infháltas agus trí eisiúint nó fuascailt urrús fofhiachais agus fiachais sinsearacha an GNBS. Ag deireadh na bliana ní raibh aon suim gan íoc le glanadh le haon Institiúid Rannpháirteach.

19.2 Glanadh iasachtaí airgid dáta luacha go dáta aistrithe

Bhí glanadh glan iasachtaí airgid dáta luacha-go-aistrithe faighte in 2012 cothrom le €202m, as sin bhí €85m a glanadh i gcoinne iasachtaí agus infháltais agus glanadh €117m i gcoinen méideanna dlite le agus ó Institiúidí Rannpháirteacha. Léiríonn an méid seo glanghluaiseachtaí a tharla ar hiasachtaí faighte ag an GNBS sa tréimhse idir dáta luachála agus dáta éadála na hiasachta.

19.3 Comaoin iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí

Déanann an GNBS sócmhainní iasachta áirithe a dhiúscairt chuig tríú páirtithe. Áiríonn an praghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conartha ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32.

19.4 Cuntais rótharraingte

Tá na hInstitiúidí Rannpháirteacha leanta ar aghaidh le cuntais rótharraingte féichiúnaí a mhaoiniú agus aisíocaíochtaí airgid ar na cuntais seo a bhailiú thar ceann an GNBS. I gcaitheamh na bliana, laghdaigh an glanmhéid dlite leis an GNBS i ndáil le rótharraingtí neamhghlanta faoi €47m (2011: méadu de chuid €89m). Tharla an ghluaiseacht de bharr méadú sna cistí dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha de chuid €5m (2011: €32m) agus laghdú sna cistí dlite leis an GNBS de chuid €42m (2011: €121m). Aithnítear an glanghluaiseacht seo mar méadú €in iasachtaí agsu infháltais (2011: laghdú de chuid €88m), €8m a bhain le glanadh i bpáirt de rótharraingtí 2011 agus aithnítear an t-iarmhéid i Nóta 6.

20. FARDAIL

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Réadmhaoin trádála	**6,758**	**6,850**

In 2011 fuair an Grúpa roinnt réadmhaoine mar chomaoin do ghlanadh ráthaíocht iasachta faighte ag an nGrúpa. Aithnítear na réadmhaoine de réir bheartas cuntasaíochta 2.16. I gcaitheamh na bliana aistríodh formhór na réadmhaoine ar luach cothrom ó BISNT go BRSNT. Aistreofar an réadmhaoin atá fágtha in 2013.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagóirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas

Tá bainistiú sócmhainní agus dliteanas an GNBS á chomhlíonadh trí straitéisí atá faofa ag an mBord a chur i bhfeidhm. Is í foireann Chisteán an GNBS atá freagrach as an mbainistiú laethúil agus cuireann GBCN idirbhearta i gcrích thar cheann an GNBS.

De thoradh iasachtaí agus díorthach a fháil, tá an GNBS nochta do rioscaí airgeadra agus ráta úis. Tagann riosca airgeadra eachtraigh i gceist tráth éadála iasachta nuair a eisítear na hurrúis ainmnithe in EUR mar chomaoin do shócmhainní iasachta in GBP nó airgeadraí eile, ar an tslí sin, ag cruthú neamhréir airgeadra sócmhainní/dliteanas don GNBS. Chomh maith leis sin, ní mór don GNBS dul i ngleic le rioscaí leanúnacha airgeadra i ndiaidh éadáil iasachta de bhrí go ndéantar áiseanna neamh-euro a tharraingt anuas, a aisíoc nó a athsceidealú agus go ndéantar sócmhainní a dhiúscairt. Chomh maith leis sin, tá an GNBS nochta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú.

Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a áiríonn tástáil struis leanúnaigh leachtachta agus cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Faoi Alt 50 den Acht, féadfaidh an GNBS cibé suimeanna airgid a iasachtú de réir mar a theastaíonn d'fheidhmiú a feidhmeanna faoin Acht. Bunaíodh clár gearrthréimhseach Eorapháipéar Tráchtála (ECP) in 2010 agus rinneadh réamhobair mar ullmhúchán do bhunú Chlár Eoranóta Mheántréimhsigh (MTN) in 2010. I bhfianaise glansreabhadh airgid dearfaigh ó ghníomhaíochtaí an GNBS, áfach, ní dhearnadh eisiúint ar bith in 2012.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtaí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúchóireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn sé ar neamhspleáchas agus ionrachas na bpróiseas iniúchta seachtraigh agus inmheánaigh, éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an GNBS, na próisis atá i bhfeidhm i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht soláthraithe seirbhíse na hiasachta lena gcuid oibleagáidí conarthacha don GNBS agus géilliúlacht an GNBS le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo *inter alia* faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoine agus cinntí le gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le hiarratais chreidmheasa sonracha faoi bhráid Bhord an GNBS sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí ina leith. Tá sé freagrach freisin as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche fhaomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntí creidmheasa suntasacha a ndéantar faoi bhun an leibhéil údaráis atá tarmligthe ar an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar fhaisnéis bhainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um Aisghabháil Sócmhainní agus Bainistíocht Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Iniúchadh agus Riosca – Rannóg an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO)

Tá Iniúchadh agus Riosca mar aonad laistigh de rannóg CFO an GNBS agus é freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iniúchadh agus riosca inmheánach agus seachtrach. Tacaíonn an t-aonad le CFO an GNBS d'fhonn a chinntiú go bhfuil an GNBS ag feidhmiú laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca faofa an Bhoird. Tá Iniúchadh agus Riosca freagrach freisin as dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS. Soláthraíonn an t-aonad dúshlán agus measúnú neamhspleách d'fhóntacht na timpeallachta rialaithe, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí iniúchta inmheánacha agus seachtracha ar fud an GNBS, Institiúidí Rannpháirteacha agus Máistir-Sheirbhíseoir agus déanann sé monatóireacht agus tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus don Bhord i ndáil leis an dul chun cinn le haghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tugtha chun solais i dtorthaí iniúchta.

An Cisteán – Rannóg CFO

Tá freagracht phríomha ag aonad an Chisteáin as riosca margaidh, leachtachta agus maoinithe a bhainistiú. Déileáiltear le riosca creidmheasa i Nóta 22.

Aonad Riosca an GBCN

Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht um riosca margaidh don Ghrúpa. Os a choinne sin, tá bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta margadh-gaolmhar (díorthaigh agus éarlaisí airgid thirim), ar aon dul le beartas an Bhoird, tarmligthe do GBCN freisin.

21.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhiúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascraíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus infháltais, urrúis agus díorthaigh. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha geilleagracha nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá urrúis fhiachais sinsearacha an Ghrúpa ainmnithe in euro, cé go bhfuil céatadán suntasach de shócmhainní faighte an Ghrúpa ainmnithe i steirling agus dollair na Stát Aontaithe. Dá thoradh sin, tá úsáid fhairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanais a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, úsáidtear babhtálacha ráta úis chun neamhréireanna i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú.

21.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámháltas foriomlán riosca margaidh agus tarmligeann sé an socrú teorann íseal-leibhéil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá bainistíocht phríomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (ar nós ráta úis agus riosca airgeadra eachtrach) láraithe laistigh d'aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na dteorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca. Soláthraíonn aonad Riosca GBCN tacaíocht riosca margaidh.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dliteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe dian i bhfeidhm a áiríonn raon sonrach táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa.

Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú míosúil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca. Le cois teorainneacha ar staid riosca margaidh, úsáidtear tástáil struis chun an tionchar a mheas ar staid an Ghrúpa i leith raon cásanna margaidh tromchúiseacha. Úsáidtear tástálacha struis cás-bhunaithe agus ionsamhlúcháin stairiúla fadtréimhseacha (ag dul siar go dtí na 1990aidí) ar staideanna reatha chun riosca margaidh a mheas agus a bhainistiú.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Ghrúpa trí chéile. Ina theannta sin, buaileann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, ina chuimsítear bainisteoirí sinsearacha ó Rannóg CFO an GNBS agus aonad Riosca GBCN, le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an staid riosca margaidh agus chun géilliúlacht a chinntiú le cinntí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta Riosca. San áireamh i dtuarascáil sheachtainiúil a chuireann aonad Riosca GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid riosca shuntasach agus géilliúlacht le teorainneacha riosca.

21.3 Tomhas Riosca Margaidh

21.3.1 Riosca Ráta Úis

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus athraithigh ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, mar aon le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithigh a athrú go hiasachtaí ráta sheasta (d'fhéichiúnaithe). Lena chois sin, tá urrúis ráta chomhlúthaigh eisithe ag an nGrúpa agus tá sé páirteach in idirbhearta díorthaigh chun neamhréireanna ina phróifíl sócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chásanna chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an ráta úis agus é a bhainistiú. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhír ar luach cothrom a thabhódh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh.

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintráinsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphraghsáil chonarthach nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocraithe. Sonraítear ann, de réir uaintráinse, na sócmhainní agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athshocrú ráta úis.

Is i bhfoirm méideanna barúlacha a thaispeántar ionstraimí airgeadais. Áirítear sna táblaí seo a leanas ionstraimí fálaithe a bhfuil d'éifeacht acu íogaireacht ráta úis a laghdú go suntasach.

Riosca Ráta Úis Grúpa 2012	0-6 mhí €'000	Níos mó ná 6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,235,822	-	-	**2,235,822**
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-	-	**1,150,000**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	257,932	-	-	**257,932**
Iasachtaí agus infháltais	22,776,262	-	-	**22,776,262**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	78,953	**78,953**
Sócmhainní eile	-	-	33,490	**33,490**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**26,420,016**	**-**	**112,443**	**26,532,459**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	36,423	-	-	**36,423**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna[4]	25,440,000	-	-	**25,440,000**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(14,300,000)	(3,800,000)	-	**(18,100,000)**
Dliteanais eile	-	-	169,557	**169,557**
Cáin iníoctha here inst			1,627	**1,627**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**11,176,423**	**(3,800,000)**	**171,184**	**7,547, 607**

Riosca Ráta Úis Grúpa 2011	0-6 mhí €'000	Níos mó ná 6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,346,986	-	-	**3,346,986**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-	-	**499,747**
Iasachtaí agus infháltais	25,607,389	-	-	**25,607,389**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	409,143	**409,143**
Sócmhainní eile	-	-	43,438	**43,438**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**29,454,122**	**-**	**452,581**	**29,906,703**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	60,224	**60,224**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29,106,000	-	-	**29,106,000**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(13,600,000)	(6,700,000)	-	**(20,300,000)**
Dliteanais eile	-	-	250,232	**250,232**
Cáin iníoctha	-	-	2,147	**2,147**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**15,506,000**	**(6,700,000)**	**312,603**	**9,118,603**

4 *Bhí dáta aibíochta an 1 Marta 2013 ag urrúis fhiachais sinsearacha i mbun eisiúna ag 31 Nollaig 2012. Glantar urrúis fhiachais trí hurrúis nua a eisiúint a bhfuil fad 364 lá luaite leo nó trí iad a ghlanadh le hairgead tirim. (Féach Nóta 28)*

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Riosca Ráta Úis Gníomhaireacht 2012	0-6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,268	-	**1,268**
Sócmhainní eile	-	9,306	**9,306**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	1,268	9,306	**10,574**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	53,320	-	**53,320**
Dliteanais eile	-	10,027	**10,027**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**53,320**	**10,027**	**63,347**

Riosca Ráta Úis Gníomhaireacht 2011	0-6 mhí €'000	Neamh-úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,623	-	**1,623**
Sócmhainní eile	-	3,381	**3,381**
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**1,623**	**3,381**	**5,004**
Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	52,720	-	**52,720**
Dliteanais eile	-	4,040	**4,040**
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	**52,720**	**4,040**	**56,760**

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht an ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe (bp) nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuar, faoi réir ráta úis íosta de chuid 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh (NPV), ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis le haghaidh gach airgeadra ar an 31 Nollaig 2012. Áirítear sna figiúirí seo éifeacht fálaithe ionstraimí, iasachtaí agus infháltas agus urrús eisithe.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis

	31 Nollaig 2012		31 Nollaig 2011	
	+50bp €'000	-50bp €'000	+50bp €'000	-50bp €'000
EUR	201,242	(205,637)	237,609	(244,208)
GBP	(18,177)	19,625	(17,781)	19,624
USD	(391)	392	(75)	77

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear cruth an chuair toraidh agus próifíl aibíochta na punainne.

21.3.2 Riosca malairte eachtraí

Mar chuid d'éadáil iasachtaí agus díorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí agus infháltas ainmnithe in airgeadra eachtrach, GBP go príomha. Mar thoradh, tá an Grúpa nochta d'éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, i gcomhthéacs staid airgeadais agus sreabha airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus tá fáluithe bunaithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2012. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo ionstraimí fálaithe a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

Grúpa 2012	**Dollair na Stát Aontaithe €'000**	**Steirling €'000**	**Eile €'000**	**Iomlán €'000**
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	12,224	53,246	2,181	**67,651**
Iasachtaí agus infháltais	275,850	6,836,515	123,675	**7,236,040**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(257,914)	(5,848,164)	(111,578)	**(6,217,656)**
Sócmhainní eile	-	5,657	-	**5,657**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	5,905	-	**5,905**
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	**30,160**	**1,053,159**	**14,278**	**1,097,597**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	(1,459)	-	**(1,459)**
Iomlán na ndliteanas nochta do riosca airgeadra	**-**	**(1,459)**	**-**	**(1,459)**
Glan sócmhainní nochta do riosca airgeadra	**30,160**	**1,051,700**	**14,278**	**1,096,138**

Grúpa 2011	**Dollair na Stát Aontaithe €'000**	**Steirling €'000**	**Eile €'000**	**Iomlán €'000**
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	8,657	43,094	2,386	**54,137**
Iasachtaí agus infháltais	351,068	8,689,175	115,079	**9,155,322**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(332,657)	(8,141,789)	(107,422)	**(8,581,868)**
Sócmhainní eile	-	7,688	-	**7,688**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	125	24,688	54	**24,867**
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	**27,193**	**622,856**	**10,097**	**660,146**
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	(3,097)	-	**(3,097)**
Iomlán na ndliteanas nochta do riosca airgeadra	**-**	**(3,097)**	**-**	**(3,097)**
Glansócmhainní nochta do riosca airgeadra	**27,193**	**619,759**	**10,097**	**657,049**

Is in euro atá sócmhainní agus dliteanais uile na Gníomhaireachta sonraithe. Dá réir sin, níl an Ghníomhaireacht nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Nochtadh do riosca airgeadra eachtrach – anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2012 mar bhonn le cothromas agus brabús méadaithe na méideanna thíosluaite roimh cánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróga eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróga eile ar fad seasmhach.

Grúpa	**2012 €'000**	**2011 €'000**
GBP	**(94,691)**	(54,234)
USD	**(2,746)**	(3,462)
Eile	**(1,298)**	(1,130)

22. RIOSCA CREIDMHEASA

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chaillteanas airgeadais a thabhú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapháirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhriosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann suntasach iasachtaí réadmhaoine a fháil, san earnáil réadmhaoine tráchtála agus chónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus ar bhonn nach bhfuil chomh suntasach i SAM agus sa chuid eile den domhan. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchill chuí dlí agus réadmhaoine a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar an riosca creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca creidmheasa agus iasachtaithe leanúnaí an Ghrúpa a mhaolú le Creat Nósanna Imeachta agus Beartais Bainistíochta Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní an Ghrúpa.

Aisghabháil Sócmhainní an GNBS

Tá feidhm Aisghabháil Sócmhainní an GNBS freagrach as na nithe seo a leanas:

- Tacú leis an mBord le lámháltas agus beartais riosca creidmheasa Aisghabháil Sócmhainní an GNBS a bhunú;
- Creat um Beartas agus Nósanna Imeachta Aisghabhála Sócmhainní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca creidmheasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh den chreat foriomlán; agus
- Anailís, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis chreidmheasa agus bainistíochta riosca ginearálta laistigh den fheidhm Aisghabháil Sócmhainní d'fhonn dearcadh comhdhlúite a thabhairt ar neamhchosaintí riosca an Ghrúpa don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord.

Creat Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartais um Aisghabháil Sócmhainní an Grúpa a chosaint trí luach na n-iasachtaí a fhaightear a chosaint agus a fheabhsú.

Ar deireadh thiar, is é Bord an GNBS atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa láraithe san fheidhm Aisghabháil Sócmhainní. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú do Bhord agus Coiste Creidmheasa an GNBS ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir athbhreithnithe bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha i ngrúpaí le chéile agus déantar iad a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Tá dhá chatagóir féichiúnaí ann:

Féichiúnaithe bainistithe ag an GNBS: Sa chatagóir seo is é an Grúpa a dhéanamh príomhchinntí creidmheasa agus a dhéanamh caidrimh a bhainistiú. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha iasachtaí a riar.

Féichiúnaithe bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha: Sa chatagóir seo is í na hInstitiúidí Rannpháirteacha a dhéanann féichiúnaithe a bhainistiú agus iasachtaí a riar Déanann Institiúidí Rannpháirteacha cinntí creidmheasa faoi Chreat Údaráis Tarmligthe agus tá siad faoi réir Creat Beartais agus Nósanna Imeachta arna sainordú ag an nGrúpa, mar aon le rannpháirtíocht leanúnach 'ar an talamh' ó Fhoireann Institiúidí Rannpháirteacha an GNBS agus maoirseacht ag feidhm Iniúchta agus Riosca an Ghrúpa.

Ní mór don Ghrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúrú iasachtaí agus infháltas nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó fhéichiúnaí;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra ó fhéichiúnaí ina d'fhéadfadh spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha/tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Iarratas ar mhaoiniú;
- Straitéis féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta sa thionscnamh;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann mar shampla institiúid neamh-rannpháirteach.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheas agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile a eascraíonn de thoradh ar ghnóthú iasachtaí an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach na n-iasachtaí sin.

22.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm:

Punann Iasachtaí - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhiachais - an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, .i. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74 billiún iomlán an pharfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa.
- Neamhchosaint fiachais an GNBS - an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8 billiún an chomaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird á tabhairt ar an bparfhiachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údaráis Tarmligthe iomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar neamhchosaint fiachais an GNBS agus Parfhiachais ar bhonn comhthreomhar agus baineann sí úsáid astu mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Punann na nDíorthach- Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

Chomh maith leis na hiasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa, gnóthaíodh roinnt ionstraimí airgeadais díorthaigh a bhí ceangailte le hiasachtaí féichiúnaithe a gnóthaíodh ó hInstitiúidí Rannpháirteach.

Ag am ar bith, tá neamhchosaint riosca creidmheasa an Ghrúpa teoranta do luach cothrom dearfach na n-ionstraimí díorthach seo (.i. sócmhainní le luach dearfach marc-go-margadh). Is iondúil nach bhfuil i gceist leis an luach marc-go-margadh seo ach cion beag den luach conartha (nó luach ainmniúil na n-ionstraimí gan íoc).

22. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

22.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar cumas aisíoctha an fhéichiúnaí agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Braitheann an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaoibh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Mar sin féin, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibh san áireamh i dtogra creidmheasa nua ar bith ó fhéichiúnaí. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

Príomhchomaoin agus airgead nua á airleacan ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil feabhsú luacha i gceist le togra creidmheasa an fhéichiúnaí. Agus aon airgead á airleacan ag an nGrúpa, nó agus cinneadh creidmheasa nua ar bith á dhéanamh aige, déanfaidh sé iarracht iontaoibh nó urrús breise a fháil ón bhféichiúnaí nuair is gá dó a chuid leasanna a chosaint.

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

22.3 Rialú riosca creidmheasa

Baineann an beartas riosca creidmheasa, de réir mar a shocraíonn an Grúpa é, le hiasachtaí faoi bhainistiú an GNBS agus le hiasachtaí faoi bhainistiú Institiúide Rannpháirtí araon. Tá an Grúpa tar éis Creat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní a shainiú don Ghrúpa agus d'Institiúidí Rannpháirteacha. Leagann sé amach leibhéil údaráis le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh ag an nGrúpa agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Leagann an Creat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta ceadaithe, mar shampla:

- Pleananna Gnó Féichiúnaí agus Athbhreithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidliú iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Iasachtaí / sócmhainní a dhíol;
- Riachtanais bhainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine

Déantar an leibhéal faofa atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a shocrú trí thagairt a dhéanamh do mhéid iarmhéid an fhéichiúnaí gan íoc. Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Beartais Údaráis Tarmligthe Painéil A nó Painéil B um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní;
- Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní;
- POF agus Ceannaire um nó Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní;
- An Coiste Creidmheasa;
- An Bord

Ní mór go bhfaomhfadh Coiste Creidmheasa na hInstitiúide Rannpháirteach agus/nó Ceannaire/Leascheannaire/Bainisteoir Sinsearach Creidmheasa in aonad an GNBS de chuid na hInstitiúide Rannpháirteach na cinntí creidmheasa uile maidir le hiasachtaí bainistithe ag Institiúid Rannpháirteach, laistigh de theorainneacha faofa an Ghrúpa.

Déanann an Fhoireann um Dhearbhú Cáilíochta, agus feidhm an iniúchta inmheánaigh maoirseacht ar an ngéilliúlacht leis an mBeartas Údaráis Tarmligthe.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fíoraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc. Ní mór don ioncam cíosa/trádála uile a bheith iomlán feiceálach freisin.

(b) Comhthaobhacht

Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta a ghlacadh maidir le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí agus infháltais:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar éarlaisí bainc.

(c) Díorthaigh

Faightear an t-urrús le haghaidh díorthach a ghnóthaítear ón gcomhthaobhacht a ghnóthaítear leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas a íoctar ar ghnóthachan na hiasachta. Rinne an Grúpa díorthaigh a idirbheartú le GBCN chun neamhchosaintí airgeadra eachtraigh agus ráta úis a fhálú.

Déantar neamhchosaint creidmheasa díorthach a ghnóthaítear, mar aon le neamhchosaintí féideartha de thoradh ar ghluaiseachtaí margaidh, a bhainistiú mar chuid de bhainistiú foriomlán neamhchosaintí na bhféichiúnaithe.

Maidir le díorthaigh ar chuaigh an Grúpa isteach iontu, is í GBCN an t-aon chontrapháirtí.

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla thíos leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo (glan ó bhearnú) amhail ag 31 Nollaig 2012, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh. Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraeireachta a thuairiscítear i Ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	Neamhchosaint uasta 2012 €'000	Neamhchosaint uasta 2011 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,235,822	3,346,986
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	257,932	499,747
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,953	409,143
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	350,706	448,539
Iasachtaí agus infháltais		
Talamh agus forbairt	6,571,379	9,484,026
Réadmhaoin infheistíochta	19,468,305	18,874,629
Bearnú	(3,263,422)	(2,751,266)
Iasachtaí agus infháltais (glan ó bhearnú)	22,776,262	25,607,389
Sócmhainní eile	33,490	43,438
Iomlán na sócmhainní	**26,883,165**	**30,355,242**
Tiomantais iasachta (Nóta 23.4)	495,510	235,932
Neamhchosaint uasta iomlán	**27,378,675**	**30,591,174**

22. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireacht	Neamhchosaint uasta 2012 €'000	Neamhchosaint uasta 2011 €'000
Airgead tirim	1,268	1,623
Sócmhainní eile	9,306	3,381
Neamhchosaint uasta iomlán	**10,574**	**5,004**

22.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí agus infháltais

(a) Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

Tá beartas grádaithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun próifíl riosca a sholáthar de phunanna n GNBS agus a bhaineann le féichiúnaithe uile. Déanann scála grád creidmheasa an GNBS iarracht tomhas den riosca a shannadh ar aisghabháil sócmhainn airgeadais agus tá sé bunaithe ar dhá ghné le naoi ngrád féideartha á léiriú mar chomhcheangal d'uimhir agus litir 1A, 3B s.rl.

- Sa chéad ghné (scála 1, 2, 3) tomhaistear cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS. Tá an chéad ghné seo sa raon ó chásanna ina bhfuiltear ag súil go mbeidh an aisghabháil níos mó ná fiachas an GNBS go dtí cásanna ina meastar go mbeidh easnamh ar fhiachas an GNBS agus go bhfuil foráil bhearnaithe marcáilte i gcoinne na neamhchosanta.
- Sa dara gné (scála A, B, C) déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh trí phróiseas rannpháirteachais an fhéichiúnaí, a thomhas.

Is féidir an 9 dtoradh féideartha gráid a achoimriú sna catagóirí seo a leanas:-

- Sásúil: Cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh agus dóchúlacht íseal go mbeidh caillteanas i gceist.
- Breathnaigh Ní mór monatóireacht níos grinne a dhéanamh ach léirítear fós féin an cumas chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh.
- Bearnaithe: Ní mór go mbeadh leibhéil éagsúla airde á dtabhairt ar neamhchosaintí agus tá bainistíocht ghníomhach na punainne agus ionchais chaillteanais ina n-ábhair imní.

Dáileadh grád maidir le hiasachtaí agus infháltais agus féichiúnaithe nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Sásúil	7,135,672	7,815,435
Breathnaigh	787,301	1,229,386
Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe	**7,922,973**	**9,044,821**

Déantar punann bainistithe na hInstitiúide Rannpháirteach a mheas go comhchoiteann le haghaidh bearnaithe agus áirítear í dá réir sin sa chatagóir bearnaithe.

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Níor bearnaíodh iasachtaí agus infháltais atá thar an dáta dlite

Níl an nochtadh atá riachtanach de réir alt 37(a) de IFRS 7 maidir le hanailís aosaithe iasachtaí agus infháltas atá 'thar an dáta dlite ach nach bhfuil bearnaithe' á soláthar. Tá an anailís aosaithe reatha bunaithe ar théarmaí conartha bunaidh iasachtaí a ghnóthaítear ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ní léiríonn sé feidhmíocht na hiasachta i gcomparáid le luach gnóthaithe na hiasachta.

Tá infháltais uile na Gníomhaireachta dlite ó aonáin ghaolmhara agus tá siad reatha. Níl aon cheann díobh thar an dáta dlite ná bearnaithe.

(c) Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

Bhí luach anonn de chuid €14.3 billiún (2011: €14.1 billiún) ag baint le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a cinneadh go raibh siad bearnaithe de thoradh ar an athbhreithniú bearnaithe aonair a rinneadh (féach an tábla seo a leanas).

Bhain an Grúpa leas as an díolúine faoi IFRS 7 gan luach cothrom comhthaobhachta a bhí á coinneáil mar urrús i gcoinne na n-iasachtaí a nochtadh, mar bheadh sé neamhphraiticiúil a leithéid a dhéanamh.

Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe **Grúpa**	**2012** **€'000**	**2011** **€'000**
Iasachtaí comhlána agus díorthaigh ghaolmhara	22,251,673	23,493,876
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara arna mbearnú ar bhonn aonair	(14,328,700)	(14,449,055)
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara nach ndéantar iad a bhearnú ar bhonn aonair	**7,922,973**	**9,044,821**

Ní dhéantar aon cheann de na sócmhainní atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht a bhearnú ar bhonn aonair.

(d) Iasachtaí agus airleacain athchaibidlithe

Tá athchaibidliú agus athstruchtúrú á dhéanamh ar iasachtaí áirithe tríd an bpróiseas um rannpháirteachas le féichiúnaithe.

D'fhéadfadh socruithe íocaíochta sínte, íocaíochtaí a mhionathrú nó a iarchur a bheith i gceist i ngníomhaíochtaí athstruchtúraithe. Tá beartais athstruchtúraithe leagtha amach i mBeartas Praghsála agus Athstruchtúraithe an GNBS, atá san áireamh sa Chreat Nósanna Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní. Déantar athstruchtúrú ar gach iasacht bunaithe ar an straitéis is oiriúnaí le go ndéanfar na hoibleagáidí fiachais go léir atá dlite a aisíoc, agus aird á tabhairt ar struchtúir, ráthaíochtaí, saincheisteanna cánach agus straitéisí díolacháin. Déanann an tÚdarás Tarmligthe/Coiste Creidmheasa agus, nuair is cuí, an Bord, sonraí gach plean athstruchtúraithe molta, lena n-áirítear aon chlaontaí ón mbeartas, a athbhreithniú agus a fhaomhadh.

Mar chuid den athstruchtúrú ar fhéichiúnaithe in 2012, i bhformhór na gcásanna rinneadh athstruchtúrú ar iasachtaí go dtí líon laghdaithe áiseanna úsmhara chun rannpháirteachas agus bainistiú féichiúnaithe a éascú. Bhí luach anonn iomlán na n-iasachtaí a bhí faoi réir athstruchtúraithe den chineál sin in 2012 cothrom le €2.0 billiún (2011: €08 billiún).

Ní dhearnadh athchaibidliú ar aon cheann de shócmhainní na Gníomhaireachta a bhí neamhchosanta i leith riosca creidmheasa le linn na tréimhse.

22.6 Earnálacha geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí creidmheasa príomha an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar láthair na n-iasachtaí agus na n-infháltas comhthaobhachta.

Earnálacha geografacha 31 Nollaig 2012 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	4,160,284	1,919,898	491,197	-	**6,571,379**
– Réadmhaoin infheistíochta	12,333,793	5,434,711	1,699,801	-	**19,468,305**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(3,263,422)	**(3,263,422)**
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	**16,494,077**	**7,354,609**	**2,190,998**	**(3,263,422)**	**22,776,262**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,235,822	-	-	-	**2,235,822**
Airgead tugtha ,ar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-	-	-	**1,150,000**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	257,932	-	-	-	**257,932**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	117,605	226,800	6,301	-	**350,706**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,953	-	-	-	**78,953**
Sócmhainn cánach iarchurtha	337,288	-	-	-	**337,288**
Fardail	6,758	-	-	-	**6,758**
Sócmhainní eile	33,490	-	-	-	**33,490**
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	831	-	-	-	**831**
Iomlán na sócmhainní	**20,712,756**	**7,581,409**	**2,197,299**	**(3,263,422)**	**27,228,042**

Earnálacha geografacha 31 Nollaig 2011 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	6,218,324	2,615,501	650,201	-	**9,484,026**
– Réadmhaoin infheistíochta	11,340,494	6,073,674	1,460,461	-	**18,874,629**
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,751,266)	**(2,751,266)**
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	**17,558,818**	**8,689,175**	**2,110,662**	**(2,751,266)**	**25,607,389**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	3,346,986	-	-	-	**3,346,986**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-	-	-	**499,747**
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	189,789	253,786	4,964	-	**448,539**
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	-	-	-	**409,143**
Sócmhainn cánach iarchurtha	305,654	-	-	-	**305,654**
Fardail	6,850	-	-	-	**6,850**
Sócmhainní eile	43,438	-	-	-	**43,438**
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	906	-	-	-	**906**
Iomlán na sócmhainní	**22,361,331**	**8,942,961**	**2,115,626**	**(2,751,266)**	**30,668,652**

Sa ráiteas ar staid airgeadais na Gníomhaireachta, cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le cúiteamh na gcostas riarachán ón nGrúpa, dá réir sin tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht lonnaithe in Éirinn.

23. RIOSCA LEACHTACHTA

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlite: áirítear leo sin tiomantais iasachtaithe na todhchaí, ús ar dhliteanais, breacadh comhthaobhachta, costais, táillí agus speansais oibriúcháin laethúla.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora agus/nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlóidh neamhréireanna, agus dá bhrí sin ag íoslaghdú tionchar eis-sreafaí leachtachta.

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann aonad Riosca GBCN réamh-mheastacháin leachtachta neamhspleácha ar fáil ar bhonn míosúil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca. Bíonn réamhaisnéis 'anásta' san áireamh sna réamh-mheastacháin go léir le freastal ar thréimhsí fada neamhchinnteachta. Is é túsphointe na réamh-mheastachán sin anailís a dhéanamh ar aibíocht chonartha na ndliteanas airgeadais agus dáta aisíocaíochta ionchais na sócmhainní airgeadais.

An príomhriosca leachtachta don Ghrúpa ná maoiniú na n-urrús fiachais sinsearach (urrúis) eisithe ag an GNBS mar chomaoin le haghaidh 95% de luach na sócmhainní a gnóthaíodh. Tugann na hurrúis i mbun eisiúna cead don eisitheoir (sa chás nach bhfuair an t-eisitheoir Fógra um Sheachadadh Fisiceach Diúltaithe don Sealbhóir) na hurrúis go léir, nó cuid díobh, a shocrú nuair a thiocfaidh siad chun aibíochta trí hurrús nua a eisiúint ar na téarmaí céanna is a bhain leis an urrús eiseachn (seachas i gcás aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith i gceist leis an urrús eiseach).

I mí na Bealtaine 2011, rinne Bord, tar éis dó treoir, arna heisiúint faoi Alt 14 den Acht, a fháil ón Aire Airgeadais, cinneadh chun rogha na haibíochta insínte a bhaint ó urrúis fhiachais sinsearaí an GNBS (féach Nóta 28).

Glanadh na hurrúis uile a tháinig chun aibíochta an 1 Márta 2012 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint le haibíocht an 1 Márta 2013 luaite leo agus tar éis an dáta tuairiscithe, glanadh na hurrúis uile a tháinig chun aibíochta an 1 Márta 2013 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint le haibíocht an 1 Márta 2014 luaite leo.

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreabha airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhliteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhlascainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh **Grúpa** **31 Nollaig 2012**	**0-6 mhí** **€'000**	**6-12 mhí** **€'000**	**Iomlán** **€'000**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	36,423	-	**36,423**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	25,485,747	-	**25,485,747**
Dliteanais eile	31,696	-	**31,696**
Cáin iníoctha	1,627	-	**1,627**
Iomlán na ndliteanas	**25,555,493**	**-**	**25,555,493**
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	**3,643,754**	**-**	**3,643,754**

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh **Grúpa** **31 Nollaig 2011**	**0-6 mhí** **€'000**	**6-12 mhí** **€'000**	**Iomlán** **€'000**
Dliteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	60,224	-	**60,224**
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29,275,298	-	**29,275,298**
Dliteanais eile	51,491	-	**51,491**
Cáin iníoctha	2,147		**2,147**
Iomlán na ndliteanas	**29,389,160**	**-**	**29,389,160**
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	**3,846,733**	**-**	**3,846,733**

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh **Gníomhaireacht** **31 Nollaig 2012**	**0-6 mhí** **€'000**	**6-12 mhí** **€'000**	**Iomlán** **€'000**
Dliteanais			
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,320	-	**53,320**
Dliteanais eile	10,027	-	**10,027**
Iomlán na ndliteanas	**63,347**	**-**	**63,347**

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh **Gníomhaireacht** **31 Nollaig 2011**	**0-6 mhí** **€'000**	**6-12 mhí** **€'000**	**Iomlán** **€'000**
Dliteanais			
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	52,720	-	**52,720**
Dliteanais eile	4,040	-	**4,040**
Iomlán na ndliteanas	**56,760**	**-**	**56,760**

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dliteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais iasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, éarlaisí téarma agus sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin.

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh

(a) Díorthaigh socraithe ar bhonn glan

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan tá:

Díorthaigh ráta úis:

- babhtálacha ráta úis,
- comhaontuithe ar réamhráta,
- roghanna ráta úis thar an gcuntar (OTC),
- conarthaí ráta úis eile.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar dhliteanais airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa **31 Nollaig 201**	**0-6 mhí €'000**	**6 -12 mhí €'000**	**1-5 bliana €'000**	**Os cionn 5 bliana €'000**	**Iomlán €'000**
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	22,415	50,957	64,855	65,480	**203,707**
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	14,630	(243,986)	(569,396)	-	**(798,752)**
Iomlán	**37,045**	**(193,029)**	**(504,541)**	**65,480**	**(595,045)**

Grúpa **31 Nollaig 2012**	**0-6 mhí €'000**	**6 -12 mhí €'000**	**1-5 bliana €'000**	**Os cionn 5 bliana €'000**	**Iomlán €'000**
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	28,047	16,703	117,714	96,744	**259,208**
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	95,958	(121,537)	(281,729)	491	**(306,817)**
Iomlán	**124,005**	**(104,834)**	**(164,015)**	**97,235**	**(47,609)**

(b) Díorthaigh socraithe ar bhonn comhlán

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán tá:

- Díorthaigh malairte eachtraí: réamh-airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar ionstraimí airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreabha airgid neamhlascainithe.

Grúpa **31 Nollaig 2012**	**0-6 mhí €'000**	**6 -12 mhí €'000**	**1-5 bliana €'000**	**Iomlán €'000**
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(278,839)	-	-	**(278,839)**
– Insreabhadh	286,418	-	-	**286,418**
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(1,476,882)	(1,274,185)	(3,376,786)	**(6,127,853)**
– Insreabhadh	1,355,716	1,201,691	3,225,750	**5,783,157**
Eis-sreabhadh iomlán	**(113,587)**	**(72,494)**	**(151,036)**	**(337,117)**

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh (ar lean)

Grúpa 31 Nollaig 2011	0-6 mhí €'000	6 -12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
Díorthaigh airgeadra eachtrach:				
– Eis-sreabhadh	(2,647,026)	-	-	**(2,647,026)**
– Insreabhadh	2,526,741	-	-	**2,526,741**
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(393,182)	(920,238)	(4,841,907)	**(6,155,327)**
– Insreabhadh	387,560	907,200	4,663,260	**5,958,020**
Eis-sreabhadh iomlán	**(125,907)**	**(13,038)**	**(178,647)**	**(317,592)**

23.4 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas. Áirítear sa mhéid sin tiomantais atá ann cheana féin ag am gnóthaithe na n-iasachtaí agus tiomantais bhreise a rinneadh ón am a aistríodh na sócmhainní iasachta chuig an nGrúpa.

Grúpa 31 Nollaig 2012	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Tiomantais go dtabharfar iasacht	45,927	424,375	13,199	**483,501**
Rótharraingtí	12,009	-	-	**12,009**
Ráthaíochtaí agus litreacha faoi chreidmheas a fuarthas	3,790	-	-	**3,790**
Iomlán	**61,726**	**424,375**	**13,199**	**499,300**

Grúpa 31 Nollaig 2011	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
Tiomantais go dtabharfar iasacht	93,077	100,229	36,131	229,437
Rótharraingtí	6,495	-	-	6,495
Ráthaíochtaí agus litreacha faoi chreidmheas a fuarthas	11	3,864	-	3,875
Iomlán	**99,583**	**104,093**	**36,131**	**239,807**

Níl aon tiomantais iasachta ag an nGníomhaireacht.

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta.

Grúpa	2012 Luach anonn €'000	2012 Luach anonn €'000	2011 Luach anonn €'000	2011 Luach anonn €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,235,822	2,235,822	3,346,986	3,346,986
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	1,150,000	-	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	257,932	257,932	499,747	499,747
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,953	78,953	409,143	409,143
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	350,706	350,706	448,539	448,539
Iasachtaí agus infháltais	22,776,262	21,794,746	25,607,389	25,045,497
Sócmhainní eile	33,490	33,490	43,438	43,438
Fardail	6,758	6,758	6,850	6,850
Sócmhainn cánach iarchurtha	337,288	337,288	305,654	305,654
Iomlán na sócmhainní	**27,227,211**	**26,245,695**	**30,667,746**	**30,105,854**
Dliteanais airgeadais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	36,423	36,423	60,224	60,224
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	1,168,688	1,168,688	728,725	728,725
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	25,440,000	25,389,120	29,106,000	28,972,112
Dliteanais eile	169,557	169,557	250,232	250,232
Cáin iníoctha	1,627	1,627	2,147	2,147
Iomlán na ndliteanas	**26,816,295**	**26,765,415**	**30,147,328**	**30,013,440**

Gníomhaireacht	2012 Luach anonn €'000	2012 Luach anonn €'000	2011 Luach anonn €'000	2011 Luach anonn €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,268	1,268	1,623	1,623
Sócmhainní eile	9,306	9,306	3,381	3,381
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	49,000	49,000	49,000	49,000
Iomlán na sócmhainní	**59,574**	**59,574**	**54,004**	**54,004**
Dliteanais airgeadais				
Iasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara	53,320	53,320	52,720	52,720
Dliteanais eile	10,027	10,027	4,040	4,040
Iomlán na ndliteanas	**63,347**	**63,347**	**56,760**	**56,760**

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

Sócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dliteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, tá na modhanna agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas sin a ríomh leagtha amach thíos.

(i) Airgead tirim agus iarmhéideanna le bainc

Is ionann luach cothrom na socrúchán ráta chomhlúthaigh agus na n-éarlaisí téarma agus a méid carraeireachta. Tá luach cothrom measta na n-éarlaisí úsmhara seasta cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil éarlaisí gearrthéarmach agus ní bhíonn ach éifeacht an-bheag ag lascainí.

(ii) Iasachtaí agus infháltais

Taispeántar iasachtaí agus infháltais glan de mhuirir um bearnú. Measadh luach cothrom na n-iasachtaí agus na n-infháltas ag baint úsáide as na sreabha airgid ionchais don todhchaí sa phunann. Rinneadh sreabha airgid ionchais don todhchaí le haghaidh féichiúnaithe suntasacha aonair a athbhreithniú mar chuid den mheasúnú ar shreabhadh airgid bearnaithe ag an dáta tuairiscithe. Ansin lascainíodh na sreabha airgid sin ar ráta margaidh úis a mheas an lucht bainistíochta a bheith iomchuí, agus aird á tabhairt ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhí i gceist. Tá an measúnú sin faoi réir breithiúnais ón lucht bainistíochta maidir leis an ráta úis a úsáideadh agus le huainiú agus méid na sreabha airgid sa todhchaí.

(iii) Urrúis fhiachais i mbun eisiúna

Rinneadh na luachanna cothroma comhiomlána a ríomh bunaithe ar shamhail luachála ag baint úsáide as ionstraimí luaite comhchosúla agus ag cur cuair thoraidh reatha iomchuí i bhfeidhm don téarma aibíochta atá fágtha.

(b) Ordlathas luacha chothroim

Sonraíonn IFRS 7 ordlathas trí leibhéil de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordlathas luacha chothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dliteanas comhionann. Áirítear ar an leibhéal seo urrúis chothromais liostaithe agus ionstraimí fiachais ar mhalartuithe aitheanta.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaiméadar ionchuir úsáid as an gcuar toraidh LIBOR caighdeánach.
- Leibhéal 3 – ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite). Áirítear ar an leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite iontu.

Ní mór sonraí margaidh inbhraite a úsáid don ordlathas seo nuair atá siad ar fáil. Tugann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha agus inbhraite faoi deara ina chuid luachálacha nuair is féidir.

Ordlathas ar luacha cothrom le haghaidh sócmhainní agus dliteanas arna dtomhas ar luach cothrom

Grúpa 31 Nollaig 2012	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	338,956	-	**338,956**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	11,750	-	**11,750**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	257,932	-	**257,932**
Iomlán na sócmhainní	**-**	**608,638**	**-**	**608,638**
Dliteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	862,732	-	**862,732**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	305,956	-	**305,956**
Iomlán na ndliteanas	**-**	**1,168,688**	**-**	**1,168,688**

Grúpa 31 Nollaig 2011	Leibhéal 1 €'000	Leibhéal 2 €'000	Leibhéal 3 €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	391,207	-	**391,207**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	57,332	-	**57,332**
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	499,747	-	**499,747**
Iomlán na sócmhainní	**-**	**948,286**	**-**	**948,286**
Dliteanais				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	438,895	-	**438,895**
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	289,830	-	**289,830**
Iomlán na ndliteanas	**-**	**728,725**	**-**	**728,725**

Níor tugadh ceann ar bith de shócmhainní ná dliteanais na Gníomhaireachta ar aghaidh ar luach cothrom.

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Déantar dliteanais agus sócmhainní airgeadais a chatagóiriú i gcomhréir le IAS 39 sa chaoi seo a leanas;

- Iasachtaí agus infháltais
- Sócmhainní airgeadais nó dliteanais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas – á gcoinneáil le haghaidh trádála (FVTPL)
- Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin (AFS)
- Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta.

Sócmhainní Airgeadais Grúpa 2012	**Iasachtaí agus infháltais €'000**	**FVTPL €'000**	**AFS €'000**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,235,822	-	-
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	-	257,932
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,953	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	350,706	-
Iasachtaí agus infháltais	22,776,262	-	-
Sócmhainní eile	33,490	-	-

Dliteanais Airgeadais Grúpa 2012	**Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta €'000**	**FVTPL €'000**
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	36,423	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	1,168,688
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	25,440,000	-
Dliteanais eile	169,557	-

Ní raibh aon infheistíochtaí ar láimh go dtí aibíocht á gcoinneáil ag an nGrúpa ag an dáta tuairiscithe.

25. RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Grúpa agus Gníomhaireacht	**2012 €'000**	**2011 €'000**
Costas		
Iarmhéid ag 1 Eanáir	1,006	-
Breiseanna	17	1,006
Iarmhéid ag 31 Nollaig	**1,023**	**1,006**
Dímheas		
Dímheas carntha ag 1 Eanáir	(100)	-
Muirear dímheasa don bhliain	(92)	(100)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	**(192)**	**(100)**
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig	**831**	**906**

Áiríonn réadmhaoin, innealta agus trealamh costais feistithe léasa tabhaithe go dtí seo. Déantar costais feistithe léasa caipitlithe a dhímheas ar bhonn méid chothroim ag ráta de chuid 10% sa bhliain i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.20. Déantar dímheas bliain iomlán a mhuirearú sa bhliain a thabhaítear agus a chaipitlítear na costais léasaithe feistithe.

26. CÁIN IARCHURTHA

Déantar sócmhainní agus dliteanais ioncam iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach reatha agus nuair a bhaineann na cánacha ioncam iarchurtha leis an údarás fioscach céanna.

Tá dliteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

	Cáin iarchurtha ar dhíorthaigh		Cáin iarchurtha ar chaillteanais cánach	Iomlán
Grúpa	**Sócmhainní €'000**	**Dliteanais €'000**	**€'000**	**€'000**
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2011	**-**	**-**	**-**	**-**
Gluaiseacht sa bhliain	182,182	(112,162)	235,633	305,653
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011	**182,182**	**(112,162)**	**235,633**	**305,653**
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2012	**182,182**	**(112,162)**	**235,633**	**305,653**
Gluaiseacht sa bhliain	109,990	23,885	(102,240)	31,635
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2012	**292,172**	**(88,277)**	**133,393**	**337,288**

Réiteach na gluaiseachta sa cháin iarchurtha iomlán go creidmheas/(muirear) cánach sa ráiteas ioncaim agus ioncam cuimsitheach eile

	2012 €'000	2011 €'000
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta sa ráiteas ioncaim (Nóta 12)	(75,816)	236,769
Gluaiseacht sa cháin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile (Nóta 34)	107,451	68,884
Gluaiseacht iomlán i gcáin iarchurtha sa bhliain	**31,635**	**305,653**

Níl aon dliteanais nó sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncam iarchurtha i ndáil le caillteanais chánach tugtha anonn sa mhéid is go bhfuil réadú an tsochair ghaolmhar cánach dóchúil. Tá sócmhainn cáin ioncaim de chuid €133m (2011: €236m) i ndáil le caillteanais chánach neamh-úsáidte aitheanta sna ráitis airgeadais seo. Bunaithe ar thorthaí na bliana reatha, creideann an GNBS go mbeidh brabúis chánach amach anseo ar fáil chun aon sócmhainn cánach iarchurtha a fhritháireamh.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhíorthaigh ar an difríocht idir bhonn cánach na ndíorthach (nialas) agus luach cothrom na ndíorthach tráth an dáta tuairiscithe. Tá glansócmhainn chánach iarchurtha de chuid €204m (2011: €70m) aitheanta i ndáil leis na díorthaigh. I gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta, aithnítear cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom áit ina cuirtear an luach cothrom gaolmhar san áireamh, .i. sa ráiteas ioncam nó in ioncam cuimsitheach eile. Tá sochar cánach iarchurtha de chuid €107m (2011: €69m) aitheanta in ioncam cuimsitheach eile i ndáil le cáin iarchurtha ar an ngluaiseacht luach cothrom ar dhíorthaigh sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fála i bhfeidhm (Féach Nóta 34).

27. SÓCMHAINNÍ EILE

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Ús babhtála tabhaithe infhála	14,211	12,649
Ús infhála ar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin	9,012	16,122
Ús infhála ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	160	2,759
CBL infhála	668	3,723
Breithniú iarchurtha	9,223	7,687
Sócmhainní eile	216	498
Iomlán	**33,490**	**43,438**
Reatha	**33,490**	**43,438**
Neamh-Reatha	**-**	**-**

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Costais in-aisíoctha ó BISNT	9,306	3,014
Ús infhála Bhanc Ceannais na hÉireann	-	4
Infháltais eile	-	363
Iomlán	**9,306**	**3,381**
Reatha	**9,306**	**3,381**
Neamh-Reatha	**-**	**-**

Baineann ús babhtála tabhaithe leis an ús tabhaithe ar dhíorthaigh faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí nasctha le hiasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha.

28. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	29,106,000	28,650,000
Eisithe sa bhliain	11,000	2,044,000
Fuascailte i rith na bliana	(3,500,000)	(1,250,000)
Cealaithe sa bhliain	(177,000)	(338,000)
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	**25,440,000**	**29,106,000**
Reatha	**25,440,000**	**29,106,000**
Neamh-reatha	**-**	**-**

Is ionann na hurrúis fhiachais thuas agus Nótaí Ráta Chomhlúthaigh Ráthaithe ag an Rialtas, a d'eisigh BSNT agus a aistríodh chuig SGBSN faoi shocrú iasachta rannpháirteach brabúis agus a aistríodh ansin chuig BISNT. D'úsáid BISNT na hurrúis seo mar chomaoin (95%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Tabhaítear ús ó dháta eisiúna na Nótaí agus íoctar ús faoi dhó sa bhliain ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair. Déanann Euribor an ráta úis a athshocrú ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair gach bliain. Go dtí seo, is nótaí ainmnithe in euro atá eisithe.

Eisítear urrúis fhiachais sinsearaí ar dháta éadála gach sócmhainne agus tháinig na hurrúis uile eisithe roimh 1 Márta 2012 chun aibíochta an 1 Márta 2012. Cheadaigh na hurrúis a eisíodh don eisitheoir cuid de na hurrúis, nó na hurrúis ar fad, a shocrú an tráth aibíochta trí hurrús nua a eisiúint de réir na dtéarmaí céanna leis an urrús reatha (seachas i bhfoirm aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith ag an urrús reatha).

Socraíodh na hurrúis fhiachais sinsearaí ar fad a tháinig chun aibíochta an 1 Márta 2012 go fisiciúil trí mheán urrús nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta an 1 Márta 2013 luaite leo.

I mBealtaine 2011, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 den Acht ag cur in iúl gur cheart téarmaí agus coinníollacha na n-urrús eisithe ar an 1 Márta 2011, mar aon le haon urrúis eisithe ina dhiaidh sin, a leasú ionas nach ann do rogha leathnaithe na haibíochta i ndáil leis na hurrúis eisithe faoi Alt 48 den Acht chun 95% de luach éadála iomlán na sócmhainní bainc incháilithe faighte ó na hinstitiúidí rannpháirteacha a sholáthar.

Ceadaíonn na hurrúis atá i mbun eisiúna don eisitheoir (sa chás nach bhfuil Fógra Diúltaithe um Sheachadadh Fisiciúil Sealbhóra faighte ag an eisitheoir) na hurrúis uile, nó cuid díobh, a shocrú go fisiciúil an tráth aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith luaite leis an t-urrús reatha.

Socraíodh na hurrúis ar fad a tháinig chun aibíochta an 1 Márta 2013 go fisiciúil trí hurrúis nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2014 luaite leo.

29. DLITEANAIS EILE

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Ús fabhraithe ar urrúis fiachais i mbun eisiúna	45,747	169,298
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh sa chás go bhfuil cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm	83,298	18,961
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh eile	8,816	10,482
Costais fhabhraithe	31,275	43,864
Costais fabhraithe um dhícheall cuí	-	7,041
Dliteanais eile	421	586
Iomlán na ndliteanas eile	**169,557**	**250,232**
Reatha	**169,557**	**250,232**
Neamh-reatha	**-**	**-**

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Méideanna dlite do GBCN	8,726	2,060
Méideanna dlite le haonáin an Ghrúpa	880	1,394
Dliteanais eile	421	586
Iomlán na ndliteanas eile	**10,027**	**4,040**
Reatha	**10,027**	**4,040**
Neamh-reatha	**-**	**-**

30. CÁIN INÍOCTHA

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla agus cánacha eile iníoctha	1,588	1,992
Dliteanas cánach ioncam reatha	39	155
Cáin iomlán iníoctha	**1,627**	**2,147**

31. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Sa tábla anseo thíos tugtar méideanna conartha na ndliteanas teagmhasach. Is é an nochtadh uasta do chaillteanas creidmheasa faoi dhliteanais theagmhasacha méid conarthach na hionstraime i gcás neamhfheidhmíochta an pháirtí eile sa chás go bhfuil gach frithéileamh, comhthaobhacht nó slándáil gan luach.

Grúpa	2012 Méid conarthach €'000	2011 Méid conarthach €'000
Dliteanais Theagmhasacha		
Ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa	**3,790**	**3,875**

Mar chuid d'éadáil sócmhainní iasachta, fuair an Grúpa roinnt ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa, a bhí á gcur ar fáil ag Institiúidí Rannpháirteacha roimhe seo. Fuarthas na ráthaíochtaí mar go raibh siad nasctha le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa. Tá sé mar bheartas coiteann ag an nGrúpa gan ráthaíochtaí a ghnóthú dlí, mar chuid dá gnáthchúrsa gnó. Déantar monatóireacht ar chásanna ar bhonn leanúnach. Ní aithníonn an Grúpa aon fhorálacha dlíthiúla ag an dáta tuairiscithe.

Tá léas oibriúcháin ag an nGrúpa i ndáil leis an tríú hurlár dá oifig cláraithe, Foirgneamh an Státchiste. Ag an dáta tuairiscithe, tréimhse 3 bliana atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir.

B'ionann méideanna léasa oibriúcháin a caitheadh sa bhliain agus €1.1m (2011: €0.8m).

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí sna táblaí seo a leanas:

Grúpa 31 Nollaig 2012	**Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000**	**1 -5 bliana €'000**	**Níos mó ná 5 bliana €'000**	**Iomlán €'000**
Léasanna oibriúcháin	997	1,806	-	2,803

Grúpa 31 Nollaig 2011	**Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000**	**1 -5 bliana €'000**	**Níos mó ná 5 bliana €'000**	**Iomlán €'000**
Léasanna oibriúcháin	896	2,518	-	3,414

32. IASACHTAÍOCHT AGUS IASACHTAÍ ÚSMHARA

Gníomhaireacht	**2012 €'000**	**2011 €'000**
Iasacht dlite le BISNT agus ús gaolmhar	53,320	52,720
	53,320	**52,720**

Ar an 25 Feabhra 2011, d'eisigh BISNT, aonán an Ghrúpa, iasacht úsmhar de chuid €52m leis an GNBS. Ba é cuspóir na hiasachta maoiniú a sholáthar ón nGrúpa don GNBS chun iasacht de chuid €49m agus ús tabhaithe a aisíoc leis an Lárchiste. Tá ús bunaithe ar rata 6 mhí Euribor. Déantar an iasacht a shíneadh ar bhonn bliantúil ar an 25 Feabhra mura gcuirtear deireadh leis faoi mar atá aontaithe ag na páirtithe. Níl aon iasachtaí nó iasachtaíochtaí seachtracha ag an nGrúpa.

33. GNÁTHSCAIR EILE

Grúpa	**2012 €'000**	**2011 €'000**
I mbun eisiúna ag tús na bliana	1,601,000	1,507,000
Eisithe sa bhliain	1,000	110,000
Cealaithe sa bhliain	(9,000)	(16,000)
I mbun eisiúna ag 31 Nollaig	**1,593,000**	**1,601,000**

Is ionann an méid thuasluaite agus Fobhannaí Ráta Seasta Inghlaoite a d'eisigh BSNT agus a aistríodh chuig SGBSNT faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis agus a d'aistrigh SGBSNT chuig BISNT. D'úsáid BISNT na hurrúis seo mar chomaoin (5%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Is ionann an ráta úis ar na hionstraimí agus ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag dáta an chéad eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag fáltas seasta 5.264%. Is ar bhonn bliantúil a íoctar ús, ach is de rogha an eisitheora a dhearbhaítear an cúpón. Ní bheidh cúpóin a dhearbhaítear in aon bhliain ag carnadh. Níor dearbhaíodh aon chúpón ag an dáta tuairiscithe.

33. GNÁTHSCAIR EILE (AR LEAN)

Ainneoin na mbannaí a bheith suthain de nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir na bannaí a "ghairm" (.i. a fhuascailt) ar an gcéad dáta gairme (atá 10 mbliana i ndiaidh an dáta eisiúna), agus gach dáta íocaíochta úis ina dhiaidh sin (beag beann ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ús le híoc).

Faoi IAS 32, 'Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair', is ionann é agus bunús an chomhaontú conarthach um ionstraim airgeadais, seachas a fhoirm dlí, a bhfuil a rangú á rialú aige. Ó tharla nach bhfuil aon oibleagáid chonarthach sna nótaí fofhiachais aon íocaíochtaí a dhéanamh (ús nó príomha) sa chás nach mian leis an nGrúpa aon íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32 tá an fofhiachas rangaithe mar ghnáthscair sa ráiteas ar staid an airgeadais, agus aon íocaíochtaí cúpóin á rangú mar íocaíochtaí díbhinne.

34. CÚLCHISTÍ EILE

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Cúlchiste fálaithe an tsreafa airgid		
Ag tús na bliana	(192,223)	77,554
Athruithe i nglanluach cóir	(439,821)	(338,689)
Ús fálaithe socraithe i rith na bliana	51,741	82,245
Gluaiseacht i bhfabhrú úis	64,338	(23,965)
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim	(116,079)	(58,280)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cánachas	(439,821)	(338,689)
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	108,025	68,912
Ag 31 Nollaig	**(524,019)**	**(192,223)**
Cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin		
Ag tús na bliana	82	-
Glan-athruithe i luach cóir	2,297	110
Glanghluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cánachas	2,297	110
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(574)	(28)
Ag 31 Nollaig	**1,805**	**82**
Iomlán na gcúlchistí eile	**(522,214)**	**(192,141)**

B'ionann glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid le haghaidh 2012 agus €439.8m (2011: €338.7m) roimh cánachas arb ionann é agus glanghluaiseacht luacha cóir i ndíorthaigh sa chás go gcuirtear i bhfeidhm cuntasaíocht fhálaithe de chuid €432.1m (2011: €322.8m) móide coigeartú i ndáil le neamhéifeachtúlacht fálaithe de chuid €7.7m (2011: €15.9m). B'ionann glanghluaiseacht sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin don bhliain agus €2.3m (2011: €0.1m) a léiríonn an ghluaiseacht luacha cóir in infheistíochtaí ar fail le haghaidh díolacháin coinnithe ag an dáta tuairiscithe.

35. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Grúpa	2012 €'000	2011 €'000
Caillteanais choinnithe		
Ag tús na bliana	(887,535)	(1,128,990)
Brabús don bhliain	228,496	241,455
Caillteanas leithdháilte d'ús neamhrialaithe	-	-
Ag 31 Nollaig	**(659,039)**	**(887,535)**

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
Caillteanais choinnithe		
Ag tús na bliana	(1,850)	(436)
Caillteanas don bhliain	(1,092)	(1,414)
Ag 31 Nollaig	**(2,942)**	**(1,850)**

Is ionann ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí agus gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach bhfuil inchurtha go díreach nó go neamhdhíreach don mháthair-aonán. I gcomhthéacs an Ghrúpa is ionann é seo agus infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha i ngnáth-scairchaipiteal GINBST.

D'infheistigh an GNBS, i dteannta infheisteoirí príobháideacha, in GINBST. Tá 49% de scairchaipiteal eisithe GINBST i seilbh an GNBS agus is i seilbh infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile den scairchaipiteal.

Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfheisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh.

Faoin gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfheisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfheisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil faoi Airteagail Chomhlachais GINBST.

Cuireann cumas an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chromadh srian ar chumas infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa a rialú, agus, dá thoradh sin, tá rialú éifeachtach ag an GNBS ar GINBST agus na fochuideachtaí sa Ghrúpa, mar aon le sochair gheilleagracha agus rioscaí an Ghrúpa. Cé go bhfuil na hinfheisteoirí príobháideacha faoi réir an riosca go bhféadfadh GINBST caillteanais a thabhú agus go mb'fhéidir nach mbeadh luach iomlán a hinfheistíochta in-aisghabhála, níl dualgas orthu aon chaipiteal eile a sholáthar do GINBST.

De bhua an rialaithe seo atá ag an GNBS ar GINBST, tá GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS, agus chun críocha ús neamhrialaithe sna fochuideachtaí a aithint, tá na caillteanais luaite le hús neamhrialaithe a bhaineann le hús cothromais €51 milliún.

36. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA

Tá cur síos déanta ar struchtúr Ghrúpa an GNBS i Nóta 1. Seo a leanas gnóthais fochuideachta agus úinéireacht céatadáin an GNBS sna fochuideachtaí sin:

Stádas Cosanta	Sealúchas	Príomhghníomhaíocht	Tír ionchorpraithe
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta	49%	Cuideachta shealbhaíochta agus iasachtú	Éire
Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Eisiúint fiachais	Éire
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní na cuideachta sealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Eastát réadach	Éire
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Neamh-thrádála	Éire
Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Soláthar na réadmhaoine cónaithí chun críocha na tithíochta sóisialta	Éire

Is i bhFoirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, atá oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí ar fad.

36.1 INFHEISTÍOCHT I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Gníomhaireacht	2012 €'000	2011 €'000
49,000,000 scair i GINBST	**49,000**	**49,000**

In 2010 rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht de chuid €49m i GINBST.

37. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Seo a leanas páirtithe gaolmhara an Ghrúpa:

Fochuideachtaí

Tá sonraí maidir leis an ús i seilbh fochuideachtaí an GNBS luaite i Nóta 36 agus Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

GBCN

Soláthraíonn GBCN seirbhísí foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc. Tá sonraí na gcostas gearrtha ar an nGrúpa le fáil i Nóta 9. Is í GBCN an contrapháirtí le haghaidh staideanna díorthaigh an GNBS i gcomhthéacs a cuid bainistíochta ar mhalairt eachtrach agus nochtadh ráta úis. Ag an dáta tuairiscithe, bhí €255m (2011: €501m) ainmniúil i seilbh an GNBS de bhannaí 5% Rialtas na hÉireann ag teacht chun aibíochta an 18 Aibreán 2013. Glactar le nótaí státchiste de chuid €nialas (2011: €2.3 billiún) eisithe ag GBCN mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (féach Nóta 15).

Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN

Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí le Scéim Pinsean Shochair Shainithe GBCN thar ceann na bhfostaithe cuí. Tá an scéim pinsean á rialú agus á bainistiú ag iontaobhaithe neamhspleácha ceaptha ag GBCN. Mar chuid den chomaoin i ndáil leis an soláthar foirne tá íocaíocht de chuid €2.4m (2011: €1.8m) déanta ag an nGrúpa, ag léiriú aisíoc ranníocaíocht GBCN dom scéim pinsean i ndáil leis na hOlfigigh seo de chuid an GNBS.

Aire Airgeadais

De réir Alt 13 agus 14 den Acht tá cumhachtaí áirithe ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Forálann Alt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint don GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aird a thabhairt ar a leithéid sin de threoirlínte agus a feidhmeanna á comhlíonadh. Forálann Alt 14 go bhféadfaidh an tAire treoracha a eisiúint don GNBS maidir le cur i gcrích chuspóirí an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aon treoir dá leithéid sin a chomhlíonadh.

Is é éifeacht na bhforálacha reachtúla seo ná go bhfuil de chumhacht ag an Aire Airgeadais tionchar suntasach a bheith aige ar an GNBS.

Institiúidí Rannpháirteacha

I rith 2010, achtaíodh roinnt beart reachtach a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais thar institiúidí airgeadais ar leith i ndáil le ceisteanna éagsúla úinéireachta, comhdhéanamh an bhoird, éadáil nó díolachán fochuideachtaí, gníomhaíocht gnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht baincéireachta. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha dul i gcomhairle leis an Aire roimh aon ghníomhaíocht ábhartha a d'fhéadfadh leas a bheith ag an bpobal inti a chur i gcrích.

Is institiúidí creidmheasa iad Institiúidí Rannpháirteacha atá ainmnithe ag an Aire mar Institiúid Rannpháirteach, faoi Alt 67 den Acht. Tá sócmhainní iasachta aistrithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS ar an dáta tuairiscithe, AIB c.p.t (ag ionchorprú EBS), Banc na hÉireann agus IBRC.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearacha agus fo-urrúis agus d'aistrigh sé iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha in áit sócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais go príomha faoi Nóta 19, Iasachtaí agus Infháltais, Nóta 17, Méideanna dlite do agus ó Institiúidí Rannpháirteacha agus nótaí gaolmhara an Ráitis Ioncaim.

Tá cuntas oibriúcháin ag an nGrúpa le AIB c.p.t. ina raibh iarmhéid de chuid €0.3m (2011: €0.1m) ag an dáta tuairiscithe. I rith na bliana bhí an meán-iarmhéid dúnta laethúil cothrom le €0.4m (2011: €00.4m)

I gcaitheamh na bliana chuir an Grúpa airgead i dtaisce le AIB c.p.t. (ag ionchorprú EBS) agus Banc na hÉireann. B'ionann an meán a cuireadh i dtaisce le gach banc agus €51m (2011: €81.3m) agus €47m (2011: €96.8m) faoi seach. Ag an data tuairiscithe bhí taisce €31m le AIB c.p.t. ar feadh cúig lá.

Seo a leanas na táillí iníoctha leis an hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta tabhaithe i rith na bliana:

Institiúidí Rannpháirteacha	**2012 €'000**	**2011 €'000**
AIB, c.p.t.	16,810	15,586
Banc na hÉireann	6,952	8,952
IBRC	32,665	32,359

Irish Life and Permanent PLC (IL&P)

Achtaíodh Acht na nInstitiúidí Creidmheasa (Cobhsú) 2010 i ndlí na hÉireann ar an 21 Nollaig 2010. Soláthraíonn an tAcht an bonn reachtach d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann comhaontaithe sa chomhchlár tacaíochta AE/CAI/CE d'Éirinn. Baineann an tAcht le bainc, cumainn fhoirgníochta agus comhair chreidmheasa a fuair tacaíocht airgeadais ón Stát. Soláthraíonn an tAcht cumhachtaí fairsinge don Aire Airgeadais.

Fuair IL&P, trí mheán Ráthaíocht an Rialtais, a leithéid de thacaíocht agus ghnóthaigh an Stát bun 99.2% in IL&P ar an 27 Iúil 2011. Is institiúid chumhdaithe é IL&P chun críocha Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008. Is institiúid chumhdaithe é IL&P freisin faoi Scéim Institiúidí Creidmheasa an Rialtais (Ráthaíocht Dliteanais Incháilithe) 2009. Toisc gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é an tAire agus ó tharla go bhfuil cumhachtaí suntasacha ag an Aire anois ar rialachas agus oibriú IL&P, glactar leis gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é IL&P.

Mar chuid d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann, aistríodh urrúis fiachais shinsearaigh an GNBS i mbun eisiúna agus i seilbh IBRC chuig IL&P.

37. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar táillí íoctha le comhaltaí Boird i Nóta 9. Níl fostaí ar bith ag an nGrúpa.

Idirbhearta le haonáin an Ghrúpa

Seo a leanas na méideanna atá dlite do agus ó pháirtithe leasmhara ag an dáta tuairiscithe. Is ar bhonn praghas fad láimhe a dhéantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara.

Iasacht dlite le BISNT

Réamhíocadh iasacht úis de chuid €52m ó BISNT leis an nGníomhaireacht. Gearrtar ús ar an iasacht seo ag ráta sé mhí EURIBOR. B'ionann ús ar an iasacht seo don bhliain agus €0.6m (2011: €0.72m).

Comhaontuithe iasachta rannpháirteacha brabúis

Tá BSNT tar éis tabhairt faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL) le SGBSNT, agus dá réir tá SGBSNT tar éis tabhairt faoi PPL eile le BISNT ar théarmaí comhchosúla.

Bhí na hiarmhéideanna gan íoc i ndáil le comhaontuithe PPL uile idir na haonáin seo cothrom le €27,033m (2011: €30,707m) ag an data tuairiscithe.

Athmhuirearú an GBCN

Tabhaíonn GBCN forchostais i ndáil le seirbhísí foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna a sholáthar don Ghrúpa. Gearrtar na forchostais seo ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) ar bhonn costais iarbhír. B'ionann iomlán na gcostas seo don tréimhse agus €36.9m. €27.7m). Déantar a thuilleadh sonraí i ndáil leis na costais seo a nochtadh i Nóta 9.1.

38. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA

D'fhonn a cuspóirí a chomhlíonadh, tá aonáin shainchuspóireacha bunaithe ag an GNBS mar atá sonraithe i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann na haonáin seo ráitis airgeadais ar leith i láthair. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus gach aonán den Ghrúpa.

38.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach na táillí riaracháin tabhaithe ag an nGníomhaireacht i Nóta 9.

Léirítear na costais i ndáil le BISNT, BRSNT agus SRCSNT sna táblaí anseo thíos. Áiríonn costais BISNT athmhuirearú de chuid €37m (2011: €28m) i ndáil le costais GBCN tabhaithe ag an nGníomhaireacht. Áirítear na costais seo sna cuntais chomhdhlúite freisin.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT) **Cineál costais**	**Nóta**	**2012** **€'000**	**2011** **€'000**
Costais in-aisíoctha le GBCN	9.1	36,890	27,678
Táillí príomhsheirbhíseora	9.2	56,427	56,897
Costais um dhícheall cuí	9.3	4,086	44,505
Táillí bainistíochta punainne	9.4	6,712	15,992
Táillí dlí	9.5	4,609	9,478
Táillí máistir-sheirbhíseora	9.6	3,547	3,098
Costais airgeadais agus teicneolaíochta	9.7	2,985	2,266
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	9.8	1,023	927
Costais chíosa agus áitíochta	9.9	1,375	975
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	9.11	450	450
Seirbhísí iniúchta inmheánaigh eile	9.12	288	-
Iomlán na gcostas riaracháin		**118,392**	**162,266**
Costais um dhícheall cuí aisghafa ar ghnóthuithe iasachta	9.3	-	(34,505)
Iomlán na gcostas riaracháin BISNT		**118,392**	**127,761**

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT) **Cineál costais**	**Nóta**	**2012** **€'000**	**2011** **€'000**
Táillí dlí		24	-
Costais um chomhairle phleanála		18	-
Costais eile		1	-
Iomlán na gcostas riaracháin BRSNT		**43**	**-**

Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SRCSNT) **Cineál costais**	**Nóta**	**2012** **€'000**	**2011** **€'000**
Costais luachála réadmhaoine		127	-
Táillí dlí		25	-
Táillí um chomhairle cánach		37	-
Iomlán na gcostas riaracháin SRCSNT		**189**	**-**

38. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

38.2 Urrúis féich eisithe chun críocha an Achta

	2012 €'000	2011 €'000
Nótaí sinsearacha eisithe ag BSNT	25,440,000	29,106,000
Fofhiach eisithe ag BSNT	1,593,000	1,601,0000
Iomlán	**27,033,000**	**30,707,000**

38.3 Urrúis féich eisithe agus fuascailte sa tréimhse chuig Institiúidí Rannpháirteacha

Institiúid Airgeadais	Gan íoc ag 1 Ean 12 €'000	Eisithe €'000	Fuascailte €'000	Cealaithe €'000	Gan íoc ag 31 Noll 12 €'000
AIB[5]	20,414,000	-	(2,395,000)	(143,000)	17,876,000
BOI	5,359,000	12,000	(615,000)	-	4,756,000
IBRC[5]	1,793,000	-	(113,000)	(43,000)	1,637,000
EBS	375,000	-	(43,000)	-	332,000
IL&P[5]	2,766,000	-	(334,000)	-	2,432,000
Iomlán	**30,707,000**	**12,000**	**(3,500,000)**	**(186,000)**	**27,033,000**

38.4 Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain

Ní raibh aon réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain.

38.5 Réamhíocaíochtaí déanta ag an GNBS le féichiúnaithe trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

Institiúid Rannpháirteach	Méid réamhíoctha 2012 €'000	Méid réamhíoctha 2011 €'000
AIB	115,174	84,833
IBRC	163,233	172,759
BOI	29,414	45,701
EBS	588	688
Iomlán	**308,409**	**303,981**

5 *Ar an 1 Iúil 2011, d'fhaomh an Ard-Chúirt Ordú um Aistriú faoi Mhír 5 d'Acht na nInstitiúidí Creidmheasa (Cobhsú) 2010 (CISA) go n-aistreofaí sócmhainní agus dliteanais INBS chuig an mBanc Angla-Éireannach. Chuir an t-ordú aistrithe deireadh le INBS. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh an t-ainm go dtí IBRC. Mar chuid d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann, aistríodh urrúis fiachais shinsearaigh an GNBS i mbun eisiúna agus i seilbh IBRC chuig IL&P agus AIB.*

38.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Tá léargas le fáil anseo thíos ar na sócmhainní i seilbh an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS. San áireamh sna sócmhainní seo tá sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteacha brabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS)	2012 €'000	2011 €'000
Infheistíocht sa GINBST	49,000	49,000
Airgead tirim	1,268	1,623
Infháltais eile	9,306	3,381
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	831	906
Iomlán	**60,405**	**54,910**

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST)	2012 €'000	2011 €'000
Iasacht le BSNT	99,900	99,900
Infháltais agus iasachtaí idirchuideachta – ús fabhraithe	19,093	15,490
Infháltas idir-ghrúpa	100	100
Iomlán	**119,093**	**115,490**

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT)	2012 €'000	2011 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le SGBSNT	27,033,000	30,707,000
Sócmhainní idir-ghrúpa	99,900	99,900
Sócmhainn cánach iarchurtha	137,981	134,401
Iomlán	**27,270,881**	**30,941,301**

Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT)	2012 €'000	2011 €'000
Iasacht rannpháirteach bhrabúis le BISNT	27,033,000	30,707,000
Ús ar iasacht rannpháirteach bhrabúis le BISNT	487,082	-
Iomlán	**27,520,082**	**30,707,000**

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT)	2012 €'000	2011 €'000
Airgead tirim	2,234,554	3,345,363
Airgead tirim tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	1,150,000	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	257,932	499,747
Infhaighte ó Institiúidí Rannpháirteacha	78,953	409,143
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	350,706	448,539
Iasachtaí agus infháltais	22,776,262	25,607,389
Sócmhainní idir-ghrúpa	559,968	413,805
Ús fabhraithe infhaighte	23,383	31,526
Fardail	200	6,850
Sócmhainní eile	9,507	11,545
Sócmhainn cánach iarchurtha	203,894	175,125
Iomlán	**27,645,359**	**30,949,032**

38. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT)	2012 €'000	2011 €'000
Fardail	7,074	-
Sócmhainní eile	599	-
Iomlán	**7,673**	**-**

38.7 Bearta tacaíochta an rialtais, lena náirítear ráthaíochtaí, faighte ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Aonán	Cur Síos	Méid eisithe an 31 Nollaig 31 Nollaig 2012 €'000	Méid eisithe an 31 Nollaig 31 Nollaig 2011 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS mar atá foráilte faoi Alt 48 den Acht fán GNBS 2010. Is é €51.3 billiún an phríomhshuim chomhiomlán uasta Nótaí Sinsearacha le heisiúint ag aon am ar leith.	25,440,000	29,106,000
		25,440,000	**29,106,000**

39. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN DÁTA TUAIRISCITHE

a) Díbhinn

Ar 27 Márta 2013, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne €0.0424 le haghaidh gach scair, íocaíocht a bhí cothrom le €2.162m. Is le húinéirí gnáthscaireanna B amháin a íocadh é seo.

b) b) An tAcht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013 (Acht IBRC)

Ar an 7 Feabhra 2013, d'eisigh an tAire sraith treoracha don GNBS faoin Acht IBRC. Seo a leanas na Treoracha a eisíodh don GNBS;

Treoir an GNBS/1/13/Acht IBRC

Treoraíonn sé seo an GNBS (nó SPV an GNBS) a bheith páirteach i nGníomhas Sannta agus Aistrithe leis an mBanc Ceannais chun na nithe seo a leanas a ghnóthú;

a) Gníomhas saoráide iasachta idir IBRC agus an Banc Ceannais

b) Costas dlí idir IBRC agus an Banc Ceannais maidir le sócmhainní IBRC.

c) An tairbhe a bhaineann le ráthaíocht tugtha ag an Aire i bhfabhar an Bhainc Ceannas.

Treoir an GNBS/2/13/Acht IBRC

Treoraíonn sé seo an GNBS (nó SPV an GNBS) tairiscint a dhéanamh do shócmhainní IBRC ag praghas neamhspléach luachála bunaithe ag an Leachtaitheoirí Speisialta.

Treoir an GNBS/3/13/Acht IBRC

Treoraíonn sé seo an GNBS a bheith páirteach i gComhaontú Saoráide le Leachtaitheoirí Speisialta IBRC agus GBCN chun críche caipiteal oibre a sholáthar don Leachtaitheoir agus comhthaobhacht airgid a bhreacadh chun críche díorthaigh.

Treoir an GNBS/4/13/Acht IBRC

Treoraíonn sé seo an GNBS (nó SPV an GNBS) ionas gur féidir leis comaoin a íoc leis an mBanc Ceannais i bhfoirm ionstraimí fiachais agus/nó airgead tirim de réir mar a chinneann an GNBS.

Mar fhreagairt ar na Treoracha seo, bhunaigh an GNBS aonán nua de ghrúpa an GNBS, Réiteach Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (RSNT), a ionchorpraíodh ar an 11 Feabhra 2013.

Ar an 28 Márta 2013, ghlac an GNBS agus RSNT páirt i nGníomhas Sannta agus Aistrithe leis an mBanc Ceannais. Is i bhfoirm urrús fiachais arna ráthú ag an Rialtas agus airgead tirim de chuid €343,000 billiún a bhí an chomaoin €12.9 a íocadh. Ba é BSNT a d'eisigh na hurrúis fiachais agus aistríodh chuig RSNT iad trí shaoráid iasachta rannpháirteach brabúis. D'úsáid RSNT na hurrúis fiachais chun an Gnóthas Saoráide a ghnóthú ón mBanc Ceannais (urraithe trí mhuirear comhlúthach ar shócmhainní IBRC).

De réir Alt 13 agus 14 d'Acht IBRC agus Treoir an GNBS/2/13/Acht IBRC eisithe ag an Aire, tá treoir tugtha don GNBS tairiscint a dhéanamh do shócmhainní IBRC. Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas seo i bhfeidhm sa dara leath de 2013. D'fhéadfaí tuilleadh treoracha a eisiúint don Aire de réir mar a leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo.

Ar an 11 Feabhra 2013, ghlac an GNBS páirt i saoráid iasachta, a raibh tarraingt anuas uasta €1 billiún luaite léi, leis na Leachtaitheoirí Speisialta agus le GBCN mar fhreagairt ar Threoir an GNBS/3/13/Acht IBRC. Is ann don tsaoráid chun caipiteal oibre agus comhthaobhacht airgid a bhreacadh do chontrapháirtithe díorthaigh IBRC. Is saoráid úsmhar ag Euribor an tsaoráid seo móide corrlach de 140 bonnphointe agus tá sí in-aisíoctha ar éileamh. Ag dáta faofa na ráiteas airgeadais bhí €100m tarraingthe ag na Leachtaitheoirí Speisialta.

Níl aon tionchar ag na hidirbhearta, a bhfuil na Treoracha á gcomhlíonadh acu, agus a bhfuil Grúpa an GNBS páirteach iontu ar ráitis airgeadais an GNBS an 31 Nollaig 2012. Ullmhófar an chéad sraith ráiteas airgeadais do RSNT ar an 31 Nollaig 2013 agus déanfar na ráitis airgeadais sin a chomhdhlúthú go hiomlán le torthaí Ghrúpa an GNBS. Tá struchtúr iomlán Ghrúpa an GNBS leagtha amach i gCairt 1 ar leathanach 99 de na Ráitis Airgeadais. Cuirfear torthaí ráithiúla RSNT faoi bhráid an Aire de réir Alt 55 don Acht.

40. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 24 Aibreán 2013.

GLUAIS NA DTÉARMAÍ

Comhthaobhacht Geall iasachtaí réadmhaoin shonrach d'iasachtóir, le forghéilleadh i gcomhthéacs mainneachtana.

Contrapháirtí An páirtí lena bhfuil conradh nó idirbeart airgeadais á sheirbheáil.

Babhtáil Trasairgeadra Comhaontú chun sreabha airgid a bhabhtáil le hiasachtaí den mhéid agus de réir na dtéarmaí céanna ach ainmnithe in airgeadraí difriúla. Úsáideann an Grúpa seo na comhaontuithe seo chun costas Euro idirbheart ainmnithe in airgeadra eachtrach a shocrú.

Luach Margaidh Reatha An méid measta a bheadh i gceist le malartú réadmhaoine idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar bhonn praghas fad láimhe.

Féichiúnaí Iasachtaí, a bhfuil iasachtaí incháilithe luaite leis agus a bhfuil na hiasachtaí seo aistrithe chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann nasc féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá nasctha le féichiúnaí.

Pleananna gnó féichiúnaí Pleananna gnó curtha i dtoll a chéile ag gach féichiúnaí ina sonraítear an bealach atá beartaithe acu le fiachas a aisíoc agus an plean atá acu chun an aisíocaíocht fiachais a chinntiú. Déantar pleananna gnó féichiúnaí a athbhreithniú go neamhspleách agus a fhaomhadh idir an GNBS agus an féichiúnaí.

Díorthach Is ionstraim airgeadais é díorthach a dtagann a luach as mír bhunúsach mar sampla rátaí úis nó airgeadra, agus is féidir é a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

Ráta Lascaine An ráta a úsáidtear chun sreabha airgid amach anseo a lascainiú go dtí a luachanna reatha.

Dícheall Cuí Breithmheas cuimsitheach ar ghnó agus é mar aidhm go háirithe luach a shócmhainní agus dliteanas a bhunú. Déanann an Grúpa dhá chineál díchill chuí, dícheall cuí Dlí agus dícheall cuí Réadmhaoine.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Imeachtaí a bhfuil sé mar bhonn leo comhlíonadh le conarthaí dlí a chinntiú.

Euribor Is é Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro an ráta a dtairgeann príomhbhanc amháin éarlaisí idirbhainc euro le banc eile atá laistigh de limistéar an Euro.

Ráta Comhlúthach Ráta úis a athraíonn go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe air i gconarthaí.

Díorthach Malairte Eachtraí / Babhtáil Trasairgeadra Conradh airgeadais ina gcomhaontaíonn an ceannaitheoir agus an díoltóir sreabha airgid chomhlúthacha a bhabhtáil idir dhá airgeadra dhifriúla, i rith tréimhse sonraithe ama.

Babhtáil FX Is ionann Babhtáil FX agus ceannach agus díolachán comhuaineach méideanna comhionanna airgeadra amháin le hairgeadra eile a bhfuil dá dháta luacha difriúil acu (spota ar aghaidh de ghnáth).

Fálú Páirt a ghlacadh i gcomhaontú chun riosca athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanais a bhainistiú.

Iasacht Bhearnaithe Déantar iasacht a bhearnú sa chás nach bhfuil an chuma ar an scéal go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

Babhtáil Ráta Úis Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreabha airgid le sruth sreabha airgid páirtí eile bunaithe ar phríomh-mhéid sonraithe. Áirítear anseo, de ghnáth, babhtáil sreabha airgid atá coibhéiseach le híocaíochtaí úis athraitheacha do shreabha airgid coibhéiseach le híocaíochtaí úis seasta ar an bpríomh-mhéid chéanna.

Fardail Réadmhaoin faighte ag an GNBS agus coimeádta ar a ráiteas ar staid an airgeadais.

Iasachtaí talún agus forbatha Áirítear in iasachtaí talún agus forbartha iasachtaí ar thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte ar thalamh páirtfhorbartha.

Tiomantais iasachta Iarmhéid creidmheasa atá tiomanta ag BISNT a sholáthar dá custaiméirí.

Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) An luach cinnte ag an GNBS de réir an Acht, gur féidir a bheith ag súil, go réasúnta, le sócmhainn a bhaint amach i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bhíonn na coinníollacha géarchéime atá i bhfeidhm tráth achtaithe an Achta feabhsúcháin agus, i gcás réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine amach anseo comhsheasmhach le hionchais réasúnta ag féachaint do mheán stairiúil fadtréimhseach.

Luach Marcáil ón Margadh Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach reatha margaidh seachas a luach de réir na leabhar.

OTC Thar an gCuntar Ag tagairt do dhíorthaigh nach bhfuil á dtrádáil ar mhalartú aitheanta.

Institiúid Rannpháirteach Institiúid Creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire faoi Alt 67 den Acht mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon fhochuideachtaí nach bhfuil curtha as an áireamh faoin alt sin.

Luach Reatha Luach ar dháta áirithe ar íocaíocht amach anseo nó sraith íocaíochtaí amach anseo, lascainithe chun léargas a thabhairt ar amluach airgid agus fachtóirí eile dála riosca infheistíochta.

Príomhsheirbhíseoir Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS laistigh de theorainneacha údaráis faofa ag Bord an GNBS.

Iasacht Rannpháirteach Brabúis Iasacht a sholáthraíonn an t-iasachtóir a bhfuil a thoradh ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an iasachtaí.

Réamhíocaíocht Cháilitheach Réamhíocaíocht déanta ag Institiúid Rannpháirteach le hiasachtóir (ar sócmhainní incháilithe a iasachtaí) i ndiaidh don Aire Airgeadais an GNBS a fhógairt ar an 7 Aibreán 2009. Ní bhíonn an réamhíocaíocht cáilitheach ach amháin má rinneadh é mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála. Ní raibh lascaine ar bith i gceist ar na réamhíocaíochtaí seo.

Slándáil *(a)* Muirear, *(b)* ráthaíocht, slánaíocht nó urra, *(c)* ceart fritháirimh, *(d)* bintiúr, *(e)* bille malairte, *(f)* nóta gealltanais, *(g)* comhthaobhacht, *(h)* aon mhodh eile chun na nithe seo a leanas a chinntiú—(i) íoc fiachais, nó (ii) urscaoileadh feidhmíocht oibleagáide nó dliteanais, agus *(i)* aon chomhaontú nó socrú eile a bhfuil éifeacht chosúil aige.

Bannaí státchiste gearrthréimhseacha Bannaí státchiste rialtas na hÉireann faighte do bhainistíocht leachtachta.

Aonán Sainchuspóireach Aonán dlí cruthaithe chun cuspóir dea-shainithe cúng, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

Fofhiachas Fiachas atá in-aisíoctha i ndiaidh na bhfiachas eile a bheith aisíoctha. Íocann an GNBS 5% de phraghas ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann sé i bhfoirm fobhannaí.

Tráinse Grúpa iasachtaí ó fhéichiúnaithe difriúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe ama ar leith. Is i bhfoirm tráinsí a aistrítear sócmhainní ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an nGrúpa.

NÓTAÍ

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
Áras an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 664 0800
+353 1 665 0000
Facs: +353 1 664 0890

www.nama.ie